

## Na Saim

*Tehilim*, .i. dánta molta , a thugaid na hÉabhraigh ar na sailmibh. Dáivid a dhein an chuid is mó acu, murab é a dhein iad go léir. Deir a lán gur dhein Asaph agus daoine eile cuid acu, toisc a n-ainmeacha ' bheith in sna teidealaibh.

### Saim 1

*\*Beatus vir*

*Aoibhneas na bhfioraon, agus drochstaid na bpeacach.*

1 Is aoibhinn don duine nár shiúlaigh i gcómhairle na neamhdhiaga;  
agus nár sheasaimh i slí na bpeacach;  
agus nár shuigh i gcathaoir na pláige.  
2 Ach is i ndlí an Tiarna atá a thoil.  
Agus is ar a dhlí a bheidh a mhactnamh de ló agus d'óiche.  
3 Agus beidh sé mar an gcrann a cuireadh in aice le sruth,  
do thabharfaidh a thoradh uaidh i dtráth.  
Agus ní thitfidh a dhuilliúr de.  
Agus beidh an rath ar gach ní dá ndéanfaidh sé.  
4 Ní mar sin don lucht neamhdhiaga, ní hea,  
ach mar an gceó do scuabann an ghaoth ó aghaidh na talún.  
5 Dá bhrí sin ní éireoidh an lucht neamhdhiaga arís i mbreithiúntas  
ná na peacaigh i gcómhairle na bhfioraon.  
6 Óir is eól don Tiarna slí na bhfioraon;  
agus raghaidh slí na neamhdhiaga ar neamhní.

### Saim 2

*\*Quare fremuerunt.*

*Is baoth obair lucht géarleanúna in aghaidh Chríost agus in aghaidh na hEagailse.*

1 Cad chuige do sna geintibh bheith i bhfeirg,  
agus do sna poblaibh bheith ag ceapadh nithe gan bhrí?  
2 D'éirigh ríthe na talún 'na seasamh,  
agus tháinig na priúnsaí i bhfochair a chéile  
In aghaidh an Tiarna agus in aghaidh a Chríost.  
3 Brisimís as a chéile a gcuíbhreacha,  
agus caithimís dinn a gceangal.  
4 Beidh an té a chónaíonn in sna flaitheas ag gáirí úmpu,  
agus beidh an Tiarna ag magadh fúthu.  
5 Ansan is ea do labharfaidh sé i bhfeirg leó  
agus do bhuaifidh sé iad lena dhíbheirg.  
6 Ach táimse curtha im rí aige  
ar Shíon, a chnuc naofa féin,  
ag craobhscaoileadh a aithne.  
7 Tá ráite ag an dTiarna liom: Is tusa mo Mhac.  
Do gheineas-sa thusa inniu.  
8 Iarr orm agus tabharfad duit na geinte, chun iad a bheith mar oidhreacht agat,  
agus críocha imeallacha na talún chun bheith mar shealús agat.  
9 Rialfair le slait iarainn iad,  
agus brisfir mion iad mar a brisfí ártach an chriadóra.

10 Agus anois, a ríthe, tuigidhse,  
Sibhse atá ag rialú na talún, glacaidh teagasc.  
11 Deinidh seirbhís an Tiarna le heagla,  
agus glacaidh áthas ann le critheagla.  
12 Glacaidh an smacht, le heagla go dtiocfadh fearg ar an dTiarna uair éigin,  
agus go gcaillfí sibh ón slí fhíoraonta.  
13 Nuair a lasfaidh a fhearg go hobann  
Is aoibhinn do gach duine a cuireann a mhuinín as.

### Sailm 3

*\*Domini, quid multiplicati.*

*Baol an fháidh agus a fhuascailt óna mhac Absalom. Páis agus aiséirí Chríost an brí diamhar.*

1 Sailm Dháivid agus é ar teitheadh óna mhac Absalom.  
2 A Thiarna, cad fáth gur hiomadaíodh iad so atá 'om chrá?  
Is líonmhar iad so atá ag éirí im choinnibh.  
3 Tá a lán adeir le m'anam:  
Níl aon tslánú dho 'na Dhia.  
4 Ach is tusa, a Thiarna, mo chosnamh,  
mo ghlóire, agus mo thógáilt cinn.  
5 Tá glaeite agam ar an dTiarna lem ghlór.  
Agus tá éistithe aige liom óna chnuc naofa.  
6 Tá codladh déanta agam, agus suan,  
agus tá éirithe agam, óir do chosain an Tiarna me.  
7 Ní bheidh eagal agam roim mhílte daoine im thimpall.  
Éirigh, a Thiarna, agus saor me, a Dhia.  
8 Óir tá ar chuir im choinnibh gan chúis buailte agatsa.  
Táid fiacla na bpeacach briste agat.  
9 Is ag an dTiarna atá slánú,  
agus tá do bheannacht ar do phobal.

### Sailm 4

*\*Cum invocarem.*

*Deir an fáidh linn rith chun Dé in am trioblóide, agus muinín a bheith againn as.*

1 Go crích i ndántaibh. Sailm do Dháivid<sup>1</sup>.  
2 D'éist Dia m'fhíoraontachta liom nuair a ghlaos air,  
Nuair a bhíos i nguais do scuiris me.  
Dein trócaire orm agus éist lem ghuí.  
3 A chlann daoine, an fada a bheith sibh dúrchroíoch?  
Cad chuige dhíbh grá ' thabhairt don bhaois agus bheith ag rith i ndiaidh na bréige?  
4 Agus bíodh ' fhios agaibh gur dhein an Tiarna a Aon-Naofa féin iúntach.  
Éistfidh an Tiarna liom nuair a ghlaofad air.  
5 Bíodh fearg oraibh agus ná deinidh peaca.

1 Sailm 4, véar. 1. "Go crích." Nú mar adeir N. Ierom, don té a bheireann bua. Deir drong gurb é sin an ceolaí tosaigh. Measaid siad gurb amhlaidh a tugtú dho san le canadh na sailm go bhfuil an teideal san orthu. Measaimídne áfach go gcuireann an teideal san i gcéill gur ar Chríost agus ar an dTiomna Nua a labhraid na sailm atá faoi, óir is é Críost críoch na dlí, agus is é Críost do rug bua ar an mbás agus ar chómhachtaibh ifrinn.  
*Ibid.* "Indántaibh." "Neghinot" an focal atá san Éabhras, agus measaid drong gurbh é sin úirlis ceoil lena seinntí an tsailm.  
*Ibid.* "Do Dháivid." .i. análta chun Dáivid féin, nú chun bheith le canadh.

## Na Sailm

Na nithe adeirthí 'núr gcoithibh deinidh aithrí iontu ar úr leapachaibh.

6 Íbridh íbirt na fíoraontachta agus bíodh úr muinín agaibh as an dTiarna.

Deir a lán: cé ' thaispeánann nithe fóna dhúinn?

7 Tá solas do ghnúise curtha mar chómhartha orainn, a Thiarna.

Tá áthas curtha agat im chroí.

8 Táid siad líonmhar ó thoradh a n-arbhair agus a bhfiona agus a n-íle.

9 I síocháin, sa ní sin féin, a chodlód, ar mo shuaimhneas.

10 Óir táim socair go haonaránach i ndóchas agat, a Thiarna.

### Sailm 5

*\*Verba mea auribus.*

*Guí chun Dé in aghaidh mallaitheacht daoine.*

1 Go crích. Di sin a gheibheann an oidhreacht<sup>1\*</sup>. Sailm do Dháivid.

2 Airigh mo chainnt led chluasaibh, a Thiarna,

Tuig mo glao.

3 Éist le guth mo ghuí,

A rí agus a Dhia.

4 Óir is chútsa a chuirfead mo ghuí, a Thiarna.

Aireóir mo ghlór ar maidin.

5 Seasód os do chómhair ar maidin, agus chífed;

Óir ní Dhia thu lenar toil an mhallaitheacht;

6 Agus ní dhéanfaidh an drochdhuine cónaí it aice;

agus ní buan lucht éagóra os cómhair do shúl.

7 Tá fuath agat don uile lucht éagóra ' dhéanamh.

Déanfair íde ar an uile lucht éithigh do labhairt.

Beidh gráin ag an dTiarna ar fhear na fola agus an fhíll.

8 Ach im thaobhsa, i líonmhaireacht do thrócaire

tiocfad isteach id thigh.

Adharfad i dtreó do theampall naofa it eagla.

9 Seól me it fhíoraontacht, a Thiarna.

Stiúraigh mo shlí id radharc, mar gheall ar mo namhaid.

10 Óir níl firinne 'na mbéal.

Tá a gcoí baoth.

11 Uaigh ar leathadh is ea a gcaos.

Dheinidís an feall lena dteangain.

A Dhia, tabhair breith orthu súd.

Titidís óna smaointibh féin;

De réir méid a mallaitheacht caith amach iad.

Óir chuireadar fearg ort, a Thiarna.

12 Ach bíodh áthas orthu san uile go bhfuil a muinín asatsa acu.

Beidh áthas síoraí orthu, agus déanfairse cónaí iontu.

Agus iad san uile go bhfuil grá acu do t'ainm beid siad ag maíomh asat.

13 Óir cuirfirse do bheannacht ar an bhfíoraon.

A Thiarna, tá mar ' bheadh sciath do dhea-thoile curtha mar choróinn agat orainn.

1 Sailm 5. véar. 1. "Di sin a ghlacann an oidhreacht." .i. D'eaglais Chríost.

## Na Sailm

### Sailm 6

*\*Domine, ne in furore.*

*Guí ó pheacach aithríoch\*, fé sciúirse Dé. An chéad shailm aithrí.*

1 Go crích i ndántaibh. Sailm ó Dháivid\* don *octav*<sup>1</sup>.  
2 A Thiarna, ná labhair dian id fheirg liom  
agus ná smactaigh me it fhíoch.  
3 Dein trócaire orm, a Thiarna, mar táim lag.  
Leighis me, a Thiarna, mar tá creathán im chnámhaibh.  
4 Agus tá m'anam go hana-bhuartha.  
Ach thusa, a Thiarna, cad é an fhaid?  
5 Iompaigh chúm, a Thiarna, agus fuascail m'anam.  
Ó, saor me ar son do thrócaire.  
6 Óir níl éinne sa bhás atá ag cuímhneamh ort,  
agus in ifreann cé ' dhéanfaidh admháil duit?  
7 Bhíos go buartha ag osnaíol.  
Nífead mo leabaidh gach oíche:  
fliuchfad mo thocht lem dheóraibh.  
8 Tá mo shúil ar buaireamh ó fhíoch.  
Tá aos tagaithe orm i measc mo namhad go léir.  
9 Imídh go léir uaim, a lucht an uilc a dhéanamh,  
óir tá éistithe ag an dTiarna le glór mo ghuil.  
10 Tá éistithe ag an dTiarna le m'achainí;  
tá mo ghuí glacaithe ag an dTiarna.  
11 Bíodh náire agus buaireamh ana-mhór ar mo namhaid go léir.  
Iompaítear thar n-ais iad go luath agus náire orthu.

### Sailm 7

*\*Domine Deus meus.*

*Dáivid ag guí chun Dé le muinín a d'iarraidh cabhartha in aghaidh a namhad\*.*

1 Sailm ó Dháivid, sailm a chan sé chun an Tiarna, d'fhoclaibh Chusí mac Ieminí. (2 Ríthe 16.)  
2 A Thiarna Dia, is asatsa atá mo mhuinín agam.  
Saor me óna bhfuil ag cur orm agus fuascail me.  
3 Le heagla go mbéarfadh sé greim uair éigin ar m'anam mar ' dhéanfadh león,  
agus gan éinne chun me ' dh'fhuascailt ná ' shábháil.  
4 A Thiarna, a Dhia, má dheineas súd,  
má tá an drochbheart im lámhaibh.  
5 Má dheineas olc ar an muintir a dhein olc orm,  
folamh go dtitead le ceart i láthair mo namhad.  
6 Go leanaidh mo namhaid m'anam agus go mbeiridh sé air,  
agus go ngabhaidh sé de chosaibh im beatha ar an dtalamh,  
agus go leagaidh sé sa luathrigh mo ghlóire.

1 Sailm 6. véar. 1. "*Don octav*", .i. le canadh ar úirlis ocht dtéad. Deir N. Agústín gur thrácht diamhar atá ann ar aiséirí na colla i ndeireadh an tsaeil, óir gurb í aiséirí na colla mar adéarfí an t-ochtú lá tar éis seacht lá na beatha saolta so. Is ceart do pheacachaibh aithrí ' dhéanamh anso, don ochtú lá san, 'na bpeacaibh, mar a dhein Dáivid.

## Na Sailm

7 Éirigh, a Thiarna, it fheirg,  
agus árdaiigh thu féin i gcríochaibh mo namhad.  
Agus éirigh, a Thiarna Dia, san órdú a thugais uait;  
8 Agus beidh pobal daoine id thimpall.  
Agus ar a son san éirigh suas thar n-ais go hárd.  
9 Is é an Tiarna a thugann breith ar na daoine.  
Tabhair breith ormsa, a Thiarna, de réir m'fhíoraontachta,  
agus de réir na macántachta atá ionam.  
10 Ídeófar mallaitheacht drochdhaoine, agus stiúrófar an fíoraon,  
ó is é Dia a scrúdann **croíthe** agus **áranna**.  
11 Is ceart é mo chabhairse ón dTiarna  
ó is é a shaorann lucht an chroi dhírigh.  
12 Breitheamh ceart, láidir, foighneach is ea Dia.  
An mbíonn sé i bhfeirg gach aon la?  
13 Mura n-iompaídh sibh luaiscídís sé a chlaíomh.  
Tá a bhogha lúbtha, ollamh, aige.  
14 Agus tá innealla báis curtha ann aige.  
Tá a shaígheda ollamh aige don mhúintir a bhíonn ag loscadh<sup>1</sup>.  
15 Féach, bhí sé ag tórmach na héagóra.  
Do ghoibh sé gein bhróin, agus do rug sé mallaitheacht.  
16 D'oscail sé poll agus do rómhair sé é,  
agus thit sé féin isteach sa pholl a bhí déanta aige.  
17 Iompófar a dhólás ar a cheann féin,  
agus tiocfaidh a mhallaitheacht anuas i mullach a chinn air féin.  
18 Tabharfadsa glóire don Tiarna de réir a chirt,  
agus canfad moladh d'ainm an Tiarna is aoirde.

### Sailm 8

*\*Is iúntach Dia in' oibreachaibh, go mór mór in árdú an duine trí ionchollú Chríost\*.  
Domine, Dominus noster.*

1 Go crích, do sna fáscánaibh<sup>2</sup>; sailm ó Dháivid.  
2 Ó a Thiarna, ár dTiarna,  
Cad é mar is iúntach é t'ainm ar fuaid an domhain go léir!  
Óir tá do mhórgacht árdaithe os cionn na bhflaitheas.  
3 A béalaibh naíon, agus leanbh ag deól, do bheachtais moladh de dheascaibh do namhad.  
Ionas go ndéanfá íde ar an namhaid agus ar an ndíoltóir.  
4 Óir chífed t'fhaitheas, oibreacha do mhéireanna féin,  
an ghealach agus na réilte do chuiris-se ar bun:  
5 Cad é an ní an duine, go gcuímhníonn tú air?  
Ná mac an duine go dtagann tú ar chuaird chuige?  
6 Do láiodaís beagán fé bhun na n-aingeal é.  
Le glóire agus le honóir a choróinnís é.  
7 Agus chuiris os cionn oibreacha do lámh é.  
8 Tá gach ní curtha féna chosaibh agat,

1 Sailm 7, véar. 14. "Dóibh sin atá ar lasadh," .i. in aghaidh lucht céasta na naomh.

2 Sailm 8, véar. 1. "Na fáscáin." "Gittith" an focal atá san Éabhráis. Meastar gur shaghas éigin úirlisí ceoil iad.

## Na Sailm

na caoire agus na ba go léir,  
agus beithigh an mhachaire, leis.  
9 Éanlaithe an aeir, agus éisc na farraige  
a ghabhann trí chosánaibh na mara.  
10 A Thiarna, ár dTiarna,  
Nách iúntach é t'ainm sa domhan go léir!

### Sailm 9

*\*Confitebor tibi, Domine.  
An eaglais ag moladh Dé toisc é ' bheith dhá cosaint ar a namhaid\*.*

1 Go crích. Do nithibh diamhra an Mhic<sup>1</sup>. Sailm ó Dháivid.  
2 Molfad thu, a Thiarna, lem chroí go léir,  
Neósfad t'íunaí go léir.  
3 Glacfad áthas agus meanmna ded bhárr:  
Canfad chun t'ainme, a Ró-Aoird.  
4 Nuair ' iompófar siar mo namhaid:  
lagófar iad agus raghaid siad ar neamhní os do chómhair.  
5 Óir tá mo bhreith agus mo chúis i bhfeidhm agat.  
is tu atá sa chathaoir agus a thugann fíorbhreith.  
6 D'imdheargais na geinte, agus tá íde ar aon an uilc:  
Tá a n-ainm ar feó agat go deó deó.  
7 Tá teipithe ar fad ar chlainmhibh an namhaid.  
Agus táid a gcathracha réabtha agat.  
Chuaigh a gcuímhne ar neamhní le fothram.  
8 Ach leanann an Tiarna ann de shíor.  
Tá a chathaoir ollamh aige i mbreithiúntas (chun breithiúntais).  
9 Agus is é féin a thabharfaidh breith cheart ar an gcruinne.  
Tabharfaidh sé fíorbhreith ar na poblaibh.  
10 Agus is é an Tiarna is díon don bhocht,  
agus is cabhair i dtráth in am trioblóide.  
11 Agus an mhuíntir go bhfuil aithne acu ar t'ainm bíodh a muinín acu asat.  
Óir níor thréigis an mhuíntir a bhíonn 'ot lorg, a Thiarna.  
12 Canaidh (chun) don Tiarna atá 'na chónaí i Síon.  
Ínsidh a shlite i measc na ngeinte.  
13 Óir ag éileamh a gcuid fola dho do chuímhne sé orthu.  
Níor dhearúid sé glao na mbocht.  
14 Dein trócaire orm, a Thiarna.  
Féach an t-íslíú atá orm óm namhaid.  
15 Ós tu ' thógann suas me ó gheataibh an bháis.  
Ionas go labharfainn i ndóirsibh iníne Shíoin na molta uile atá ag dul duit.  
16 Déanfadh maíomh as do shlánú.  
Táid na geinte daingean 'na n-íde a dh'ollmhaíodar.  
Tá berthas ar chois orthu

1 Sailm 9, véar. 1. “*Nithe diamhra an Mhic*”, .i. úmhlaíocht agus fulag Chríost Mhic Dé; agus úmhlaíocht agus fulag Críostaithe fóna, óir bíod siad 'na n-uchtmhacaibh ag Dia. Nithe diamhra is ea an úmhlaíocht san agus an fulag san do chlainn an tsaile seo, óir ní thuigid siad a dtairbhe ná an luacht saothair atá ag dul dóibh.

## Na Sailm

san inneall úd a bhí i bhfolach acu.

17 Aithneófar an Tiarna ag cur na mbreith i bhfeidhm.

Tá bertha ar an bpeacach in oibreachaibh a lámh féin.

18 Iompófar isteach in ifreann na drochdhaoine,

na geinte go léir a dheineann dearúd de Dhia.

19 Óir ní déanfar dearúd den duine bocht sa deireadh.

Ní raghaidh foighne an duine bhoicht ar neamhní go deó.

20 Éirigh, a Thiarna, ná neartaítear an duine.

Tugtar breith ar na geintibh os do chómhair.

21 Ceap, a Thiarna, dlítheóir os a gcionn,

ionas go dtuigfeadh na geinte gur daoine iad (ná fuil iontu ach daoine).<sup>1</sup>

### Sailm 10

\*(de réir na nÉabhrach)

1 Cad fé ndeara dhuit, a Thiarna, imeacht i bhfad uainn? neamhshuím a dhéanamh dinn 'nár mbruid in am trioblóide?

2 An fhaid a bhíonn an t-uabhar ar an ndrochdhuine bíonn an duine bocht dá loscadh.

Beirtear orthu in sna cómhairlíbh a bhíonn acu á mhachnamh (nú, á bheartú).

3 Óir moltar an peacach i mianabh\* a chroí féin,

agus curtar beannacht ar an bhfear a bhíonn ag déanamh na héagóra.

4 Tá fearg curtha ag an bpeacach ar an dTiarna.

De réir mhéid a fheirge ní iarrfaidh sé é.

5 Níl Dia os cómhair a shúl.

Bíonn a shlithe salach i gcónaí.

Tógtar do bhreitheanna as a radharc.

Buafaidh sé ar a namhaid go léir.

6 Óir tá ráite aige 'na chroí: ní corrófar me

ó shliocht go sliocht, (beidh mé) gan olc.

(i. níl bac orm beith ag déanamh an uilc go deó.)

7 Tá a bhéal lán d'eascainí agus de shearús, agus d'fheall.

Tá dua agus dólás féna theangain.

8 Bíonn sé 'na shuí i bhfochair lucht saibhris i gceilgibh, i bhfolach,

chun an duine mhacánta do chur chun báis.

9 Bíonn a shuíl ag faire ar an nduine mbocht.

Bíonn sé ag feitheamh i ganfhios, mar ' bheadh león 'na phluais;

é ag faire chun bertha ar an nduine mbocht,

agus é dhá mhealladh chuige.

10 Leagfaidh sé chuige 'na líon é;

Claonfaidh sé agus titfidh sé nuair a bheidh buaite ar na daoineibh bochta aige.

11 Óir duairt sé 'na chroí: Ní cúimhin le Dia é;

d'iompaigh sé a aghaidh i leataoibh i dtreó ná feicfeadh sé an chrích.

12 Éirigh suas, a Thiarna Dia, árdáitear do lámh.

1 Sailm 9. véar. 21. Deinde dochtúirí deirineacha na hÉabhraise dhá chuid den tsailm seo ar an áit sin, agus deinde siad véarsa a haon, i sailm a deich, de véarsa a 22 i sailm a 9. Ansan deinde siad aon tsailm amháin den dá shailm, i 46 agus i 47 i dtreó ná beadh uimhir na sailm go léir níos mó ná 150. Agus sin é cómhaireamh atá ar an salmaibh sa Bhíobla Phrotestúntach.

## Na Sailm

Ná dearúid na boicht.

13 Cad chuige don drochdhuine fearg do chur ar Dhia?

Óir duairt sé 'na chroí: Ní éileóidh sé.

14 Chíonn tusa, óir breithníonn tú dua agus dólás,  
ionas go dtabharfá isteach id lámh iad.

Is fútsa atá an duine bocht fágtha.

Is tu a bheidh mar chabhair ag an ndílleachtaí.

15 Bris-se géag an pheacaigh agus an mhallaitheóra.

Loirceófar a pheaca san agus ní bheidh sé le fáil.

16 Beidh an Tiarna i réim go síoraí trí shaol na saol.

Raghaidh sibh ar neamhní as a thalamh san, a gheinte.

17 Do chlois an Tiarna mian na mbocht,

d'airigh so chluas ollmhúchán a gcroí,

18 chun breithe ' thabhairt ar son an dílleachtaí agus an úirísil.

Ionas ná leómhfadh an duine, níos mó, bheith dhá mhóradh féin ar an saol.

### Sailm 10

*\*In Domino confido.*

*Muinín an fhíoraein as Dia i lár géarleanúna\*.*

1 Go crích. Sailm do Dháivid.

2 Tá muinín agam as an dTiarna: Cad chuige go ndeir sibh le m'anam:

Imigh anonn chun an chnuic ar nós an ghealbhúin?

3 Óir féach, tá a mbogha lúbtha ag na peacaigh:

táid na saígheada ollamh acu sa taisce.

Chun lucht an chroí dhírigh do lámhach sa doircheacht.

4 Óir tá ar dheinis-se loitithe acu;

ach cad 'tá déanta ag an bhfíoraon?

5 Tá an Tiarna 'na theampall naofa.

Tá cathaoir an Tiarna ar neamh.

Táid a súile ag féachaint ar an mbocht.

Táid fabhraí a shúl ag iniúchadh clainne an duine.

6 Trialann an Tiarna an drochdhuine agus an fíoraon.

Ach an té ' thugann grá don pheaca tugann sé fuath dá anam féin.

7 Fearfaidh sé innill ar pheacachaibh.

Tine agus ruibh agus fuadach gaoithe a

bheidh acu mar chuid 'na gcailís.

8 Óir tá an Tiarna ceart agus tá grá aige don cheart;

do chonaic a ghnúis an fhíoraontacht.

### Sailm 11

*\*Salvum me fac.*

*Iarann an fáidh cabhair ar Dhia in aghaidh drochdhaoine\*.*

1 Go crích, don *octava*, sailm do Dháivid.

2 Saor me, a Thiarna, óir níl naomh ann feasta.



## Na Sailm

Óir táid firinní ar feó ó chlannaibh daoine.  
3 Tá cainnt bhaoth déanta acu, gach duine lena chómharsain  
le beóil an fhíll ag labhairt ó chroí go croí (le croí dúbalta).  
4 Go ndeoidh an Tiarna íde ar bheólaibh uile an fhíll.  
Agus ar an dteangain a labhrann go huaibhreach.  
5 An mhúintir aduairt: mórfaimíd ár dteanga,  
Is linn féin ár mbeóla.  
Cé hé is Tiarna os ár gcionn?  
6 Mar gheall ar anacra na mbocht agus ar osna na ndealbh  
éireód anois, adeir an Tiarna.  
Cuirfead ar láimh shábhála é;  
déanfadh go hiúntaobhreach (go muinéach) 'na thaobh.  
7 Bréithre glana bréithre an Tiarna; airgead a fromadh le tine;  
á ghlanadh ó chré; á scagadh seacht n-uaire.  
8 Déanfairse, a Thiarna, sinn do shábháil.  
Agus sinn do chosnamh ón sliocht so go deó.  
9 Bíd lucht mallaitheachta ag gabháil timpall.  
De réir t'aoirde atá clann na ndaoine curtha i méid agat.

### Sailm 12

*\*Usquequo Domine.  
Guí i nguais\*.*

1 Go crích, sailm do Dháivid.  
Cá fada, a Thiarna, a dhéanfair dearúd díom go crích?  
Cad é an fhaid a chimeádfair t'aghaidh iompaithe uaim?  
2 Cad é an fhaid a bhead ag glacadh cómhairle im anam?  
Dólás im chroí an lá go léir?  
3 Cad é an fhaid a bheidh mo namhaid go hárd os mo chionn?  
4 Féach orm agus éist linn, a Thiarna Dia.  
Soillsigh mo shúile ionas ná tiocfadh codladh an bháis orm choíche.  
5 Ionas ná déarfadh mo namhaid liom aon uair:  
Tá buaite agam air.  
An mhúintir atá 'om chrá beid siad ag maíomh má corraítear me;  
6 Ach is as do thrócairese atá mo mhuinín agamsa.  
Beidh mo chroí ag maíomh as do shlánú.  
Canfad don (chun an) Tiarna a thugann dom nithe fóna.  
Agus canfad d'ainm an Tiarna is ró-árd.

### Sailm 13

*\*Dixit insipiens.  
Mírialtacht na ndaoine i gcoitine roim theacht an tSlánaitheóra\*.*

1 Go crích. Sailm do Dháivid.  
Duairt an t-amadán 'na chroí: níl aon Dia ann.  
Táid siad cuirpe agus tá gráinniúlacht tagaithe orthu 'na slitibh.

## Na Sailm

Níl duine a dheineann an mhaith, oiread agus duine.  
2 D'fhéach an Tiarna ó neamh ar shliocht daoine go bhfeicfeadh sé an bhfuil éinne a thuigeann, ná do loirgeann Dia.  
3 Táid siad go léir claonaithe. Táid siad go léir in éineacht gan tairbhe.  
Níl éinne a dheineann an mhaith, oiread agus duine.  
Uaigh ar leathadh is ea a gcaos.  
Lena dteangthachaibh dheinidís an feall.  
Bíonn nimh na *haspice* féna mbeólaibh.  
Bíonn a mbéal lán d'eascainí agus de shearús.  
Is luath iad a gcosa chun fola ' dhortadh.  
Íde agus mí-ádh 'na slitibh,  
agus ní heól dóibh slí na síochána.  
Ní bhíonn eagla Dé os cómhair a súl.  
4 Ná beidh ' fhios acu san go léir a dheineann an t-olc,  
a bhíonn ag ithe mo dhaoine mar íosfaidís arán?  
5 Níor ghlaodar ar an dTiarna.  
Do chritheadar le heagla san áit ná raibh eagla.  
6 Óir is i sliocht na bhfioraon atá an Tiarna.  
Chuireabhair cómhairle an bhoicht ar mearathall (mearaí),  
ach tá a mhuinín as an dTiarna aige.  
7 Cé ' thabharfaidh a Síon slánú Israél?  
Nuair a chuirfidh an Tiarna i leataoibh braighdineas a phobail,  
beidh Iácob ag maíomh agus beidh áthas ar Israél.

### Sailm 14

*\*Domine quis habitabit.*

*Cad é an saghas daoine a bheidh 'na gcónaí i bhflaitheas Dé\*.*

1 Sailm do Dháivid.  
A Thiarna, cé ' dhéanfaidh cónaí id thaibearnacalsa?  
Nú cé ' dhéanfaidh suaimhneas id chnuc naofa?  
2 An té a shiúlann gan teimheal,  
agus a dheineann fíoraontacht.  
3 An té a labhrann fírinne 'na chroí féin;  
agus ná deineann feall lena theangain;  
agus nár dhein olc ar a chómharsain;  
agus nár ghlac tromaíocht in aghaidh a chómharsan.  
4 Os a chómhair tugtar an fear mioscaiseach chun neamhní  
ach molann sé an té ar a mbíonn eagla an Tiarna.  
An té a dhearbhaíonn dá chómharsain agus ná deineann feall.  
5 An té nár chuir a chuid airgid amach chun iúncumais,  
agus nár ghlac breab in aghaidh an neamhchiontaigh.  
An té a dheineann na nithe sin ní corrófar é go deó.

### Sailm 15

*\*Conserva me Domine.*

## Na Saim

*An bua a bhí ag Críost le breith ar an saol agus ar an mbás.*

1 Scríbhinn teidil<sup>1</sup> do Dháivid féin.  
Cúmhaigh me, a Thiarna, óir is asatsa atá mo mhuinín agam.  
2 Tá ráite leis an dTiarna agam: Is tusa mo Dhia,  
óir níl gá agat lem mhaitheasaibh.  
3 Do sna naoimh atá 'na thalamh,  
dhein sé mo mhiana go léir dóibh iúntach.  
4 Do hiomadaíodh a leiceachtaí;  
'na dhiaidh san do bhrostaíodar.  
Ní chruinneód a gcómhthionóla (beaga) chun (íbirtí) fola.  
Ná ní chimeádfad cuímhne tríom beólaibh ar a n-ainmneachaibh.  
5 Is é an Tiarna mo chuid oidhreacht agus cailise:  
Is tusa do thabharfaidh m'oidhreacht dom thar n-ais.  
6 Táid na línte titithe chúm in áiteannaibh fóna.  
Agus is fóna í m'oidhreacht dómhsa.  
7 Molfad an Tiarna a thug dom tuiscint.  
'Na theannta san, dein mh'áranna imdheargadh orm go dtí an oíche.  
8 Chuirinn an Tiarna os mo chómhair i gcónaí.  
Óir tá sé ar mo dheis i dtreo ná bainfí cor asam.  
9 Uime sin do ghlac mo chroí áthas agus mo theanga maíomh,  
agus, leis, glacfaidh mo chuid feóla suaimhneas i ndóchas.  
10 Óir ní fhágfair m'anam in ifreann,  
agus ní leogfair do t'aon naofa truailliú a dh'fheiscint.  
11 Chuiris in úil dómhsa slite na beatha.  
Líonfair me le háthas led ghnúis:  
táid aoibhneasá ar do dheis go crích.

### Saim 16

*\*Exaudí, Domine, justitiam.  
An fíoraon i nguais ag guí in aghaidh mailíse a namhad\*.*

1 Guí Dháivid.  
Éist, a Thiarna, le m'fhíoraontacht.  
Tabhair aire do m'achainí.  
Glac id chluasaibh mo ghuí.  
Ní hó bheólaibh meabhail é.  
2 Gluaiseadh mo bhreith ód ghnúis.  
Feiceadh do shúile na nithe atá cóir.  
3 Do thrialais mo chroí, agus tháinís chuige san oíche;  
do theástálais me le tine, agus níor fuaradh mallaitheacht ionam.  
4 Ionas ná labharfadh mo bhéal oibreacha daoine,  
mar gheall ar bhréithre do bheólsa chimeádas na slite cruá.  
5 Beachtaighse m'imeachta id chosánaibh féin,  
ionas ná corrófi mo chéimeanna.

1 Saim 15, véar. 1. "Scríbhinn teidil," .i. scríbhinn colamáin, nú *momuminte*. Ionann san agus a rá gur fiú an tsaim seo go scríofí í ar *mhonumint* a mhairfeadh go deó.

## Na Sailm

6 Do ghlaos-sa, óir d'éistis liom, a Dhia,  
crom chúm do chluas agus éist lem chainnt.  
7 Taispeáin iúnaí do thrócaire,  
ós tu a shaorann lucht muiníne asat.  
8 Cosain mar mhogall do shúl me,  
ar lucht cur-in-aghaidh do lámha deise.  
Cúmhdagh me, fé scáth do sciathán,  
9 ó aghaidh na ndrochdhaoine a chráigh me.  
Táid mo namhaid tímpall ar m'anam.  
10 Tá a gcuid méithrais<sup>1</sup> dúnta suas acu;  
do labhair a mbéal an t-uabhar.  
11 Chaitheadar amach me, agus táid siad im thímpall anois.  
Táid a súile daingean ar an dtalamh acu.  
12 Thógadar me ar nós leóin ollamh chun foghla,  
agus ar nós an chait leóin a chónaíonn in sna diamhraibh.  
13 Éirigh, a Thiarna; tar roimis agus sáraigh é.  
Fuascail m'anam ón ndrochdhuine,  
do chlaíomh 14 ó namhaid do lámha.  
(A Thiarna, deighil iad ón mbeagán<sup>2</sup> ar an saol 'na mbeatha.)  
A Thiarna, deighil iad ó bheagán an tsaeil 'na mbeatha.  
Tá a mbolg lán ded nithibh diamhrasa<sup>3</sup>.  
Táid siad tuilte de chlaínn,  
tá a bhfuíollach fágtha acu ag á sliocht.  
15 Ach im thaobhsa, chifair i bhfíoraontacht me os do chómhair.  
Beidh mé sásta nuair a taispeánfar do ghlóire.

### Sailm 17

*\*Diligam te, Domine.*

*Dáivid ag breith bhaochais le Dia mar gheall ar é ' thabhairt saor óna namhaid\*.*

1 Go crích, ó Dháivid, seirbhíseach an Tiarna. Do labhair sé leis an dTiarna focail na cantice seo an lá a thug an Tiarna saor é ó láimh a namhad go léir, agus ó láimh Shaul, agus duairt sé: (2 Ríthe XXII)  
2 Tabharfad grá dhuit, a Thiarna; is tu mo neart.  
3 Is é an Tiarna mo thaca, mo dhíon, m'fuasclóir.  
Is é mo Dhia mo chabhair, agus beidh mo mhuinín agam as;  
mo chosantóir, adharc mo shlánaithe, mo theannta.  
4 Glaofad ar an dTiarna agus molfad é,  
agus beidh mé saor óm namhaid.  
5 Bhí dóláis an bháis im thímpall,  
agus chuir na tuilte peacaí buaireamh orm.

1 Sailm 16, véar. 10. "*A shaíll,*" .i. a n-inní trua, óir níl aon trua acu dhómhsa.

2 Sailm 16, véar 14. "*Deighil iad ón mbeagán,*" .i. géarr amach iad ón saol so agus ón mbeagán saoltais atá ann agus gur mór acu é. Nú, deighil amach iad ó bhuín bheag na bhfíoraon atá tofa, i dtreo ná féadfaid siad bheith dhá gcéasadh a thuilleadh. Ní heascaine atá sa chainnt sin. Ní dheineann sí ach a ínsint roim ré cad a bhí le titim dóibh mar gheall ar a bpeacaíbh.

3 *Ibid.* "*Do chuid stóir atá fé cheilt,*" .i. an saibhreas atá agat fé cheilt agus as a dtugann tú uait gach lón saolta, dhá roinnt go fial ar idir olc is maith.

## Na Sailm

6 Bhí pianta ifrinn im thímpall,  
agus líonta an bháis ag sárú orm.  
7 Im thrioblóid do ghlaos ar an dTiarna,  
agus do screadas ar mo Dhia;  
agus d'éist sé lem ghlór óna theampall naofa,  
agus chuaigh mo ghlaos os a chómhair isteach 'na chluasaibh.  
8 Do luaisc an talamh agus do chrith sé;  
do suathadh buínn na genuc,  
agus do luaisceadh iad mar bhí fearg air chúthu.  
9 D'éirigh deatach in' fheirg,  
agus do las tine as a ghnúis.  
Do deargadh sméaróidí léi.  
10 Do chrom sé na flaithis agus thúirlig sé,  
agus bhí doircheacht féna chosaibh.  
11 Agus chuaigh sé ar muin na *gcerubim* agus gluais sé.  
Do ghluais sé ar sciathánaibh na gaoithe.  
12 Agus dhein sé a chlúdach den dhoircheacht,  
a phuball mórthímpall air;  
uisceacha dorcha i scamallaibh an aeir;  
13 Leis an solas a bhí os a chómhair d'imigh na scamail;  
cloich-shneachta agus caora tine.  
14 Agus dhein an Tiarna tóirthneach ó neamh,  
agus thug an té is aoirde a ghuth uaidh,  
cloich-shneachta agus caora tine.  
15 Agus chuir sé a shaigheada uaidh agus do scaip sé iad.  
Do mhéadaigh sé na splanncracha, agus bhuairimh sé iad.  
16 Agus do chonacthas na toibreacha uisce,  
agos do nochtadh buínn cruinne na talún,  
le t'imdheargadhsa, a Thiarna,  
le hanáladh spride t'fheirge.  
17 Chuir sé anuas ón árd, agus ghlac sé me;  
agus thóg sé me as na huisceachaibh líonmhara.  
18 D'fhuascail sé me óm namhaid a bhí ana-láidir;  
agus ón muintir a thug fuath dhom; mar bhíodar róláidir dom.  
19 Do sháraíodar me lá mo chruatain,  
agus bhí an Tiarna 'na chosantóir agam.  
20 Agus thug sé amach me in áit leathan:  
do shábháil sé me mar dob ionúin leis me.  
21 Agus tabharfaidh an Tiarna luacht saothair dom de réir m'fhiorantachta,  
agus de réir glaine mo lámh a chúiteoidh sé liom.  
22 Óir do chimeádas slite an Tiarna, agus níor dheineas an drochbheart in aghaidh mo Dhia.  
23 Óir táid a bhreitheanna go léir os mo chómhair, agus níor chuireas uaim a chirt.  
24 Agus beidh mé gan teimheal in' fhochair,  
agus cimeádfad me féin óm peacaibh.  
25 Agus tabharfaidh an Tiarna luacht saothair dom de réir m'fhíoraontachta,  
agus de réir glaine mo lámh os cómhair a shúl.  
26 Leis an nduine naofa beidh tú naofa  
agus leis an bhfear neamhchiontach beidh tú neamhchiontach.

## Na Sailm

27 Agus leis an nduine tofa beidh tú tofa,  
agus leis an nduine annrianta beidh tú annrianta.<sup>1</sup>  
28 Óir sábhálfaidh tusa an pobal úmhal agus tabharfair anuas súile lucht an uabhair.  
29 Óir is tu do lasann mo lóchrannsa, a Thiarna,  
soíllsighse mo dhorchadas ós tu mo Dhia.  
30 Óir is ionatsa do tabharfar saor me ó cathaíbh, agus is tríom Dhia a raghad thar falla.  
31 I dtaobh mo Dhia, tá a shlí glan; táid breithre an Tiarna rialta le tine, is é is cosantóir don uile  
dhuine a chuireann a mhuinín as.  
32 Óir cé hé is Dia ach an Tiarna? nú cé hé is Dia ach ár nDiane?  
33 Dia do chuir neart mar chríos orm, agus do dhein mo shlí glan;  
34 do dhein mo chosa mar chosa an fhia, agus do chuir me im sheasamh ar árdaihbh;  
35 do mhúineann mo lámha chun cogaidh; agus do dheinis mo ghéaga mar ' bheadh bogha práis.  
36 Agus thugais cosaint led shlánú orm,  
agus do choinnibh do lámh dheas suas me,  
agus chuir do smacht ar mo leas me go crích.  
Agus déanfaidh do smacht féin me ' theagasc.  
37 Do leathnaís mo chiscéimeanna fúm;  
agus níor lagaigh mo chosa.  
38 Bead ar thóir mo namhad agus tiocfad suas leo agus ní iompód uathu go mbeid siad ar neamhní.  
39 Brisfead iad agus ní bheidh iontu seasamh;  
titfid siad fé bhunaibh mo chos.  
40 Do chríosláis me le neart chun cogaidh (an chatha) agus do leagais ar lár fúm an mhuintir a  
dh' éirigh im choinnibh.  
41 Agus thugais dom mo namhaid ag tabhairt a ndrom liom.  
Agus do scaipis an mhuintir a thug fuath dhom.  
42 Do ghlaodar, agus ní raibh éinne chun iad do shábháil; ar an dTiarna, agus níor éist sé leo.  
43 Agus meilfead iad ar nós smúite ar aghaidh na gaoithe;  
mar dhraoib na sráide a dhísceód iad.  
44 Tabharfair saor me ó chasaoid an phobail.  
Cuirfir im cheann ar na geintibh me.  
45 Tá pobal nách aithnidh dhom úmhal dom,  
in éisteacht na cluaise ' dheineadar mo réir.  
46 Tá éitheach ínste ag claínn iasachta dhom.  
Tá an chlann iasachta ar feó,  
imithe le bacáí as a gcosánaibh.  
47 Tá an Tiarna beó! Agus moladh lem Dhia!  
Agus moltar go hárda Dia mo shlánaithe!  
48 A Dhia a thugann díoltas dom;  
agus a chuireann na pobail fám smacht;  
agus a shaorann me óm namhdaibh.

1 (This note is not **XXXXXX** Douay version, but it is given in Haydock's Douay.)

Nóta. Measaid drong gurb é brí atá leis an dá dhán san ná “an té a leanfaidh droch-chómhluadar go mbeidh sé 'na dhrochdhuine, agus an té a leanfaidh cómhluadar naofa go mbeidh sé féin naofa”. Ní hé sin brí na cainnte in aon chor. Is leis an dTiarna atá Dáivid ag cainnt, agus sid é brí a chainnte: “an té a bheidh naofa beidh tusa, a Thiarna, naofa dho, .i. tabharfair tuarastal a naofachta dho, agus an té a bheidh stuacach annrianta beidh tusa stuacach annrianta dho, .i. tabharfair tuarastal na hannriantachta dho”. An focal Laidne, “*pervertéris*”, is ann atá an cur amú, agus thug an Béarla leis an cur amú céanna sa bhfocal, “thou wilt be perverted”. Ní féidir an brí ceart do thabhairt amach sa Laidin ná sa Bhéarla ach tugann an focal Gaelainne “beidh tusa annrianta dho”, iarracht nách ró-olc air.

## Na Sailm

49 Agus tógfair suas me os a gcionn so atá ag éirí im choinnibh, agus fuasclóir me ó fhear na héagóra ' dhéanamh.

50 Uime sin tabharfad glóire dhuit, a Thiarna, i measc na ngeinte, agus labharfad sailm chun t'ainme;

51 ag tabhairt mórshlánaithe dá rí, agus ag déanamh trócaire ar a úngthach, Dáivid, agus ar a shíol go deó.

### Sailm 18

*Coelí enarrant.*

*Taispeánaid oibreacha Dé a ghlóire. Is dual meas agus grá go mór dá dhlí.*

1 Go crích. Sailm ó Dháivid\*.

2 Taispeánaid na flathis glóire Dé,  
agus insid na spéartha oibreacha a lámh.

3 Labhrann lá cainnt le lá,  
agus tugann oíche eólas d'oíche.

4 Níl ráite, ná cainteanna ná cluintear a nguthanna iontu.

5 Tá a bhfuaim imithe tríd an ndomhan go léir, agus a bhfocail go himeallaibh na cruinne.

6 Tá a thairneacal suite aige sa ghréin agus é féin mar ' bheadh céile ag teacht as a sheómra. É mórálach ar nós fathaigh ag cur na slí dhe.

7 Ó imeall na spéire atá a thriall amach, agus go dtí a himeall atá a chuaird;  
agus níl éinne ábalta ar dhul i bhfolach óna theas.

8 Tá dlí an Tiarna gan tímheal, ag casadh anam.

Tá fianaise an Tiarna dílis, ag tabhairt eagna do naíonnaibh.

9 Táid breitheanna an Tiarna ceart, ag cur áthais ar chroithibh.

Tá aithne an Tiarna solasmhar, ag tabhairt solais so shúilibh.

10 Tá eagla an Tiarna naofa, marthanach trí shaol na saol.

Táid breitheanna an Tiarna fíor, fíortha iontu féin.

11 Is taitheamhaí iad ná ór, agus ná mórán de chlochaibh luachmhara, agus is míse iad ná an mhil agus ná an criathar meala.

12 Agus cimeádann do sheirbhíseach iad; agus tá luacht saothair mór as a gcimeád.

13 Na peacaí, cé ' thuigeann iad?

Glan me óm chuid féin díobh atá fé cheilt, a Thiarna.

14 Agus leog saor do sheirbhíseach ón gcuid atá iasachta dhíobh.

Más ní é ná faighid siad bua orm, ansan a bhead gan tímheal,  
agus glanfar me ón gcóir is mó.

15 Agus beidh labhartha mo bhéil ábalta ar bheith taitheamhach.

Agus beidh machnamh mo chroí os do chómhair de shíor.

A Thiarna, is tu mo chabhair, agus m'fhuascaltóir (shlánaitheóir).

### Sailm 19

*Exaudiat té Dominus.*

*Guí ar son an rí\*.*

1 Go crích. Sailm ó Dháivid.

2 An Tiarna go n- éistidh leat lá do thrioblóide. Ainm Dé Iácoib go gcosnadh thu.

## Na Sailm

3 Cabhair go gcuiridh sé chút ón áit naofa agus a Síon go gcosnadh sé thu.  
4 Ar t'íbertíbh uile go gcuímnídh sé.  
Agus do láníbert loiscithe go ndeintear méith.  
5 De réir do chroí féin go dtugaidh sé dhuit.  
Agus gach a mbeidh beartaithe agat go gcuiridh sé i bhfeidhm.  
6 Beidh áthas orainn i dtaobh do shlánaithe,  
agus in ainm ár nDia mórfar sinn.  
7 Go dtugaidh an Tiarna dhuit gach ní dá n-iarann tú air. Anois is eól dom go bhfuil a aon úngtha féin sábhálta ag an dTiarna.  
Éistfidh sé leis óna fhlaithneas naofa féin; i gcómhachtaibh atá slánú a lámha deise<sup>1</sup>.  
8 Daoine i gcarbataibh agus daoine ar eachaibh, ach is ar ainm ár dTiarna Dia a ghlaofaimídne.  
9 Do ceangladh iad san agus do thiteadar ach d'éiríomairne agus táimid 'nár seasamh.  
A Thiarna, saor an rí, agus éist linne an lá a ghlaofaimíd ort.

### Sailm 20

*Domine in virtute.*

*Moladh do Dhia trí árdú Chríost tar éis a pháise\*.*

1 Go crích. Sailm ó Dháivid.  
2 A Thiarna, is id neartsa a bheidh áthas ar an rí.  
Agus id shlánú beidh áthas ana-mhór air.  
3 Thugais do dúil a chroí,  
agus níor chimeádais uaidh toil a bheól.  
4 Óir do bhís roimis le beannachtaibh míleachta,  
chuiris ar a cheann coróinn de chlochaibh lómhara.  
5 D'iarr sé beatha ort agus thugais do laethanta fada,  
go saol agus go saol na saol.  
6 Is mó a ghlóire id shlánúsa,  
glóire agus móráilleacht a chuirfí air.  
7 Óir tabharfair é 'na bheannacht go deó deó,  
Cuirfí áthas aoibhneas air led ghnúis.  
8 Óir tá muinín ag an rí as an dTiarna agus le trócaire an té is aoirde ní bainfar cos as.  
9 Faigheadh do namhaid uile do lámh;  
faigheadh do lámh dheas amach an aicme sin uile a thug fuath dhuit.  
10 Déanfair díobh mar ' bheadh oigheann tine in am do ghnúise\*.  
Buairfidh an Tiarna iad in' fheirg,  
agus íosfaidh tine iad.  
11 Disceóir a dtoradh ón dtalamh (as an saol),  
agus a sliocht ó chlannaibh daoine (as an gcine daonna);  
12 Óir do bheartaíodar an t-olc id choinnibh;  
dheineadar beartú nár fhéadadar a chur i bhfeidhm.  
13 Óir cuirfí ar gcúl iad,  
agus le t'iarsmaibh gléasfair a ngnúis<sup>2</sup>.

1 Sailm 19, véar. 7. "Tá slánú a lámha deise i gcómhachtaibh," .i. i neart; .i. tá a lámh dheas láidir cómhachtach chun lucht muiníne ' chur as, do shaoradh.

2 Sailm 20, véar. 13. "Le t'iarsmaibh córróir a n-aighthe," .i. tabharfair le feiscint dóibh an pionós atá mar iarsma ag feitheamh leo 'na dhiaidh so trí bhíthinn do chirt. Tá ag N. Ierom, in inead an focail "iarsmaí", an focal "funes", .i. "sranga", .i. sranga cirt Dé lena lámhann Dia saigheada óna bhogha isteach in aighthibh a namhad.



## Na Sailm

14 Árdáithear thu, a Thiarna, id neart.  
Canfaimíd agus salmfaimíd do chómhachta.

### Sailm 21 (dá dheich a haon)

*Deus Deus meus.*

*Páis Chríost agus iompáil na nGeinte.*

1 Go crích. Chun cosnaimh ar maidin, sailm ó Dháivid\*.

2 A Dhia, is tu mo Dhia, féach orm, cad fáth gur thréigis me? Is fada óm shlánú bréithre mo pheacaí<sup>1</sup>.

3 A Dhia, bead ag glaoch i gcaitheamh an lae agus ní chloisfir, agus i gcaitheamh na hoíche, agus ní déarfur gur díth céille dhom é.

4 Ach taoise id chonaí san inead naofa, moladh Israél thu.

5 Asatsa do chuir ár n-aithreacha a muinín.

Chuireadar a muinín asat agus shaorais iad.

6 Do ghlaodar ort agus do sábháladh iad.

Chuireadar a muinín asat agus níor cailleadh orthu.

7 Ach is piast mise agus ní duine, aithis na ndaoine agus fuath an phobail.

8 Na daoine a chonaic me bhíodar ag magadh fúm. Do labhradar lena mbeólaibh agus chroitheadar a gceann.

9 Bhí a mhuinín as an dTiarna, fuascladh sé é, sábháladh sé é ós ionúin leis é.

10 Óir is tusa do tharraig me as an mbroínn,  
mo dhóchas ó chíochaibh mo mháthar.

11 Ionatsa do caitheadh me amach as an mbroínn,  
ó bhroínn mo mháthar is tusa mo Dhia.

12 Ná himigh uaim, mar tá buaireamh buailte liom,  
mar níl éinne chun cabhraithe liom.

13 Táid gamhna go líonmhar im thímpall,  
tairbh ramhra ag cur orm ón uile thaobh.

14 D'oscladar a mbéala im choinnibh.  
Ar nós leóin ag foghail agus ag búirthigh.

15 Táim doirtithe amach ar nós uisce,  
agus tá mo chnámha go léir scaipithe.

Tá mo chroí mar a bheadh céir,  
ag leaghadh istigh i lár mo chuirp.

16 Tá mo neart triomaithe ar nós cré loiscithe  
agus mo theanga ceangailte dem chorránaibh.

Agus táim tabhartha anuas agat go dtí luaithreach an bháis.

17 Óir tá mórán madraí im thímpall,  
tá beartúchán mallaitheóirí im thímpall.

Do pholladar mo lámha agus mo chosa.

18 Do chómhairíodar mo chnámha go léir,  
agus do bhreithníodar me agus d'fhéachadar orm.

19 Do roinneadar eatarthu mo chuid éadaigh,  
agus chuireadar m'édach ar chrannaibh.

1 Sailm 2, véar. 2. "Bréithre mo pheacaí," .i. peacaí an domhain, do ghlacas orm féin iad, agus táid siad ag labhairt go hárd im choinnibh, agus is iad fé ndéar a bhfuil agam dá fhulag.

## Na Sailm

20 Ach tusa, a Thiarna, ná cuir do chabhair rófhada uaim, féach chun mo chosnaimh.  
21 Tabhair m'anam saor ón gclaiómh, a Dhia, mo aon ó lámh an mhadra.  
22 Sábháil me a béal an leóin.  
Agus mo shuaraíocht ó adharcaibh na n-*iúnicórnach*.  
23 Neósfad t'ainm dom bráithribh.  
Molfad thu i lár na heaglaise.  
24 Sibhse go bhfuil eagla an Tiarna oraibh molaidh é.  
A shliocht Iácoib uile tugaidh glóire dho.  
25 Bíodh eagla roimis ag sliocht Israél go léir.  
Óir níor thug sé tarcaisne ná drochmheas d'achainí an duine bhoicht; ná níor iompaigh sé a aghaidh uaim.  
Agus nuair a ghlaeinn air d'éisteadh sé liom.  
26 Asatsa atá mo mholadh in eaglais mhór.  
Cómhlíonfad mo mhóide os cómhair na ndaoine go bhfuil a eagla orthu.  
27 Íosfaid na boicht agus líonfar iad,  
agus an mhuintir atá ag lorg an Tiarna molfaid siad é.  
Mairfid a geroithe ar feadh saol na saol.  
28 Cuímhneóid críocha an domhain go léir ar an dTiarna agus iompóid siad chuige.  
Agus déanfaid sleachta na ngeinte go léir adhradh os a chómhair.  
29 Óir is leis an dTiarna an ríocht,  
agus is aige a bheidh fórlámhas ar na geintibh.  
30 Dhein daoine beathaithe an domahin ithe agus adhradh;  
titfid os a chómhair gach a dtéann síos sa talamh.  
31 Agus beidh m'anamsa beó dhosan.  
Agus déanfaidh mo shliocht seirbhís do.  
32 Ainmneófar don Tiarna sliocht le teacht.  
Agus taispeánfaid na spéartha a fhíoraontacht,  
do phobal a béarfad, do phobal atá déanta ag an dTiarna.

### **Sailm 22** (dhá dheich a dó)

*Dominus regit me.*

*Tabharthaistí sprideálta Dé d'anamnachaibh fíoraonta.*

1 Sailm ó Dháivid.

Is é an Tiarna do rialann me agus ní bheidh aon rud in easnamh orm.

2 In áit fhósaíochta atáim socair aige.

Do thóg sé me ar an uisce do shásaíonn.

3 Do chas sé m'anam thar n-ais.

Do stiúraigh sé me ar chosánaibh na fíoraontachta,  
ar son a ainme féin.

4 Óir más i lár scamail an bháis féin a shiúlód ní bheidh eagla orm roim dhrochní toisc thu ' bheith agam. Do shlat agus do bhachall,  
sin iad a thug sólás dom.

5 Do ghléasais bórd dom os mo chómhair,  
in aghaidh na muintire at ag cur orm.

D'úngais mo cheann le hola,  
agus mo chailís shomheisciúil nách uasal í!

## Na Saim

6 Agus beidh do thrócaire 'om leanúint,  
gach aon lá dem shaol.  
Agus gur im chónaí i dtigh an Tiarna ' bhead an fhaid a leanfaidh laethanta.

### **Saim 23** (dhá dheich a trí)

*Dominí est terra.*

*Cé hiad a raghaidh go flaithis Dé. Deascabháil Chríost\*.*

1 An chéad lá den tseachtain. Saim ó Dháivid.  
Is leis an dTiarna an talamh agus a líonmhaireacht, an chruinne agus gach a gcónaíonn uirthi.  
2 Óir is é féin a bhunáitigh í ar na farraigibh,  
agus do ghléas í ar na haibhníbh.  
3 Cé do raghaidh suas i gcnuic an Tiarna? nú cé ' sheasóidh in' inead naofa?  
4 An té is neamhchiontach lámha agus is glan croí,  
nár ghlac a anam féin in aistear (i mbaois) agus nár thug dearbhú i bhfeall dá chómharsain.  
5 Sin é a gheóbhaidh beannacht ón dTiarna,  
agus trócaire ó Dhia a shlánaigh é.  
6 Sid iad sliocht na ndaoine atá ar a lorg,  
na daoine atá ag lorg gnúise Dé Iácoib.  
7 Tógaidh suas úr ngeataí, a ríogra,  
agus árdáithear sibh, a gheataí síoraí,  
agus raghaidh Rí na Glóire isteach.  
8 Cé hé an Rí sin na Glóire?  
An Tiarna atá láidir cómhachtach,  
an Tiarna atá cómhachtach i gcath.  
9 Tógaidh suas úr ngeataí, a ríogra,  
agus árdáithear sibh, a gheataí síoraí,  
agus raghaidh Rí na Glóire isteach.  
10 Cé hé an Rí sin na Glóire?  
Tiarna na gcómhacht, sin é Rí na Glóire.

### **Saim 24** (dhá dheich a ceathair)

*Ad te Domine levavi.*

*Guí a d'iarraidh grásta agus trócaire agus cosnaimh in aghaidh namhad.*

1 Go crích. Saim ó Dháivid.  
Chútsa, a Thiarna, atá m'anam tógtha suas agam.  
2 A Dhia, asatsa atá mo mhuintín agam, ná bíodh náire orm.  
3 Agus ná bíodh mo namhad ag magadh fúm.  
Óir ní curfar náire choíche ar do lucht friothálasa.  
4 Bíodh náire ar lucht an uilc a dhéanamh go baoth (ní is baoth).  
Taispeáin dom a Thiarna, do shlite, léirigh dom do chosáin.  
  
5 Treóraigh me it fhírinne agus teagaisc me,  
óir is tu mo Shlánaitheóir Dia,  
agus is ortsa atáim ag feitheamh an lá go léir.

## Na Sailm

6 Cuímhnikh ar do mhóthrócaire, a Thiarna,  
agus ar a bhfuil d'atrua agat á dhéanamh riamh ó thosach an tsaeil.  
7 Peacaí m'óige, agus mo dhíth céille, ná cuímhnikh orthu.  
Cuímhnikhse ormsa de réir do mhóthrócaire;  
mar gheall ar do mhórmhaitheas, a Thiarna.  
8 Is milis agus is díreach é an Tiarna.  
Uime sin tabharfaidh sé dlí do pheacachaibh ar an slí.  
9 Stiúróidh sé lucht míne i mbreithiúntas.  
Múinfidh sé a shlite do sna daoibhibh míne.  
10 Trócaire agus fírinne slite an Tiarna ar fad don mhuíntir a loirgeann a thiomna agus a fhianaisí.  
11 Ar son t'ainme féin a Thiarna, maithfir mo pheaca dhom; óir is mór é.  
12 Cé hé an duine go bhfuil eagla an Tiarna air? Tá dlí ceapaithe aige dho sa tslí atá curtha roimis aige.  
13 Déanfaidh a anam cónaí i nithibh fóna, agus beidh an talamh in oidhreacht ag á shliocht.  
14 Is taca an Tiarna don mhuíntir ar a bhfuil eagla roimis, gus foillseófar a chonradh dhóibh.  
15 Is ar an dTiarna atá mo shúile i gcónaí, óir is é féin do réiteoidh mo chosa as an ngaiste.  
16 Féach orm agus dein trócaire orm mar táim im aonar agus is duine bocht me.  
17 Táid guaiseanna mo chroí méadaithe;  
fuascail me as mo ghátaraibh.  
18 Féach ar m'isleacht agus ar mo chruatan,  
agus maith dhom mo pheacaí go léir.  
19 Féach ar mo namhaid, óir táid siad méadaithe,  
agus tá fuath mallaithe acu dhom.  
20 Cosain m'anam agus fuascail me,  
ní beidh náire orm, óir is asat atá mo mhuinín agam.  
21 Na daoine atá macánta díreach do leanadar díom, óir do leanas-sa dhíotsa.  
22 A Dhia, fuascail Israél  
as a chruatanaibh go léir.

### **Sailm 25** (dhá dheich a cúig)

*Judica me Domine.*

*Guí Dháivid chun Dé 'na ghuais go bhfuasclófi é, i dtreo go dtiocfadh sé dhá adhradh 'na thaibearnacal.*

1 Go crích. Sailm ó Dháivid. Tabhair breith orm, a Thiarna, óir sá siúlta agam im ionnracas.  
Tá mo mhuinín as an dTiarna agus ní lagófar me.  
2 Teástáil me, a Thiarna, agus triail me;  
loisc mo chroí agus mh'áranna.  
3 Óir tá do thrócaire os cómhair mo shúl,  
agus is ionúin liom t'fhírinne.  
4 Níor shuíos i gcómhairle na baoise,  
agus ní raghaidh isteach le lucht éagóra ' dhéanamh.  
5 Thugas fuath do chómhthionól lucht mailise,  
agus ní shuífead le daoibhibh mallaithe.  
6 Nífead mo lámha i measc na neamhchiontach.  
Agus geóbhaidh timpall ar t'altóir, a Thiarna;  
7 ionas go n-aireód guth do mholta,

## Na Sailm

agus go neósfad t'oibreacha iúntacha go léir.  
8 A Thiarna, do thaithn maise do thí liom,  
agus inead cónaithe do ghlóire.  
9 A Dhia, ná hídigh m'anam mar aon leis na mallaitheóiríbh,  
ná mo bheatha mar aon le lucht fola (' dhortadh),  
10 daoine go bhfuil drochbhearta 'na lámhaibh,  
agus a lámh dheas lán de thabharthaistíbh.  
11 Ach tá siúlta agamsa im ionnracas.  
Fuascail me agus dein trócaire orm.  
12 Tá mo chos tar éis seasamh ar an slí díreach.  
Molfad tu in sna cómthionólaibh (teampallaibh/poblaibh), a Thiarna.

### Sailm 26 (dhá dheich a sé)

*Dominus illuminatio.*

*Creideamh Dháivid agus a mhuinín as Dia.*

1 Sailm ó Dháivid, roim bheith úngtha dho\*.  
Is é an Tiarna mo shoillsiú agus mo shlánú: Cé roimis go mbeidh eagal agam?  
Is é an Tiarna cosantóir mo bheatha, cé roimis go gcrithneód?  
2 An fhaid a thagaid drochaicme i ngar dom chun mo chuid feóla ' dh'ithe,  
an namhaid atá ag cur orm, tá lagú tagaithe orthu féin agus táid siad ar lár.  
3 Dá seasaíodh campaí airm im choinnibh ní bheid aon eagla ar mo chroí.  
Dá n-éiríodh cath im choinnibh is air seo a bheidh mo sheasamh.  
4 Tá aon ní amháin iarrtha agam ar an dTiarna agus leanfad á iarraidh;  
mo chónaí ' bheith i dtigh an Tiarna i gcaitheamh laethanta mo shaeil go léir,  
radharc a bheith agam ar aoibhneas an Tiarna,  
agus me ' bheith ag dul chun a theampaill.  
5 Óir do chuir sé i bhfolach me 'na thaibearnacal;  
i ló na n-olc do chúmhdaigh sé me i bhfolach 'na thaibearnacal féin.  
6 Táim curtha in áirde ar charraig aige,  
agus anois tá mo cheann curtha in áirde aige os cionn mo namhad.  
Tá gofa tímpall agam ag déanamh íbirtí árdghuthacha 'na thaibearnacal.  
Canfad agus labharfad sailm don Tiarna.  
7 Éist, a Thiarna, lem ghlór ag glaoch ort.  
Dein trócaire orm agus freagair me.  
8 Is leatsa aduairt mo chroí, do loirg m'aghaidh thu;  
is é t'aghaidh a loirceód, a Thiarna.  
9 Ná hiompaigh t'aghaidh uaim.  
Ná claon ód sheirbhiseach i bhfeirg.  
Bí id chabhair agam; ná tréig me, ná tarcaisnigh me, a Dhia; is tu mo Shlánaitheóir.  
10 Óir do thréigeadar m'athair agus mo máthair me,  
ach do ghlac an Tiarna me.  
11 Ceap dlí dhom, a Thiarna, id shlí.  
Agus stiúraigh me sa tslí chóir, mar gheall ar mo namhad.#  
12 Ná tabhair suas me do thoil mo namhad,  
óir táid finnithe éithigh éirithe im choinnibh, agus do bhréagnaigh an éagóir í féin.  
13 Creidim go bhfeicfead maitheasaí an Tiarna i dtír na mbeó.

## Na Saim

14 Bíodh do shúil leis an dTiarna; dein go fortúil; agus bíodh misneach ar do chroí; agus fan leis an dTiarna.

### **Saim 27** (dhá dheich a seacht)

*Ad te Domine clamabo.*

*Dáivid dhá iarraidh ná buafadh a namhaid air.*

1 Saim ó Dháivid féin\*.

Chútsa, a Thiarna, a leogfad mo ghla, a Dhia, ná bí ciúin uaim, le heagla dá mbeithá ciúin uaim go mbeinn mar iad súd a théann síos sa pholl.

2 Éist, a Thiarna, le glór m'achainí, agus me ag guí chút, agus me ag árdú mo lámh chun do theampaill naofa.

3 Ná tarraig me in éineacht leis na peacacaibh agus ná hídigh me in éineacht le lucht déanta an uilc, iad san a labhrann síocháin leis an gcómharsain, agus an t-olc istigh 'na gcroithibh.

4 Tabhair dóibh de réir a n-oibreacha, agus de réir mallaitheachta a mbeartúchán féinig.

De réir oibreacha a lámh tabhair dóibh; tabhair luacht a saothair dóibh.

5 Óir níor thuigeadar oibreacha an Tiarna, agus saothar a lámh.

Ídeófar iad, agus ní chuirfir suas iad.

6 Moladh leis an dTiarna,

óir tá éistithe aige le glór m'achainí.

7 Is é an Tiarna mo chabhair agus mo chosnamh.

Is as a bhí muinín mo chroí agam agus fuaras cabhair.

Agus tá mo chuid feóla fé bhláth arís, agus le lántoil is ea ' mholfad é.

8 Is é an Tiarna neart a phobail féin, agus cosnamh slánaithe a úngtha féin.

9 Sábháil do phobal féin, a Thiarna, agus cuir do bheannacht ar t'oidhreacht, agus dein iad do rialú agus d'árdú go síoraí.

### **Saim 28** (dá dheich a hocht)

*Afferte Domino.*

*Cuireadh chun glóire ' thabhairt do Dhia; agus cúimhneamh ar a oibreachaibh iúntacha\*.*

1 Saim ó Dháivid, i gcríochnú an taibearnacail\*.

Tugaidh chun an Tiarna, a chlann Dé,

Tugaidh chun an Tiarna sliocht reithí.

2 Tugaidh chun an Tiarna glóire agus onóir;

tugaidh chun an Tiarna glóire dá ainm;

adhraidh an Tiarna 'na chúirt naofa.

3 Guth an Tiarna ar na huisceachaibh.

Do thóirthnigh Dia na mórgachta,

an Tiarna os cionn na n-uisceacha líonmhara.

## Na Sailm

4 Guth an Tiarna i neart;  
guth an Tiarna i mórgacht;  
5 guth an Tiarna ag briseadh na *gcéadras*,  
agus brisfidh an Tiarna *céadrais* Libanoin.  
6 Agus meilfidh sé iad (déanfaidh sé slisneacha beaga dhíobh<sup>1</sup>), ar nós gamhna Libanoin.  
Agus mar mhac ionúin na *n-iúnicórnach*.  
7 Guth an Tiarna ag scoltadh lasrach tine.  
8 Guth an Tiarna ag suathadh an fhásaigh,  
agus croithfidh an Tiarna fásach Chades.  
9 Guth an Tiarna ag ollmhú na bhfia,  
agus nochtfaidh sé na diamhra,  
agus 'na theampall labharfaid siad uile a ghlóire.  
10 Cuireann an Tiarna ' fhéachaint ar an ndilinn  
cónaí ' dhéanamh.  
Agus suífidh an Tiarna 'na rí de shíor.  
Tabharfaidh an Tiarna neart dá phobal.  
Cuirfidh an Tiarna beannacht ar a phobal le síocháin.

### Sailm 29 (dhá dheich a naoi)

*Exaltabo te Domine.*

*Dáivid ag moladh Dé mar gheall ar é ' fhuascailt, agus ar a thrócaire.*

1 Sailm caintice, do choisreacadh tí Dháivid.  
2 Mórfad thu, a Thiarna, mar bhís id theannta agam, agus níor leogais dom namhaid maíomh os mo chionn.  
3 A Thiarna Dia, do ghlaos ort agus shlánaís me.  
4 A Thiarna, do thugais m'anam amach ó ifreann.  
Do shaorais me uathu súd a théann síos sa pholl.  
5 Canaidh don Tiarna, a naoimh an Tiarna.  
Agus molaidh cuímhne a naofachta.  
6 Óir is fíoch atá in' fheirg,  
agus beatha 'na thoil.  
Um thráthnóna déanfar gol,  
agus beidh áthas ar maidin.  
7 Ach duartsa, im líonmhaireacht:  
ní bainfar cor asam choíche.  
8 A Thiarna, id dhea-thoil thugais neart dom mhaise.  
D'iompais t'aghaidh uaim agus do buaireadh me.  
9 Is ortsa, a Thiarna, do ghlaofad,  
is chun mo Dia a chuirfead mo ghuí.  
10 Cad é an tairbhe atá im chuid fola  
ag dul síos dom i ndreóiteacht?  
An ndéanfaidh luaithreach tu ' dh'admháil,

1 Sailm 28, véar. 6. “Déanfaidh sé slisneacha beaga dhíobh.” Deir an Éabhras, “agus cuirfidh sé ag damhas iad ar nos na ngamhan”. Tráctaithear anso ar an obair a dheineann tóirthneach (tugtar guth an Tiarna uirthi). Briseann sí agus leagann sí na craínn is aoirde agus cuireann sí a ngéaga briste ag rínice. Ciallaíonn an chainnt sin go léir guth Dé ag labhairt go cómhachtach san Eaglais ag smachtú an uabhair atá i ndaoineibh móra an tsaeil seo agus dhá dtabhairt go mín agus go móúil fé chuíng mhilis Chríost.

## Na Sailm

nú t'fhírinne d'ínsint?

11 D'éist an Tiarna liom agus dhein sé trócaire orm,  
tá an Tiarna 'na chabhair agam.

12 Tá mo bhuairt iompaithe chun áthais agat dom.

Do ghearas díom an róinéadach agus chuiris suairceas umam.

13 Ionas go gcanfad mo ghlóire dhuit agus ná beadh ceist orm,  
a Thiarna Dia molfad thu de shíor.

### Sailm 30 (a trí dheich)

*In te Domine speravi.*

*Guí fíoraein i nguais.*

1 Go crích. Sailm ó Dháivid\*.

2 Asatsa, a Thiarna, atá mo mhuinín agam:

ná curtar náire orm go deó;

saor me de réir do chirt.

3 Crom do chluas chúm, saor me go luath.

Bíse dhómhsa, id Dhia cosnaimh

agus id thigh dín, go sábhálair me.

4 Óir is tu mo neart agus mo dhíon,

agus ar son t'ainme treórfair\* me agus cothóir me.

5 Tabharfair amach me as an líon so do chuireadar rómham i ganfhios.

Óir is tusa mo chosantóir.

6 Cuirim mo sprid ar choimirce do lámh,

d'fhuasclais me, a Thiarna, a Dhia na fírinne.

7 Thugais fuath don mhuíntir a leanann baois gan éifeacht

ach is ar an dTiarna atá mo mhuinínse.

8 Beidh áthas orm agus lúcháir, id thrócaire,

óir d'fhéachais ar m'úirisleacht.

Do shaorais m'anam as na guaiseannaibh (riachtanaisibh).

9 Agus níor dhúnais isteach me i lámhaibh mo namhad.

Do chuiris mo chosa in áit oscailte.

10 Dein trócaire orm, a Thiarna, óir táim i gcruatan.

Tá mo shúil buartha le feirg, agus m'anam, agus mo bholg.

11 Óir tá mo bheatha curtha amú le dobrón,

agus mo bhlianta le hosnaíochaibh.

Tá mo neart lagaithe le bochtaineacht,

agus tá mo chnámha ar buaireamh.

12 Táim fé tharcaisne ageam namhaid go léir,

agus go hana-mhór, ageam chómharsanaibh; agus im abhar

eagla ageam lucht aitheantais.

An mhuíntir a chíodh me lasmu' do theithidís uaim.

13 Táim imithe as cuímhne as nós duine ' bheadh marbh ó chroí.

Táim mar ' bheadh ártach ídithe (briste?).

14 Óir do chuala spídiúchán óna lán a chónaigh mórtimpall, iad cruinnithe i bhfochair a chéile im  
choinnibh, ag cómhairliú chun an anama ' bhaint asam.

15 Ach do chuireas-sa mo mhuinín asatsa, a Thiarna. Duart: Is tusa mo Dhia.



## Na Sailm

16 Is id lámhaibh atá mo chranna.  
Fuascail me a lámh mo namhad, agus ón muíntir atá ag cur orm.  
17 Leog solas ó t'aghaidh ar do sheirbhíseach.  
Sábháil me led thrócaire.  
18 A Thiarna, ná mearaítear me, óir do ghlaos ortsa.  
Lasadh na drochdhaoine le náire agus seóltar go hifreann iad.  
19 Bíodh beóla an fhíll ciúin (deintear beóla an fhíll balbh),  
lucht labhartha an uilc in aghaidh an fhíoraein,  
le huabhar agus le masla.  
20 Ó nách mór san, líonmhaireacht na míseachta,  
a Thiarna, atá i bhfolach agat don mhuíntir go bhfuil eagla acu rómhat!  
atá beachtaithe agat don mhuíntir a chuireann a muinín asat, os cómhair clainne na ndaoine.  
21 Cuirfir i bhfolach iad i ndiamhar do ghnúise, ó bhuaireamh daoine.  
Cosnóir iad id thaibearnacal ar bhréagnú na dteangan.  
22 Moladh leis an dTiarna,  
óir tá a thrócaire tabhartha go hiúntach aige dhom i gcathair dhaingean.  
23 Duartsa, áfach, i nguasacht m'aigne,  
táim caite amach ó radharc do shúl.  
Uime sin d'éistis le guth m'achainí agus me ag glaoch ort.  
24 Tugaidh grá don Tiarna, a naoimh uile an Tiarna,  
óir éileoidh an Tiarna firinne,  
agus tabharfaidh sé a dtuarastal go maith don mhuíntir a dheineann uabhar.  
25 Sibhse go bhfuil úr muinín agaibh as an dTiarna. Deinde go foirtíl, agus neartaítear úr gcroí.

### Sailm 31 (trí dheich a haon)

*\*Beati quorum.*

*An tarna sailm aithrí.*

1 Do Dháivid féin tuiscint.  
Is aoibhinn don mhuíntir go bhfuil a drochbhearta maite dhóibh,  
agus go bhfuilid a bpeacaí clúdaithe.  
2 Is aoibhinn don fhear ná fuil peaca curtha 'na leith ag an dTiarna agus ná fuil feall 'na sprid.  
3 Toisc me ' bheith ciúin<sup>1</sup> (toisc nár labhras), do chríonadar mo chnámha, agus me ag liúirigh an lá go léir.  
4 Óir bhí do lámha trom orm de ló agus d'óiche.  
Táim iompaithe<sup>2</sup> im ghuasacht agus an dealg (bior) dá shá.  
5 Chuireas mo dhrochbheart in úil duitse,  
agus níor cheileas an éagóir a dheineas.  
Duart: admhód mo choir don Tiarna, im aghaidh féin.  
Agus do mhaithis-se dhom mallaitheacht mo pheaca.  
6 Dá bhrí sin beidh gach duine naofa ag guí chúl i dtráth oiriúnach,  
agus fós, i ndílinn na móruisceacha,

1 Sailm 31, véar. 3. *"Toisc me ' bheith ciúin,"* .i. an fhaid a bhíos ciúin, ag ceilt mo pheacaí nú ag diúltú d'iad d'adhmáil, do luigh do lámh go trom orm.

2 *Ibid*, véar. 4. *"Iompaítear me,"* .i. bím ag iompáil ar mo leabaidh agus ag únthairt, a d'iarraidh faeisimh ' fháil óm pian agus dealg chirt Dé sáite go daingean in achrann ionam. Nú; iompaítear me chútsa, a Dhia, mar múineann do smacht ciall dom agus tuigim me féin. Is é rud atá san Éabhrais ná "Iompaítear mo chuid úrmhaireachta chun tíormacht samhraidh".

## Na Sailm

ní thiochfaid i ngar do.

7 Is tusa is díon dom ón dtríoblóid atá im thímpall.

Is tu m'áthas, fuascail me óna bhfuil im thímpall.

8 Tabharfad duit tuiscint, agus teagascód thu sa tslí seo atá agat le gabháil.

Greamód mo shúile ort.

9 Ná bídh ar nós an eich agus an mhiúil atá gan tuiscint.

Ceangail le béalbhach agus le sriain a mbéala san ná tagann i ngar duit.

10 Is iomadúil iad sciúirsí an pheacaigh,

ach an té go bhfuil a mhuinín as an dTiarna aige beidh an trócaire 'na thímpall.

11 Bíodh áthas sa Tiarna oraibh, agus móráil, a fhíoraona, agus deinidh maíomh, a lucht uile an chroí dhírigh.

### Sailm 32 (trí dheich a dó)

*Exultate iustí.*

*Cómhairle chun Dé do mholadh agus chun muiníne do chur as.*

1 Sailm ó Dháivid\*

Deinidh maíomh sa Tiarna, a fhíoraona,  
is cuí moladh do dhaoineibh córa.

2 Molaidh an Tiarna leis an gcláirsigh,  
ar sháltaire na ndeich dtéad seinnidh do.

3 Canaidh do cantic nua.

Seinnidh do go maith agus go hárdghuthach.

4 Óir tá briathar an Tiarna ceart.

Agus táid a oibreacha go léir i ndílse.

5 Is ionúin leis trócaire agus breithiúntas.

Tá an domhan lán de thrócaire an Tiarna.

6 Le briathar an Tiarna do deineadh na flaithis,  
agus a gcómhacht go léir le sprid a bhéil.

7 Ag cruinniú uisceacha na farraige mar ' bheidís in ártach,  
agus ag cur na ndoimhneas i dtaiscibh.

8 Bíodh eagla an Tiarna ar an ndomhan go léir.

Agus bíodh daoine an domhain ag crith roimis.

9 Óir do labhair sé agus do deineadh iad.

Thug sé an t-órdú agus do cruthaíodh iad.

10 Cuireann an Tiarna cómhairle na ngeinte ar neamhní, caitheann sé uaidh beartúchán na bpobal;  
agus cómhairle príúnsaí, caitheann sé uaidh í.

11 Ach tá cómhairle an Tiarna síorbhuan;  
tá smaointe a chroí ó shliocht go sliocht.

12 Is aoibhinn don chine gurb é an Tiarna is Dia acu;  
an pobal a thoibh sé mar oidhreacht do féinig.

13 D'fhéach an Tiarna anuas ó neamh.

Chonaic sé clann na ndaoine go léir (chonaic sé an chine daonna go léir).

14 Ón inead cónaithe atá gléasta aige,  
d'fhéach sé ar a bhfuil 'na gcónaí ar an dtalamh.

15 Is é do chúm a geroithe, gach croí fé leith.

Is é do thuigeann a n-oibreacha go léir.

## Na Sailm

16 Ní sábháltar an rí le méid a chómhachta,  
agus ní sábhálfar an fathach le hiomad a nirt.  
17 Ní hiúntaoibh an t-each chun sábhála.  
Agus i líonmhaireacht a nirt féin ní sábhálfar é.  
18 Féach, tá súile an Tiarna orthu so atá eaglach roimis,  
agus orthu so atá muinéeach as a thrócaire.  
19 Chun a n-anam do thabhairt ón mbás.  
Agus iad do chothú in am gorta.  
20 Tá ár n-anamse ag feitheamh leis an dTiarna,  
óir is é ár gcabhair agus ár gcosnamh é.  
21 Óir is ann a bheidh áthas ár gcroí,  
agus is as a ainm naofa atá ár muinín againn.  
22 Bíodh do thrócaire orainn, a Thiarna,  
fé mar is asat atá ár muinín againn.

### Sailm 33 (trí dheich a trí)

*Benedicam Dominum.*

*Cómhairle chun Dé do mholadh agus chun a sheirbhíse do dhéanamh.*

1 Do Dháivid nuair ' athraigh sé a ghnúis os cómhair Achimelech, agus gur chuir seisean chun siúil é, agus gur imigh sé.  
2 Molfad an Tiarna ins gach tráth,  
beidh a mholadh im béal i gcónaí.  
3 Molfar m'anam sa Tiarna:  
Cloiseadh lucht míne agus bíodh áthas orthu.  
4 Móraidh an Tiarna im theannta,  
agus molaimís a ainm in éineacht.  
5 Do loirgeas an Tiarna agus d'éist sé liom,  
agus d'fhuascail sé me óm thrioblóidíbh go léir.  
6 Tagaidh chuige agus soíllsítear sibh,  
agus ní lasfaidh úr n-aghaidh le náire.  
7 Do ghlaeigh an duine bocht so agus d'éist an Tiarna leis.  
Agus do shaor sé é óna thrioblóidíbh go léir.  
8 Déanfaidh aingeal an Tiarna a longfort mórhímpall ar an muíntir atá eaglach roimis,  
agus fuascló' sé iad.  
9 Blaisidh agus feicidh gur milis é an Tiarna.  
Is aoibhinn don fhear go bhfuil a mhúinín aige as.  
10 A naoimh uile an Tiarna, bídh eaglach roimis,  
óir ní bhíonn aon easnamh ar dhaoine a bhíonn eaglach roimis.  
11 Bhí lucht saibhris dealbh agus ocras orthu,  
ach an mhúintir a bhíonn ag lorg an Tiarna ní bheidh aon ní in easnamh orthu.  
12 Tagaidh anso, a chlann, agus éistidh liom,  
múinfead díbh eagla an Tiarna.  
13 Cé hé an duine lenar mian beatha,  
gur maith leis laethanta fóna ' dh'fheiscint?  
14 Cimeád do theanga ón olc,  
agus ná labhradh do bheóla feall.

## Na Sailm

15 Seachain an t-olc agus dein an mhaith.  
Loirg an tsíocháin agus lean di.  
16 Tá súile an Tiarna ar na fíoraonaibh,  
agus a chluasa chun a n-úrnaithe.  
17 Ach tá gnúis an Tiarna i gcoinnibh lucht déanta an uile,  
chun gach cuímhne orthu do ghlanadh as an saol.  
18 Do ghlaeigh na fíoraen agus d'éist an Tiarna leo,  
agus do shaor sé iad as a nguaisibh go léir.  
19 Tá an Tiarna in aice le lucht an chroí bhuartha,  
agus saorfaidh sé an mhuintir is úiríseal sprid.  
20 Is líonmhar iad trioblóidí na bhfíoraon,  
agus saorfaidh an Tiarna iad uathu go léir.  
21 Cimeádann an Tiarna a gcánmha go léir;  
ní brisfar aon chnámh acu.  
22 Is ró-olc é bás na bpeacach.  
Agus an mhuintir a thug fuath don fhíoraon beid siad ciontach.  
23 Fuasclóidh an Tiarna anamnacha a sheirbhíseach féin,  
agus gach a gcuirfidh a muinín as ní dhéanfaid siad coir.

### **Sailm 34** (trí dheich a ceathair)

*Judica Domine nocentes me.*

*Dáivid, i bpearsain Chríost, ag guí in aghaidh a namhad, agus dhá thaispeáint roim ré cad é an chrích, a bhéarfaidh iad.*

1 Do Dháivid féin.  
Tabhair breith, a Thiarna, ar an muintir atá ag déanamh éagóra orm.  
Cuir cath ar an muintir atá ag cur catha orm.  
2 Glac arm agus sciath,  
agus éirigh suas agus cabhraigh liom.  
3 Tarraig amach an claíomh agus dún an tslí ar an muintir atá ag cur orm.  
Abair le m'anam: Is mise do shlánú.  
4 Mearaítear agus iompaítear siar an mhuintir atá ar tí m'anama,  
castar ar gcúl agus mearaítear an mhuintir atá ag beartú uile in choinnibh.  
5 Deineadh díobh ar nós na luaithrí ar aghaidh na gaoithe,  
agus aingeal an Tiarna dhá gclipeadh.  
6 Bíodh a slí dorcha, sleamhain,  
agus aingeal an Tiarna ar a dtóir.  
7 Óir do chuireadar a líon i bhfolach rómham gan chúis, chun mo mharaithe.  
Gan chúis a dheineadar spídiúchán ar m'anam.  
8 Tagadh air siúd an ghaiste nách eól do,  
agus an líon a chuir sé i bhfolach, beireadh sé air féin,  
agus titeadh sé isteach sa líon gcéanna.  
9 Ach déanfaidh m'anamsa gáirdeachas sa Tiarna,  
agus beidh áthas ar m'anam 'na shlánú.  
10 Déarfaid mo chnámha go léir:  
A Thiarna cé 's cosúil leatsa?

## Na Sailm

Ag fuascailt an duine bhoicht a láimh na muíntire a bhíonn níos treise ná é; ag fuascailt an duine i ngáatar agus i ndealús ón mhuíntir a bhíonn ag stracadh uaidh (ag baint de).

11 D'éirigh fínnithe éagórtha,

'om cheistiú ar nithibh nárbh eól dom.

12 D'íocaidís olc in aghaidh an mhaith liom, go híde mh'anama.

13 Ach mise, nuair a bhídís ag cur orm chuirinn umam éadach ruainnigh;  
d'úmhláíonn m'anam le troscadh;

agus iompófar mo ghuí isteach im ucht féin.

14 Dheininn muíntearthas mar a déanfí le cómharsain nú le bráthair dil.

D'úmhláíonn me féin ar nós duine ' bheadh i mbuairt agus i mbrón.

15 Agus dheineadar gáirdeachas im choinnibh, agus thánadar i bhfochair a chéile.

Do cruinníodh sciúirsí os mo chionn, agus níorbh eól dom.

16 Do scaradar, agus níor dheineadar aithreachas. Dheineadar fromadh orm, agus iad ag magadh fúm go magúil, agus ag díoscadh a bhfiacal chúm.

17 A Thiarna, cathain ' fhéachfair orm?

Fuascail m'anam óna mallaitheacht,

m'aon amháin ó sna léonaibh.

18 Tabharfad baochas duit in eaglais mhór,

molfadh thu i bpobal láidir.

19 An mhuíntir atá im choinnibh go héagórtha ná deinidís gáirdeachas os mo chionn.

Tá fuath acu dhom gan chúis agus iad a' bagairt a súl.

20 Óir do labhraidís liomsa go síochánta

ach do labhraidís, agus fearg an domhain orthu, ag beartú fill.

21 Agus do leathadar a mbéal im choinnibh.

Dúradar: 'Sea! 'sea! do chonaic ár súile.

22 Do chonaicís, a Thiarna, ná bí ciúin.

A Thiarna ná himigh uaim.

23 Éirigh suas agus féach chun mo bhreithe.

Mo Dhia agus mo Thiarna chun mo chúise.

24 Tabhair breith orm de réir do chirt, a Thiarna Dia.

Agus ná deinidís gáirdeachas os mo chionn.

25 Ná habraidís 'na gcroithibh féin: go maith, go maith, dár n-anam (n-aighe) féin.

Ná ná habraidís: do sloigeamair é.

26 Iad so atá áthasach mar gheall ar m'olcaibhse lasaidís in éineacht le náire.

Iad so a labhrann nithe móra im choinnibh tagadh náire agus ceann-fé orthu.

27 Iad so go dtaitheann m'fhíoraontacht leó, bíodh móráil agaus aiteas orthu.

Agus iad so gurb aoibhinn leó m'fhíoraontacht bíodh gáirdeachas agus áthas orthu, agus abraidís i gcónaí: go mórthar an Tiarna, ós áthas leis síocháin a sheirbhísigh féin.

28 Agus breithneóidh mo theangasa do chearta.

Molfadh thu an lá go léir.

### Sailm 35 (trí dheich a cúig)

*Dixit iniustus.*

*Mailís na bpeacach agus ceart Dé.*

1 Go crích. Do sheirbhíseach an Tiarna, do Dháivid féin\*.

2 Duairt an drochdhuine istigh ann féin go ndéanfadh sé an peaca.

## Na Sailm

Níl eagla Dé os cómhair a shúl.  
3 Óir do dhein sé an feall os a chómhair,  
ionas go bhfaghfí amach a mhallaitheacht chun fuatha.  
4 Is mallaitheacht agus is feall focail a bhéil.  
Níorbh áil leis tuiscint chun go ndéanfadh sé an mhaith.  
5 Is ar an olc a bhí sé ag machnamh, ar a leabaidh do.  
Do lean sé ar gach slí nárbh fhónta.  
Agus níor thug sé fuath don olc.  
6 Tá do thrócaire in sna flaithis, a Thiarna,  
agus t'fhírinne suas chun na scamall.  
7 Do cheart mar shléibhte Dé.  
Do bhreithiúntaisí, is doimneas mór iad.  
Sábhálfair daoine agus beithígh, a Thiarna.  
8 Cad é mar atá do thrócaire méadaithe agat, a Dhia!  
Beidh a muinín ag claínn na ndaoine as cúmdach do sciathán.  
9 Beid siad ar mire le flúirse do thí,  
agus tabharfar le n-ól dóibh as mórthuile t'aoibhneasa,  
10 Óir is it fhochair atá tobar na beatha,  
agus id sholas is ea ' chífimid solas.  
11 Scaoil do thrócaire chúthu so do chuir aithne ort.  
Agus t'fhíoraontacht chúthu so is díreach croí.  
12 Ná tagadh chúmsa cos an uabhair,  
agus ná baineadh lámh an pheacaigh cor asam.  
13 Ansúd a thit lucht an uile a dhéanamh.  
Do caitheadh amach iad agus níor fhéadadar seasamh.

### Sailm 36 (trí dheich a sé)

*Noli aemulari.*

*Cómhairlítear neamhshuím do chur sa tsaol so; agus i rath neambuan na bpeacach; agus muinín a bheith as Dia.*

1 Do Dháivid féin\*.  
Ná bíodh formad agat le drochdhaoine,  
agus ná bí ag tnúth le lucht an uile a dhéanamh.  
2 Óir ní fada go bhfeóchfaid siad ar nós an fhéir,  
agus titfid siad go luath ar nós na luíbhean nglas.  
3 Bíodh do mhuinín agat as an dTiarna agus dein an mhaith.  
Agus cónaigh ar an dtalamh, agus cothófar tu lena shaibhreas.  
4 Cuir do dhúil sa Tiarna  
agus tabharfaidh sé dhuit iarratas do chroí.  
5 Fág fén dTiarna do shlí,  
agus bíodh muinín agat as, agud déanfaidh sé féin é.  
6 Agus tabharfaidh sé t'fhíoraontacht amach ar nós solais,  
agus do bhreithiúntas mar lár an lae.  
7 Bí úmhal don Tiarna, agus ag guí chuige.  
Ná bíodh formad agat leis an té go bhfuil ag éirí leis 'na shlí féin, le fear na héagóra ' dhéanamh.  
8 Stad den fheirg, agus cuir uait an fíoch;

## Na Sailm

ná bí tnúthach chun uilc a dhéanamh.  
9 Óir díisceófar lucht uilc a dhéanamh.  
Ach an mhuíntir a dheineann feitheamh leis an dTiarna,  
sin iad a shealbhóidh an tír.  
10 Tamall beag eile agus ní bheidh an peacach ann;  
cuardóir a inead agus ní bhfaighir é.  
11 Ach an aicme mhín is iad a shealbhóidh an talamh,  
agus gheóbhaid siad áthas i bhflúirse na síochána.  
12 Beidh an peacach ag faire ar an bhfíoraon,  
agus ag díoscán chuige len' fhiacailbh.  
13 Ach beidh an Tiarna ag gáirí uime,  
óir chionn sé go dtiocfaidh a lá.  
14 Tá an claiómh nochtaithe ag na peacachaibh;  
tá a mbogha lúbtha acu;  
chun an duine bocht agus an dealbh do leagadh;  
chun lucht an chroí díriú do mharú.  
15 Téadh a gclaiómh isteach 'na gcroí féin,  
agus bristear a mbogha.  
16 Is féarr an beagán don fhíoraon,  
ná saibhreas mór na bpeacach.  
17 Óir brisfar géaga na bpeacach,  
agus neartaíonn an Tiarna na fíoraoin.  
18 Is eól don Tiarna laethanta na ndaoine gan teimheal,  
agus beidh a n-oidhreacht ar feadh na síoraíochta.  
19 Ní curfar mearaí orthu in am an uilc  
agus i laethibh an ghorta líonfar iad.  
20 Óir meathfaid na peacacha;  
namhaid an Tiarna, chómh luath agus a bheid siad árdaithe agus onórtha raghaid siad ar feó agus  
leighfid siad ar nós an deataigh.  
21 Tógfaidh an peacach rud ar cáirde agus ní dhíolfaidh sé thar n-ais.  
Ach bíonn trua ag an bhfíoraon agus bronnfaidh sé.  
22 Óir an lucht a bheannaíonn é beidh an talamh acu in oidhreacht,  
agus an lucht a mhallaíonn é meathfaid siad.  
23 I bhfochair an Tiarna do stiúrófar ciscéimeanna an duine, agus taithnfidh a shlí leis.  
24 Nuair a thitfidh sé ní basfar é,  
óir cuireann an Tiarna a lámh faoi.  
25 Do bhíos óg, agus táim aosta,  
agus ní fheaca an fíoraon tréigthe  
ná a shliocht ag lorg aráin.  
26 Bíonn sé an lá go léir ag déanamh trua agus ag tabhairt uaidh ar iasacht;  
agus beidh beannacht ar a shliocht.  
27 Seachain an t-olc agus dein an mhaith,  
agus dein cónaí ar feadh saol na saol.  
28 Óir is ionúin leis an dTiarna breithiúntas,  
agus ní thréigfidh sé a naoimh féin;  
Sábhálfar iad go deó.  
Curfar pionós ar an ndream mallaithe,  
agus raghaidh sliocht drochdhaoine ar feó.

## Na Sailm

- 29 Ach beidh an talamh in' oidhreacht ag na fíoraonaibh, agus déanfaid siad cónaí air i gcaitheamh saol na saol.  
30 Meabhróidh béal an fhíoraein eagna, agus labharfaidh a theanga breithiúntas.  
31 Tá dlí Dé 'na chroí, agus ní sárófar a chiscéimeanna.  
32 Breithníonn an peacach an fíoraon, agus is mian leis é ' mharú.  
33 Ach ní fhágfaidh an Tiarna 'na lámhaibh é, ná ní dhaorfaidh sé é nuair a tabharfar breith air.  
34 Fan leis an dTiarna agus cimeád a shlí, agus árdóidh sé thu chun an tailimh ' fháil in oidhreacht. Nuair a raghaid na peacacha ar feó, chífir.  
35 Chonac an drochdhuine árdaithe suas, chómh hárd le céadaraibh Libanoin;  
36 agus ghabhas an treó, agus féach, ní raibh sé ann; agus do loirgeas é, agus ní raibh a áit le fáil.  
37 Cosnaimh (cimeád) an neamhchiontacht, agus feic an ceart, óir tá nithe fágtha d'fhear na síochána.  
38 Ach díisceófar in éineacht an dream mallaithe. Raghaidh fuíoll na ndrochdhaoine ar feó (chun báis).  
39 Ach is ón dTiarna atá sábháil na bhfíoraon. Agus is é a gcosnamh é in am cruatain.  
40 Agus cabhróidh an Tiarna leó, agus saorfaidh sé iad, agus fuasclóidh sé iad ó sna peacachaibh, agus sábhálfaidh sé iad, óir is as a bhíonn a muinín acu.

### Sailm 37 (trí dheich a seacht)

*\*Domine ne in furore.*

*Guí an pheacaigh go maithfí a pheacaí dho. An tríú sailm aithrí.*

- 1 Sailm ó Dháivid\*, mar chuímhneamh<sup>1</sup> ar an sabóid.  
2 A Thiarna, ná himdhearg me it fheirg, agus ná smachtaigh me id dhíbheirg (nú, it fhíoch).  
3 Óir táid so shaigheada sáite ionamsa, agus tá do lámh orm go daingean agat.  
4 Níl sláinte im chuid feóla, os cómhair (ó aghaidh) do dhíbheirge. Níl aon tsuaimhneas ageam chnámhaibh, ó aghaidh mo pheacaí.  
5 Óir táid mo pheacaí éirithe os cionn mo chinn, agus táid siad ag luí orm mar thromualach.  
6 Táid mo chréachta lofa, bréan, mar gheall ar mo dhíth céille.  
7 Táim im ainniseóir, cromtha síos ar fad. Ag siúl go brónach an lá go léir.  
8 Táid mo luana lán de shamhlaíochtaibh. Agus níl sláinte im chuid feóla.  
9 Táim i nguais, agus táim úmhlaithé go hana-mhór. Bhínn ag búirthigh le teinneas mo chroí.

1 Sailm 37, véar. 1. “*Mar chuímhneamh*”, .i. ar ár ndochraibh agus ar ár bpeacaibh: le canadh lá na sabóide.



## Na Sailm

- 10 A Thiarna, tá mo dhúil go léir os do chómhair.  
Níl m'osna i bhfolach uaitse.
- 11 Tá mo chroí ar buaireamh;  
tá mo neart imithe uaim,  
agus dá mb'é solas mo shúl fein é, níl sé agam.
- 12 Mo cháirde agus mo chómharsain, thánadar i ngar dom agus sheasaíodar im choinnibh.  
Agus an mhuintir a bhí i ngar dom sheasaíodar i bhfad amach uaim.
- 13 Agus an mhuintir a bhíodh ar tí m'anama dheinidís éigean.  
Agus an mhuintir a bhíodh a d'iarraidh mo dhíobhála ' dhéanamh do labhraidís nithe baotha.  
Agus bhíodh an feall dá bheartú acu an lá go léir.
- 14 Ach mise ar nós duine ' bheadh bodhar, ní airínn iad.  
Agus, ar nós duine ' bheadh balbh ná hosclódh a bhéal.
- 15 Agus bhíos mar ' bheadh duine gan éisteacht,  
agus ná beadh aitheasc cúitimh 'na bhéal aige.
- 16 Óir is asatsa, a Thiarna, atá mo mhuinín agam.  
Éistfirse liom, a Thiarna Dia.  
(Is tusa d'éistfidh liom a Thiarna Dia.)
- 17 Óir is ea aduart: Le heagla go ndéanfadh mo namhaid choíche mórtais os mo chionn.  
Agus an fhaid atá mo chosa ar siúl, tá nithe móra acu dá labhairt im aghaidh.
- 18 Óir táimse ollamh do sna sciúirsíbh,  
agus tá mo dhólás os mo chómhair i gcónaí.
- 19 Óir neósfad mo dhrochbhearta  
agus déanfadh machnamh ar mo pheaca.
- 20 Ach táid mo namhaid beó, agus is treise iad ná mise.  
Agus an mhuintir a thug fuath go héagórtha dhom,  
táid siad tar éis dul i líonmhaireacht.
- 21 An mhuintir a dheineann an t-olc in aghaidh an mhaith,  
bhídís ag tromaíocht orm;  
óir do leanainn an mhaith.
- 22 Ná tréig me, a Thiarna Dia.  
Ná himighse uaim.
- 23 Brostaigh le cabhair chúm,  
a Thiarna, a Dhia mo shlánaithe.

### **Sailm 38** (trí dheich a hocht)

*Dixi custodiam.*

*Síocháin agus foighne an fhíoraein 'na thrioblóidíbh; ag machnamh do ar bhaois an tsaeil agus ar leamhnú Dé.*

- 1 Go crích, d'Iditún féin. Cantic ó Dháivid\*.  
2 Duart: tabharfad aire dom shlitibh.  
Ionas ná déanfainn peaca lem theangain.  
Do chuireas cosnamh ar mo bhéal  
nuair a bhí an peacach 'na sheasamh im choinnibh.
- 3 D'éisteacht agus bhíos úmhal, agus bhíos ciúin ó nithibh fóna.  
Agus d'athnuadh mo dhólás\*.
- 4 Agus tháinig teas im chroí istigh ionam,

## Na Sailm

agus lasfaidh tine im mhachnamh.

5 Do labhras lem theangain:

A Thiarna, cuir in úil dom mo chrích,

agus cad é uimhir mo laethanta ionas go mbeadh ' fhios agam cad 'tá in easnamh orm.

6 Féach do cheapais mo laethanta go hiontómhaiste (sothómhaiste).

Agus is cuma nú neamhní mo shubstainnt id láthair.

Agus go deimhin is baois gach aon rud, an uile dhuine beó.

7 Gan amhras imíonn an duine ar nós íomhá.

Agus is in aistear a buairtear é.

Deineann sé saibhreas (stór) agus ní fheadair sé cé dho go gcruinneó' sé é.

8 Agus anois cad leis go bhfuil mo shúilse? Nách leis an dTiarna?

Agus is ionat atá mo shubstainnt.

9 Fuascailse me óm dhrochbheartaibh go léir.

Thugais me mar cheap magaidh don amadán.

10 Bhíos ciúin agus níor osclas mo bhéal,

óir do dheinis-se é.

11 Bog díom do sciúirsí.

Táim lagaithe in imdheargadh ó neart do lámha.

12 Is mar gheall ar mhallaitheacht do smachtais an duine.

Tá a anam curtha ar feó agat ar nós an damháin alla.

Go deimhin is in aistear a buairtear aon duine.

13 Éist lem ghuí, a Thiarna, agus lem éamh.

Tabhair cluas dom dheóraibh.

Ná bí ciúin, óir is duine iasachta me agat,

agus is coigríoch me, ar nós m'aithreacha go léir.

14 Tabhair maithiúnachas dom, go bhfaighead fionnuaradh sara n-imíod agus ná bead ann níos mó.

### **Sailm 39** (trí dheich a naoi)

*Expectans expectavi.*

*Teacht Chríost ag saoradh na cine daonna.*

1 Go crích. Sailm do Dháivid féin.

2 D'fhanas ag feitheamh leis an dTiarna,  
agus d'fhéach sé chúm.

3 Agus d'éist sé lem ghuí,

agus d'fhuascail sé me a poll an anacra agus a draoib an dríodair.

Agus chuir sé mo chosa ar charraig,

agus do stiúraigh sé mo chiscéimeanna.

4 Agus chuir sé cantic nua isteach im béal,  
duan dár nDia.

Chífid a lán agus beidh eagal orthu,

agus beidh muinín as an dTiarna acu.

5 Is aoibhinn don duine go bhfuil a mhuinín aige as ainm an Tiarna.

Agus nár chuir suím i mbaois ná i ndíth céille éithigh.

6 D'iomadaís-se do mhíorúiltí, a Thiarna Dia,

agus id smaointibh níl éinne mar thu.

Do labhras agus duart é.

## Na Sailm

Táid siad iolraithe tar áireamh.  
7 Íbirt agus ofráil níorbh áil leat.  
Ach do phollais cluasa dhómhsa.  
*Holocaust* agus ofráil ar son peaca, níor iarrais.  
8 Duart ansan: féach táim ag teacht.  
I gceann an leabhair tá scríofa im thaobh,  
9 go ndéanfainn do thoilse.  
A Dhia, dob áil liom san,  
agus do dhlí i lár mo chroí.  
10 Do chraobhscaoileas do chóir in eaglais mhór.  
Féach, ní chuirfead cosc lem beólaibh; is eól duitse sin, a Thiarna.  
11 Níor chimeádas do chóir i bhfolach im chroí.  
D'inseas t'fhírinne agus do shlánú;  
níor cheileas do thrócaire agus t'fhírinne ar chómhthionól mhór.  
12 Ach tusa, a Thiarna, ná cimeád i bhfad uaim do thrócaire.  
Is iad do thrócaire agus t'fhírinne do chimeád suas me i gcónaí.  
13 Óir do tháinig uilc gan áireamh im thimpall.  
Do rug mo pheacaí<sup>1</sup> greim orm agus ní raibh ar mo chumas go bhfeicfinn.  
Do méadaíodh iad suas tar ghruaig mo chinn,  
agus tá mo chroí imithe uaim.  
14 Deónaigh, a Thiarna, me ' dh'fhuascailt.  
A Thiarna, féach chun mo chabhraithe.  
15 Náire agus mearú in éineacht chúthu san  
atá ar tí mh'anama ' bhaint díom.  
Go n-iompaítear ar gcúl iad agus náire orthu,  
an dream so a ghuíonn olc dom (an dream so ler mian olc dom).  
16 A mearaí féin gan stad orthu!  
ar an mhuíntir adeir liom: 'Sea! 'sea!<sup>2</sup>  
17 Gach n-aon a loirgeann thu bíodh móráil agus áthas orthu ionat,  
agus an mhuíntir go dtaitheann do shlánú leó,  
abraidís i gcónaí: Moladh leis an dTiarna.  
18 Ach duine bocht déarca is ea mise.  
Tá an Tiarna aireach orm.  
Is é mo chabhair é agus mo dhíon.  
A Dhia, ná dein ríghneas.

### Sailm 40 (cheithre dheich)

*Beatus qui intelligit.*

*Aoibhneas an té a chreidfidh i gCríost in ainneóin na húmhlaíochta agus na bochtaineachta 'na dtiocfaidh sé. Mailís a namhad\*. Mailís Iudais go mór mór.*

1 Go crích. Sailm do Dháivid féin.  
2 Is aoibhinn don té a thuigeann i dtaobh lucht dealúis agus i dtaobh na mbocht.  
Saorfaidh an Tiarna é sa drochlá.

1 Sailm 39, véar. 13. “*Mo pheacaí*”, .i. peacaí na cine daonna go léir atá glacaithe agam orm.

2 Véar. 16. “*Is maith.*” Focal tarcaisneach fonóideach, is ea an focal Éabhráise san áit sin. Díreach ar nós an fhocail Gaelainne úd “tá go breá!”\*

## Na Sailm

3 Go gcúmhaídh an Tiarna é agus go dtugaidh sé beatha dho.  
Agus go dtugaidh sé áthas ar an saol so do.  
Agus nár thugaidh sé suas é do thoil a namhad.  
4 Go dtugaidh an Tiarna cabhair do ar leabaidh a dhóláis.  
D’iompais a leabhaidh go léir ’na bhreóiteacht.  
5 Duartsa: A Thiarna dein trócaire orm,  
leighis m’anam, óir do pheacaíos it aghaidh.  
6 Ta drochnithe ráite ageam namhaid im aghaidh:  
cathain a gheóbhaidh sé bás agus go raghaidh a ainm ar feó!  
7 Agus dá dtagadh sé isteach ’om fheiscint do labhradh sé nithe baotha.  
Do chruinnigh a chroí chuige an mhallaitheacht.  
Théadh sé amach agus bhíodh sé ag cainnt.  
8 Ar an gcuma gcéanna bhíodh mo namhaid go léir ag cogarnaigh im choinnibh.  
Bhídís ag beartú uile im choinnibh.  
9 Do shocraíodar ar dhrochní im choinnibh.  
An té atá ’na chodladh ná héireóidh sé arís in aon chor!  
10 Dá mb’ é fear mo shíochána féin é, ’na raibh iontaoibh agam as, an té ’ bhí ag ithe mo chod’  
aráin, do sháraigh sé me go mór.  
11 Ach tusa, a Thiarna, dein trócaire orm,  
agus aithbheóigh me, agus cúiteóid leó.  
12 As so is eól dom gurb ionúin leat me,  
ná déanfaidh mo namhaid gáirdeachas os mo chionn.  
13 Ach do chimeádais suas mise ar son mo neamhchiontacht,  
agus táim socair agat id láthair go síoraí.  
14 Moladh leis an dTiarna, Dia Israél,  
ó shíor agus de shíor, bíodh amhlaidh, bíodh amhlaidh.

### Sailm 41

*Quemadmodum desiderat.*

*Dúil croí na bhfíoraon i nDia. Dóchas in am guaise.*

1 Go crích, tuiscint do mhacaibh Chóré.  
2 Mar a chuireann an eilit dúil in sna toibreachaibh uisce is ea ’ chuirimse mo dhúil ionatsa, a Dhia.  
3 Tá tart ar mh’anam chun Dé atá láidir, beó,  
cathain a thiocfad agus ’ thaispeánfad me féin os cómhair gnúise Dé?  
4 B’iad mo dheóracha m’arán de ló agus d’óiche,  
an fhaid adeirtear liom gach lá: Ca bhfuil do Dhia?  
5 Do chuímhníos ar na nithibh sin, agus do scéas m’anam istigh ionam;  
óir raghad anonn chun áite an taibearnacail iúntaigh, go dtí tigh Dé:  
le guth áthais agus molta, fuaim féastathaigh.  
6 Cad a bheir duairc thu, a anam liom?  
agus cad a bheir ’om buaireamh\* thu?  
Cuir do mhuinín as Dia, óir leanfad dhá mholadh,  
slánú mo ghnúise é  
7 agus mo Dhia é.  
Chúm féin atá m’anam buartha, dá bhrí sin cuímhneód ortsa,  
a talamh Iordain agus Hermoniim ón gcnuc mbeag.

## Na Sailm

8 Glaonn doimhneas ar dhoimhneas le guth do chómhlan uisce.  
Táid t'árda agus do thonnthacha go léir tar éis gabháil os mo chionn.  
9 Tá a thrócaire órdaithe ag an dTiarna sa ló,  
agus cantic do san oíche.  
Guí chun Dé mo bheatha, atá agamsa le déanamh.  
10 Déarfad le Dia: is tu mo thaca, cad fáth 'r dhearúdais me?  
agus cad fáth me ' bheith ag siúl i ndólás agus an namhaid ag cur orm?  
11 An fhaid atá mo chnámha dá mbriseadh  
tá masla tabhartha dhom ag an namhaid atá ag cur orm,  
agus go ndeirid siad liom gach lá: Ca bhfuil do Dhia?  
12 Cad 'na thaobh duit bheith doiligh, a anam liom?  
agus cad 'n thaobh duit bheith 'om buaireamh?  
Cuir do mhuintín as Dia, óir leanfad dhá mholadh,  
Slánú mo ghnúise é agus mo Dhia é.

### Sailm 42 (cheithre dheich a dó)

*Judica me Deus.*

*Dúil an fháidh i dteampall agus in altóir Dé.*

1 Sailm ó (do) Dháivid.  
Tabhair breith orm, a Dhia, agus dealaigh mo chúis ón náisiún nách naofa.  
Tabhair saor me ón bhfear mallaithe, meangach.  
2 Óir is tu mo neart, a Dhia, cad fáth gur chaithis uait me?  
Agus cad fáth me ' bheith ag siúl i ndólás agus an namhaid ag cur orm?  
3 Scaoil amach do sholas agus t'fhírinne,  
is iad a threóraigh me agus a thug leó me  
isteach id chnuc naofa agus id thaibearnacalaibh.  
4 Agus raghad isteach chun altórach Dé,  
chun Dé a chuireann áthas ar m'óige.  
5 Molfad thu ar an gcruit, a Dhia, mo Dhia thu!  
Cad chuige dhuit bheith duairc, a anam liom?  
Agus cad chuige dhuit bheith 'om buaireamh?  
6 Cuir do mhuintín as Dia, óir leanfad dhá moladh,  
slánú mo ghnúise é agus mo Dhia é!

### Sailm 43 (cheithre dheich a trí)

*Deus auribus nostris.*

*An eaglais ag cuimhneamh ar na tabharthaistíbh a fuair sí agus ar na guaiseannaibh atá uirthi;  
agus iarann sí faiseamh.*

1 Go crích. Do mhacaibh Chóré chun tuisceana\*.  
2 A Dhia, do chloiseamair lenár gcluasaibh,  
d'inis ár n-aithreacha dhúinn,  
an obair a dheinis 'na laethantaibh féin,  
in sna laethantaibh fadó.  
3 Do scrios do lámh na geinte agus shocraís iad san.

## Na Sailm

Do bhuairis na pobail agus dhíbris amach iad.

4 Óir níor shealbhaíodar an tír lena gclaiómh féin,  
agus níor shábháil a gcuisle féin iad.

Ach do lámh dheas-sa agus do chuisle,  
agus solas do ghnúise; óir dob ionúin leat iad.

5 Is tusa féin mo ríse agus mo Dhia,  
a dh'órdaíonn slánú Iácoib.

6 Tríodsa is ea ' bhuaifmíd ár namhaid leis an adharc.

Agus it ainmse cuirfimid neamhsuím sa mhuintir a dh'éiríodh 'nár n-aghaidh.

7 Óir ní has mo bhogha a bheidh iúntaibh agamsa,  
agus ní hé mo chlaíomh a shábhálfaidh me.

8 Óir do shábálais-se sinn ón lucht a bhí ag cur orainn,  
agus chuiris mearú ar an lucht a thug fuath dhúinn.

9 Is Dia a bheimid ag maíomh an lá go léir  
agus id do t'ainmse a thabharfaimid moladh de shíor.

10 Ach anois tá druim lámha tabhartha agat linn agus mearú curtha agat orainn,  
agus ní raghair amach, a Dhia, lenár slóitibh.

11 Chuiris sinn ag tabhairt druim lenár namhaid,  
agus an lucht a thug fuath dhúinn ag fuadach ar a dtoil.

12 Thugais le n-ithe sinn ar nós caorach,  
agus do scaipis i measc na ngeinte sinn,

13 Do dhíolais do phobal, gan luach,  
agus ní raibh aon áireamh mar mhalairt orthu.

14 Dheinis abhar náire dhínn i measc ár gcómharsan,  
abhar scige agus magaidh dá bhfuil 'nár dtímpall.

15 Dheinis ceap magaidh dínn i measc na ngeinte,  
abhar crothadh cínn i measc na bpobal.

16 Tá mo náire os mo chómhair an lá go léir,  
agus me clúdaithe le náire mo ghnúise.

17 Ó ghuth an tarcaisneóra agus an chúlchainnteóra,  
ó aghaidh an namhad agus an chiapadóra.

18 Tháinig na nithe sin go léir orainn agus níor dhearúdamair thu;  
agus níor dheineamair míbheart in aghaidh do Chonnartha.

19 Agus níor chuaigh ár gcroí ar gcúl.  
Ná níor iompaís ár gcosán ód shlí.

20 Óir d'úmhlaís sinn in áit na péine,  
agus do chlúdaigh scáil an bháis sinn.

21 Má dhearúdamair ainm ár nDia féin,  
agus má leathamair ár lámha chun dé iasachta,

22 ná scrúdóidh Dia na nithe sin?

Óir is eól do cad 'tá i bhfolach sa chroí.

Óir bímid dár marú ar do shon an lá go léir.

Meastar gur cuma sinn nú caoire le marú.

23 Éirigh; cad a bheir id chodladh thu, a Thiarna?

Éirigh, agus ná caith uait sinn ar fad (go crích).

24 Cad uime go n-iompaíonn tú t'aghaidh uainn?

agus go ndearúdann tú ár ngá agus ár nguais?

25 Óir tá ár n-anam úmhlaith sa luathrigh,

## Na Sailm

tá ár mbolg ceangailte den talamh.  
26 Éirigh, a Thiarna; cabhraigh linn,  
agus fuascail sinn ar son t'ainme féin.

### Sailm 44 (cheithre dheich a ceathair)

*Eructavit cor meum.*

*Uaisleacht ríochta Chríost, agus a bhronntanaisí ar an eaglais.*

1 Go crích, dóibh seo a hathrófar<sup>1</sup>, do mhacaibh Chóré chun tuisceana, cantic don té dár tugadh grá\*.  
2 Do thug mo chroí amach focal fóna,  
labhaimse mo ghníomhartha leis an rí.  
Cleite scríbhneóra a scríonn go mear is ea mo theanga.  
3 Álainn thu tar mhacaibh daoine.  
Tá grásta leata amach ar do bheólaibh,  
uime sin do chuir Dia beannacht go síoraí ort.  
4 Crioslaigh do chlaíomh ar do cheathrúin, a róchómhachtaigh (a mhórchómhachtaigh).  
5 It áilleacht agus id dhathúlacht (id bhreáthacht agus id mhaisiúlacht) gluais amach,  
siúlaigh fé ádh, agus bí id rí (agus glac fórlámhas).  
Ar son fírinne, agus míne agus cirt,  
agus stiúróidh do lámh dheas thu go hiúntach.  
6 Is géar iad do shaígheada: titfid pobail fút,  
isteach i gcroithibh namhad an rí.  
7 Tá do chathaoir ann, a Dhia, go saol na saol.  
Slat chun díri is ea slat do ríochtasa.  
8 Thugais grá don cheart agus fuath don éagóir.  
Uime sin d'úng Dia, do Dhia féin, thu, le hola an áthais, thar do chómhaltaibh.  
9 Mírr, agus *stacté*, agus caisia ód chuid éadaigh,  
ós na tithibh éabair, as ar  
10 chuireadar iníonacha na ríthe aiteas ort in onóir duit.  
Do sheasaimh an ríogan ar do dheis,  
in éadach orthu tímpallta le hiolarthacht.  
11 Airigh, a iníon, agus feic, agus crom do chluas,  
agus dein dearúd ded dhaoine féin agus de thigh t'athar.  
12 Agus cuirfidh an rí dúil it áilleacht.  
Óir is é do Thiarna Dia féin é, agus adharfaid siad é.  
13 Agus loirgfid iníonacha Tíre do ghnúis le tabharthaistíbh, daoine saibhre an phobail go léir.  
14 Is laistigh atá iomláine glóire na hiníne seo an rí, i gciúmhaibh órga,  
15 clúdaithe mórthímpall le hiolarthachtaibh,  
tabharfar maighdineacha chun an rí 'na diaidh,  
tabharfar a cómharsain ag triall ort.  
16 Le háthas agus le maíomh a tabharfar iad,  
isteach i dteampall an rí a tabharfar iad.  
17 In inead t'athrach beirtear clann mhac duit.  
Déanfar ríogra díobh ar an dtalamh go léir.

1 Sailm 44, véar. 1. “*Don mhuíntir a hathrófar.*” .i. do sna hanamaibh a seólfar ar a leas nuair a hiompófar chun Dé iad.

*Ibid.* “*Don ionúin (té dar tugadh grá),*” .i. dár Slánaitheóir Íosa Críost.

## Na Saim

18 Beidh cuímhne acu ar t'ainm ó shliocht go sliocht de shíor.  
Uime sin molfid na pobail thu go síoraí,  
agus trí shaol na saol.

### **Saim 45** (cheithre dheich a cúig)

*Deus noster refugium.*

*Muinín as Dia ag an eaglais fé ghéarleanúint.*

1 Go crích, do mhacaibh Chóré, do rúnaibh, sailm\*.  
2 Is é ár nDia ár ndíon agus ár neart,  
ár gcabhair in sna trioblóidibh atá tagaithe orainn go tiubh.  
3 Dá bhí sin ní bheidh eagal orainn nuair a suaithfar an talamh, agus do haistreófar na cnuic isteach  
i gcroí na farraige.  
4 Do bhúirtheadar, agus do suaitheadh a n-uisceacha\*;  
do suaitheadh na cnuic lena neart.  
5 Cuireann gluaiseacht na habann áthas ar chathair Dé:  
do naomhaigh an tÉ is aoirde a thaibearnacal féin.  
6 Dia 'na lár, ní bainfar cor as.  
Cabhróidh Dia leis go moch ar maidin.  
7 Bhí na geinte ar buaireamh; bhí na ríochta ar cromadh.  
Chuir sé a ghuth as; do chrith an talamh.  
8 Tá Tiarna na gcómhacht linn.  
Is é Dia Iácoib ár gcosnamh.  
9 Tagaidh agus féachaidh oibreacha an Tiarna,  
na níthe iúntacha atá déanta aige ar an dtalamh.  
10 Ag cur cosc le cogaibh go himeallaibh an domhain.  
(Ag díbirt chogaí go himeallaibh an domhain.)  
Brisfidh sé an bogha agus brúfaidh sé na hairm,  
agus dófaidh sé na sciathanna le tine.  
11 Stadaidh agus feicidh gur mise Dia,  
árdófar me i measc na ngeinte, agus árdófar me sa domhan.  
12 Tá Tiarna na gcómhacht linn;  
Is é Dia Iácoib ár gcosnamh.

### **Saim 46** (cheithre dheich a sé)

*Omnes gentes plaudite.*

*Iarrthar ar na geintibh Dia do mholadh mar gheall ar riocht Chríost do chur ar bun.*

1 Go crích, do mhacaibh Chóré, sailm.  
2 Buailidh úr mbasa, a gheinte go léir,  
bídh ag liúirigh chun Dé de ghuth mhaíteach.  
3 Óir is árd agus is scannrúil é an Tiarna,  
'na rí go hárđ os cionn an tsaeil go léir.  
4 Do chuir sé na pobail fénár smachtne.  
Chuir sé na geinte fénár gcosaibh.  
5 Do thoibh sé dhúinn a oidhreacht,



## Na Sailm

maise Iácoib dár thug sé thaitheamh.  
6 Tá Dia imithe suas le mórail,  
agus an Tiarna le fuaim na hadhairce (fuaim an trúmpa).  
7 Canaidh sailm dár nDia, canaidh sailm.  
Canaidh sailm dár rí, canaidh sailm.  
8 Óir is é Dia rí an domhain go léir.  
Canaidh sailm go heagnaí.  
9 Beidh Dia 'na rí ar na geintibh.  
Suífidh Dia ar a chathaoir naofa féin.  
10 Táid priúnsaí na bpobal cruinnithe chun Dé Ábrahaim,  
óir táid déithe láidre an domhain (na talún) árdaithe go mór.

### Sailm 47 (cheithre dheich a seacht)

*Magnus Dominus.*

*Tá moladh mór ag dul do Dhia mar gheall ar an eaglais do chur ar bun.*

1 Sailm cantice, do mhacaibh Chóré, an tarna lá den tseachtain.  
2 Is mór agus is ró-ionmholta é an Tiarna,  
i gcathair ár nDia, ar a chnuc naofa.  
3 Suitear cnuc Síoin, le gáirdeachas an domhain go léir,  
ar shleasaibh an tuaiscirt, cathair an rí mhóir.  
4 'Na tithibh do haithneófar Dia,  
nuair a dhéanfaidh sé í ' chosnamh.  
5 Óir féach do chruinníodar ríthe na talún.  
Thánadar i gceann a chéile.  
6 Nuair a chonacadar tháinig iúnadh orthu,  
tháinig buaireamh orthu, do suaitheadh iad.  
7 Tháinig creathán orthu.  
Bhí pianta ann ar nós pianta mná seólta:  
8 le neart gaoithe a bhrisfir go mion loingear Tharsis.  
9 Mar a chloiseamair is ea do chonacamair,  
i gcathair Thiarna na sló, i gcathair ár nDia:  
chuir Dia ar a bhunaibh í i gcómhair na síoraíochta.  
10 Do fuaramair, a Dhia, do thrócaire,  
i lár do theampaill.  
11 De réir t'ainme, a Dhia, sin mar atá do mholadh, i gcríochaibh na talún.  
Tá do lámh dheas lán den chóir.  
12 Bíodh áthas ar chuc Síoin,  
agus mórail ar iníuibh Iúda,  
mar gheall ar do bhreitheannaibh, a Thiarna.  
13 Gabhaidh tímpall ar Shíon agus imdhúnaidh í (dúnaidh isteach í).  
Deinidh ínsint 'na túraibh.  
14 Cuiridh úr gcroithe 'na neart,  
agus roinnidh a tithe, go n-ínsidh sibh i sliocht eile.  
15 Óir is é seo ár nDia, ár nDia de shíor, go saol na saol.  
Rialfaidh sé sinn go deó deó.

**Sailm 48** (cheithre fichid a hocht\*)

*Audite haec omnes geintes.*

*Míchiáll aicme an tsaeil seo, a mhaireann ar staid an pheaca gan cuímhneamh ar an mbás ná ar ifreann.*

- 1 Go crích, do mhacaibh Chóré, sailm\* .
- 2 Cloisidh na nithe seo, a gheinte uile.  
Tugaidh cluas, sibh uile a chónaíonn ar an gcruinne,
- 3 sibhse a rugadh ar talamh, sibhse is clann daoine,  
bocht agus saibhir in éineacht.
- 4 Labharfaidh mo bhéal eagna,  
agus machnamh mo chroí ciall.
- 5 Cromfad mo chluas cun parabail.  
Oslód mo rá ar sháltaire.
- 6 Cad 'na thaobh go mbeidh eagal orm lá an uilc?  
Beidh mallaitheacht mo shál<sup>1</sup> im thímpall.
- 7 Lucht muiné<sup>2</sup> ' chur as a neart,  
agus bheith ag maíomh as a gcuid saibhris.
- 8 Ní fhuasclann bráthair, ní fhuasclóidh duine.  
Ní thabharfaidh sé a éiric do Dhia.
- 9 Agus luach fuascalta a anama féin.  
Agus déanfaidh sé saothar go síoraí<sup>3</sup>.
- 10 Agus mairfidh sé fós go crích.
- 11 Ní fheicfidh sé dísciú<sup>4</sup>,  
nuair a chífidh sé lucht eagna ag dul chun báis.  
Gheóbhaidh an t-éigiallaí agus an t-amadán bás in éineacht.  
Agus fágfaid siad a saibhreas ag daoineibh iasachta.
- 12 Agus is í an uaigh a beidh mar thigh acu go deó  
(agus is iad a n-uaghanna a bheidh mar thithibh acu go deó).  
Mar áitreabha ó shliocht go sliocht.  
Thugadar a n-ainmneacha féin<sup>5</sup> ar a dtalúintíbh.
- 13 Agus an duine, nuair a bhí sé in onóir, níor thuig sé.  
Tá sé curtha i gcúmparáid le beithígh gan chiall,

- 1 Sailm 48, véar. 6. “Cionntacht mo shál”, .i. cionntacht mo shíúil, nó cionntacht mo shlite: nú, cionntacht an uabhair atá ionam lena mbuailim speach óm sháil ar mo chómharsain. Nú, cionntacht mo shál, .i. an chionntacht a gheóbhfar ionam ar uair mo bháis. Sid é brí atá leis an véarsa: Cad chuige dhom bheith ag géilleadh anois do sna hanmhiantaibh peacúla so do chuirfidh a leithéid de phionós orm agus de chritheagla lá an uilc; nuair a bheidh guaiseanna an bháis im thímpall agus ifreann buailte liom?
- 2 Véar. 7. “An mhuíntir go bhfuil a muínín,” .i. chómh maith lena rá: bíodh eagal ar an muíntir gurb as a neart féin agus as a gcuid saibhris atá a muínín acu, óir ní bheidh ar chumas bráthar ná duine muínteartha, pé feabhas a bheidh ann, iad do thabhairt saor ón mbás, ar aon díolaíocht ná le haon dua.
- 3 Véar. 9. “Beidh sé ag obair go deó.” Deallraíonn sé seo gur leanúint é ar an rá atá roimis: fé mar adéarfí nách féidir d’aon duine le haon cheannach, faid do chur ar a shaol i dtreo go bhféadfadh sé fanúint anso ag obair agus maireachtaint go deireadh an tsaeil. Deir daoine eile gur ar bheatha báis in ifreann, agus ar a phiantaibh, atá trácht, na pianta a thagann ó bhás ar staid an pheaca.
- 4 Véar. 11. “Ní fheicfidh sé íde,” nú “ná feicfidh sé íde?” Chómh maith lena rá, pé neamhshuimiúlacht a bheidh ann i dtaobh a bháis ní bheidh dul as aige. Óir ní féidir do dhuine fhóna eagnaí féin dul ón mbás.
- 5 Véar. 12. “Táid a n-ainmneacha,” &c. Táid a n-ainmneacha fágtha acu ar a n-uaghannaibh, óir sin a bhfuil fágtha ar a gcuid tailimh acu.

## Na Sailm

agus tá sé tagaithe i gcosmhalacht leó.

14 An tslí seo acu is abhar barrathuisle dhóibh í,  
agus 'na dhiaidh san beid siad dhá moladh féin lena mbéal<sup>1</sup>.

15 Táid siad socair in ifreann mar ' bheadh caoire.

Beidh an bás dhá n-ithe.

Agus beidh fórlámhas ag na fíoraonaibh orthu sa mhaidean<sup>2</sup>,  
agus raghaidh a gcabhair óna nglóire ar feó in ifreann.

16 Ach saorfaidh Dia m'anamsa ó láimh ifrinn  
nuair a ghlacfaidh sé me.

17 Ná bíodh eagla ortsa nuair a gheibheann duine saibhreas,  
agus nuair a théann glóire a theaghligh i méid.

18 Óir nuair a gheóbhaidh sé bás ní bhéarfaidh leis aon rud.  
Agus ní raghaidh a ghlóire síos in éineacht leis.

19 Óir beidh beannacht ar a anam i gcaitheamh a bheatha.  
Molfaidh sé thu nuair a dhéanfair tairbhe dho.

20 Raghaidh sé isteach ag triall ar shleachtaibh a shínsear,  
agus ní fheicfidh sé solas ar feadh na síoraíochta.

21 An duine, an fhaid a bhí sé in onóir, níor thuig sé.  
Do cuireadh i gcúmparáid é leis na beithígh allta,  
agus do deineadh cosmhail leó é.

### Sailm 49 (cheithre dheich a naoi)

*Deus deorum.*

*Teacht Chríost agus conas mar is tuisce leis súáilce agus geannnaíocht ná fuil íbirtí. An cheathrú sailm aithrí\*.*

1 Sailm Asaiph.

Tá labhartha ag Dia na ndéithe, ag an dTiarna,  
agus tá glaeite aige ar an ndomhan ó éirí gréine go dul fé dhi,

2 áilleacht a scéimhe, a Síon.

3 Tiocfaidh an Tiarna go soiléir,  
ár nDia, agus ní bheidh sé ciúín.

Lasfaidh tine os a cómhair,  
agus beidh gaoth láidir 'na thimpall.

4 Glaofaidh sé anuas na flaithis, agus an talamh, chun a phobail do bhrath.

5 Cruinnidh chuige a naoimh, a chuireann a chonradh roimh íbirtí.

6 Agus fógróid na flaithis a chóir,  
óir is é Dia is breitheamh.

7 Éistidh, a phobal, agus labharfad.

A Israél, agus déanfad fianaise dhuit.

Is mise Dia, do Dhiasa.

8 Ní dhéanfad lochtú ort i dtaobh t'íbeartha,  
táid t'íbeartha loiscithe os mo chómhair i gcónaí, ámh.

1 Véar. 14. "Beid siad dhá moladh féin lena mbéal." .i. Bíodh nách fóna é a slí beid siad dhá moladh féin lena mbéal agus ag maíomh as a ngníomharthaibh.

2 Véar. 15. "Sa mhaidin," .i. san aiséirí, a bheidh chun na beatha nua, nuair a thabharfaid na fíoraein breith ar an ndream mallaithe.

*Ibid.* "Óna nglóire," .i. nuair a bheidh glóire neambuan na beatha so imithe gan tuairisc.

## Na Saim

9 Ní ghlacfad gamhna as do theaghlach,  
ná reithí as do thréadaibh,  
10 Óir is liom beithígh uile na gcoílte,  
na hainmhithe ar na cnucaibh agus na ba.  
11 Tá aithne agam ar éanlaithe uile an aeir,  
agus is agam atá áilleacht na talún.  
12 Má bhíonn ocras orm ní neósfad duitse é;  
óir is liom féin an chruinne agus a bhfuil inti.  
13 An amhlaidh ' íosfadsa feóil tarbh?  
nú a dh'ólfad fuil reithí?  
14 Íbir chun Dé íbirt mholta,  
cómhlíonn don tÉ is aoirde do mhóidí.  
15 Agus glaeigh orm i ló an chruatain.  
Fuascród thu, agus tabharfair onóir dom.  
16 Ach duairt Dia leis an bpeacach: Cad chuige dhuitse bheith ag ínsint mo cheartsa?  
agus ag tabhairt mo chonnartha tríod bhéal?  
17 Agus fuath agat féin á thabhairt do smacht;  
agus mo chainnt caite agat laistiar díot.  
18 Dá bhfeicthá bithiúnach d'imíthá leis,  
agus is le lucht adhaltranais a bhíthá páirteach.  
19 Bhí do bhéal lán den olc,  
agus bhíodh do theanga ag ceapadh an fhíll.  
20 Do shuíthá agus do labharthá in aghaidh do bhráthar,  
agus churthá scannal roim mhac do mháthar.  
21 Dheintá na nithe sin, agus d'éistead.  
Mheasais, go mallaithe, go mbeinnse mar thu.  
Ach imdheargfad thu agus cuirfead ní os do chómhair.  
22 Sibhse a dheineann dearúd de Dhia tuididh an méid sin,  
sara scuabfadh sé (chun siúil sibh) agus ná bead éinne ' dhéanfadh fuascailt (oraibh).  
23 Íbirt mholta is ea ' tabharfaidh onóir dómhsa,  
agus sin é an tslí 'na dtaispeánfad do san slánú Dé.

### **Saim 50** (a caogad)

*\*Miserere.*

*Aithrí Dháivid agus a fhaoistin tar éis a pheaca.*

1 Go crích. Saim ó Dháivid,  
2 nuair a tháinig Natan fáidh chuige tar éis an pheaca ' bheith déanta aige le Betsabee\*.  
3 Dein trócaire orm, a Dhia, de réir do mhórtócaire,  
agus de réir iomadúlachta do atruachta  
cuir mo mhallaitheacht ar neamhní.  
4 Nigh me arís agus arís eile óm mhallaitheacht,  
agus glan me óm peaca.  
5 Óir is eól dómhsa mo mhallaitheacht,  
agus tá mo pheaca os mo chómhair i gcónaí.  
6 Id choinnibhse amháin a dheineas an peaca, agus os do chómhair a dheineas an t-olc.  
Ionas go gceartófi thu id bhréithribh, agus go mbeadh an bua agat nuair a tugtar breith ort.

## Na Saim

7 Óir féach, is i mallaitheachtaibh do gabhadh me,  
agus is i bpeacaibh do ghoibh mo mháthair me.  
8 Óir féach, is don fhírinne a thugais-se grá;  
nithe diamhra, neamhchínte t'eagna, do nochtais dómhsa iad.  
9 Croithfír *hyssóp* orm agus glanfar me,  
nífir me agus bead níos gile ná sneachta.  
10 Cuirfír áthas agus aoibhneas ar m'éisteacht,  
agus beidh móráil ar na cnámhaibh a húmhláíodh.  
11 Iompaidh t'aghaidh óm peacaibh,  
agus cuir mo mhallaitheachaí go léir ar neamhní.  
12 Cruthaigh croí glan ionam, a Dhia,  
agus athnuaigh sprid díreach im inníbh istigh.  
13 Ná teilg me ó t'aghaidh,  
agus ná bain díom do sprid naofa (ná tóg do sprid naofa uaim).  
14 Tabhair thar n-ais dom gáirdeachas do shlánaithe,  
agus neartaigh me le príomhsprid.  
15 Tabharfad eólas do shlite do sna drochdhaoinibh,  
agus casfar na peacaigh tar n-ais chút.  
16 Saor me ó sna folaibh, a Dhia, a Dhia mo shlánaithe,  
agus maífidh mo theanga do chóir.  
17 Osclóir mo bheóla, a Thiarna,  
agus labharfaid mo bhéal do mholadh.  
18 Óir dá mba mhian leat íbirt do thabharfainn duit í go deimhin.  
Ní híbirtí loiscithe do thaithnfidh leat.  
19 Sprid dhólásach is ea is íbirt chun Dé,  
ní chuirfír neamhshuím, a Dhia, i gcroí úmhal, aithríoch.  
20 Bí ceannsa, a Thiarna, id dhea-mhéinn do Shíon,  
ionas go gcurfar suas fallaí Jerúsalem.  
21 Ansan is ea ' ghlacfír íbirt fíoraontachta, ofrálacha agus íbirtí loiscite.  
Ansan a chuirfid siad gamhna ar t'altóir.

### Saim 51 (caogad a haon)

*Quid gloriaris.*

*Dáivid ag daoradh Dhóég agus ag ínsint na híde a bhéarfaidh é.*

1 Go crích. Tuiscint do Dháivid.  
2 Nuair a tháinig Dóég an tÍdúmaeach agus duairt sé le Saul: Chuaigh Daivid go dtigh Achimelech\*.  
3 Cad chuige dhuit bheith ag maíomh a mailís, tusa atá cómhachtach i mallaitheacht?  
4 Bíonn do theanga ag ceapadh éagóra an lá go léir,  
amhail rásúr géar do dheinis ceilg.  
5 Dob fheárr leat an mhailís ná an mhaith,  
agus an mhallaitheacht ná an fhíoraontacht do labhairt.  
6 Do thaithn gach cainnt thiubaisteach leat, a theang an fhíll!  
7 Dá bhri sin ídeóidh Dia thu go crích (ar fad),  
stracfaidh sé amach tu agus díbreóidh sé thu as do chónaí;  
agus do phréamh a talamh na mbeó.  
8 Chífid na fíoraein agus beidh eagal orthu,

## Na Sailm

agus beid siad ag gáirí uime, agus déarfaid siad:

9 “Féach an duine nár ghlac Dia mar chabhair do féin,  
ach do chuir a mhúinín a méid a shaibhris,  
agus do neartaigh ’na bhaois féin.

10 Ach mise, mar ’ bheadh crann torrach ola i dtigh Dé,  
chuireas mo mhúinín a trócaire Dé go deó agus go saol na saol.

11 Molfad thu go deó, mar do dheinis é,  
agus beidh mo shúil le t’ainm,  
óir is maith é os cómhair do naomh.

### Sailm 52 (caogad a dó)

*Dixit insipiens.*

*Cuirpeacht choiteann na ndaoine roim theacht Chríost.*

1 Go crích, tuiscintí do Dháivid, do Mhaelet<sup>1</sup>.

Duairt an t-amadán ’na chroí: Níl aon Dia ann.

2 Táid siad cuirpe agus tá gráinniúlacht tagaithe orthu i mallaitheachtaíbh.  
Níl éinne a dheineann an mhaith.

3 D’fhéach Dia anuas ó neamh ar mhacaibh daoine,  
go bhfeicfeadh sé an raibh duine a thuig, nú a loirg Dia.

4 Do chlaonadar go léir, táid siad gan mhaith in éineacht.  
Níl éinne a dheineann an mhaith, oiread agus duine.

5 Ná beidh ’ fhios acu so go léir a dheineann an t-olc,  
iad so atá ag ithe mo phobail mar ’ íosfaidís arán?

6 Níor ghlaodar ar Dhia;

bhíodar ag crith le heagla san áit ná raibh eagla.

Óir do scaip Dia cnámha<sup>2</sup> an dream (aicme) a dheineann réir daoine;  
do cuireadh mearathall orthu toisc gur dhímheas Dia iad.

7 Cé ’ thabharfaidh a Síon slánú Israél?

Nuair a chasfaidh Dia braighdineas a phobail,

Beidh Iácob ag maíomh, agus beidh áthas ar Israél.

### Sailm 53 (caogad a trí)

*Deus in nomine tuo.*

*Guí a d’iarraidh cabhartha in am guaise.*

1 Go crích, i ndántaibh, tuiscint do Dháivid\*.

2 Nuair a tháinig muintir Siph agus ’dúradar le Saul: Ná fuil Dáivid i bhfolach ’nár meascne?

3 A Dhia, it ainm féin saor me;  
agus tabhair breith orm id neart.

4 A Dhia, éist lem ghuí,  
tabhair cluas d’fhoclaibh mo bhéil.

1 Sailm 52, véar. 1. “Do Mhaelet”, nú, “do Mhachalat”, .i. úirlis éigin ceóil; nú buíon cheóil; óir is “per chorum” adeir N. Ierom leis.

2 Véar. 6. “Do scaip Dia cnámha,” &c. .i. an dream a dheineann díobháil anama dóibh féin, ag diúltú dá ndualgas chun Dé mar shásamh do dhaoine, tá a neart curtha ar neamhni ag Dia.

## Na Sailm

5 Óir tá éirithe im choinnibh ag daoineibh iasachta,  
agus tá daoine láidre ar tí mh'anama,  
agus níl Dia os cómhair a súl acu.

6 Óir féach, tá Dia ag cabhrú liomsa,  
agus is é an Tiarna cúmhach m'anama.

7 Cas na huile ar mo namhaid,  
agus it fhírinne ídigh iad.

8 Déanfad íbirt chút le saorthoil,  
agus molfad t'ainm, a Thiarna, óir is maith é.

9 Óir d'fhuasclais me as gach uile ghuais,  
agus d'fhéach mo shúil síos ar m'eascáirdibh.

### Sailm 54 (caogad a ceathair)

*Exaudi Deus.*

*Guí ag fíoraon á dhéanamh fé ghéarleanúint ó dhrochdhaoine. Tagann sé isteach le Críost dá chrá ag na Iúdaigh agus dá dhíol ag Iúdás.*

1 Go crích, i ndántaibh, tuiscint do Dháivid.

2 Éist, a Dhia lem ghuí,  
agus ná dein dímhéas ar m'achainí.

3 Tabhair aire dhom agus éist liom.

Tá dólás orm agus me go buartha,  
Agus táim trí chéile

4 ó ghuth an eascarad, agus ó thrioblóid an pheacaigh.

Óir tá drochghníomhartha caite acu orm.

Agus i bhfeirg do bhíodar cruaidh orm.

5 Bhí mo chroí buartha istigh ionam,  
agus do thit eagla na bháis anuas orm.

6 Tháinig eagla agus creathán orm,  
agus do chlúdaigh doircheacht me.

7 Agus duart: cé ' thabharfaidh sciatháin dom mar atá ag colúr.

Agus eiteallód agus gheóbhad suaimhneas?

8 Féach táim imithe i gcéin ar teitheadh;

agus tá cónaí déanta agam san uaigneas.

9 Bhíos ag feitheamh leis an té a dh'fhuascail me  
ó lagachar aigne agus ón stoirm.

10 Caith anuas iad, a Thiarna, deighil a dteangthacha,

óir do chonac mallaitheacht agus sárú sa chathair.

11 De ló agus d'oíche beidh mallaitheacht 'na thimpall, ar a múraibh.  
Agus dua 'na lár,

12 agus éagóir, agus níor imigh iúncamas agus feall as a sráidibh;

13 Óir dá dtugadh m'eascaraid masla dhom

do chuirfínn suas leis go deimhin,

agus an té ' thug fuath dhom dá labhradh sé nithe móra im aghaidh,  
b'fhéidir go raghainn i bhfolach uaidh.

14 Ach tusa, duine atá ar aon aigne liom,  
mo ghiolla go bhfuil seanaithe agam ort,

## Na Sailm

15 gur chaitthis an bia milis im fhochair.  
Do shiúlaimair de thoil a chéile i dtigh Dé.  
16 Tagadh an bás<sup>1</sup> orthu,  
agus téidís síos beó in ifreann,  
óir tá drochghníomhartha 'na dtithibh, 'na lár.  
17 Ach do ghlaos-sa ar Dhia,  
agus sábhálfaidh an Tiarna me.  
18 Uim neóin, agus ar maidin, agus i lár an lae neósfad agus fógród,  
agus éistfidh sé lem ghlór.  
19 Fuasclóidh sé i síocháin m'anam uathu so atá ag teacht i gcóngar dom,  
óir bhíodar im fhochair (i measc) a lán<sup>2</sup>.  
20 Éistfidh Dia.  
Agus úmhlóidh an té atá ón síoraíocht iad.  
Óir níl athrú dhóibh siúd,  
agus ní raibh eagla Dé orthu.  
21 Tá a lámh sínte amach aige chun díoltais;  
tá a chonradh truailithe acu.  
22 Táid siad deighilte<sup>3</sup> ag feirg a ghnúise,  
agus tá a chroí tagaithe i bhfogas.  
Táid a chainnteanna níos sleamhaine ná ola;  
agus is saígheada iad.  
23 Caith ar an dTiarna do chúram agus cothóidh sé féin thu.  
Ní leogfaidh sé go deó suathadh ar an bhfioraon.  
24 Ach seólfairse, a Dhia, iad súd isteach i bpoll an bháis.  
Ní chuirfid lucht fola agus fill leath a laethanta dhíobh.  
Ach beidh mo mhuinín agamsa asatsa, a Thiarna.

### Sailm 55 (caogad a cúig)

*Miserere mei Deus.*

*Guí a dhein Dávid agus é i gcúntúirt agus i dteannta.*

1 Go crích, don phobal atá suite i bhfad ón áit naofa, do Dhávid chun scríbhinne teidil, nuair a bhí greim air ag na Philistínigh i nGet\*.  
2 Dein trócaire orm, a Dhia, óir tá gofa de chosaibh ionam ag duine.  
Ag cur catha orm an lá go léir, táim traochta (cráite) aige.  
3 Tá mo namhaid d'éis bheith ag gabháil de chosaibh ionam an lá go léir.  
Óir tá a lán ag troid im aghaidh.  
4 Ó árd an lae<sup>4</sup> beidh eagal orm.  
Ach beidh mo mhuinín agamsa.

- 1 Sailm 54, véar. 16. “*Tagadh an bás,*” &s. Eascainí den tsórd san a chítear in sna Sailmibh targaireachtaí is ea iad dhá ínsint roim ré cad é an díoltas a dhéanfaidh ceart Dé ar an ndream mallaithe, agus ag moladh Dé dá dhruím sin. Ní hionann iad agus eascainí a deintear le drochaigne agus atá i gcoinnibh dlí Dé.
- 2 Véar. 19. “*I measc a lán,*” &c. .i. an mhúintir a tháinig i ngar dom, ag cur orm, bhíodar líonmhar, agus iad in éineacht.
- 3 Véar. 22. “*Deighilte,*” &c. .i. “Scaipithe”, curtha ar fán, curtha ar neamhní, ag feirg Dé, óir féachann Dia go fíochmhar ar a slitibh claona cealgacha.
- 4 Sailm 55, véar 4. “*Árd an lae,*” .i. i lár an lae, nuair is aoirde í an ghrian, bím i gcúntúirt fós.



## Na Sailm

5 I nDia a mholfad mo bhriathra<sup>5</sup>.  
As Dia atá mo mhuinín agam;  
ní bheidh eagal agam roim aon rud a dhéanfaidh feóil liom.  
6 I gcaitheamh an lae go léir bhí gráin acu ar mo chainnt,  
a smaointe go léir im choinnibh chun uile.  
7 Déanfaid siad cónaí agus iad i bhfolach.  
Beid siad ag faire ar mo sháil,  
mar atáid siad ag feitheamh le m'anam,  
8 ar aon rud ní shaorfair iad<sup>2</sup>.  
It fheirg brisfir go mion na pobail sin, a Dhia.  
9 Tá mo bheatha ínste agam duit,  
táid mo dheóra curtha agat os do chómhair.  
Agus it gheallúint, leis;  
10 Ansan a dh'iompófar siar mo namhaid:  
Pé lá a ghlaofad ort,  
féach, is eól dom gur tusa mo Dhia.  
11 I nDia do mholfad an briathar,  
sa Tiarna a mholfad an chainnt.  
As Dia atá mo mhuinín agam.  
Ní bheidh eagal agam roim aon ní a dhéanfadh duine liom.  
12 Táid ionamsa, a Dhia, móide dhuitse,  
agus cómhlíonfad iad; molta dhuitse,  
13 Óir do thugais m'anam saor ón mbás  
agus mo chosa ó thitim,  
ionas gurbh ionúin me i láthair Dé  
i solas na mbeó.

### Sailm 56 (caogad a sé)

*Miserere mei Deus.*

*An fáidh ag guí agus é ag fulag péine; agus é ag moladh Dé nuair a fuascladh é.*

1 Go crích, ná hídigh<sup>3</sup>, do Dháivid i dteideal scríbhinne, nuair a chuaigh sé isteach san uaimh ag teitheadh ó Shaul\*.  
2 Dein trócaire orm, a Thiarna, dein trócaire orm,  
óir tá iúntaibh ag m'anam asat,  
agus a scáth do sciathán a bheidh mo dhóchas,  
go n-imídh an mhallaitheacht thorm.  
3 Glaofad ar Dhia, ós é is aoirde,  
ar Dhia a dhein tairbhe dhom.  
4 Do chuir sé teachtaire ó neamh agus shaor sé me,  
chuir sé aithis orthu súd a ghoibh de chosaibh ionam.  
Chuir Dia a thrócaire (chúm) agus a fhírinne,  
5 agus thárraigh sé m'anam amach ó sna cataibh leóin.

5 Véar. 5. "Mo bhréithre," .i. na bréithre do labhair Dia ag geallúint cabhartha dhom.

2 Véar. 8. "Ar aon rud ní shaorfair iad." .i. ó chuardar i gceilg ar tí m'anama ní thabharfair fabhar ná cúnamh dóibh in aon chor, ach imreóir do cheart orthu.

3 Sailm 56, véar. 1. "Ná hídigh," .i. ná leog íde ' dhéanamh orm.

## Na Saim

Do chodlas i mbuaireamh,  
clann daoine, airm agus saigheadha a bhfiacra,  
agus claíomh faobhrach a dteanga,  
6 Árdáítear suas go hárd tu os cionn na bhflaitheas, a Dhia,  
agus do ghlóire tríd an ndomhan do léir.  
7 Do ghléasadar inneall dom chosaibh,  
agus do lúbadar síos m'anam.  
Dheineadar poll ar m'aghaidh amach  
agus thiteadar féin isteach ann.  
8 Tá mo chroí ollamh, a Dhia, tá mo chroí ollamh.  
Canfad agus déarfad sailm.  
9 Éirigh, a ghlóire liom,  
éirigh, a sháltaire agus a chruit.  
Éireód go moch.  
10 Molfad thu in sna poblaibh, a Thiarna,  
agus déarfad sailm chút in sna geintibh,  
11 óir ta do thrócaire méadaithe suas chun na bhflaitheas,  
agus t'fhírinne chun na scamall.  
12 Árdáítear suas go hárd thu os cionn na bhflaitheas, a Dhia,  
agus do ghlóire tríd an ndomhan do léir.

### **Saim 57** (caogad a seacht)

*Si veire utique.*

*Dávid ag cáineadh na ndrochdhaoine agus ag insint an phionóis a bhí 'na gcómhair.*

1 Go crích, ná hídigh, do Dhávid chun scríbhíne teidil.  
2 Má labhrann sibh an ceart, lom dáiríribh,  
tugaidh fíorbhreith, a mhaca daoine.  
3 Óir tá mallaitheacht agaibh á dhéanamh, 'núr gcroí;  
táid úr lámha ag cumadh éagóra ar an dtalamh.  
4 Táid na peacaigh iasachtaithe ón mbroínn,  
táid siad ar fán ó rugadh iad; do labhradar éitheach.  
5 Tá olc orthu ar nós na n-aithreach nímhe,  
ar nós na *haspice* bodhaire a stupann a cluasa.  
6 Agus ná hairíonn guth na n-orthóirí,  
ná guth an draoi ag cur orthanna go hoilte.  
7 Meilfidh Dia a bhfiacra istigh 'na mbéalaibh.  
Brisfidh an Tiarna cúilfhiacra na león.  
8 Chun neamhní a thioctaid siad ar nós uisce ag rith le fánaidh.  
Tá a bhogha lúbtha aige chun go mbeid siad lagaithe.  
9 Ar nós na céarach a leigheann a tógfar chun siúil iad.  
Tá tine titithe orthu agus ní fheicfid siad an ghrian.  
10 Sara bhféadfadh úr ndeilgne<sup>1</sup> an sceach a dh'aithint;  
sloigeann sé in' fheirg iad mar 'bheidís beó.  
11 Beidh áthas ar an bhfioraon nuair ' chífidh sé an díbheirg.

1 Saim 57, véar. 10. “*Do dheilgne\**,” .i. Sara bhfásaid do dheilgne 'na sceachaibh láidre tiocfaidh ceart Dé suas leó agus ídeoidh sé iad dhá slogadh in' fheirg fé mar a shloigfeadh sé 'na mbeathaidh iad.

## Na Saim

Nífidh sé a lámha<sup>1</sup> i bhfuil an pheacaigh.

12 Agus déarfaidh an duine: Más fíor go bhfuil sochar don fhíoraon,  
is fíor go bhfuil Dia ann ag tabhairt breithe orthu ar an dtalamh so.

### **Saim 58** (caogad a hocht)

*Eripe me.*

*Guí a d'iarraidh fuascalta ó dhrochdhaoine, agus ag cur muiníne as Dia. Tagann sé isteach le Críost agus agus na Iúdaigh\*.*

1 Go crích; ná hídigh; do Dháivid i dteideal scríbhíne; nuair a chuir Saul lucht faire ar a thigh chun a mharaithe\*.

2 Fuascail óm namhaid me, a Dhia,  
agus cosain me orthu so atá ag éirí im choinnibh (ag éirí chúm).

3 Fuascail me ó lucht na mallaitheachta ' dhéanamh: agus sábháil me ó fhearaibh na fola.

4 Óir féach tá bertha ar m'anam acu.

Táid lucht nirt tar éis rith chúm isteach.

5 Agus ní hé mo dhrochghníomh ná mo pheaca, a Thiarna.

Gan drochbheart a ghluaiseas, agus do stiúraíos.

6 Éirigh agus tar chúm, agus feic.

Tusa féin, a Thiarna, a Dhia na gcómhacht, a Dhia Israél,

féach chun na ngeinte go léir d'fhiosrú;

ná dein trócaire orthu san go léir a dheineann an mhallaitheacht.

7 Fíllfid siad um thráthnóna agus ocras orthu ar nós na ngadhar.

Agus geóbhaid siad mórtámpall na cathrach.

8 Féach labharfaid siad lena mbéal,

agus claiómh 'na mbeólaibh. Óir, dar leó, cé ' airigh?

9 Agus déanfairse, a Thiarna, gáire úmpu;

tabharfair na geinte go léir chun neamhní.

10 Cimeádfad mo neart duitse,

óir is tusa, a Dhia, mo dhíon;

11 mo Dhia, tiocfaidh a thrócaire rómham.

12 Déanfaidh Dia taispeánadh dhom os cionn mo namhad:

ná mairbh iad, le heagla go ndearúdfadh mo phobal é,

scaip led neart iad,

agus cuir síos iad, a chosnamhaí liom, a Thiarna;

13 (trí) pheaca a mbéil, agus (trí) chainnt a mbeól;

agus tógtar iad 'na n-uabhar,

agus ó eascainí agus ó éitheach tráchtfar orthu.

14 I ndísciú, i ndíbheirg díscithe, agus ní bheid siad ann a thuilleadh.

Agus beidh ' fhios acu gurb é Dia do rialfaidh Iácob,

agus críocha uile an domhain.

15 Agus fillfid siad um thráthnóna, agus ocras orthu ar nós na ngadhar.

Agus geóbhaid siad tímpall ar an geathair.

16 Scaipfar iad chun bídh a chaitheamh,

ach mura líontar iad, beid siad ag gluaireán.

1 Véar. 11. "Nífidh sé a lámha," &c. .i. Molfaidh sé ceart Dé agus nuair a chífidh sé díoltas á dhéanamh ar chuirpeachaibh nífidh sé a lámha féin ón bpeaca.

## Na Sailm

17 Ach canfadsa do neartsa,  
agus mórfad do thrócaire ar maidin,  
óir taoi id chosantóir agam,  
agus id dhíon agam i ló mo chruatain.  
18 Is tu mo chabhair, is chútsa adéarfad sailm,  
óir is tu Dia, mo chosnamh,  
mo Dhia; mo thrócaire.

### Sailm 59 (caogad a naoi)

*Déus repulisti nos.*

*Tar éis mórán dochar béarfaidh eaglais Chríost bua.*

1 Go crích, dóibh seo a hathrófar, chun teidil scríbhinne, do Dháivid féin, chun teagaisc\*, 2 nuair ' chuir sé Mesopotámia i Suíria trí thine, agus Sobal, agus d'fhíll Ioab agus mhairbh sé, i ngleann an tsalainn, dhá mhíle dhéag d'Edom\*.

3 A Dhia, do chaithis uait sinn, agus do mhillis sinn.  
Bhí fearg agat chúinn, agus dheinis trócaire orainn.  
4 Do luaiscis an talamh agus do chroithis é.  
Leighis ar briseadh de, óir do suathadh é.  
5 Tá nithe crua taispeánta agat dod phobal.  
Tá fíon an dóláis tabhartha agat dúinn le n-ól.  
6 Tá foláramh tabhartha agat dóibh seo atá eaglach rómhat,  
ionas go rithfidís ó aghaidh an bhogha:  
go saorfí an mhuíntir is ionúin leat.  
7 Saor mise led láimh dheis, agus éist liom.  
8 Tá labhartha ag Dia in' áit naofa.  
Beidh áthas orm agus roinnfead Sicheam;  
agus tómhaisfead gleann na dtaibearnacal.  
9 Is liom Galaad agus is liom Manasses;  
agus is é Ephraim neart mo chínn.  
Is é Iúda mo rí.  
10 Is é Moab pota mo dhóchais<sup>1</sup>.  
Sínfead mo bhróg isteach in Idúmaea.  
Táid na daoine iasachta fé smacht agam.  
11 Cé ' sheólfaidh isteach me sa chathair dhaingean?  
Cé ' sheólfaidh me isteach in Edom?  
12 Ná déanfairse é (nách tusa ' dhéanfaidh é), a Dhia do chaith uait sinn?\*Agus ná raghairse, a Dia, amach lenár slóitibh?  
13 Tabhair cabhair dúinn ónár gcruatan.  
Óir is fánach é slánú duine.  
14 Déanfaimíd gníomh neartmhar trí Dhia,  
agus cuirfidh sé féin ár gcéastóirí ar neamhní.

1 Sailm 59, véar. 10. "Pota mo dhóchais," nú, mo phota uisce, .i. ártach chun úsaide ísle, ar a mbíonn seirbhís a dhéanamh dom in sna ghóthaibh is úirísle.  
*Ibid.* "Eachtrannaigh," sin é ainm a tugtí ar na Philistínigh, mar ní raibh aon ghaol acu le claínn Israél, murarbh ionann is na hEdomítigh, na Moabítigh, &c. do shíolraigh ón sínsear gcéanna.

## Na Sailm

### Sailm 60 (a sé dheich)

*Exaudi Déus.*

*Guí go dtiocfadh ríocht Chríost, ríocht a bheidh gan fóircheann.*

1 Go crích, sailm, do Dháivid\*.

2 Éist, a Dhia, le m'achainí,  
tabhair cluas dom ghuí.

3 Tá mo ghlaio curtha chúl agam ó imeall an domhain,  
agus mo chroí dá réabadh.

Táim curtha in áirde ar charraig agat.

Do stiúraís me

4 óir is tu mo dhóchas,  
id thúr nirt ó aghaidh namhad (in aghaidh namhad).

5 Déanfad cónaí id thaibearnacal go deó.

Cosnófar me fé chúmhach do sciathán.

6 Óir tá éistithe agat, a Dhia, lem ghuí.

Tá oidhreacht tabhartha agat dóibh seo go bhfuil eagla t'ainme orthu.

7 Cuirfir laethanta le laethantaibh an rí,  
a bhlianta go lá sleachta agus sleachta (go sliocht agus sliocht).

8 Tá sé bithbhuan i láthair Dé (nú, os cómhair Dé).

Cé ' chuardóidh a thrócaire agus a fhírinne?

9 Mar sin a chanfad sailm do t'ainm go saol na saol  
ionas go mbeinn ag cómhlíonadh mo mhóide féin ó ló go ló.

### Sailm 61 (sé dheich a haon)

*Nonne Deo.*

*An fáidh ag cur misnigh air féin agus ar chách uile chun muiníne as Dia agus chun a sheirbhíse.*

1 Go crích, do Iditún, sailm ó Dháivid.

2 Ná beidh m'anam úmhal do Dhia?

Óir is uaidh atá mo shlánú.

3 Óir is é féin mo Dhia agus mo Shlánaitheóir.

Is é mo chosnamhaí é, ní bainfar cor asam a thuilleadh.

4 Cad é an fhaid a bheidh sibh ag rith isteach chun duine?

Bíonn sibh go léir ag marú,

mar ' bheadh sibh chun falla claon agus claí i ríocht titim do leagadh.

5 Ach mheasadar mo luach go theilgean (uaim). Do ritheas, agus tart orm.

Do bheannaíodar lena mbéal, agus mhallaíodar lena gcroí.

6 Ach bídhse úmhal do Dhia, a anam liom.

Óir is uaidh féin atá m'fhoighne.

7 Is é féin mo Dhia agus mo Shlánaitheóir,  
mo chúntóir, ní aistreófar me\* (ní aistreód).

8 I nDia atá mo shlánú agus mo ghlóire,

Dia mo chabhartha, agus is as Dia atá mo mhuinín agam.

9 Bíodh úr muinín agaibh as, a chómhthionóla uile an phobail.

## Na Sailm

Scaoilidh úr gcroithe amach os a chómhair;  
is é Dia ár gcabhair go deó.  
10 Ach is baoth iad clann daoine.  
Is bréagach iad clann daoine in sna meáibh<sup>1</sup>,  
ag mealladh le baois in éineacht.  
11 Ná bíodh aon iúntaibh agaibh a mallaitheacht,  
agus ná bíodh dúil agaibh i bhfoghail\*.  
Má thagann saibhreas ná cuiridh úr gcroí ann.  
12 Do labhair Dia aon uair amháin;  
d'airíos an dá ní seo,  
gur le Dia cómhacht,  
13 agus gur leatsa trócaire, a Thiarna,  
agus tabharfairse do gach duine de réir a oibreacha féin.

### Sailm 62 (sailm sé dheich a dó)

*Deus, Deus meus, ad te.  
An fáidh ag tnúth chun Dé.*

1 Go crích. Sailm ó Dháivid nuair a bhí sé in uaigneas Edoim\*.  
2 A Dhia, a Dhia is duitse a bhím im dhúiseacht go moch ar maidin.  
Tá tart ar mh'anam chút, agus cad é mar atá ar mo chuid feóla chút, ar gach aon tsaghas cuma!  
3 I dtalamh uaigneach gan bóthar gan uisce, sin mar a thánag os do chómhair san áit naofa,  
go bhfeicfinn do neart agus do ghlóire,  
4 óir is fearr do thrócairese ná beathanna.  
Molfaid mo bheóla thusa.  
5 Mar seo a molfad thu i gcaitheamh mo bheatha,  
agus tógfad suas mo lámha it ainm.  
6 Líontar m'anam amhail de smior agus de mhéithreas,  
agus molfaidh mo bhéal thu le beólaibh maímh.  
7 Má bhínn ag cuímhneamh ort ar mo leabaidh  
bead ag machnamh ort ar maidin.  
8 Óir do bhíthá id chabhair agam.  
Agus bead ag maíomh fé chlúid do sciathán.  
9 Do chloígh m'anam leat go dlúth.  
Do ghlac do lámh dheas me.  
10 Ach is in aistear a bhíodar i ndiaidh m'anama:  
Raghaid siad síos in íochtar na talún;  
11 Tabharfar i láimh an chláimh iad.  
Beid siad mar chuid ag sionnachaibh.  
12 Ach déanfaidh an rí gáirdeachas i nDia,  
molfar iad san go léir a thugann é i ndearbhú,  
óir tá cosc le béal gach duine a labhrann mallaitheacht.

1 Sailm 61, véar. 7. “*Bréagach in sna meáibh,*” &c. .i. iad chómh baoth chómh héadrom ná bíonn aon mheáchaint iontu nuair a curtar sa mhídh iad, gan iontu ach éitheach agus feall agus baois. Nú “*bréagach in sna meáibh,*” toisc meá bréagacha ’ bheith acu chun na héagóra ’ dhéanamh, toisc gur mó acu tairbhe an tsaeil seo ná tairbhe an tsaeil eile.

## Na Sailm

### Sailm 63 (sé dheich a trí)

*Exaudi Deus orationem.*

*Guí i nguais, agus muinín as Dia, go gcuirfidh sé feall namhad ar neamhní.*

1 Go crích. Sailm do Dháivid.  
2 Éist, a Dhia, lem ghuí agus me ag éamh ort;  
saor m'anam ó eagla na heascarad.  
3 Do chosnais me ar chómhthionól na mallaitheoirí;  
agus ar shlua lucht déanta an uilc.  
4 Óir tá faobhar curtha ar a dteangain acu mar ' bheadh ar chlaíomh;  
Agus tá a mbogha lúbtha acu, ní is searbh,  
5 chun an duine gan teimheal do lámhach i ganfhios.  
6 Lámhfaid siad é go hobann agus ní bheidh eagal orthu;  
tá socair go daingean acu ar an olc.  
Tá labhartha acu ar inneallaibh le cur i bhfolach.  
Dúradar: Cé ' chífidh iad?  
7 Do chuardaíodar drochbheartha;  
tá teipithe orthu sa chuardach.  
Tiocfaidh duine go dtí croí doimhinn<sup>1</sup>.  
8 Agus árdófar Dia.  
Saígheda leanbh is ea a chréachta<sup>2</sup>;  
9 agus is lag iad a dteangthacha 'na n-aghaidh,  
Bhí buaireamh ar gach éinne a chonaic iad;  
10 agus bhí eagla ar an uile dhuine.  
Agus d'inseadar oibreacha Dé;  
agus thuigeadar a ghníomhartha.  
11 Beidh áthas i nDia ar an bhfíoraon, agus beidh a mhuinín aige as.  
Agus molfar lucht an chroí dhírigh uile.

### Sailm 64 (sé dheich a ceathair)

*Te decet.*

*Is ionmholta Dia in' eaglais. Glaofar isteach inti an china daonna go léir.*

1 Go crích, sailm ó Dháivid, cantinn ó Ieremías agus ó Ezechiel do phobal an bhraighdinis<sup>3</sup>, nuair a bhíodar ag tosnú ar imeacht\*.  
2 Is dual duit dán (cuí dán duit) i Síon, a Dhia,  
agus díolfar leat móid i Ierúsalem.  
3 Éist le m'achainíse;  
is chútsa a thiocfaidh gach feóil.  
4 Tá buaite ag cainnt drochdhaoine orainn,

- 1 Sailm 63, véar. 7. "Croí doimhinn," .i. glic, géarchúiseach, tugtha d'uisce-fé-thalamh: ach ní raghaidh an t-uisce-fé-thalamh chun cinn, mar árdófar glóire Dé nuair a chuirfidh sé an t-uisce-fé-thalamh ar neamhní.
- 2 Véar. 8. "Saígheda leanbh" "a gcréachta," .i. na créachta agus na buillí agus an sciúrsáil is mian leo ' thabhairt so na fíoraonaibh níl iontu ach mar ' bheadh saígheda leanbh. Ní féidir dóibh aon díobháil a dhéanamh. Agus "a dteangthacha," .i. a gcainnt in aghaidh na bhfíoraon, níl aon ghús inti.
- 3 Sailm 64, véar. 1. "Lucht an bhraighdinis," .i. na daoine a bhí dá mbreith go dtí Babilon i mbraighdineas. Níl so san Éabhras ach tá sé le fáil i seanaistriú an tSeptuagint.

## Na Sailm

agus maithfirse dhúinn ár gcionta.

5 Is aoibhinn don té atá tofa agus tógtha chút agatsa:

déanfaidh sé cónaí it árasaibh.

Beimid lán de mhaitheasaibh do theaghlaigh;

is naofa é do theampall,

6 iúntach i gceart.

Éist linn, a Dhia, a Shlánaitheóir (is tu ár Slánaitheóir),

a dhóchas críoch an domhain go léir, agus sa mhuir (na mara) i gcéin.

7 Is tu a ghléasann na cnuic led neart,

agus tu criosaithe le cómhacht.

8 Is tu a bhuaireann doimhneas na mara,

fuaim a tonn.

Buairfar na geinte,

9 agus beidh eagla do chómhartaí ar lucht cónaithe na gcríoch is imeallaí.

Déanfair imeachta na maidine agus an tráthnóna áthasach.

10 Tháinis ag féachaint an tailimh agus d'fhliuchais go maith é.

Do shaibhrís é go hiomarcach.

Tá abha Dé lán d'uisce;

d'ollmhaís a gcuid bídh dóibh;

óir sin mar a hollmhaítear é.

11 Líon suas na sruthanna;

iomadaigh (méadaigh) na torthaí,

'na cheathannaibh beidh áthas air ag teacht (ag fás)<sup>1</sup>,

12 beannóir coróinn bliana do mhaitheasa,

agus líonfar do pháirceanna le flúirse.

13 Curfar saill ar áiteannaibh breátha an uaignis,

agus beidh creasanna áthais ar na cnucaibh.

14 Táid reithí na dtréad clúdaithe,

agus beid na gleannta lán d'arbhar,

beid siad ag liúirigh, beid, agus ag canadh dáin.

### **Sailm 65** (sé dheich a cúig)

*Iubilate Deo.*

*Cuireadh chun Dé do mholadh.*

1 Go crích, cantic sailme ar an aiséirí.

Deinidh liú chun Dé le háthas, a thíortha uile (a thír uile)

(bíodh an domhan go léir ag liúirigh chun Dé le háthas).

2 Labhraidh sailm dá ainm,

tugaidh glóire dá mholadh.

3 Abraidh le Dia: nách uathásach (scannrúil) iad t'oibreacha, a Thiarna!

I méid do nirt labharfaid do namhaid éitheach leat.

4 Adhradh an domhan go léir thu, agus canadh sé sailm chút.

Abradh sé sailm chun t'ainme.

5 Tagaidh agus féachaidh oibreacha Dé;

is uathásach é 'na chómhairlibh thar mhacaibh daoine.

1 [Unreadable word in English on 1120218.jpg here. Gerundives?](#)



## Na Sailm

6 D'iompaigh sé an mhuir 'na talamh tirim.

Geóbhaid siad tríd an abhainn 'na gcuis;  
san áit sin a dhéanfaimíd gáirdeachas ann.

7 An té a rialann go síoraí lena chómhacht.

Táid a shúile ag féachaint ar na geintibh;  
an mhuintir a ghríosann é ná bídis maíteach astu féin.

8 Molaidh ár nDiane, a gheinte,  
agus clostar uaibh guth a mholta;

9 An té a thug dom anam bheith beó,  
agus nár cheadaigh go gcorrófi mo chosa.

10 Óir do dheinis fromadh orainn, a Dhia.

Do thrialais le tine sinn, mar a trialtar an t-airgead.

11 Do sheólais isteach i líon sinn,

chuiris pianta sa drom orainn;

12 Chuiris daoine os cionn ár gcínn.

Ghabhamair trí thine agus trí uisce,  
agus do sheólais amach chun fionnuaire sinn.

13 Raghaid isteach id thigh le *holocaustibh*.

Díolfad leat na móide 14 do labhair mo bheóla,  
agus aduairt mo bhéal, im thrioblóid.

15 *Holocausta* lán de smior is ea d'ofrálad chút:  
agus loscadh reithí.

Ofrálfad chút bulláin agus gabhair.

16 Tagaidh, agus éistidh, sibhse go léir go bhfuil eagla Dé oraibh, agus neósfad na nithe móra atá déanta aige do m'anamsa.

17 Is air féin a ghlaos lem béal,  
agus do mholas go hárd é lem theangain;

18 Má fhéachas ar mhallaitheacht im chroí,  
ní éistfidh an Tiarna liom.

19 Dá bhri sin, d'éist Dia liom,  
agus thug sé cluas do ghuth m'achainí.

20 Moladh le Dia nár chuir uaidh mo ghuí,  
agus nár thóg a thrócaire uaim.

### Sailm 66 (sé dheich a sé)

*Deus misereatur.*

*Síolradh na hEagailse dá iarraidh.*

1 Go crích, i himnibh, sailm cantice do Dháivid.

2 Go ndeinidh Dia trócaire orainn agus go gcuiridh sé a bheannacht orainn.

Go gcuiridh sé solas a ghnúise orainn agus go ndeinidh sé trócaire orainn,

3 ionas go n-aithneóimís do shlí ar talamh;  
do shlánú in sna geintibh go léir.

4 Admhaíodh na daoine dhuit, a Dhia,  
moladh na daoine go léir thu.

5 Bíodh áthas agus gáirdeachas ar na geintibh,  
óir tugann tú breith de réir chirt ar na poblaibh.

## Na Sailm

Agus stiúraíonn tú na geinte ar talamh.  
6 Admhaíodh na pobail duit, a Dhia,  
moladh na pobail go léir thu.  
7 Do thug an talamh a thoradh uaidh.  
Go gcuiridh Dia, ár nDia, a bheannacht orainn!  
8 Go gcuiridh Dia a bheannacht orainn!  
Agus go raibh eagla Dé ar chríochaibh uile an domhain.

### Sailm 67 (sé dheich a seacht)

*Exurgat Deus.*

*Solaoidí roim ré ar chur Eaglaise an Tiomna Nua ar bun ab ea na tabharthaistí do bronnadh ar phobal Israél.*

1 Go crích, sailm cantic do Dháivid féin.  
2 Éiríodh Dia agus scaiptear a namhaid,  
agus an drong a thug fuath dho teithidís óna ghnúis.  
3 Imídís as radharc ar nós an deataigh.  
Mar a leigheann an chéir os cómhair na tine leigheadh  
na peacaigh ó aghaidh Dé.  
4 Agus bíodh na fíoraein ag déanamh féasta, agus ag maíomh i radharc Dé,  
agus gáirdeachas áthais orthu.  
5 Canaidh chun Dé, abraidh sailm chun a ainme,  
deinidh slí don té atá ag éirí suas laistiar<sup>1</sup>.  
An Tiarna is ainm do, deinidh maíomh 'na radharc.  
Suaithfar iad ón' aghaidh,  
6 Is é athair na ndílleachtaithe é agus breitheamh na mbainntreach.  
Dia in' áit naofa féin:  
7 Dia a chuireann lucht aon mheóin<sup>2</sup> 'na gcónaí i dtigh.  
A thugann amach géimhleacha le neart.  
Mar an gcéanna an lucht gríosaithe a chónaíonn in uaghannaibh.  
8 A Dhia, nuair a théitá amach i radharc do phobail, nuair a théitá treasna an uaignis,  
9 do suathadh an talamh, agus do shileadar na spéartha,  
ó aghaidh Dé Shinai, ó aghaidh Dé Israél.  
10 Cuirfir i leataoibh do t'oidhreacht, a Dhia, fearthainn a bheidh le saorthoil<sup>3</sup>;  
agus bhí sí (an oidhreacht) lagaithe ach deinis-se í ' bheachtú.

1 Sailm 67, véar. 5. “A théann suas,” deir Gregóir Naofa go gciallaítear Críost ann, óir tar éis dul fé dho ar nós na gréine, lena pháis agus lena bhás, go ndeigh sé suas arís len’ aiséirí ghlórmhar agus gur scuab sé roimis gach ní. Deir N. Ierom go gciallaíonn “*ascendit*” do tháinig aníos trí sna fásachaibh.

2 Véar. 7. “*Lucht aon nóis*,” .i. ar aon aigne i gcreideamh, i ngrá dá chéile, agus i slí bheatha. Tá sé fíor i dtaobh seirbhíseach Dé in aontíos san Eaglais. 1 Tim. 3:15.  
—*Ibid.* “*Iad san a bhí i ngeimhlibh*,” &c. Taispeántar cómhacht agus trócaire Dé nuair ' fhuasclann Dia daoine ó gheimhlibh láidre an pheaca, agus nuair a thugann sé a ghrásta thar n-ais do dhaoine a bhí ana-stuacach, daoine a bhí, trí olcas a mbéas, ní hambáin marbh sa pheaca ach adhlactha ann.

3 Véar. 10. “*Fearthainn a bheidh saor*,” .i. an *manna* úd a thit go flúirseach ó neamh do mhúintir Dé, .i. do chlaínn Israél, an chlann a lagaíodh féna lán guaiseanna, ach gur bheachtaigh Dia iad; .i. gur cimeádhadhadh suad iad trí sna guaiseannaibh go léir le leamhnú Dé, go dtí gur tugadh isteach iad sa tír a bhí geallta dhóibh. Tagann san isteach go háirithe le heaglais Chríost, ar a dtiteann go flúirseach fearthainn a ghrásta, agus a beachtaítear trí ghuaiseannaibh líonmhara i gcómhair na glóire síoraí.

## Na Sailm

11 Is inti a dhéanfaid t'ainmhithe cónaí<sup>4</sup>,  
tá det mhíseacht, a Dhia, ollmhú déanta agat don bhocht.  
12 Tabharfaidh an Tiarna an briathar do lucht craobhscaoilte nithe fóna<sup>2</sup> le hiomad nirt.  
13 Rí na gcómhacht<sup>3</sup> den ionúin den ionúin,  
agus ag maise an tí atá an fhoghail do roinnt.  
14 Má chodlann sibh i lár crannchur<sup>4</sup> (is cuma sibh nú) sciathána colúir fé ornáid airgid,  
agus íochtar a dhroma i mbán óir.  
15 Nuair ' cheapann an té atá in sna flaitheas ríthe os a cionn<sup>5</sup> gealfar iad le sneachta i Selmon.  
16 Cnuc méith cnuc Dé<sup>6</sup>,  
cnuc grutha, cnuc méith:  
17 Cad chuige gurb amhras libh cnuic ghruthaithe?<sup>7</sup>  
Cnuic 'nar deónaitheach le Dia cónaí ann,  
óir is ann a dhéanfaidh Dia cónaí go crích.  
18 Táid deich míle ag cóimhdeacht carbait Dé<sup>8</sup>,  
mílte lucht áthais.  
Tá an Tiarna 'na measc i Sina san áit naofa.  
19 Do chuais suas go hárd, dheinis braighdineach den bhraighdineas<sup>9</sup>. Do ghlacais tabharthaistí i  
ndaoine,  
Iad so féin ná creideann, an Tiarna Dia ' bheith 'na chónaí.  
20 Moladh le Dia an uile lá! (nú, ó ló go ló).  
Cuirfidh Dia ár slánaithe an t-ádh ar ár n-aistear dúinn.  
21 Is é ár nDiana Dia an tslánaithe.  
Agus is ag an dTiarna ag an dTiarna atáid imeachta an bháis<sup>10</sup>.

- 4 Véar. 11. “*Dhéanfaid na hainmhithe cónaí.*” .i. san eaglais, ó is í t’oidhreacht í, cónaí do chaoire inti, mar a bhfuil soláthar flúirseach déanta agat dóibh.
- 2 Véar. 12. “*Do lucht craobhscaoilte nithe fóna,*” .i. do lucht an tsoiscéil do chraobhscaoileadh, an mhuíntir a ghlacfaid ón dTiarna an briathar agus do chraobhscaoilfidh go cómhachtach tríd an ndomhan go léir scéala fóna an tSlánaitheóra, agus beatha shíoraí, do sna daoine.
- 3 Véar. 13. “*Rí na gcómhacht.*” .i. Tá an Rí cómhachtach, 'sé sin Dia na glóire, ar thaobh an Aon-Mhic ionúin, agus “an teaghlach álainn”, .i. an eaglais, 'na gcónaíonn Dia de shíor, roinnfidh sí, le bua sprideálta, foghail náisún iolartha. Seo mar ' léitear an Éabhrais (de réir mar atáid na puíntí anois ann): Táid ríthe na sló ar teitheadh, ar teitheadh, agus is í sin atá sa bhaile (nú, áilleacht an tí) do roinnfidh an fhoghail.
- 4 Véar. 14. “*Má chodlann sibh i lár crannchur,*” (*intermedios clérós,* &c) .i., i gcúntúirtibh agus i ngéarleanúintibh, fé mar ' bheadh úr namhaid ag crannchur ar úr gcuid agus ar úr bpearsanaibh: nú, mar adeir Ierom naofa, i lár na gcríoch (*in medios terminos*) .i. ar theórannaibh úr namhad, mar sin féin ní baol dóibh mar díonfidh Dia sibh. Beidh ar úr gcumas imeacht ar eítíl ar nós an cholúir, agus úr sciatháin agus úr gcleití ag taithneamh ar nós an óir is gile agus is báine, .i. le breis mhór súailce, agus ag taithneamh le solas teasghrá do Dhia.
- 5 Véar. 15. “*Ríthe os a cionn,*” .i. aeirí agus uachtaráin os cionn na heagailse, .i. na haspail agus a gcómharbaí. Ansan, lena saothar san, déanfar na daoine níos gile ná an sneachta atá ar mhullach cnuic Selmoin.
- 6 Véar. 16. “*Cnuc Dé,*” .i. an eaglais, ar a dtugtar (Isaias 2:2) “cnuc teaghlaigh an Tiarna ar mhullach na gcnuc”. Tugtar anso uirthi “cnuc méith”, agus “cnuc gruthaithe”, 'sé sin le rá go bhfuil sí ana-thorthúil agus ana-shaibhir ó thabharthaistibh sprideálta agus ó ghrásta an Sprid Naoimh.
- 7 Véar. 17. “*Cad fáth gurb amhras libh cnuic ghruthaithe?*” .i. cad fáth go measann sibh aon chnuic gruthaithe eile ' bheith ann? Tá dearúd oraibh. Níl ach an t-aon chnuic amháin a fuair an bua san ó Dhia, agus ar an gcnuc san atá cónaí ceapaithe aige dho féin go deó.
- 8 Véar. 18. “*Carbat Dé,*” .i. ag teacht anuas ag tabhairt na dlí ar chnuc Sina: agus, leis, carbat Íosa Críost, mhic Dé, ag dul suas ar neamh, chun an Sprid Naoimh do chur anuas ag craobhscaoileadh na dlí nua, agus deich míle in éineacht leis, .i. na slóite aingeal.
- 9 Véar. 19. “*Do dheinis braighdineach den bhraighdineas.*” .i. na daoine a bhí i mbraighdineas ag Satan do sheólais leat suas iad go flaitheas Dé, agus fuarais ón Athair Síoraí tabharthaistí le bronnadh ar na daoine, dá mb'iad na daoine a bhí gan creideamh féin iad.
- 10 Véar. 21. “*Imeachta an bháis.*” Is é an Tiarna amháin is máistir ar na himeachtaibh lena bhféadfaimid dul saor ón mbás.

## Na Sailm

- 22 Ach brisfidh Dia cinn a namhad  
plaitinn gruaige na ndaoine a shiúlann 'na bpeacaíbh.  
23 Casfad iad a Basan<sup>1</sup>: aduairt an Tiarna.  
CASFAD IAD ISTEACH I NDOIMHNEAS NA FARRAIGE;  
24 i dtreó go dtúmfar do chos i bhfuil do namhad,  
agus go mbeidh teanga do ghadhar dearg, ón gcéanna.  
25 Chonacadar do ghluaiseachtaí<sup>2</sup>, a Dhia.  
Gluaiseachtaí mo Dhia, mo rí, atá in' áit naofa.  
26 Chuaigh príúnsaí<sup>3</sup> ar tosach in éineacht le lucht ceóil,  
i lár ban óg ag seinnt ar thíompánaibh.  
27 In sna heaglaisibh bídh ag moladh Dé,  
an Tiarna, ó thoibreachaibh Israél<sup>4</sup>.  
28 Siúd é Benjamin an t-óigfhear, i ndásacht aigne.  
Priúnsaí Iúda 'na stiúrthóiribh orthu.  
Priúnsaí Sabuloin, príúnsaí Nephtalí.  
29 Órdaigh do neart<sup>5</sup>, a Dhia;  
daingnigh an ní seo, a Dhia, atá oibrithe agat ionainn.  
30 Ód theampall in Ierúsalem,  
béarfaid ríthe tabharthaistí dhuit.  
31 Imdhearg ainmhithe an ghaorthaidh<sup>6</sup>;  
cómhthionól na dtarbh le buaibh na bpobal;  
chun go gcimeádfaidís amach an mhuíntir a fromadh le hairgead;  
scaip na geinte lenar mian cogaí.  
32 Tiocfaid leagáidí<sup>7</sup> as an Éigipt;  
Sínfidh Éitíópia a lámh chun Dé.  
33 A ríochta na talún, canaidh chun Dé,  
abraidh sailm chun an Tiarna; sailm chun Dé,  
34 a théann suas ar neamh na bhflaitheas lastoir<sup>8</sup>.

- 1 Véar. 23. “*Casfad (iad) a Basan,*” .i. caithfead mo namhaid amach as na sealúsaibh saibhre, .i. a Basan, .i. a talamh saibhir, agus comáinfead isteach i ndoimhneas na farraige iad, agus déanfad a leithéid sin d'éirleach orthu go mbeidh cosa mo sheirbhíseach dearg óna gcuid fola.
- 2 Véar. 25. “*Do ghluaiseachtaí.*” .i. do shlite, .i. na gluaiseachtaí lenar ghlacais ar dtúis seilbh dod phobal sa talamh a bhí geallta agus lena nglacfair ar ball seilbh an domhain go léir, ar a dtabharfair bua dod Mhac.
- 3 Véar. 26. “*Priúnsaí.*” .i. na haspail, na daoine a bhí ar tosach ag iompáil na ngeinte chun Dé, agus mar aon leó na fíoraein agus iad ag moladh Dé, agus na maighdineacha a bhí coisricthe chun Dé.
- 4 Véar. 27. “*Ó thoibreachaibh Israél.*” .i. as ar éirigh Críost féin agus na haspail. Deir na haithreacha go gciallaíonn “Benjamin” anso N. Pól, ó ba de threibh Benjamin é, agus go gciallaíod príúnsaí Iúda agus Sabulon agus Nephtalí na haspail eile do shíolraigh ó threibh Iúda; nú ó threibh Sabuloin agus ó threibh Nephtalí, mar ar thosnaigh ár dTiarna ar chraobhscaoileadh (Mat. 4:13. &c.)
- 5 Véar. 29. “*Órdaigh do neart.*” .i. órdaigh do neart a bheith linn i gcónaí.
- 6 Véar. 31. “*Imdhearg ainmhithe an ghaorthaidh,*” .i. na hainmhithe a bhíonn i bhfolach i slataibh an ghaorthaidh, .i. na diabhaíl a bhíonn i bhfolach ag faire ar na daoine. Ná labharthar anso ar na beithígh, .i. lucht géarleanúna na heagailse, ná fuil iontu tar éis a ndíchill ach mar ' bheadh slata laga in aghaidh daoine go bhfuil neart ó Dhia iontu. Is ar an aicme chéanna a tugtar “cómhthionól na dtarbh” (mar gheall ar an ndrochaigne atá acu don eaglais). Cruinníad siad a mba, .i. na daoine atá féna smacht, ag casadh le *confesóirí* Chríost do chimeád uaidh, agus gur mar a chéile na *confesóirí* sin agus an t-airgead a rialtar le tine.
- 7 Véar. 32. “*Tiocfaid leagáidí,*” &c. Targaireacht é sin ar iompáil na ngeinte, go háirithe muíntir na hÉigipte agus muíntir Éitíópia.
- 8 Véar. 34. “*Lastoir,*” .i. ó chnuc Olivet atá lastoir de Ierúsalem. —*Ibid.* “*Guth cómhachta,*” .i. déanfaidh guth cómhachtach dá ghuth nuair a ghlaofaidh sé ó bhás go beatha an mhuíntir a bhí marbh sa pheaca, agus nuair a ghlaofaidh sé na mairbh as na huaghannaibh an lá déanach le cómhacht a ghutha.

## Na Sailm

Féach tabharfaidh sé dá ghuth guth cómhachta.

35 Tugaidh glóire do Dhia de bhárr Israél;  
a mhórgacht agus a neart in sna scamallaibh.

36 Tá Dia iúntach 'na naoimh.

Is é Dia Israél féin a thabharfaidh cómhact agus neart dá dhaoine.

Moladh le Dia!

### Sailm 68 (sé dheich a hocht)

*Salvum me fac, Deus.*

*Críost 'na pháis ag insint méid a pheannaide agus mailise a namhad, .i. na nIúdach, agus a n-íde.*

1 Go crích, don mhuíntir a hathrófar<sup>1</sup>; do Dháivid\*.

2 Saor me, a Dhia,

óir táid na huisceacha<sup>2</sup> tagaithe isteach go dtí m'anam.

3 Táim saite i ndraoib an doimhnis, agus níl seasamh buínn ann.

Táim tagaithe i ndoimhneas na farraige agus tá stoirm tagaithe os mo chionn.

4 Tá saothar orm ó bheith ag glooch; tá mo scórnach (chogansach) gan glór (casghlórach/caochánach).

Do lagaigh mo shúile, agus tá mo mhúinín as mo Dhia agam.

5 Tá an mhuíntir a thug fuath in aisce dhom méadaithe thar ribí gruaige mo chinn.

Do neartaíodh an namhaid atá ag cur orm go héagórtha.

Ansan a bhíos ag díol an ruda nár thógas<sup>3</sup>.

6 A Dhia, is eól duit mo mhíchiall<sup>4</sup>,  
agus nílid mo chionta i bhfolach uait.

7 Ná bíodh náire mar gheall orm ar an muíntir atá ag súil leatsa, a Thiarna, a Thiarna na gcómhacht.

Ná mearaítear mar gheall orm an mhuíntir atá ad lorgsa, a Dhia Israél.

8 Óir is ar do shonsa atá míchlú fuilicthe agam;

Tá m'aghaidh clúdaithe le náire.

9 Táim im eachtrann ageam bráithribh,

im choigríoch ag macaibh mo mháthar.

10 Óir táim ite suas le díogras do thíse,

agus tá maslaí na ndaoine atá 'ot mhaslúsa titithe ormsa.

11 Agus do chlúdaíos m'anam i dtroscadh,

agus do casadh in' asachán liom é.

12 Agus do ghlacas éadach róin (ruainneach) mar éadach.

Agus bhíos im ghuith<sup>5</sup> acu.

13 Agus an mhuíntir a bhí 'na suí sa gheata do labhraidís im choinnibh.

Agus dheineadh lucht fiona ' dh'ól a n-amhrán díom.

14 Ach mise, a Thiarna, is chútsa atá mo ghuí:

do thráth do dheónaithe, a Dhia, in iomarca do thrócaire,

1 Sailm 68, véar. 1. "Don mhuíntir a hathrófar," .i. Sailm don mhuíntir a dh'iompáigh 'na gCríostaitheibh, chun cúimhne ' chimeád ar pháis Chríost.

2 Véar. 2. "Na huisceacha," .i. peannaid agus dólás. "Tá brón an bháis ar m'anam." (Mat. 26:38.)

3 Véar. 5. "Bhíos ag díol an ruda nár thógas." Dhein Críost, lena pháis, leórghníomh as an ní nár thóg sé, nuair ' fhuilig sé an pionós a bhí ag dul do sna peacaibh a dheineamairne agus do shásaimh sé ceart Dé thar ár gceann.

4 Véar. 6. "Mo mhíchiall" ... "agus mo chionta," .i. atá ageam namhaid á chur im leith: nú, míchiall agus peacaí na ndaoine, atá glacaithe agam orm féin.

5 PUL: *guith*="a by-word".

## Na Sailm

éist liom i bhfírinne do shlánaithe.

15 Tarraig me as an ndraoib, i dtreó ná ceanglód ann;  
fuascail me ón muíntir a thug fuath dhom, agus a doimneacht na n-uisceacha.

16 Ná bádh an t-anaithe uisce me,  
agus ná sloigeadh an doimhneacht me,  
agus ná dúnadh an poll a bhéal orm.

17 Freagair me, a Thiarna, óir tá do thrócaire dhea-mhéinneach;  
de réir iomad do thrócairí ceannsa féach orm,

18 Agus ná hiompaigh t'aghaidh ód sheirbhíseach;  
freagair mo ghuí go luath mar táim i nguais.

19 Féach chun m'anama agus fuascail é.

Mar gheall ar mo namhaid fuascail me.

20 Is eól duitse an tarcaisniú atá orm agus an maslú atá orm agus an náire (is eól duit mo tharcaisniú agus mo mhaslú agus mo náire).

21 Táid mo chéastóirí go léir os do chómhair (an mhuíntir atá ag cur orm táid siad go léir os do chómhair).

Bhí súil ageam chroí le masla agus le hanacra,  
agus d'fhéachas a' raibh duine d'fhuiliceódh dólás im theannta, agus ní raibh,  
agus an raibh duine do chuirfeadh sólás orm, agus ní bhfuaras é.

22 Agus thugadar domlas chun bídh dom (mar bhia dhom).

Agus im thart thugadar fínéigir le n-ól dom.

23 Bíodh a mbórd féin<sup>1</sup> in' inneall os a gcómhair,  
agus 'na chúiteamh, agus 'na thuisleachán.

24 Doirchítear a súile, i dtreó ná feicfid siad,  
agus lúb a ndrom i gcónaí.

25 Doirt do chuid feirge amach orthu,  
agus beireadh fíoch t'fheirge greim orthu.

26 Bíodh a n-áit cónaithe in' uaigneas,  
agus ná bíodh éinne chun cónaithe 'na dtaibearnacalaibh.

27 Óir dheineadar géarleanúint ar an té ' bhuailis-se, agus chuireadar breis ar theinneas mo chneathacha.

28 Cuirse tuilleadh mallaitheachta lena mallaitheacht,  
agus ná tagaidís isteach it fhíoraontacht.

29 Glantar amach iad a leabhar na mbeó,  
agus ná scrítear i measc na bhfíoraon iad.

30 Ach táimse dealbh dólásach,  
agus chuir do shlánú ar mo bhunaibh me, a Dhia.

31 Molfad ainm Dé le cantic,  
agus mórfad é le moladh.

32 Agus is fearr a thaithnfidh san le Dia ná gamhain óg  
a chuireann amach adharca agus crúba.

33 Feiceadh daoine dealbha agus bíodh áthas orthu.

Loirgidh Dia agus beidh úr n-anam beó.

34 Óir tá éistithe ag Dia leis na bochtaibh,  
agus níor chuir sé neamhshuím 'na gheímhleachaibh féin.

35 Moladh flaithis agus talamh é,

1 Véar. 23. "Bíodh a mbórd," an chainnt atá anso i bhfuirm eascaíní targaireacht is ea í dhá ínsint cad é an mífhoirtíún a bhí le teacht ar na Iúdaigh mar gheall ar a stuacacht toilteanach féin.

## Na Sailm

an mhuir agus gach ní atá ag snámh inti.  
36 Óir sábhálfaidh Dia Sion<sup>1</sup>.  
Agus curfar suas cathracha Iúda,  
agus cónóid siad san áit sin, agus gheóbhaid siad é in' oidhreacht.  
37 Agus sealbhóid sliocht a sheirbhíseach é,  
agus an mhuintir a thugann grá dá ainm cómhnoíd siad ann.

### Sailm 69 (sé dheich a naoi)

*Deus in adjutorium.*  
*Guí in am géarleanúna.*

1 Go crích, sailm do Dháivid, dhá thabhairt chun cuímhne gur shábháil an Tiarna é\*.  
2 A Dhia, tar le cabhair chúm;  
a Thiarna, brostaigh chun mo chúnta.  
3 Mearaítear agus náirítear lucht m'anama do lorg.  
4 Iompaítear siar, agus náire orthu, an lucht lenar mian olc dom.  
Castar tar n-ais láithreach, agus náire orthu, an lucht adeir liom: Is maith, is maith<sup>2</sup>.  
5 Iad san uile do loirgeann thusa, bíodh móráil agus áthas orthu,  
iad san ler mian do shlánú, agus abraidís de shíor: go mórthar an Tiarna,  
6 Ach táimse bocht, dealbh.  
A Dhia, cabhraigh liom.  
Is tu mo chabhair agus m'fhuascaltóir.  
A Thiarna, ná dein ríghneas.

### Sailm 70 (seacht ndeich)

*In te Domine.*  
*Guí a d'iarraidh seasmhachta.*

1 Sailm do Dháivid, ar mhacaibh Ionadaib<sup>3</sup> agus ar na bráidibh roimhe sin\*.  
Asatsa, a Thiarna, atá mo mhuinín agam,  
ná curtar mearú orm choíche.  
2 Saor me id chóir, agus fuascail me.  
Crom do chluas chúm agus sábháil me.  
3 Bí id Dhia cosnaimh dom,  
agus it áit dhaingean, ionas go sábhálfá me (agus sábháil me).  
Óir is tu mo dhaingean agus mo dhíon.  
4 A Dhia, fuascail me a láimh an pheacaigh,  
agus a láimh an té a dheineann beart in aghaidh na dlí agus a láimh an chuirpigh.  
5 Óir is tusa m'fhoighne, a Thiarna;  
mo dhóchas, a Thiarna, ó m'óige.

- 1 Véar. 36. "Sion." .i. an eaglais chaitlicí. "Cathracha Iúda," .i. na teampaill a curfar suas ar fuaid an domhain chun Dia d'adhradh. Agus "san áit sin"; .i. in Eaglais Chríost, a dhéanfaid a sheirbhísigh cónaí, &c.
- 2 Sailm 69, véar. 4. "Is maith. Is maith," "Euge. Euge." Deir N. Ierom gurb ionann é agus "Vau! Vau!" focal cun tarcaisne agus fonóide. Deir daoine eile gur focal é chun tarcaisne ' thabhairt do lucht fíll agus plámáis.
- 3 Sailm 70, véar. 1. "Ar mhacaibh Ionadaib." Na Recabítigh. (Feic Ier. 35.) As an dtuilleadh sin ón ndáréag is trí fichid eidirmhíneitheoirí chítear go gcantí an tsailm seo sa tsionagóg i bpearsain na Recabíteach, agus na ndaoine do rugadh chun siúil ar dtúis sa bhraighdineas.

## Na Sailm

6 Ionatsa do neartaíodh me ón mbroínn,  
ó bhroínn mo mháthar is tu mo chosnamhaí.  
Is chútsa atá mo chantainn de shíor.  
7 Táim im iúnadh shaeil ag á lán,  
agus is tusa mo chabharthóir láidir (agus is cabharthóir láidir thusa).  
8 Líontar mo chroí de mholadh,  
go gcanad do ghlóirese,  
do mhórgacht, an lá go léir.  
9 Ná caith uait me in am an aois.  
Nuair a bheidh ag dul dem neart ná tréig me.  
10 Óir tá labhartha ageam namhaid im choinnibh.  
Agus an mhuíntir a bhí ag faire ar m'anam  
chuadar i gcómhairle in éineacht,  
11 agus deiridís: Tá Dia imithe uaidh,  
leanaidh é agus beiridh air, óir níl éinne chun é ' dh'fhuascailt.  
12 A Dhia, ná bíse i bhfad uaim.  
A Dhia, féach chun mo chabhartha.  
13 Mearaítear agus curtar ar neamhní lucht tromaíochta ar m'anam.  
Clúdaítear le náire agus le haithis lucht uilc do ghuí dhom.  
14 Ach beidh dóchas agamsa choíche,  
agus bead ag méadú ar do mholadh go léir.  
15 Fógróidh mo bhéal go chóir (cheart),  
do shlánú, an lá go léir.  
Toisc ná fuil eólas agam ar léann<sup>1</sup>,  
16 raghad isteach i gcómhachtaibh an Tiarna.  
A Thiarna, cuímhneód ar do chóirse amháin.  
17 A Dhia, thugais teagasc dom ó m'óige,  
agus go dtí so fógród do mhíorúiltí,  
18 agus go haois (haostacht) agus fuiritheacht.  
A Dhia ná tréig me,  
go n-insead do chuisle do gach sliocht dá dtiocfaidh;  
do chómhacht,  
19 agus do chóir, a Dhia, go dtí na nithe is aoirde; a bhfuil déanta agat de nithibh móra. A Dhia, cé  
'tá mar thu?  
20 Cad iad mar thrioblóidí le méid agus le holcas agus le iomadúlacht atá taispeánta agat dom!  
Agus d'iompais agus thugais chun beatha me,  
agus thugais aníos arís me ó dhoimhneacht na talún.  
21 D'iomadaís do mhórghníomhartha;  
agus d'iompais agus chuiris sólas orm.  
22 Óir admhódsa, leis, t'fhírinne, a Dhia, le cóir saltaireachta;  
canfad duit le cláirsigh, a Dhia naofa Israél.  
23 Déanfaid mo bheoil maíomh nuair a chanfad duit;  
agus m'anam a dh'fhuasclais.  
24 Agus beidh mo theanga ag machnamh ar do chóir an lá go léir,  
agus mearú agus náire ar an muíntir a loirgeann uilc dom.

1 Véar. 15. "Léann." Chómh maith lena rá, ní har léann daonna atá mo sheasamh ach amháin ar cheart Dé agus ar chómhacht Dé.



**Sailm 71** (seacht ndeich a haon)

*Deus iudicium tuum.*

*Targaireacht ar theacht Chríost agus ar a ríocht, figiúrtha roim ré i Solomon agus 'na réim shéanmhar.*

1 Sailm ar Sholomon.

2 A Dhia, tabhair don rí do bhreithiúntas,  
agus do chóir do mhac an rí  
chun breithe ' thabhairt ar do phobal le ceart  
agus ar do bochtaibh le breithiúntas.

3 Glacadh na sléibhte síocháin do sna poblaibh,  
agus na cnuic ceart.

4 Tabharfaidh sé breith ar bhochtaibh an phobail,  
agus saorfaidh sé clann na mbocht.  
Agus úmhlóidh sé an maslaitheóir.

5 Agus leanfaidh sé leis an ngréin agus roimh an ré,  
ó shliocht go sliocht.

6 Tiocfaidh sé anuas mar an fhearhainn ar an lomra  
agus ar nós ceathanna ag titim go réidh ar an dtalamh.

7 'Na ló éireoidh ceart agus flúirse síochána,  
go dtí go dtógfar an ré chun siúil.

8 Agus rialfaidh sé ó mhuir go muir,  
agus ón abhainn go imeallaibh an domhain.

9 Sléachtfaid na hÉitíopaigh os a chómhair.  
Líoraífaid a namhaid an talamh.

10 Tabharfaid ríthe Tharsis agus na n-oileán gréithre dho.  
Tabharfaid ríthe na nArab agus Shába tabharthaistí chuige,

11 Agus adharfaid ríthe an domhain go léir é.  
Déanfaid na geinte go léir seirbhís do.

12 Óir saorfaidh sé an bocht ón gcómhachtach,  
agus an t-oireaspach a bhí gan chabhair.

13 Spárálfaidh sé an bocht agus an dealbh,  
agus sábhálfaidh sé anamnacha na mbocht.

14 Fuascló' sé a n-anamnacha ó lucht iúncamais agus mallaitheachta,  
agus beidh a n-ainm in onóir 'na radharc.

15 Agus mairfidh sé, agus tabharfar do cuid d'ór Arabia.  
Agus adharfaid siad é féin de shíor, beid siad dhá mholadh an lá go léir.

16 Agus beidh daingneacht ar an dtalamh<sup>1</sup>, ar bharraibh na gcnuc.  
Árdófar a thoradh os cionn Libanuis;

agus bláthfaid lucht na cathrach mar fhéar na talún.

17 Go moltar a ainm go deó deó!

Maireann a ainm roimis an ngréin.

Agus is ann a beannófar treibh uile na talún.

Mórfaid na geinte go léir é.

18 Moladh leis an dTiarna, Dia Israél,

1 Sailm 71, véar. 16. "Daingneacht ar an dtalamh." Is féidir go gciallaíonn san eaglais Chríost atá de shíor daingean, sofheicse, agus a pobal atá go rafar.

## Na Sailm

is é amháin a dheineann nithe iúntacha.  
19 Agus moladh le hainm a shoíllse go síoraí.  
Agus líonfar an domhan go léir dá shoíllse.  
Bíodh mar sin! bíodh mar sin!  
20 Tá críoch<sup>1</sup> le moltaibh Dháivid, mhic Iesse.

### Sailm 72 (seacht ndeich a dó)

*Quam bonus Israel Deus.*

*An drochiúntaibh a thagann ar lagaibh nuair a chíd siad an rath ar an gcuirpeach, buaitear air nuair a tuigtear go n-íocfaidh Dia le gach duine de réir a ghníomhartha.*

1 Sailm Asaiph\* .

Nách maith atá Dia do Israél,  
dóibh seo is díreach croí! (do lucht an chroí dhírigh!)

2 Ach is beag ná gur haistríodh mo chosasa.

Is beag ná gur shleamhnaigh mo chiscéimeanna.

3 Mar bhí dásacht orm mar gheall ar dhrochdhaoine,  
ag féachaint dom ar shíocháin na bpeacach.

4 Óir níl suím 'na mbás,  
agus níl cruadas 'na mbuillíbh.

5 Nílid siad i saothar na ndaoine,  
agus ní sciúrsálfar iad ar nós daoine (eile).

6 Uime sin tá greim ag an uabhar orthu.

Táid siad clúdaithe le holcas agus le mallaitheacht.

7 Tá a mallaitheacht mar ' bheadh sé tagaithe amach as a méithras<sup>2</sup>.

Táid siad imithe le mian an chroí.

8 Is mallaitheacht a machnamh agus a gcainnt.

Tá an mhallaitheacht labhartha acu go hárd.

9 Tá a mbéal curtha in aghaidh na bhflaitheas acu,  
agus tá a dteanga curtha tríd an dtalamh acu.

10 Uime sin iompóidh mo phobal anso<sup>3</sup>,  
agus gheófar laethanta lána iontu.

11 Agus dúradar: Ca bhfios do Dhia?

Agus an bhfuil eólas lastuas? (sa té is aoirde?)

12 Féach is peacaigh iad san, agus iad lán de shaoltacht,  
tá saibhreas fálda acu.

13 Agus duartsa: más ea is in aistear a chimeádas-sa mo chroí fíoraonta;  
agus do níos mo lámha i measc na neamhchiontach;

14 agus bhíos 'om sciúrsáil an lá go léir;  
agus bhíodh mo smachtú gach maidin.

1 Véar. 20. "Críochnaithe." Do taispeánfadh san, bíodh go bhfuil an tsailm sin san áit sin, gurb í an tsailm dheirineach í dár chúm Dáivid.

2 Sailm 72, véar. 7. "Méithras." .i. flúirse agus rath saolta do chuir ' fhéachaint orthu srian do thabhairt dá n-anmhiantaibh agus na peacaí ' dhéanamh.

3 Véar. 10. "Iompóidh mo phobal anso" nú "chun na smaointe seo." .i. Nuair a chífid daoine lagaigeanta an saol breá fada rafar a tugtar don drochdhuine beidh diomá orthu agus beidh fonn orthu a rá mar adeirtear in sna véarsaibh a leanann.

## Na Sailm

15 Dá n-abrainn<sup>4</sup>: labharfad ar an gcuma san,  
féach, bheadh daorbhreith tabhartha agam  
ar náisiún do chlainnese.  
16 Do bhreithníos chun do dtuigfinn an ní sin.  
Is saothar im radharc (os mo chómhair) é.  
17 Go dtí go dtéad isteach i *sanctúarium* Dé  
agus go dtuigead a gcrích dheirineach.  
18 Ach san am gcéanna do chuiris chúthu é (thugais dóibh é<sup>2</sup>) mar gheall ar cheilgibh.  
Nuair a bhíodar suas do leagais ar lár iad.  
19 Cad é mar a tugadh chun dóláis iad!  
Táid siad curtha ar neamhí go hobann.  
Chuadar ar feó mar gheall ar a mallaitheacht féin.  
20 Ar nós taibhrimh an té a dhúisíonn, a Thiarna,  
cuirfir a n-íomhá ar neamhní id chathair.  
21 Óir tá mo chroí ar lasadh,  
agus athrú ar m'árannaibh;  
22 agus me féin tabhartha chun neamhní, agus ní raibh ' fhios agam;  
23 táim mar ' bheadh beithíoch os do chómhair: agus me agat i gcónaí.  
24 Chimeádais greim ar lámh dheis orm,  
agus do sheólais me de réir do thoile,  
agus do ghlacais me led ghlóire.  
25 Óir cad 'tá agam in sna flaithis?  
agus, lasmu' dhíotsa, cad 'tá uaim ar talamh?  
26 Tá mo chroí agus mo chuid feóla lagaithe:  
is tu Dia mo chroí, agus mo chuid 'en tsaol  
Dia, ar feadh na síoraíochta.  
27 Óir, féach, an mhuíntir a chimeádann i bhfad uait gheóbhaid siad bás.  
An mhuíntir a dh'imíonn le déithibh bréige uait tá breith damanta tabhartha (ide déanta) agat orthu.  
28 Ach is é mo leas-sa cloí lem Dhia,  
mo mhuinín a bheith agam as mo Thiarna Dia,  
chun go labharfainn do mholta go léir i ngeataibh iníne Shíoin.

### Sailm 73 (seacht ndeich a trí)

*Ut quid Deus.*

*Guí ón eaglais in am géarleanúna.*

1 Tuisicint d'Asaph.

Cad 'na thaobh gur theilgis uait sinn go crích (ar fad), a Dhia?  
go bhfuil t'fhearg ar lasadh in aghaidh caorach t'fhosaíochta?

2 Cuímh'nigh ar do phobal féinig, an pobal atá agat ó thosach (do shealbhaís ó thosach).  
An tslat san do oidhreacht a dh'fhuasclais, an cnuc san Síoin 'nar chónaís ann.

3 Árdaigh do lámha i gcoinnibh a n-uabhair go crích.

Féach a bhfuil déanta ag an namhaid go mallaithe sa *tsanctúarium*!

4 Agus an mhuíntir a thug fuath dhuit tá a gcuid maímh déanta acu i lár do sholamnachta.

4 Véar. 15. "Dá n-abrainn," .i. dá leogainn dom aigne nithe do bhreithníú mar sin.

2 Véar. 18. "Thugais dóibh é," .i. mar gheall ar a bhfeall, nú chun fill orthu, thugais uilc orthu sa deireadh, uilc ná raibh coinne acu leó an fhaid a bhí an t-ádh orthu.

## Na Sailm

Táid a mbratacha<sup>1</sup> curtha mar chómharthaíbh acu,  
5 agus níorbh eól dóibh, sa dul amach agus ar an mbárr,  
mar a déanfí i gcoíll chrann le tuaibh.  
6 Do ghearradar a hursana in éineacht;  
le tuaigh agus le biail do leagadar ar lár í.  
7 Do loisceadar do *shanctuárium* le tine.  
do thruaillíodar inead cónaithe t'ainme ar talamh.  
8 Duairt an aicme uile dhíobh in éineacht, 'na gcroí:  
Cuirimís laethanta féile Dé as an saol ar fad.  
9 Ní fheacamair ár gcómharthaí féinig.  
Níl aon fháidh anois ann.  
Agus ní aithneóidh sé sinn a thuilleadh.  
10 Cad é an fhaid, a Thiarna, a bheidh an namhaid ag maslú?  
An mbeidh an eascara ag tarcaisniú t'ainme choíche (go deó)?  
11 Cad uime go n-iompaíonn tú uainn do lámh?  
Agus do lámh dheas a lár t'uchta choíche (i gcónaí)?  
12 Ach is é Dia ár rí roimis na saolta.  
Do dhein sé slánú i lár na talún.  
13 Do dheinis-se an mhuir daingean<sup>2</sup> led neart.  
Do bhrúis cinn na *ndracon* in sna huisceachaibh.  
14 Is tusa do bhris cinn an *dracoin*.  
Thugais mar bhia é do mhuintir Éitíopia.  
15 Is tusa do bhris na toibreacha agus na haibhní:  
is tu do thriomaigh sruthana Etain<sup>3</sup>.  
16 Is leatsa an lá agus is leatsa an oíche;  
is tusa do chúm éirí lae agus grian.  
17 Is tusa do dhein críocha uile na talún.  
An samhradh agus an t-earrach<sup>\*</sup>, is tusa ' chúm iad.  
18 Cuímhnikh ar an ní seo, tá masla tabhartha don Tiarna ag an namhaid.  
Do tharcaisnigh pobal gan chiall t'ainm.  
19 Ná tabhair do bheithigh anamnacha atá admhálach duit.  
Agus anamnacha do bhocht, ná dearúid ar fad iad.  
20 Féach ar do chonradh,  
óir táid díoscar na talún<sup>4</sup> lán de thithibh cónaithe éagóra.  
21 Ná curtar siar an duine úmhal agus náire air;  
an bocht agus an dealbh is iad a mholfaidh t'ainm.  
22 Éirigh id shuí, a Dhia, breithnigh do chúis féin (tabhair breith ar do chúis féin);  
cuímhnikh ar do tharcaisníbh,  
ar na tarcaisníbh atá ag teacht ón nduine gan chiall chút an lá go léir.

1 Sailm 73, véar. 4. “*A mbratacha*,” &c. Táid a meirgí curtha suas acu mar chómharthaibh bua ar na geataibh agus ar fhíorbhuaic an teampaill; “*agus níorbh eól dóibh*,” .i. ba neamhní leó beannaitheacht na háite. Is léir go bhfuil targaireacht ansan ar aimsir na Macabéach agus ar thruailliú an teampall ó Antiochus.

2 Véar. 13. “*An mhuir daingean*,” .i. nuair a cuireadh uisce na mara Rua 'na seasamh ar nós fallaí daingean ar gach taobh, an fhaid a bhí clann Israél ag dul anonn tríthi, agus ansan gur bádh na hÉigiptigh, .i. na *dragoin*, leis na huisceachaibh céanna iad féin agus a rí, agus gur caitheadh a gcuirp amach ar an dtráigh agus go raibh a n-éadaibh ag na hÉitíópachaibh a bhí 'na gcónaí in Arabia an uair sin.

3 Véar. 15. “*Étan*,” .i. aibhní a ghluaiseadh go láidir. Do fíoradh san i dtaobh abhan Iórdain. (Ios. 3. agus Num. 21:14.)

4 Véar. 20. “*Díoscar na talún*,” .i. an tsloigisc bhocht dhealbh líonta .i. saibhir, ó thithibh cónaithe na héagóra, .i. ónár dtithibhne do shealbháodar go héagórtha.

## Na Sailm

23 Ná dearúid guthanna do namhad.  
Tá uabhar na ndaoine a thug fuath dhuit ag dul suas coitianta.

### Sailm 74 (seacht ndeich a ceathair)

*Confitebimur tibi.*

*Tá breith ceart le teacht. Dá bhri sin féachadh drochdhaoine chúthu féin.*

1 Go crích; ná truailligh<sup>1</sup>; sailm cantic d'Asaph.  
2 Molfaimíd thu, a Thiarna, molfaimíd,  
agus glaofaimíd t'ainm.  
Neósfaimíd t'oibreacha iúntacha.  
3 Nuair a ghlacfad aimsir<sup>2</sup>  
breithneódasa breithiúntaisí córa.  
4 Tá an talamh dá leigheadh, agus gach a gcónaíonn air.  
Is mise do dhaingnigh a cholamna.  
5 Duart leis na drochdhaoinibh: ná deinidh an t-olc,  
agus leis na peacaigh: ná hárdáidh an adharc.  
6 Ná hárdáidh suas úr n-adharc;  
ná labhraidh mallaitheacht in aghaidh Dé,  
7 óir ní hanoir ná aniar,  
ná ó sna cnucaibh uaigneacha.  
8 Óir is é Dia an breitheamh.  
Úmhlaíonn sé duine agus árdáíonn sé duine.  
9 Óir tá cailís i láimh an Tiarna, cailís d'fhion láidir lán de chumasc,  
agus do dhoirt sé amach é as so go dtí súd.  
Ach níor folmhaíodh a dhríodar.  
Ólfaid peacaigh uile na talún.  
10 Ach fógródsa go deó;  
canfad do Dhia Iácoib.  
11 Agus brisfead adharca na bpeacach go léir  
agus árdófar adharca na bhfíoraon,

### Sailm 75 (seacht ndeich a cúig)

*Notus in Iudaea.*

*Tá aithne ar Dhia san eaglais: agus oibríonn sé a chómhacht dhá cosaint. Labharthar ar ár na nAssuiriánach i laethibh Esechiais.*

1 Go crích, chun molta, sailm Asaiph in aghaidh na nAssuiriánach\*.  
2 Tá aithne ar Dhia in Iúdéa,  
is mór é a ainm in Israél.  
3 I síocháin atá a inead,  
agus a chónaí i Síon.

- 1 Sailm 74, véar. 1. “Ná truailligh.” Meastar go raibh san mar thosach ar dhán éigin a bhí ar aon ghuth leis an sailm seo. Deir Augustin agus tuilleadh de sna haithreachaibh, gur foláramh é ón Sprid Naomh gan sinn a dhul in éadóchas ach bheith seasmhach i bhfíoraontacht: óir nách baol ná go n-íocfaidh Dia le gach duine de réir a ghníomhartha.
- 2 Véar. 3. “Nuair a ghlacfad aimsir,” .i. san am cheart: go mór mór, lá an bhreithiúntais, nuair a leighfidh an talamh os cómhair an bhreithimh mhóir, an té do chuir an talamh ar a bhunaibh ar dtúis, agus do dhaingnigh a cholamna.

## Na Sailm

4 Ansan a bhris sé cómhachta na mboghanna,  
an sciath agus an claíomh, agus an cath.

5 Is soillseach tusa go hiúntach, ó sna cnucaibh síoraí;

6 do buaireadh iad uile lucht an chroí gan chiall.

Do chodladar a suan:

agus ní bhfuair lucht an tsaibhris go léir aon rud 'na lámhaibh.

7 Ó t'imdheargadhsa, a Dhia Iácoib, do thit a gcodladh orthu súd go léir a chuaigh ar muin na n-each.

8 Taoise scannrúil, agus cé ' sheasóidh it aghaidh?

ón uair sin<sup>1</sup> t'fhearg.

9 Chuiris breithiúntas dá chloisint ó neamh.

Do chrith an talamh agus d'fhan socair;

10 Nuair ' éirigh Dia i mbreithiúntas,

chun go saorfadh sé gach mín ar talamh.

11 Óir tabharfaidh machnamh an duine moladh dhuit,

agus déanfaidh fuíollach (iarsma) an mhachnaimh lá saoire dhuit.

12 Deinidh móide, agus cómhlíonaidh dúr dTiarna Dia

sibhse go léir atá 'na thimpall tugaidh gréithre

chun an té atá scannrúil

13 agus a bhaineann an t-anam a priúnsaibh;

don té atá scannrúil i measc ríthe na talún.

### **Sailm 76** (seacht ndeich a sé)

*Voce mea.*

*Nuair a bhíonn buairt aigne ar an bhfíoraon glaonn sé ar Dhia agus bíonn muinín aige as a chómhacht agus as a thrócaire.*

1 Go crích, d'Iditún, sailm ó Asaph\*.

2 Do ghlaos lem ghuth ar an dTiarna,  
lem ghuth ar Dhia, agus thug sé cluas dom.

3 I ló mo chruatain do loirgeas Dia

lem lámhaibh os a chómhair san oíche, agus níor mealladh me.

Dhiúltaigh m'anam do shólás;

4 Bhíos ag cuímhneamh ar Dhia, agus do cuireadh áthas orm;

do cuireadh buaireamh orm agus do thráigh mo sprid.

5 Do sháraídís mo shúile na tráthanna faire;

do suatí me agus ní labhrainn.

6 Do chuímhnínn ar na laethantaibh fadó,

agus bhíodh na blianta síoraí im aigne agam.

7 Agus mhachnaíos san oíche lem chroí féin,

agus do suatí me, agus do scuabainn mo sprid.

8 An amhlaidh a bheidh Dia ag teilgean uaidh i gcónaí?

Nú an amhlaidh ná beidh sé fabhrúil a thuilleadh?

9 Nú an amhlaidh a choisfidh sé a thrócaire go deó (go crích/ar fad)

ó shliocht go sliocht?

10 Nú a' ndearúfaidh Dia thrócaire ' dhéanamh?

1 Sailm 75, véar. 8. "Ón uair sin," .i. ón uair a bhrisfidh t'fhearg amach.

## Na Sailm

Nú a' ndúnfaidh sé a thrócaire laistigh dá fheirg?

11 Agus duart: anois atá tosnaithe agam.

Athrú lámha deise an té is aoirde an ní seo.

12 Bhíos cuímhneach ar oibreachaibh an Tiarna (ba chuímhin liom oibreacha an Tiarna),  
óir beidh cuímhne agam ó thosach ar t'oibreachaibh iúntacha.

13 Agus bead ag machnamh ar t'oibreachaibh go léir,  
agus bead ag breithniú ar do ghnóthaibh.

14 San áit naofa atá do shlíse, a Dhia:  
cé hé is Dia mór ann mar ár nDiana?

15 Is tusa is Dia a dheineann nithe iúntacha.  
Chuiris do chómhacht in úil do sna geintibh.

16 D'fhuasclais led láimh do phobal féin,  
clann Iácoib agus Ióseph.

17 Chonacadar\* na huisceacha thu, a Dhia,  
chonacadar na huisceacha thu agus do scannraíodar,  
agus do suathadh na doimhnis.

18 Ba líonmhar torann na n-uisceacha;  
thugadar na scamail glór uathu (chuireadar na scamail glór astu).

Óir gluaisid do shaígheda thorainn.

19 Glór do thóirthní 'na roth.

Thug do splanncracha solas don chruinne.

Do luaisceadh an talamh agus do chrith sé (bhí an talamh ag luascadh agus ag crith).

20 Sa mhuir atá do shlí, agus in uisceachaibh iolartha atá do chosáin,  
agus ní haithneófar do chiscéimeanna.

21 Do sheólais do phobal ar nós caorach,  
i láimh Mhaoise agus Aaróin.

### Sailm 77 (seacht ndeich a seacht)

*Attendite.*

*Na tabharthaistí móra a bhronn Dia ar chlaínn Israél in ainneóin a míbhaochas.*

1 Tuiscint do Asaph.

Tugaidh aire dom dhlí, a phobal,  
claonaidh úr gcluasa chun briathar mo bhéil.

2 Oslód mo bhéal i bparabalaibh;  
labharfad ráite<sup>1</sup> diamhra ó thosach;

3 Nách mór iad na nithe do chualamair agus chonacamair,  
agus d'inis ár n-aithreacha dhúinn!

4 Níor ceileadh iad ar a gclainn i sliocht eile.  
Ag ínsint mholta an Tiarna agus a chómhacht,  
agus na nithe iúntacha a dhein sé.

5 Agus chuir sé suas fianaise in Iácob,  
agus chuir sé dlí ar bun in Israél,  
go gcuirfidís in úil dá gclainn méid na nithe

1 Sailm 77, véar. 2. "Ráite," .i. labhartha doimhne diamhra. Taispeánann san gur nithe a bhí doimhinn diamhar gurbh ea na himeachta seanchais ársa ar a dtráchtaithear sa tsailm so; .i. figiúirí roim ré ab ea iad ar na fírinneibh móra so a bhaineann le haimsir an Tiomna Nua.

## Na Sailm

a dh'órdaigh sé dár n-aithreachaibh:  
6 ionas gurbh eól do shliocht eile iad,  
clann a bhí le teacht ar an saol agus le fás;  
agus go neósfadh siadsan dá gclaínn féin iad;  
7 ionas go gcuirfidís a muinín as Dia,  
agus ná dearúfaidís oibreacha Dé,  
agus go loirceóidís a aitheanta;  
8 ionas ná déanfadh díobh, ar nós a n-aithreach,  
sliocht aimhleasta fheargaitheach,  
sliocht nár dhírigh a gcroí,  
agus ná raibh a sprid dílis do Dhia.  
9 Clann Ephraim, ag lúbadh agus ag lámhach le bogha,  
d'iompaíodar i ló an chatha.  
10 Níor chimeádadar connradh Dé,  
agus 'na dhlí níorbh áil leó siúl.  
11 Agus do dhearúdadar a thairbhí,  
agus na hiúnaí a thaispeáin sé dhóibh.  
12 Dhein sé iúnaí os cómhair a n-athracha,  
i dtalamh na hÉigipte, ar mhachaire Taneois.  
13 D'oscail sé an mhuir agus do sheól sé tríthi iad,  
agus chuir sé na huisceacha 'na seasamh mar ' bheidís in ártach.  
14 Agus sheól sé iad le scamall sa lá,  
agus le lasair thine an oíche go léir.  
15 D'oscail sé an charraig san uaigneas,  
agus thug sé le n-ól dóibh, mar ' bheadh a doimhneas mór (a mórdhoimhneas).  
16 Agus thug sé an t-uisce as an gcarraig,  
agus do scaoil sé síos é 'na shruthannaibh.  
17 Agus dheineadar tuilleadh peacaí in' aghaidh (agus pheacaíodar tuilleadh in' aghaidh).  
Do ghríosadar chun feirge an tÉ is Aoirde, san áit gan uisce.  
18 Agus dheineadar fromadh ar Dhia 'na gcroithibh.  
Ag lorg bídh dá mhianaibh.  
19 Agus do labhradar go holc ar Dhia;  
dúradar: An bhféadfaidh Dia bórd do ollmhú sa díthreabh?  
20 Ó bhuaile sé an charraig agus go dtáinig an t-uisce, agus gur ghluais na tuilthí,  
an féidir do arán a thabhairt uaidh,  
nú bórd d'ollmhú dá phobal?  
21 Uime sin d'airigh an Tiarna agus bhí fearg air;  
agus do lasadh tine in aghaidh Iácoib,  
agus d'éirigh fearg i gcoinnibh Israél.  
22 Toisc nár chreideadar i nDia  
agus ná raibh muinín acu as a shlánú (agus ná raibh súil acu lena shlánú).  
23 Agus thug sé órdú do sna scamallaibh ón dtaobh thuas,  
agus d'oscail sé dóirse na bhflaitheas,  
24 Agus chuir sé *manna* in' fheartainn le n-ithe chúthu,  
agus thug sé bia na bhflaitheas dóibh.  
25 D'ith an duine arán na n-aingeal,  
chuir sé bia chúthu go flúirseach.  
26 Thóg sé an ghaoth aneas as an spéir



## Na Sailm

agus thug sé ann lena chómhacht an ghaoth aniar-aneas.

27 Agus chuir sé feóil 'na ceathannaibh chúthu mar ' bheadh luathreach,  
agus ealta éan mar ' bheadh gainimh na mara.

28 Agus thiteadar i lár na longfort chúthu  
tímpall ar a gcábánaibh.

29 Agus d'itheadar agus do líonadh iad go maith,  
agus thug sé a mian dóibh.

30 Níor chimeád sé uathu a mian féin.  
Bhí an bia 'na mbéalaibh acu fós.

31 Agus do chuaigh fearg Dé suas os a gcionn,  
agus mhairbh sé na daoine beathaithe a bhí orthu.

Agus do leag sé daoine tofa Israél.

32 In sna nithibh sin go léir bhíodar ag déanamh an pheaca fós.

Agus níor chreideadar ar son a oibreacha iúntacha.

33 Agus do caitheadh a laethanta le baois,  
agus d'imigh a mblianta go mear.

34 Nuair a bhí sé dhá marú, do loirgeadar ansan é.  
Agus d'iompaíodar chuige,

agus thánadar chuige ar maidin go moch.

35 Agus chuímhníodar gurbh é Dia a gcabhair,  
agus gurbh é Dia na bhflaitheas a bhfuasclóir.

36 Agus thugadar grá dho as a mbéal,  
agus dúradar bréag leis lena dteangain;

37 ní raibh a gcroí díreach leis, áfach.

Ná níor measadh dílis iad 'na chonnradh.

38 Ach tá sé trócaireach,  
agus maithfidh sé a bpeacaí dhóibh agus ní ideóidh sé iad.

Agus d'iompaigh sé a fhearg uathu go minic,  
agus níor las sé a chuid feirge go léir,

39 agus do chuímhnigh sé gur feóil iad,  
gaoth a dh'imíonn agus ná casann.

40 Nách minic a ghríosadar é sa díthreabh!  
agus do lasadar chun feirge é san áit gan uisce!

41 Agus d'iompaíodar agus deineadar fromadh ar Dhia  
agus do ghríosadar Aon-Naofa Israél.

42 Níor chuímhníodar ar a láimh,  
an lá dh'fhuascail sé iad ó láimh an chéastóra;

43 conas mar a dhein sé a chómhartaí san Éigipt,  
agus a iúnaí ar mhachaire Taneoís;

44 Agus d'iompaigh sé chun fola a n-aibhní,  
agus a gceathanna, ionas ná hólfaidís.

45 Chuir sé chútha an *choenomía* agus d'ith sí iad.  
Agus an loscán agus d'ídigh sé iad.

46 Agus thug sé don mheirg a dtorthaí,  
agus a saothar don lócast,

47 agus do loit sé le cloich-shneachta a bhfionguirt  
agus a gcráinn *sicamóir* leis an sioc.

48 Agus thug sé a mbeithígh don chloichshneachta,

## Na Saim

agus a sealús don tine.

49 Agus chuir sé orthu fíoch a fheirge,  
fearg agus fíoch agus buaireamh,  
dá n-imirt orthu trí dhrochaingealaibh.

50 Dhein sé slí do bhóthar a fheirge.

Níor chaomhnaigh sé a n-anamnacha ó bhás.

Agus do dhún sé i mbás a n-ainmhithe.

51 Agus do bhuail sé gach céadghein i dtalamh na hÉigipte.

Céadtóradh a saothar go léir i dtithibh Chaim.

52 Agus do rug sé leis, ar nós caorach, a phobal,  
agus do sheól sé iad ar nós tréada sa díthreabh.

53 Agus do sheól sé i ndóchas iad agus ní raibh eagal orthu.

Agus do chlúdaigh sé a namhaid leis an bhfarraige.

54 Agus do sheól sé iad isteach i gcnuc a naomhaithe.

An cnuc a bhuaigh a lámh dheas.

Agus chaith sé amach na geinte os a gcómhair,

agus go roinn sé an talamh orthu, fé chrannaibh, le téid rannta.

55 Agus chuir sé treibh Israél chun cónaithe 'na dtithibh.

56 Agus dheineadar fromadh agus feargú ar Dhia Árd.

Agus níor chimeáadar a fhianaisí.

57 Agus d'iompaíodar uaidh agus níor chimeáadar an chonradh,

ar nós a n-aithreach do chlaonadar agus do dhein bogha cam díobh.

58 Do ghríosadar chun feirge é ar a genucaibh.

Agus chun éada do spriocadar é lena nithe snoite.

59 D'airigh Dia, agus do tharcaisnigh sé iad.

Agus chuir sé Israél geall leis ar neamhní.

60 Agus chuir sé uaidh taibearnacal Shílo,  
a thaibearnacal féin 'nar chónaigh sé ann i measc daoine,

61 Agus thug sé suas do bhraighdineas\* a neart,

agus a háilleacht i láimh a namhad.

62 Agus do dhún sé isteach a phobal fé chlaíomh (fén gclaíomh)

agus thug sé dímhéas ar a oidhreacht.

63 Do loisc tine a bhfír óga,

agus níor caoineadh a maighdineacha.

64 Do thit a sagairt leis an gclaíomh.

Agus níor dhein a mbainntreacha buairt.

65 Agus do dúisíodh an Tiarna mar a dúiseóifí duine as a chodladh.

Ar nós duine láidir a bheadh fé mhasmas ó fhíon.

66 Agus do bhuail sé a namhaid 'na ndeireadh,

agus chuir sé orthu aithis shíoraí.

67 Agus dhiúltaigh sé do thaibearnacal Ióseph,

agus níor thoibh sé treabh Ephraim.

68 Ach do thoibh sé treibh Iúda,

cnuc Síon dár thug sé grá.

69 Agus dhein sé suas a *shanctuárium* fé mar a déanfí *d'iúnicóirneibh*<sup>1</sup> é,  
sa tír a bhí curtha ar bun aige go síoraí.

1 Véar. 69. "*D'iúnicóirneibh*," chómh láidir chómh daingean le hadhairc an *iúnicórn*. Rá é sin de sna ráitibh doimhne diamhra atá sa tsaim seo, agus figiúir roim ré is ea é ar an *sanctuárium* síoraí a chuir Dia suas, .i. an eaglais.

## Na Sailm

70 Agus do thoibh sé a sheirbhíseach, Dáivid,  
agus thóg sé é ó sna tréadaibh caorach,

ó bheith i ndiaidh na dtorthach a thóg sé é,  
71 chun a sheirbhísigh, Ióseph, do chothú,  
agus Israél, a oidhreacht.

72 Agus do chothaigh sé iad i macántacht a chroí,  
agus le hoilteacht a lámh do stiúraigh sé iad.

### Sailm 78 (seacht ndeich a hocht)

*Deus venerunt geintes.*

*Bíonn an eaglais, in am géarleanúna, ag guí Dé, ag lorg faeisimh. Meastar go mbaineann an tsailm seo le haimsir na Macabéach.*

1 Sailm d'Asaph.

A Dhia, táid na geinte tagaithe isteach it oidhreacht.

Tá do theampall naofa truaillithe acu.

Tá áit chun **abhall** do chimeád déanta acu de Ierúsalem.

2 Bia d'éanlaithibh an aeir atá déanta acu de chorpaibh do sheirbhíseachsa.

Bia do bheithígh na talún d'fheóil do naomh.

3 Do dhoirteadar a gcuid fola mar a doirtfí uisce mórhímpall Ierúsalem,  
agus ní raibh duine chun a n'adhlaictha.

4 Táimid fé tharcaisne i measc ár gcómharsan fé ghráin agus fé fhonóid ag an muintir atá 'nár dtímpall.

5 An fada, a Thiarna, a mbeidh tú i bhfeirg go deó?

An mbeidh t'fhíoch ar lasadh ar nós tine?

6 Scaoil t'fhearg amach ar na geintibh atá gan aithne ort.

Agus ar na ríochtaibh nár ghlaeigh ar t'ainm.

7 Oir tá Iácob ite acu,

agus a áit in' uaigneas acu.

8 Ná cuímhnikh ar ár seanapheacaíbh;

tagadh do thrócairí rómhainn go luath  
mar táimid go hana-dhealbh.

9 Cabhraigh linn, a Dhia; is tu ár slánú.

Agus ar son glóire t'ainme, a Thiarna, saor sinn.

Aus maith dhúinn ár bpeacaí, ar son t'ainme.

10 Sara ndéarfí i measc na ngeinte: ca bhfuil a nDia?

agus curtar in úil é in sna geintibh, os cómhair ár súl,  
le díoltas fola do sheirbhíseach, a doirteadh.

11 Téadh osna na ngeímhleach isteach os do chómhair.

I neart do lámha glac chút clann na ndaoine do cuireadh chun báis.

12 Agus cúitimh fá seacht lenár cómharsainibh isteach 'na mbrollach chúthu,  
an tarcaisne lenar tharcaisníodar thusa, a Thiarna.

13 Ach sinne, do phobal féin agus caoire t'fhosaíochta, tabharfaimid ár mbaochas duit go deó,  
agus fógróimid moladh dhuit ó shliocht go sliocht.

### Sailm 79 (seacht ndeich a naoi)

## Na Sailm

*Qui regis Israel.*

*Guí ar son na heagailse in am cruatain, agus cuimhneamh ar na tabharthaistibh a bhronn Dia roimis sin.*

- 1 Go crích, don mhuíntir a hathrófar, teastas d'Asaph, sailm\*.
- 2 Thusa a rialann Israél, éist linn;  
thusa a sheólann Ióseph ar nós caorach,  
thusa atá id shuí ar na Cherubim, taispeáin thu féin.
- 3 os cómhair Ephraim agus Bheniamin agus Mhanasses.  
Múiscil do chómhacht agus tar,  
go saorair sinn.
- 4 A Dhia, iompaigh sinn,  
agus taispeáin do ghnúis agus sábhálfar sinn (beimid ar láimh shábhála/beimid sábhálta).
- 5 A Thiarna, a Dhia na bhfeart,  
an fada ' bheir i bhfeirg in aghaidh guí do sheirbhísigh?
- 6 An fada ' bheir ag tabhairt aráin na ndeór le n-ithe dhúinn?  
Agus ag tómmas ár ndeór mar dhigh chúinn?
- 7 Tá bréagnú déanta agat dínn dár gcómharsanaibh,  
agus táid ár namhaid ag magadh fúinn.
- 8 A Dhia na bhfeart, iompaigh thar n-ais sinn,  
agus taispeáin t'aghaidh agus beam slán.
- 9 Thugais t'fhíonghort as an Éigipt leat.  
Chuiris na geinte amach, agus shocraís eisean.
- 10 Bhís id ghiolla ar an slí dho, os a chómhair.  
Chuiris a phréamhacha i dtalamh, agus do líon sé an talamh.
- 11 Do chlódaigh a scáil na cnuic,  
agus a ghéaga céadair Dé.
- 12 Do leath sé a ghéaga chun na mara,  
agus a chuailí chómh fada leis an abhainn (go dtí an abha).
- 13 Cad chuige gur leagais an fál (claí) a bhí air  
agus go bhfuil gach a ngabhann an treó ag stathadh as?
- 14 D'fhásaigh an collach ón gcoíll (as an gcoíll) é,  
agus d'ith ainmhí éagsamhlach é.
- 15 A Dhia na bhfeart, iompaigh arís; féach anuas ó neamh,  
agus feic, agus tabhair cuaird ar an bhfíonghort so;
- 16 Agus beachtaigh é ó chuir do lámh dheas féinig é:  
agus féach ar mhac an duine, ó ghreamaís chút féin é.
- 17 Nithe atá curtha trí thine<sup>1</sup> agus rómhartha amach,  
dísceoidh fíoch (oirbhíre) do ghnúise iad.
- 18 Bíodh do lámh ar fhear do lámha deise<sup>2</sup>,  
agus ar mhac an duine, ó dhlúthaís leat féin é.
- 19 Agus nílimídne ag imeacht uait.  
Déanfair beó sinn agus glaofam ar t'ainm.
- 20 A Thiarna, a Dhia na gcómhacht, cas thar n-ais sinn  
agus taispeáin t'aghaidh, agus beam sábhálta.

1 Sailm 79, véar. 17. "Nithe curtha trí thine", .i. dísceófar an fíonghort so ar fad má leanann do lámh chómh cruaidh air.

2 Véar. 18. "Ar fhear do lámha deise," .i. Críost.

## Sailm 80

(a hocht ndeich)

*Exultate Deó.*

*Cuireadh chun Dé do mholadh go solmanta.*

- 1 Go crích, do na *torcularíbh*<sup>1</sup> (chun na bhfáscán), sailm d'Asaph féin\*.
- 2 Bídh lúcháireach do Dhia, dár gcabharthóir.  
Deinidh móráil do Dhia Iácoib.
- 3 Tógaidh sailm agus tugaidh libh tíompán,  
sáltaire suairc agus cláirseach.
- 4 Séididh an trúmpa sa ré nua,  
i ló oirirc úr bhféile.
- 5 Óir is dlí in Israél é,  
agus is breithiúntas do Dhia Iácoib é.
- 6 D'órdaigh sé mar fhianaise i Ióseph é,  
ag teacht amach do a talamh na Éigipte;  
d'airigh sé teanga nár aithin sé (nár bh eól do).
- 7 D'aistrigh sé a dhrom ó sna hualaíbh.  
Bhí seirbhís déanta ag á láimh i mbascaeidibh.
- 8 I gcruatan do ghlaeis orm agus d'fhuasclas thu.  
D'éisteas leat i ndiamhar an anaithe<sup>2</sup>.
- Dheineas fromadh ort ag uisce an bhréagnaithe.
- 9 Éist liom, a phobal, agus déanfadh fianaise dhíbh,  
a Israél, má éisteann tu liomsa
- 10 ní bheidh aon dia nua ionat,  
ná ní adharfair dia iasachta.
- 11 Óir is mise do Thiarna Dia féinig  
a thug liom amach thu a talamh na hÉigipte.  
Leath do bhéal agus líonfadsa é.
- 12 Agus níor éist mo phobal lem ghlór,  
agus níor thug Israél aon toradh orm.
- 13 Agus do scaoileas uaim de réir dúile a gcroí iad.  
Leanfaid siad a mbeartúchán féinig.
- 14 Dá n-éisteadh mo phobal liomsa,  
dá siúladh Israél im shlitibh,
- 15 bheadh a namhaid curtha go luath agam ar neamhní b'fhéidir a bhí ag cur orthu.
- 16 Duairt namhaid an Tiarna bréag leis.  
Agus beidh a n-aimsir go dtí an tsíoraíocht<sup>3</sup>.
- 17 Agus do chothaigh sé iad le méithras cruithneachtan,  
agus le mil as an gcarraig do shásaimh sé iad.

## Sailm 81

- 1 Sailm 80, véar. 1. “Do sna torcularíbh” (“chun na bhfáscadán”). Is úirlis ceóil é; nú ciallaíonn sé go raibh an tsailm seo le canadh tar éis fómhair an fhíona do thabhairt isteach.
- 2 Véar. 8. “I ndiamhar an anaithe.” “... na tóirithní” atá san Éabhras. Nuair ab áil leat dul i bhfolach ón anaithe: nú, nuair a thúirligeas ar chnuc Síoin agus me folaithe ó radharc i dtóirithnigh.
- 3 Véar. 16. “Go dtí an tsíoraíocht.” .i. Beidh pionós síoraí ar lucht báis gan aithrí.

## Na Sailm

(ocht ndeich a haon)

*Deus stetit.*

*Cómhairle do bhreithiúnaibh agus do dhaoibh i gcómhacht.*

1 Sailm do Asaph.

Do sheasaimh Dia i gcómhthionól na nDéithe agus thug sé breith ar na déithibh 'na lár.

2 Cad é an fhaid a bheidh sibh ag tabhairt breithe san éagóir?

agus ag glacadh pearsan na gcuirpeach?

3 Tugaidh breith ar son an uireaspaigh agus an dílleachtaí.

Deinidh ceart don úmhal agus don bhocht.

4 Fuasclaidh an dealbh.

Saoraidh an duine bocht as láimh an pheacaigh.

5 Táid siad gan eólas gan tuiscint.

Ag siúl sa doircheacht.

Suaithfar buínn uile an domhain.

6 Duartsa: is déithe sibhse

agus is clann don tÉ is aoirde sibh go léir.

7 Ach gheóbhaidh sibh bás ar nós daoine,

agus titfidh sibh ar nós duine de sna príúnsaibh.

8 Éirigh, a Dhia, agus tabhair breith ar an ndomahn:

óir is tu ' gheóbhaidh oidhreacht in sna geintibh.

### **Sailm 82**

(ocht ndeich a haon)

*Deus quis similis.*

*Guí in aghaidh namhad na hEagailse\*.*

1 *Cantic* sailme do Asaph.

2 A Dhia, cé ' bheidh mar thusa?

Ná bí ciúin agus ná bí socair, a Dhia.

3 Óir féach, tá fothram déanta ageat namhaid,

agus tá a gceann in áirde ag an muíntir a thug fuath dhuit.

4 Tá cómhairle mallaithe acu in aghaidh do phobail.

Agus tá machnamh déanta acu in aghaidh do naomh.

5 Dúradar: Téanaidh, agus díscímís iad ó bheith 'na náisiún,

agus ná bíodh cuímhne ar ainm Israél níos mó.

6 Óir tá an machnamh déanta acu de thoil a chéile,

tá connradh déanta acu in éineacht id choinnibh,

7 taibearnacail na nIdúmaéach agus na n-Ishmaelíteach,

Moab agus na hAgaréinigh,

8 Gabal agus Ammon agus Amalec;

na Philistínigh i dteannta muíntire Tuíre,

9 agus Assur, leis, tagaithe leó.

Táid siad tagaithe ag cabhrú le claínn Loit.

10 Dein leó ar nós Mhadian agus Shisara (dein leó mar a deineadh/dheinis le Madain agus le Sisara):

## Na Sailm

agus le Iabin ag sruth Chissoin.

11 D'égadar san in Endor.

Do deineadh mar ' bheadh aoileach na talún iad.

12 Cuir a ríogra i riocht Oreb,

agus Seb, agus Sebee, agus Salmana.

A ríogra uile

13 aduairt: bíodh *sanctuárium* Dé in oidhreacht againn.

14 A Dhia, cuir i riocht rotha iad,

agus i riocht an choínligh ar aghaidh na gaoithe.

15 Mar ' bheadh tine ag loscadh na coille.

Agus mar ' bheadh lasair ag loscadh na gnuc.

16 Mar sin a leanfair go dian iad le t'anaithe,

agus a bhuarfair le t'fheirg iad.

17 Líon a n-aghaidh le náire,

agus beid siad ag lorg t'ainme, a Thiarna.

18 Bídís ag lasadh le náire, agus buaireamh orthu go deó deó:

agus mearaítear iad agus cailltear iad.

19 Agus bíodh ' fhios acu gur "an Tiarna" is ainm duit. Is tu amháin is aoirde sa domhan go léir.

### Sailm 83

(ocht ndeich a trí)

*Quam dilecta.*

*An duine ag tnúth chun na bhflaitheas agus é fé áthas san am gcéanna mar gheall ar bheith in eaglais Dé ar an saol so.*

1 Go crích, do sna *torculáribh*, do mhacaibh Chóré sailm\* .

2 Nách taitheamhach iad do thaibearnacail, a Thiarna na gcómhacht! (nú, na sló.)

3 Tá m'anam ag dul i laige le dúil i hallaibh an Tiarna;  
mo chroí agus mo chuid feóla i ndásacht do Dhia atá beó.

4 Óir tá tigh fálta ag an ngealbhún,

agus nead ag an gcolúr, chun a héin bheaga ' chur ann.

T'altórachasa, a Thiarna na gcómhacht,

mo rí, agus mo Dhia.

5 Is aoibhinn don mhuíntir a chónaíonn id thighse, a Thiarna.

Ar feadh saol na saol a bheid siad 'od mholadh.

6 Is aoibhinn don fhear go dtagann cabhair chuige uaitse.

Tá beartaithe 'na chroí aige dul suas de chéimeannaibh<sup>1</sup>,

7 I ngleann na ndeór, san áit atá suíte aige.

8 Agus go deimhin tabharfaidh an dlítheóir beannacht uaidh.

Raghaid siad ó neart go neart.

Chífar Dia na ndéithe i Síon.

9 A Thiarna, a Dhia na bhfeart, éist lem ghuí;

airigh led chluasaibh, a Dhia Iácoib.

1 Sailm 83, véar. 6. "*Dul suas de chéimeannaibh.*" Fé mar is de chéimeannaibh a téitear suas go teampall Dé atá ar chnuc, ar an gcuma gcéanna is ea ' théann an Críostaí fóna suas chun an teampall shíoraí de chéimeannaibh áirithe fíoraontachta, céimeanna atá istigh 'na chroí féin; agus san an fhaid a bhíonn sé sa cholainn seo féin, sa ghleann so na ndeór, san áit atá suíte aige, .i. an áit gur thug sé é féin chuige: nuair a cuireadh amach a parathais é mar gheall ar a pheaca.

## Na Sailm

10 Ár gcosnamhaí, féach air, a Dhia,  
agus feic aghaidh do Chríost (agus féach ar aghaidh do Chríost).  
11 Óir is féarr aon lá amháin id hallaíbhse ná mílte.  
Is rogha liom bheith go híseal i dtigh mo Dhia,  
seochas bheith im chónaí i dtaibearnacalaibh na bpeacach.  
12 Óir is ionúin le Dia trócaire agus firinne  
(óir taithneann trócaire agus firinne le Dia).  
Tabharfaidh an Tiarna uaidh grásta agus glóire.  
13 Ní bhainfidh sé nithe fonta den mhuintir a shiúlann i macántacht.  
A Thiarna na géomhacht, is aoibhinn don duine go bhfuil a mhuintir aige asatsa.

### Sailm 84

(ocht ndeich a ceathair)

*Benedixisti Domine.*

*Teacht Chríost le síocháin agus le slánú don chine daonna.*

1 Go crích, do mhacaibh Chóré, sailm.  
2 Tá do bheannacht curtha agat, a Thiarna, ar do thalamh.  
Tá braighdineas Iácoib iompaithe i leataoibh agat.  
3 Tá cionta/peacaí do dhaoine maite agat dóibh.  
Táid a bpeacaí go léir clúdaithe agat.  
4 Tá maolú curtha agat ar t'fheirg go léir,  
tá iompaithe agat ó fhíoch do dhíbheirge.  
5 Cas sinne chút, a Dhia, a Shlánaitheóir,  
agus iompaigh do dhíbheirg uainn.  
6 An leanfair i bhfeirg linn go deó?  
Nú an leanfair ar t'fheirg ó shliocht go sliocht?  
7 Casfair orainn, a Dhia, agus déanfair beó sinn,  
agus beidh áthas ar do dhaoine ionat.  
8 Taispeáin do thrócaire dhúinn, a Thiarna,  
agus tabhair dúinn do shlánú.  
9 Aireód cad a labharfaidh an Tiarna ionam (liom),  
óir labharfaidh sé síocháin lena dhaoine,  
agus lena naoimh féin,  
agus leis an muintir a dh'iompaítear ó chroí.  
10 Ach go deimhin tá a shlánú achomair don mhuintir go bhfuil a eagla orthu; ionas go ndéanfadh  
glóire áitreabh 'nár dtír.  
11 Do casadh ar a chéile trócaire agus firinne;  
do phóg ceart agus síocháin a chéile.  
12 Tá firinne éirithe ón dtalamh (as an dtalamh),  
agus tá ceart tar éis féachaint anuas ó neamh.  
13 Óir bronnfaidh an Tiarna maitheas,  
agus tabharfaidh ár dtalamh a thoradh.  
14 Siúlóidh ceart roimis amach,  
ag cuir a chiscéimeanna ar an slí.

### Sailm 85



## Na Sailm

(ocht ndeich a cúig)

*Inclina Domine.*

*Guí a d'iarraidh grásta Dé chun cabhraithe linn sa deireadh.*

1 Guí do Dháivid féin.

Crom do chluas, a Thiarna, agus éist liom,  
óir is duine mise atá go bocht agus go dealbh.

2 Cosain m'anam, óir táim naofa<sup>1</sup>.

Sábháil do sheirbhíseach, a Dhia, ó tá a mhuinín aige asat.

3 Dein trócaire orm, a Thiarna,

óir is ort atáim ag glaoch an lá go léir.

4 Cuir áthas ar anam do sheirbhísigh,

óir is chútsa suas atá m'anam tógtha agam.

5 Óir taoise, a Thiarna, milis, mín,

agus lán de thrócaire do gach duine a ghlaonn ort.

6 Glac id chluasaibh, a Thiarna, mo ghuí,

agus éist le glór m'achainí.

7 I ló mo thrioblóide do liús ort,

óir bhís ag éisteacht liom.

8 Níl aon mar thu i measc na ndéithe, a Thiarna,

agus níl aon de réir t'oibreacha.

9 Na geinte go léir, gach ar dheinis díobh, tiocfaid siad,

agus adharfaid siad os do chómhair, a Thiarna;

agus tabharfaid siad glóire do t'ainm.

10 Óir taoise mór, agus deineann tú iúnaí.

Is tusa amháin is Dia ann.

11 Stiúraigh me, a Thiarna, id shlí, agus siúlód it fhírinne,

bíodh áthas ar mo chroí, i dtreó go mbeidh eagla t'ainme air.

12 Molfad thu, a Thiarna Dia, lem chroí go léir,

agus mórfad t'ainm go deó.

13 Óir is mór é do thrócaire ormsa,

agus tá m'anam tabhartha saor agat ó íochtar ifrinn.

14 A Dhia, tá drochdhaoine éirithe im choinnibh,

agus tá cruinniú na gcómhachtach ar tí m'anama,

agus nílirse os cómhair a súl acu.

15 Agus is tusa, a Thiarna, is Dia atruach, daonnachtach ann, foighneach, agus lán de thrócaire,  
agus fírinneach.

16 Féach orm agus dein trócaire orm.

Tabhair t'órdú dot sheirbhíseach

agus saor mac do chailín.

17 Taispeáin dom cómharta chun maitheasa,

ionas go bhfeicfeadh an mhuintir a thug fuath dhom é agus go mbeadh náire orthu,

óir thugais-se, a Thiarna, cabhair dom agus chuiris sólas orm.

### **Sailm 86**

(ocht ndeich a sé)

1 Sailm 85, véar. 2. "Táim naofa," ó oifig agus ó ghairm táim tabhartha dod sheirbhís.

## Na Sailm

*Fundamenta éius.  
Glóire eaglaise Chríost.*

- 1 Do mhacaibh Chóré, sailm cantice.  
A bhuínn ar na cnucaibh naofa<sup>1</sup>.
- 2 Taithnid geataí Shíoin leis an dTiarna thar thairneacailibh Iácoib uile.
- 3 Is glórmhar iad na nithe adeirtear id thaobhsa, a chathair Dé!
- 4 Cuímhneód ar Rahab<sup>2</sup> agus ar Bhabilon agus iad ag cur aithne orm.
- Féach na daoine iasachta, agus Turus, agus pobal na nÉtíópach, bhíodar san ann.
- 5 Ná déarfaidh Síon<sup>3</sup>: an duine seo, agus an duine úd,  
is inti do rugadh iad.
- Agus is é an tÉ is aoirde féin do chuir ar a bunaibh í.
- 6 Neósfaidh an Tiarna 'na scríbhinnibh i dtaobh pobal agus i dtaobh ríogra, 'na dtaobh san a bhí inti.
- 7 Mar ' bheadh cónaí do lucht aoibhnis ar fad is ea atá cónaí ionatsa.

### Sailm 87

(ocht ndeich a seacht)

*Domine Deus salútis.*

*Guí ó dhuine i bhfíorchruatan. Tagann sé isteach le Críost 'na pháis, agus lena bhás agus len' adhlacadh.*

- 1 *Cantic* sailme, do mhacaibh Chóré: go crích do Mhahalet<sup>4</sup>, le freagairt, tuiscint Emain an tEsrahíteach\*.
- 2 A Thiarna, a Dhia mo shlánaithe,  
tá glaeite de ló agus d'óiche agam os do chómhair.
- 3 Téadh mo ghúí isteach id láthair,  
crom do chluas chun m'achainí.
- 4 Óir tá m'anam líonta d'olcaibh.  
Agus tá mo bheatha tar éis dul i gcóngar d'ifreann.
- 5 Táim áirithe ar an muintir a théann síos sa pholl,  
táim mar ' bheadh duine gan chabhair,
- 6 saor i measc na marbh.  
Ar nós na bhfear ngunta 'na luí in sna huaghannaibh,  
ná fuil cuímhne agat orthu níos mó,  
agus go bhfuilid siad teilgthe agat as do láimh.
- 7 Táim curtha sa pholl íochtarach acu,  
in sna háiteannaibh dorcha, agus i scáil an bháis.
- 8 Tá do dhíbheirg láidir os mo chionn,

1 Sailm 86, véar. 1. “*Ar na cnucaibh naofa,*” .i. ar na haspalaibh agus ar na fáidhíbh. (Eph. 2:20.)

2 Véar. 4. “*Rahab,*” an Éigipt &c. Tiofaid a lán ó sna geintibh go léir go dtí an Síon so, .i. go dtí eaglais Dé.

3 Véar. 5. “*Ná déarfaidh Síon,*” &c. Sid é brí na cainnte, .i. go mbeidh ar chumas Shíoin, .i. ar chumas na heagailse, a chuímhneamh, ní hamháin gurb inti do ru

gadh an duine seo nó an duine úd, ach 'na theannta san mórgacht do ghlacadh mar gheall ar na slóite príúnsaí agus daoine do targaireadh di i scríbhinnibh na bhfáidh, agus do hainmníodh di i scríbhinnibh na n-aspal.

4 Sailm 87, véar. 1. “*Mahelet.*” Úirlis ceóil ab ea é, nó córas ceóltóirí ag freagairt a chéile.

—*Ibid.* “*Tuiscint,*” nó sailm teagaisc a dhein Eman an tEsrahíteach, nó a dhein Dáivid in' ainm.

## Na Sailm

agus táid do thonnthacha go léir leogaithe isteach agat ortm.

9 Táid lucht m'aitheantais curtha i bhfad uaim agat.

Tá gráin tagaithe acu orm.

Do tugadh i láimh me agus níor thánag amach.

10 Do lagaigh mo shúile leis an mbochtaineacht.

Bhíos ag gloch ort, a Thiarna, an lá go léir;

bhí mo lámha ar leathaadh agam chút.

11 An ndéanfair iúnaí do sna mairbh?

An dtógfaid liaga ón mbás iad, agus an molfaid siad thu?

12 An neósfaidh éinne do thrócaire san uaigh?

Nú t'fhírinne in íde?

13 An aithneófar t'iúnaí sa doircheacht?

Agus do chóir sa tír atá ar ceal (atá gan chuímhne)?

14 Ach tá glaeite agamsa ort, a Thiarna,

agus tiocfaidh mo ghuí rómhat ar maidin (beidh mo ghuí ag teacht rómhat ar maidin).

15 Cad chuige, a Thiarna, go ndiúltaíonn tú dom ghuí?

go n-iompaíonn tú uaim t'aghaidh?

16 Is duine bocht mise, ag obair ó m'óige;

ach do hárdáíodh me, agus ansan do híslíodh me agus do buaireadh me.

17 Is orm a tháinig do dhíbheirg,

agus bhuair do scannraí me.

18 Bhíodar ag teacht im thimpall ar nós uisce an lá go léir,

thánadar im thimpall in éineacht.

19 Chuiris i bhfad uaim mo chara agus mo chómharsa.

Agus mo lucht aitheantais, mar gheall ar anacra.

### Sailm 88

(ocht ndeich a hocht)

*Miseracordias Domini.*

*Suathaine eaglaise Chríost trí bhíthinn na geallúna a thug Dia dhi; bíodh go gceadaíonn Dia uaireanta cruatan uathásach do theacht uirthi.*

1 Tuiscint Etain, an tEsrahíteach.

2 Canfad go deó trócairí an Tiarna.

Fógród t'fhírinne lem béal do shliocht agus do shliocht.

3 Óir dúraís: curfar (déanfar) suas an trócaire go deó in sna flaithis, ollmhófar t'fhírinne iontu.

4 Tá connradh déanta agam lem dhaoinibh tofa.

Tá dearbhú déanta agam dom sheirbhíseach, Dáivid:

5 Déanfad do shliocht a shocrú go deó,

agus déanfad do chathaoir seasmhach ó shliocht go sliocht.

6 Molfaid na flaithis t'iúnaí, a Thiarna,

agus t'fhírinne in eaglais na naomh.

7 Óir cé hé in sna scamallaibh a curfar i gcúmparáid leis an dTiarna?

nú cé hé, ar mhacaibh Dé, a bheidh cosmhail le Dia?

8 Dia, a gheibheann glóire i gcómhairle na naomh;

## Na Sailm

Dia atá mór agus scannrúil thar a bhfuil 'na thimpall (tá sé mór agus scannrúil thar a bhfuil 'na thimpall).

9 Ó, a Thiarna, a Dhia na bhfeart, cé atá mar thu?

Taoi cómhachtach, a Thiarna, agus t'fhírinne it thimpall.

10 Tá neart na farraige féd smacht,  
agus baineann tú ó ghluaiseacht a tonn.

11 D'úmhláis fear an uabhair mar aon a bheadh marbh.

Le neart do lámha do scaipis do namhaid.

12 Is leat na flaithis agus is leat an talamh.

Is tu do chuir ar a bunaibh an chruinne agus a líonmhaireacht.

13 Is tu ' chruthaigh an ceann thuaidh agus an mhuir.

Beidh Tabor agus Hermon maíteach as t'ainm.

14 Is ageat láimhse atá neart.

Neartaítear do lámh agus árdáítear do lámh dheas.

15 Ar cheart agus ar bhreithiúntas atá do chathaoir suíte.

Beidh trócaire agus fírinne ag gluaiseacht os do chómhair.

16 Is aoibhinn don phobal a chuireann aithne ar mhóráil.

Siúlóid siad, a Thiarna, i solas do ghnúise.

17 Agus beidh áthas orthu it ainm an lá go léir,

agus it fhíoraontacht beid siad suas go hárd.

18 Óir is tusa glóire a nirt,

agus ded dheónúsa a hárdófar ár n-adharc.

19 Óir is ón dTiarna atá ár gcosnamh,

agus ó aon naofa Israél, ár rí.

20 Ansan do labhrais in aisling led naoimh,

agus dúraís: Tá cabhair curtha agam ar aon atá cómhachtach

agus tá curtha in áirde agam aon atá tofa as mo phobal.

21 Do fuaras Dáivid, mo sheirbhíseach,

d'úngas é le m'ola bheannaithe;

22 Óir cabhróidh mo lámh leis,

agus neartóidh mo ghéag é.

23 Ní bheidh aon chumas ag an namhaid air.

Ná ní fhéadfaidh an mac mallachtain é ' ghortú.

24 Agus leagfad a namhaid os cómhair a shúl,

agus cuirfead ruag ar an lucht a thug fuath dho.

25 Agus beidh m'fhírinne agus mo thrócaire aige,

agus im ainm a dh'árdófar a adharc.

26 Agus cuirfead a lámh sa mhuir,

agus a lámh dheas in sna haibhníbh.

27 Agus beidh sé ag glaoch ormsa: Is tusa m'athair agus mo Dhia agus cosnamhaí mo shlánaithe.

28 Agus déanfad mo chéadgein de,

go hárd os cionn ríthe an domhain.

29 Cimeádfad mo thrócaire dho go deó,

agus mo chonradh dílis do.

30 Agus déanfad a shliocht buan go saol na saol (ar feadh na síoraíochta),

agus a chathaoir ar nós laethanta neimhe.

31 Ach má thréigid a chlann mo dhlí,

agus ná siúlóid siad im breithiúntaisíbh;

## Na Sailm

32 má mhaslaíd siad mo dhlithe,  
agus ná cimeádfaíd siad m'aitheanta,  
33 tiocfad ar a ndrochbheartaibh le slait,  
agus ar a bpeacaibh le sciúirsíbh.  
34 Ach ní bhainfead de mo thrócaire\*,  
agus ní leogfad cailliúint ar m'fhírinne.  
35 Ná ní thabharfad masla dom chonradh,  
agus ní cheadód na focail a thagann as mo bhéal do dhul ar neamhní.  
36 Do dhearbhaíos aon uair amháin dar mo naofacht:  
ní dhéanfad bréag le Dáivid.  
37 Mairfidh a shíol ar feadh na síoraíochta.  
38 Agus a chathaoir ar nós na gréine os mo chómhair.  
Agus ar nós na ré, beacht go deó, agus 'na finné fírinne in sna flaithis.  
39 Ach tá séanta dímheasta agat (ach do shéanais agus do dhímheasais),  
do bhís i bhfeirg le t'aon úngtha.  
40 Tá conradh do sheirbhísigh míllte<sup>1</sup> agat.  
Tá a áit naofa maslaithe chun tailimh agat,  
41 Tá a fhálta go léir ar lár agat, briste.  
Tá a neart iompaithe chun eagla agat.  
42 Dheineadh lucht na slí ' ghabháil foghail air.  
Tá sé 'na chúis náire dá chómharsanaibh.  
43 D'árdais lámh dheas lucht éigin a dhéanamh air.  
Tá áthas curtha agat ar a namhaid go léir.  
44 Tá cabhair a chlaímh iompaithe uaidh agat.  
Agus níor chabhraís leis i gcath.  
45 Tá deireadh curtha agat lena ghlanadh.  
Agus tá a chathaoir ríoga teilgthe ar lár agat.  
46 Tá laethanta a thréimhse (aimsire) ciorraithe agat.  
Tá sé clúdaithe le mearaí agat.  
47 Cad é an fhaid, a Thiarna, a bheir (a bheidh tú) iompaithe uainn ar fad?  
An mbeidh t'fhearg ar lasadh ar nós tine?  
48 Cuímhnikh cad é an ní mo shubstaintse.  
An in aistear a dheinis clann an duine go léir (an chine daonna go léir)?  
49 Cé hé an duine a mhairfidh agus ná feicfidh an bás?  
Do shaorfaidh a anam ó láimh ifrinn?  
50 Ca bhfuil do thrócairí ársa, a Thiarna?  
Mar a dhearbhaís do Dháivid it fhírinne?  
51 Cuímhnikh, a Thiarna, ar tharcaisniú do sheirbhíseach,  
(ní atá cimeádfa im aigne agam) óna lán geinte,  
52 lenar thug do namhaid tarcaisne, a Thiarna,  
lenar thugadar tarcaisne don athrú so ar t-aon úngtha.  
53 Moladh leis an dTiarna de shíor. Amen. Amen.

### Sailm 89 (ocht ndeich a naoi)

1 Sailm 88, véar. 40. "Míllte." Is cosmhail go dtagarthar an chainnt sin go léir don bhraighdineas i mBabilon, mar ar dhó' gur chuir Dia i leataoibh ar feadh tamaill, mar gheall ar pheacaibh na ríthe agus na ndaoine, an chonradh úd a dhein sé le Dáivid.

## Na Saim

*Domine refugium.*

*Guí a d'iarraidh trócaire Dé: agus cur síos ar ghiorracht agus ar dhuirceas laethanta an duine.*

1 Guí ó Mhaois, an duine is le Dia.

A Thiarna is tu ár gcoimirce ó shliocht go sliocht.

2 Sarar deineadh na cnuic, agus sara cumadh an talamh agus an domhan, ón síoraíocht, agus ar feadh na síoraíochta, taoi id Dhia.

3 Ná hiompaigh uait an duine<sup>1</sup>, dhá ísliú, agus go ndúraís: iompaídh chúm, a chlann na ndaoine.

4 Mar, os do chómhairse is ionann míle bliain agus an lá inné atá imithe, agus mar an dtráth faire san oíche,

5 nithe ná braitear iontu ach neamhní is ea a mblianta.

6 Fásfaidh (an duine) ar maidin ar nós an fhéir, bláthfaidh sé ar maidin agus imeódh sé.

Um thráthnóna titfidh sé, triomóidh sé agus feóchfaidh sé.

7 Óir táimid tar éis dul ar feó fé t'fheirg, agus táimid ar buaireamh ó t'fhíoch.

8 Táid ár ndrochghníomhartha curtha agat os cómhair do shúl, ár mbeatha i solas do ghnúise.

9 Óir táid ár laethanta go léir caite, agus sinn féin titithe i laige ó t'fheirg. Samhlófar ár mblianta ar nós an rúáin alla<sup>2</sup>.

10 Laethanta ár mblianta, deich mbliana agus trí fichid atá iontu, bíodh gur cheithre fichid bliain iad sa duine láidir, agus níl sa bhreis díobh ach dua agus a' dólás.

Óir tá míne tagaithe orainn<sup>3</sup>, agus smachtófar sinn.

11 Cé hé gurb eól do neart t'fheirgese agus d'fhéadfadh, le heagla rómhat, 12 t'fhearg go chómhaireamh? Tabhair eólas mar sin ar do lámh dheis, agus tabhair daoine eólgaiseacha i gcroí, in eagna.

13 Iompaigh, thar n-ais, a Thiarna; cad é an fhaid?

Agus bí soghuíte ar son do sheirbhíseach.

14 Is lán sinn ar maidin ded thrócaire.

Agus áthas orainn, agus aiteas ár laethanta go léir.

15 Tá áthas orainn mar gheall ar na laethantaibh 'nar úmhlaís sinn, ar na bliantaibh 'na bhfeacamair drochnithe.

16 Féach ar do sheirbhísigh agus ar a n-oibreachaibh, agus stiúraigh a gelann (nú, a sliocht).

17 Agus bíodh soillse ár dTiarna Dia orainn, agus stiúraigh oibreacha ár lámh os ár gcionn, agus obair ár lámh stiúraighse í.

- 1 Saim 89, véar. 3. "*Ná hiompaigh uait an duine,*" &c. .i. ná leog é ' chailliúnt ar fad, nú é ' dh'imeacht uait ar fad ós é do thoil glaoch chút air chun aithrí ' dhéanamh.
- 2 Véar. 9. "*Ar nós an rúáin alla,*" .i. chómh dreóil chómh lag le snáth rúáin alla: agus go dona chómh maith, ag caitheamh ár n-inní ag sníomh snáithíní chun bertha ar chuileannaibh.
- 3 Véar. 10. "*Tá míne tagaithe orainn,*" &c. .i. Tá míne Dé dhár smachtú. .i. Tá Dia mín cneasta linn, ag cur an tsaeil mhífhoirtúnaigh seo i ngiorracht dúinn agus dhá mhúineadh dhúinn conas fíorchiall a bheith againn agus neamhshuím a bheith againn sa tsaol ghránna so.

## Na Sailm

### Sailm 90 (a naoi ndeich)

*Qui habitat.*

*Tá an fíoraon ó bhaol fé choimirce Dé.*

1 Moladh *cantice* do Dháivid.

An té a chónaíonn i gcabhair an tÉ is Aoirde  
is fé choimirce Dé na bhflaithis\* ' fhanfaidh sé.

2 Déarfaidh sé leis an dTiarna: Is tusa mo chosnamh agus mo dhíon;  
mo Dhia, is as a bheidh mo mhuintín agam.

3 Óir is é ' dh'fhuascail me ó ghaiste na bhfiagaithe,  
agus ón bhfocal géar.

4 Cuirfidh sé fé scáth a ghualann thu,  
agus beidh iúntaibh agat féna sciathánaibh.

5 Beidh a fhírinne 'na sciath id thimpall:  
ní bheidh eagal ort roim scannradh na hoíche,

6 roimis an saighead ag gluaiseacht sa lá,  
roimis an ngnó a bhíonn ar siúl sa doircheacht,  
roimh fhogha, ná roime dheamhan an mheán lae.

7 Titfidh míle taoibh leat, agus deich míle ar do dheis,  
ach ní thiocfaidh sé in achomaireacht duitse.

8 Ach san am gcéanna tabharfair aire led shúilibh,  
agus chífir díolaíocht (tuarastal) na ndrochdhaoine.

9 Óir is tusa mo dhóchas, a Thiarna,  
do cheapais an tÉ is Aoirde mar dhíon dom.

10 Ní thiocfaidh olc chút,  
ná ní thiocfaidh an sciúirse i ngaire do thí.

11 Óir tá órdú tabhartha aige dá aingealaibh id thaobh,  
go ndéanfaidís thu ' chosnamh id shlitibh go léir.

12 Agus 'na lámhaibh a dh'iompróid siad thu,  
sara mbuailfá do chos i gcoinnibh cloiche.

13 Siúlófar ar an *aspic* agus ar an *mbasilisc*  
agus satlóir ar an león agus ar an *ndracon*.

14 Toisc a mhuintín a bheith aige agamsa saorfad é,  
díonfad é toisc aithne ' bheith aige ar m'ainm.

15 Glaofaidh sé orm agus éistfead leis:  
táim in' fhochair 'na bhuaireamh.

Fuasclód é agus tabharfad glóire dho.

16 Líonfad é le faid laethanta,  
agus tabharfad mo shlánú le feiscint do.

### Sailm 91 (naoi ndeich a haon)

*Bonum est confiteri.*

*Is ceart Dia mo mholadh mar gheall ar a oibreachaibh iúntacha.*

1 Sailm *cantice* do lá na sabóide.

2 Is maith an rud an Tiarna do mholadh,

## Na Sailm

agus sailm do chanadh chun t'ainme, a Dhia is aoirde (a Ró-Aoirde).  
3 Ag taispeáint do thrócaire ar maidín,  
agus t'fhírinne i gcaitheamh na hoíche,  
4 ar úirlis deich srang ar shaltaire, le *cantic* ar chruit.  
5 Óir tá áthas curtha agat orm, a Thiarna, led ghníomharthaibh.  
Agus bead ag maíomh as oibreacha do lámh.  
6 Nách mór iad t'oibreacha, a Thiarna!  
Is ana-dhoimhinn iad do smaointe.  
7 Ní aithneóidh an fear gan chiall,  
agus ní thuigfidh an t-amadán na nithe sin.  
8 Nuair ' éireóidh na drochdhaoine ar nós an fhéir,  
agus a thaispeánfaid lucht déanta an uile go léir iad féin.  
Íde orthu go deó deó!  
9 Ach is tusa, a Thiarna, is Aoirde go síoraí.  
10 Féach a Thiarna, do namhaid,  
óir féach beidh ide ar do namhaid,  
agus beidh scaipeadh ar an uile lucht uile a dhéanamh.  
11 Agus árdófar m'adharcas mar adharc an *iúnicórn*,  
agus beidh m'aostacht i dtrócaire shaibhir.  
12 Agus d'fhéach mo shúilse, leis, síos ar mo namhaid,  
agus éistfidh mo chluas le leagadh an lucht mhallaithe a dh'éiríonn im choinnibh.  
13 Beidh an fíoraon fé bhláth ar nos na failme.  
Iolrófar é (fásfaidh sé) mar chéadar Libanuis.  
14 Iad san a planndaíodh i dtigh an Tiarna,  
bláthfaid siad in árasaibh tí ár nDia.  
15 Iolrófar (méadófar) iad tuilleadh in aostacht shaibhir,  
agus beidh cóir mhaith orthu.  
16 Ionas go dtaispeánfaidís go bhfuil ár dTiarna Dia ceart, agus ná fuil éagóir ann.

### **Sailm 92** (naoi ndeich a dó)

*Dominus regnavit.*

*Glóire agus seasmhacht na ríochta; .i. glóire agus seasmhacht eaglaise Chríost.*

*Moladh cantic do Dháivid féin, an lá roim lá na sabóide, nuair a cuireadh an domhan (a bhí an domhan curtha) ar a bhunaibh.*

1 Tá an Tiarna 'na rí, tá áilleacht curtha uime aige; tá neart curtha uime ag an dTiarna, agus do chrios (chriosai) sé é féin, agus tá an chruinne daingnithe aige, agus ní corrófar í.  
2 Tá do chathaoir ollamh ó chian,  
taoi ann ón síoraíocht.  
3 D'árdaigh na haibhní, a Thiarna,  
d'árdaigh na haibhní (díleanna) a nglór.  
D'árdaigh na haibhní (díleanna) a dtonthacha.  
4 Le fuaim mórán uisceacha.  
Is iúntach iad tonthacha na mara;  
is iúntach é an Tiarna atá thuas.  
5 Táid t'fhianaisí go ródheimhneitheach.  
Is cuí dot thighse naofacht,



## Na Sailm

a Thiarna, go faid laethanta.

### Sailm 93 (naoi ndeich a trí)

*Deus ultionum.*

*Tabharfaidh Dia breith ar lucht éigin a dhéanamh ar a phobal, agus cuirfidh sé pionós orthu. Sailm do Dháivid féin an cheatru lá den tseachtain.*

1 Is é an Tiarna is Dia díoltais.

D'oibrigh Dia an díoltais le saorthoil

2 Éirighse a thugann breith ar an ndomhan.

Cúitigh le lucht an uabhair.

3 Na peacaigh, a Thiarna, a Thiarna,  
an fada a bheid na peacaigh ag maíomh?

4 An mbeid siad ag cainnt agus ag labhairt mallaitheachta?

An mbeidh gach lucht éagóra ' dhéanamh ag cainnt?

5 Tá do phobal ar lár acu, a Thiarna,  
agus tá t'oidhreacht i gcruatan acu.

6 Mharaíodar an bhaintreach agus an duine iasachta,  
agus chuireadar chun báis an dílleachtaí.

7 Agus dúradar: ní fheicfidh an Tiarna é,  
ná ní thuigfidh Dia Iácoib é.

8 Tuigidh, a lucht díth céille sa phobal.

A dhaoine gan chiall, bíodh ciall agaibh fé dheireadh.

9 An tÉ a cheap an chluas an amhlaidh ná haireoidh sé? (an amhlaidh ná beidh éisteacht aige?)

Nú an tÉ do dhein an tsúil an amhlaidh ná feicfidh sé? (an amhlaidh ná fuil radharc aige/tabharfaidh sé fé ndeara?)

10 An tÉ do chuireann smacht ar gheintibh an amhlaidh ná smachtóidh sé, agus gurb é a thugann eólas don duine?

11 Is eól don Tiarna smaointe an duine,  
go bhfuilid siad baoth.

12 Is aoibhinn don té a gheóbhaidh teagasc uaitse, a Thiarna.  
Agus go múinifir é as do dhlí.

13 Ionas go dtabharfá suaimhneas do ó laethibh an uilc<sup>1</sup>:  
go dtí go n-osclofar an poll don pheacach.

14 Óir ní dhíbreoidh an Tiarna uaidh a phobal,  
ná ní thréigfidh sé a oidhreacht féin.

15 Go dtí go mbeidh an ceart iompaithe 'na bhreithiúntas<sup>2</sup>  
agus an lucht uilc atá in aice gurb iad a bheidh díreach 'na gcroí.

16 Cé ' éireoidh dom in aghaidh mallaitheachta?

Nú cé ' sheasóidh liom in aghaidh lucht déanta an uilc?

17 Ach go raibh an Tiarna 'na chabhair agam

ba bheag ná go mbeadh m'anam in ifreann (is beag ná gur in ifreann a bheadh m'anam).

18 Má deirinn: Tá mo chos ag sleamhnú,

1 Sailm 93, véar. 13. "Suaimhneas ó laethibh an uilc," .i. go mbogfá dho an cruatan atá aige le folag i gcaitheamh an tsaeil shuaraigh seo.

2 Véar. 15. "An ceart iompaithe 'na bhreithiúntas"; .i. an ceart curtha i bhfeidhm; rud a thaitneadh leis an aicme atá díreach 'na gcroí.

## Na Sailm

bhíodh do thrócaire, a Thiarna, ag cabhrú liom.

19 De réir líonmhaireachta na mbrón ar mo chroí,  
chuir sólás uaitse áthas ar m'anam.

20 An bhfuil cathaoir na héagóra<sup>1</sup> dlúite leatsa,  
agus gur tu ' cheapann dua in aithne?

21 Beid siad i ndiaidh anama an fhíoraein,  
agus daorfaid siad fuil neamhchiontach.

22 Ach is é an Tiarna is díon dómhsa,  
agus is é mo Dhia is cabhair dom dhóchas.

23 Agus cúiteoidh sé leó san a maallaitheacht.

Agus 'na mailís féin do scaipfidh sé iad:  
scaipfidh ár dTiarna Dia iad.

### Sailm 94 (naoi ndeich a ceathair)

*Venite exultemus.*

*Cuireadh chun Dé d'adhradh agus d'fhriothálamh, agus chun éisteacht lena ghuth.*

*Moladh cantice do Dháivid féin.*

1 Téanaídh molaimís an Tiarna fé áthas.

Canaimís go grínn do Dhia, ár Slánaitheóir.

2 Téimís 'na láthair ag breith bhaochais,  
agus deinimís glór áthais do le sailmibh.

3 Óir is Dia mór an Tiarna,  
agus is rí mór é os cionn na ndéithe go léir.

4 Óir is 'na lámh atáid críocha uile an domhain,  
agus is leis árda na gneuc;

5 Óir is leis féin an mhuir, agus is é do chruthaigh í,  
agus is í a lámh do chúm an talamh tirim.

6 Téanaídh, adhráimís agus sléachtaimís,  
agus guilimís i láthair an Tiarna do dhein sinn.

7 Óir is é ár dTiarna Dia é.

Agus is sinn pobal a fhosaíochta, agus caoire a lámha.

8 Má chloiseann sibh a ghlór inniu  
ná calcaídh úr gceoithe.

9 Mar a deineadh sa ghríosadh,  
de réir lae na trialach san uaigneas,  
nuair a thrialadar úr n-aithreacha me.

Do thrialadar me agus chonacadar m'oibreacha.

10 Bhíos ar feadh daichead bliain i bhfeirg leis an sliocht san  
agus duart: tá an croí ar tuathal acu so riamh (tá a gcroí seo amú riamh/táid siad so ag dul amú  
riamh 'na gcroí).

11 Agus ní heól do sna fearaibh seo mo shlitese,  
i dtreó gur dhearbhaíos im fheirg:  
ní raghaid siad isteach im shuaimhneas!

1 Véar. 20. "An bhfuil cathaoir na héagóra", &c. .i. an gceadóirse, a Dhia atá ceart i gcónaí, cathaoir na héagóra? .i. breith éagórtha, nú breithiúin éagórtha, do bheith páirteach leat? Agus gur tu ' cheapann dua in aithne, .i. gur tu a chuireann ' fhiachaibh orainn dua na n-aitheanta ' dh'fháil chun iad do chimeád.

## Na Sailm

### Sailm 95 (naoi ndeich a cúig)

*Cantate Domino.*

*Cómhairle chun Dé do mholadh mar gheall ar theacht Chríost 'na ríocht féin.*

1 *Cantic* do Dháivid féin, nuair a bhí an tigh dá dhéanamh<sup>1</sup> tar éis an bhraighdinis.

Canaidh don Tiarna *cantic* nua.

Canaidh don Tiarna, (a dhaoine) an domhain go léir.

2 Canaidh don Tiarna agus molaidh a ainm.

Taispeánaidh a shlánú ó ló go ló.

3 Taispeánaidh a ghlóire i measc na ngeinte; a iúnaí i measc na ndaoine go léir.

4 Óir is mór é an Tiarna, agus is ionmholta go mór (agus is ró-ionmholta).

Tá sé scannrúil os cionn na ndéithe uile.

5 Óir is deamhain déithe uile na ngeinte,

agus is é an Tiarna do dhein na flaithis.

6 Moladh agus áilleacht 'na láthair,  
naofacht agus mórgacht in' áit bheannaithe.

7 Tugaidh chun an Tiarna, a chineacha na ngeinte,

tugaidh chun an Tiarna glóire agus onóir.

8 Tugaidh chun an Tiarna glóire dá ainm.

Tugaidh libh íbeartha agus tagaidh isteach in' árasaibh.

9 Adhraidh an Tiarna in' áras bheannaithe.

Suaitear an domhan go léir 'na láthair.

10 Abraidh i measc na ngeinte: tá an Tiarna 'na rí (is é an Tiarna is rí).

Agus do shocraigh sé an chruinne agus ní suaithfar í (mar tá an chruinne socair aige agus ní suaithfar í).

Tabharfaidh sé breith ar na poblaibh de réir chirt.

11 Bíodh móráil ar na flaithis agus áthas ar an saol.

Suaitear an mhuir agus a líonmhaireacht.

12 Beidh áthas ar na machairíbh agus ar a bhfuil iontu.

Ansan a bheid craínn na gcoillte go léir ag maíomh

13 os cómhair an Tiarna, toisc é ' bheith ag teacht.

Toisc é ' bheith ag teacht ag tabhairt breithe ar an ndomhan.

Tabharfaidh sé breith ar an gcruinne de réir chirt,

agus ar na poblaibh de réir a fhírinne féin.

### Sailm 96 (naoi ndeich a sé)

*Glaitear ar an gcine daonna go léir chun gáirdeachais a dhéanamh mar gheall ar theacht Chríost i nglóire a ríochta.\**

1 Don Dáivid gcéanna nuair a tugadh tar n-ais do a thír.

Tá an Tiarna 'na rí, bíodh áthas ar an ndomhan.

Bíodh mórtais ar iomad íNSEACHA (oileán).

1 Sailm 95, véar. 1. "Nuair a bhí an tigh dá dhéanamh." .i. ag tagairt don aimsir sin agus dhá órdú go gcanfí an tsailm an uair sin. Ach labhrann an tsailm go speisialta ar dhéanamh eagailse Chríost nuair a fuascladh sinn ó bhraighdineas Shátain.

## Na Sailm

2 Scamaill agus doircheacht<sup>1</sup> mórthímpall air.  
Ceart agus breithiúntas socracht a ríshuí.  
3 Beidh tine ag gluaiseacht roimis amach.  
Agus loiscfidh sí a namhaid mórthímpall.  
4. Do las a splanncracha solas don chruinne.  
Do chonaic an chruinne agus do chrith sí.  
5 Do leigheadar na cnuic ar nós céarach, ó aghaidh an Tiarna,  
ó aghaidh Thiarna an domhain go léir.  
6 D'inis an flaithis a cheart.  
Agus chonaic na pobail go léir a ghlóire.  
7 Mearaí ar lucht adhartha rudaí snoite (rudaí snoite d'adhradh),  
agus ar lucht maíte as a n-íomhánaibh!  
Adhraidh é, a aingil uile is leis.  
8 D'airigh Síon, agus do ghlac sí áthas,  
agus dhein iníonacha Iúda móráil,  
mar gheall ar do bhreitheanna, a Thiarna.  
9 Óir is tu Tiarna is aoirde os cionn an domhain go léir;  
taoi thuas go ró-árd os cionn na ndéithe uile.  
10 Sibhse a thugann grá don Tiarna tugaidh fuath don olc.  
Cosnann (sábhálann) an Tiarna anamnacha a naomh.  
Fuasclóidh sé iad a láimh an pheacaigh.  
11 Tá solas éirithe chun an fhíoraein,  
agus áthas chun lucht an chroí dhírigh.  
12 Glacaidh áthas sa Tiarna, a fhíoraona,  
agus molaidh cuímhne a naofachta.

### Sailm 97 (naoi ndeich a seacht)

*Iarrthar arís ar an uile dhuine an Tiarna do mholadh mar gheall ar bhua Chríost.\**

1 Sailm do Dháivid féin.  
Canaidh don Tiarna *cantic* nua,  
óir tá nithe iúntacha déanta aige.  
Tá slánú déanta dho ag á láimh dheis,  
agus ag á chuislinn naofa (tá a chuisle naofa).  
2 Tá a shlánú curtha in úil ag an dTiarna  
do nocht sé a chóir (cheart) os cómhair na ngeinte (i radharc na ngeinte).  
3 Do chuímhnigh sé ar a thrócaire féin,  
agus ar a dhílse do theaghlach Israél.  
Do chonaic críocha an domhain go léir,  
an slánú a dhein ár dTiarna (slánú ár dTiarna).  
4 Deinidh móráil do Dhia, a lucht (dhaoine) an domhain go léir.  
Deinidh cantainn agus móráil agus sailm.  
5 Canaidh moladh don Tiarna ar an gcruit,  
ar an gcruit agus le guth na sailme

1 Sailm 96, véar. 2. “*Scamaill agus doircheacht.*” Teacht Chríost i scamallaibh, go scannrúil 'na ghradam, is ea do targairtear san áit sin, agus É chun breithe do thabhairt ar an ndomhan.

## Na Sailm

6 ar fheadánaibh<sup>2</sup> sínteacha, agus le glór na hadhairce.  
Deinidh mórail i láthair an Tiarna ríoga (an Tiarna ár Rí).  
7 Suaitear an fharraige agus a líonmhaireacht,  
an chruinne agus a gcónaíonn uirthi (inti).  
8 Déanfaid na haibhní basbhualadh,  
agus na sléibhte mórail in éineacht,  
9 trí radharc ar an dTiarna  
toisc é ' bheith ag teacht ag tabhairt breithe ar an ndomhan.  
Tabharfaidh sé breith ar an gcruinne le ceart agus ar na poblaibh len' fhírinne.

### Sailm 98 (naoi ndeich a hocht)

*Dominus regnavit.*

*Réim an Tiarna i Síon, .i. réim Chríost san eaglais.*

1 Sailm do Dháivid féin.  
Tá an Tiarna 'na rí: bíodh fearg ar na poblaibh<sup>2</sup>.  
An tÉ atá 'na shuí ar na *cherubimibh*; suaitear an talamh.  
2 Is mór é an Tiarna i Síon,  
agus is árd é os cionn na bpobal go léir.  
3 Molaidís do mhórainm,  
óir is scannrúil é agus is naofa é.  
4 Agus taithneann breithiúntas le honóir an rí<sup>3</sup>.  
Do ghléasais-se rialacha.  
Do dheinis-se breithiúntas agus cóir (ceart) i Iácob.  
5 Móraidh ár dTiarna Dia.  
Agus adhraidh stól a choise<sup>4</sup>, óir tá sé naofa.  
6 Maois agus Aarón<sup>5</sup> i measc a shagart,  
agus Samuel i measc lucht glaeite ar a ainm.  
Ghlaeidís ar an dTiarna, agus d'fhreagradh sé iad.  
7 I gcolún scamaill do labhradh sé leó.  
Do chimeádaidís a fhianaisí,  
agus an aithne a thug sé dhóibh.  
8 A Thiarna Dia, d'éistthá-sa leó;  
bhíthá id Dhia thrócaireach dóibh,

2 PUL: (“*Feadán*” is any sort of a tube. I take the term “*ductilibus*” to mean that those musical tubes were stretchable, like a telescope, or like a trombone.)

2 Sailm 98, véar. 1. “*Bíodh fearg ar na poblaibh*,” .i. bíodh go mbeadh mórán namhad ar buile le feirg agus an saol mór ag éirí in aghaidh réime Chríost, buafaidh Críost orthu.

3 Véar. 4. “*Taithneann breithiúntas le honóir an rí*,” .i. tuiscint .i. iarann onóir an rí tuiscint.  
—*Ibid.* “*Rialacha*,” .i. dlithe cearta córa chun daoine do stiúru.

4 Véar. 5. “*Adhraidh stól a choise*.” Do tugtí stól coise Dé sa tseanreacht ar airc na connartha. Do tuigtí go suíodh Dia os a cionn i gcathaoir na trócaire, idir na *cherubim*, sa *tsanctuárium*, agus tugadh clann Israél urraim ana-mhór di. Ach ós léir go mbaineann an tsailm seo le Críost agus leis an dTiomna Nua, deir na haithreacha naofa go mbaineann an chainnt leis an onóir a thugann an eaglais do chorp Chríost, agus dá chuid fola i *sacramint* na haltórach: gurb ionann nádúr daonna Chríost, ar shlí, agus stól cos a dhiagachta. (N. Ambrós, L. 3. *de Spiritu Sancto*. N. Auguistín ar an sailm seo.)

5 Véar. 6. “*Maois agus Aarón*.” Is léir as san go raibh Maois 'na shagart, .i. gurbh é an t-árdshagart é, ó is é a dhein sagart d'Aarón agus a dhein íbirt ar a shon. (*Lev.* 8) I gcás ná deineann uachtaránacht Mhaoise os cionn Aaróin aon tacaíocht do cheannas tuath os cionn eagailse.

## Na Sailm

agus ag déanamh díoltais ar a gceapachánaibh (gceapadóireachtaibh)<sup>1</sup> go léir.  
9 Móraidh ár dTiarna Dia,  
agus adhraidh (deinidh adhradh) ag á shliabh naofa,  
óir tá ár dTiarna Dia naofa.

### Sailm 99 (naoi ndeich a naoi)

*Iubilare Deo.*

*Iarrthar ar an uile dhuine Dia do mholadh le gáirdeachas ós é ' chruthaigh gach ní.*

1 Sailm mholta.

2 Deinidh mórail do Dhia, a mhuíntir (dhaoine) an domhain go léir.

Deinidh seirbhís don Tiarna le háthas.

Tagaidh isteach 'na láthair le haiteas ana-mhór.

3 Bíodh ' fhios agaibh gurb é an Tiarna is Dia ann.

Is é do chruthaigh sinn, agus ní sinn féin;

a phobal agus caoire a fhosaíochta sinn.

4 Téidh isteach a gheataí le moladh,

isteach in' árasaibh le himnibh; agus molaidh é agus tugaidh glóire dho.

5 Molaidh a ainm, óir is suaire é an Tiarna.

Is síoraí a thrócaire (tá a thrócaire síoraí).

Agus a fhírinne go sliocht agus go sliocht (agus a fhírinne ó shliocht go sliocht).

### Sailm 100 (sailm a céad/an céadú sailm)

*Miserecórdiam et iúdíciúim.*

*Iarann an fáidh, lena shampla, ar an uile dhuine trócaire agus ceart do leanúint.*

1 Sailm do Dháivid féin.

Trócaire agus breithiúntas a chanfad duit, a Thiarna.

Canfad 2 agus tuigfead<sup>2</sup> sa tslí gan téimheal, nuair a thiocfair chúm.

Do shiúlaínn i macántacht mo chroí, i lár mo theaghlaigh.

3 Níor bheartaíos os cómhair mo shúl ní éagórtha;

thugas fuath do lucht mallaitheachta ' dhéanamh,

4 níor dhlúthaigh an croí claon liom.

An drochdhuine a bhíodh 'om sheachnadh, ní thugainn aithne air.

5 An té a dheineadh cúlchainnt ar a chómharsain fé rún,

bhínn dian air sin.

An té dob uaibhreach súil agus ba shanntach croí,

ní chaithinn bia 'na chuíbhreann san.

6 Bhíodh mo shúile ar dhaoineibh dílse an domhain,

ionas go suífidís im fhochair.

An té a shiúlaíodh i slí gan téimheal,

sin é a dheineadh friothálamh ormsa.

1 Véar. 8. "A gceapachánaibh (a gceapadóireachtaibh)," .i. gach beartúchán dá ndeineadh a namhaid 'na gcoinnibh, mar a dhein Córé agus Dáthan agus Abírón.

2 Sailm 100, véar. 2. "Tuigfead," 7c. .i. tabharfad m'aighe agus déanfad mo dhícheall chun eólais do chur ar an slí gan téimheal (chóir), slí t'aitheantasa, agus an tslí sin do leanúint; ní hag brath ar mo neart féin é ach ag brath ar tu ' theacht chúm led ghrásta.

## Na Sailm

7 Féar déanta an uabhair ní chónóidh sé i lár mo theaghlaighse.  
An té a labhrann nithe mallaithe, níor éirigh ádh leis os cómhair mo shúlta.  
8 Chuirinn chun báis ar maidin cuirpigh na tíre go léir.  
Ionas go nglanfainn ar fad a cathair an Tiarna lucht déanta an uile.

### Sailm 101

*\*Domine exaudi.*

*Guí duine i nguais. An cúigiú sailm aithrí.*

**10 psalms missing: check manuscript for p166.**

11 De dheascaibh t'fheirgese agus do dhíomá (t'oirbhíre).  
Óir do chuiris suas do hárd me agus do leagais ar lár me.  
12 Táid mo laethanta cloíte (tar éis claonadh) ar nos scáile,  
agus táim féin feóchta ar nós an fhéir.  
13 Ach is marthanach tusa go deó, a Thiarna,  
agus tá do chuímhneamh ó shliocht go sliocht.  
14 Is tusa a dh'éireóidh agus ' dhéanfaidh trócaire ar Shíon,  
óir is mithid trócaire ' dhéanamh uirthi, óir tá an t-am ann.  
15 Óir do thaithn a clocha led sheirbhíseachaibh,  
agus beidh trua acu dá cré.  
16 Agus beidh eagla ag na geintibh roime t'ainm, a Thiarna,  
agus ag rithibh uile an domhain roime do ghlóire.  
17 Óir tá Síon déanta suas ag an dTiarna,  
agus chífair é 'na ghlóire.  
18 Tá féachta aige chun guí na n-úmhal,  
agus níor dhiúltaigh sé dá n-achainí.  
19 Scrítear na nithe seo i gcómhair sleachta eile,  
agus na daoine a cruthófar molfaid siad\* an Tiarna.  
20 Óir tá féachta amach aige ón' áit naofa árd,  
tá féachta ó neamh ar an dtalamh ag an dTiarna,  
21 chun go n-aireódh sé gol na ndaoine atá i ngeímhlibh,  
agus go bhfuasclódh sé clann na ndaoine a maraíodh;  
22 ionas go neósfaidís ainm an Tiarna i Síon,  
agus a mholadh in Ierúsalem,  
23 nuair a thiochfaid daoine i bhfochair a chéile,  
agus ríthe chun seirbhíse an Tiarna.  
24 D'fhreagair sé é de réir a nirt<sup>1</sup> (i slí a nirt);  
inis dom laighead mo laethanta.  
25 Ná glaeigh chun siúil me i lár mo laethanta.  
Táid do bhliantasa ó shliocht go sliocht.  
26 Chuiris-se, a Thiarna, an talamh (domhan) ar a bhunaibh ar dtús,  
agus oibreacha ód lámhaibh is ea na spéartha.  
27 Raghaid siad san ar neamhní, ach fanann tusa ann.

1 Sailm 101, véar. 24. “*De réir a nirt.*” .i. thug sé freagra de réir a nirt ar na daoine a bhí cruinnithe. Nú, do thug an t-aithríoch gur 'na phearsain a labharthar an tsailm seo, freagra de réir a nirt ar an dTiarna, .i. de réir a dhíchill: nú, mar a bhí sé i mbláth a aoise agus a nirt: ag fiafraí i dtaobh laighead a laethanta: go mbeadh ' fhios aige an mairfeadh sé fada a dhóthain chun Síoin a dh'fheiscint curtha suas 'na réim arís, &c.

## Na Sailm

Críonóid siad go léir mar a dheineann ball éadaigh,  
agus athróir iad ar nós clúdaigh, agus beid siad athraithe.  
28 Ach an tAon Ní amháin tusa, agus ní bheidh claoichló ar do bhliantaibh.  
29 Leanfaid clann do sheirbhíseach ann,  
agus stiúrófar a sliocht go deó.

### Sailm 102

*Benedic anima.*

*Buíochas dá ghabháil le Dia mar gheall ar a thrócaire\*.*

1 Do Dháivid féin.

Moladh ó m'anam don Tiarna,  
agus moladh óna bhfuil istigh ionam dá ainm naofa.  
(moladh ó m'anam don Tiarna,  
agus nár dhearúdadh choíche a bhfuil déanta aige dhom/  
mol an Tiarna, a anam so agam,  
agus moladh a bhfuil istigh ionam a ainm naofa/  
molsa an Tiarna, a anam so agam,  
agus ná dearúid a mhaitheasaí dhuit).

3 Is é a mhaitheann do mhallaitheacht uile dhuit,  
agus a leighseann do ghalair go léir.

4 Is é a shaorann do bheatha ón mbás (nú, ó íde),  
is é a choróinníonn thu le trócaire agus le trua.

5 Is é shásaíonn do mhian le nithibh fóna:

Athnuafar t'óige ar nós na n-iolar (nú, an iolair/ar nós óige an iolair).

6 Bíonn an Tiarna ag déanamh trócairí.

Agus ag déanamh bhreithiúntas, do gach lucht éagóra ' dh'fhulag.

7 Thug sé eólas a shlite do Mhaois:

eólas na nithe ba thoil leis do chlaínn Israél.

8 Tá an Tiarna trócaireach, atruach,  
fadaraíonach agus móthrócaireach.

9 Ní bheidh sé i bhfeirg i gcónaí,  
ná ag bagairt de shíor.

10 Níor dhein sé linn de réir ár bpeacaí,  
ná níor chúitimh sé linn ár meallaitheachtaí.

11 Óir de réir aoirde neimhe ón dtalamh, is ea atá a thrócaire neartaithe aige don mhuíntir atá eaglach roimis.

12 Chómh fada agus atá an ceann thoir ón gceann tiar is ea atáid ár mallalitheachtaí curtha uainn aige.

13 Mar a bhíonn trua ag athair dá chlaínn is ea a bhíonn trua ag an dTiarna don mhuíntir a bhíonn eaglach roimis.

14 Óir is eól do féin ár ndéanamh,  
is cuímhín leis gur luaithreach sinn.

15 Is cuma nú féar laethanta an duine;  
mar bhláth an bháin a bhláthfaidh sé.

16 Óir imeóidh an sprid atá ann, agus ní bheidh sé beó ar bith,  
agus ní aithneóidh sé a inead a thuilleadh.



## Na Sailm

17 Ach tá trócaire an Tiarna ón síoraíocht,  
agus go síoraí, don mhúintir atá eaglach roimis.  
Agus tá a chóir go sliocht sleachta,  
18 don mhúintir a chimeádann a thiomna,  
agus a chuímníonn ar a aitheanta chun iad do chimeád (chómhlíonadh).  
19 Tá a chathaoir socair ag an dTiarna ar neamh,  
agus beidh gach ní fé smacht a ríochta.  
20 A aingil an Tiarna, molaidh go léir é,  
sibhse atá láidir cómhachtach, ag déanamh a bhréithir,  
ag éisteacht le glór a aitheanta.  
21 Sibhse, a chómhachta an Tiarna, molaidh go léir é,  
a lucht friothála leis, a dheineann a thoil.  
22 Sibhse, a oibreacha an Tiarna, molaidh an Tiarna,  
ins gach áit dá fhórlámhas.  
Tabhair moladh, anam so agam, don Tiarna.

### Sailm 103

*Benedic anima.*

*Is ceart Dia do mholadh mar gheall ar a oibreachaibh cómhachtacha agus ar a fhóntacht ró-  
iúntach.*

1 Do Dháivid féin.  
Tabhair moladh, a anam (a anam liom), don Tiarna (tugadh m'anam moladh don Tiarna).  
A Thiarna, a Dhia, is mór tu thar bárr,  
tá moladh agus áilleacht curtha umat agat,  
2 agus tu clúdaithe le solas mar ' bheifá le héadach.  
Agus an spéir leata amach agat ar nós pubaill.  
3 Agus a seómraí uachtaracha san clúdaithe agat le huisce.  
Agus na scamail agat mar charbat,  
agus tu ag siúl ar sciathánaibh na gaoithe.  
4 Agus t'aingil 'na spridíbh agat,  
agus do lucht friothála 'na lasair thine agat.  
5 Do shocraís an talamh (domhan) ar a bhunaibh féin.  
Ní suaithfar é ar feadh saol na saol.  
6 An doimhneacht mar éadach uime.  
Seasóid na huisceacha os cionn na gcnuic.  
7 Teithfid siad ó t'imdheargadh-sa.  
Crithneóid siad roim ghlór do thóirthní.  
8 Éirid na cnuic, agus luíd na machairí síos  
san áit a shocraís-se dhóibh.  
9 Do cheapais teóra agus ní raghaid siad tháirsi.  
Agus ní fillfid siad chun an tailimh do chlúdach.  
10 Cuireann tú na toibreacha ag éirí in sna gleanntaibh.  
Gluaiseóid na huisceacha idir na cnucaibh.  
11 Beid beithígh uile an mhachaire ag ól;  
na hasail fiaine\* ag feitheamh agus tart orthu.  
12 Éanlaithe an aeir ag cónaí os a gcionn.

## Na Sailm

Agus a nglórtha ag teacht a lár na gcarraigreach (agus iad ag labhairt a lár na gcarraigreach).  
13 Fliuchann tú na cnuic ó d'sheómraíbh uachtaracha,  
beidh an talamh lán de thoradh do shaothair.  
14 Ag tabhairt féir do bheithíochaibh.  
Agus glasra chun tairbhe do dhaoínibh,  
ionas go dtabharfá an t-arán as an dtalamh,  
15 agus go gcuirfeadh fion áthas (soilbhreas) ar chroí an duine,  
go soilbhreódh sé a aghaidh le hÍle;  
agus go neartódh arán croí an duine.  
16 Líonfar craínn an mhachaire,  
agus céadair Libanuis a chuir sé ag fás (a phlanndaigh sé).  
17 Ansan is ea do neadóid na gealbhúin.  
Is é an ceann is aoirde acu tigh na cuirre glaise.  
18 Is iad na cnuic árda is díon don chairria.  
Agus an charraig do sna coinínibh.  
19 Dhein sé an ghealach chun tráthanna.  
Is eól don ghréin a dul fé.  
20 Do cheapais an doircheacht agus is oíche í (is í an oíche í/tá an oíche ann).  
Is inti (san oíche) ' bheidh ainmhithe uile na gcoillte ag gabháil tímpall.  
21 Na leóin óga ag búirthigh i ndiaidh a bhfoghla,  
agus ag lorg bídh dóibh féin ó Dhia.  
22 Éiríonn an ghrian agus cruinnítear iad,  
agus luífid siad 'na bpluaisibh.  
23 Imeóidh an duine amach chun a ghnótha,  
chun a oibre go tráthnóna.  
24 Nách mór iad t'oibreacha, a Thiarna!  
Dheinis gach ní in eagna,  
tá an talamh lán ded shaibhreas.  
25 An mhuir mhór so na ngéag leathan,  
tá inti piastaí gan áireamh,  
ainmhithe beaga agus ainmhithe móra.  
26 Gluaiseóid na loingeas uirthi sin.  
An *dracón*-mara a dheineas chun bheith ag súgradh inti.  
27 Táid siad go léir ag brath ort,  
go dtabharfair a gcuid bídh dóibh i dtráth.  
28 Baileóid siad a dtabharfair dóibh.  
Nuair ' osclóir do lámh líonfar iad go léir de mhaitheas.  
29 Ach má iompaíonn tú t'aghaidh uathu beid siad buartha;  
tógfair uathu a n-anál agus meathfaid siad,  
agus fillfid siad chun luaithrí.  
30 Cuirfir amach do sprid agus cruthófar iad,  
agus athnuafair aghaidh na talún.  
31 Glóire an Tiarna go raibh go síoraí ann!  
Gheóbhaidh an Tiarna áthas in' oibreachaibh.  
32 Féachann sé ar an dtalamh agus critheann an talamh.  
Baineann sé leis na cnucaibh agus tagann deatach astu.  
33 Canfad don Tiarna an fhaid a bhead beó (an fhaid is beó me/i gcaitheamh mo bheatha)\*.  
34 M'úrlabhra go dtaithnidh leis!

## Na Sailm

Ach cuirfeadsa m'áthas sa Tiarna.

35 Go ndíscítear peacaigh as an saol,  
agus na neamhfhíoraein, i dtreó ná beid siad ann!  
Moladh don Tiarna ó m'anam! (Ó, a mh'anam\*, molsa an Tiarna!)

### Sailm 104

*Confitemini Domino.*

*Baochas dá ghabháil le Dia mar gheall ar a thabharthaistibh dá phobal Israél.*

Alleluia.

1 Tugaidh glóire do Dhia agus glaeidh a ainm.

Ínsidh a ghníomhartha i measc na ngeinte.

2 Canaidh chuige, agus deinidh salmaireacht chuige,  
agus tráchtaidh ar a oibreachaibh iúntacha.

3 Deinidh maíomh as a ainm naofa.

Áthas go raibh ar chroí lucht loirgthe an Tiarna!

4 Loirgidh an Tiarna agus bídh neartaithe.

Loirgig a aghaidh i gcónaí.

5 Cuímhnikh ar a oibreachaibh ró-iúntacha,  
na hoibreacha do dhein sé, a éachta,  
agus breitheanna a bhéil.

6 Ó, a shliocht so a sheirbhísigh Ábraham,  
a chlann Iácoib, an té a thoibh sé.

7 Is é ár dTiarna Dia É.

Táid a bhreitheanna sa domhan go léir.

8 Tá cuímhne aige ar a chonradh go deó,  
ar a bhriathar a dh'órdaigh sé chun míle sliocht;

9 An briathar a thug sé d'Ábraham;  
agus ar a dhearbhu d'Isaac.

10 Agus cheap sé an chéanna do Iácob mar dhlí,  
agus d'Israél mar thiomna shíor,

11 nuair aduairt sé: Tabharfad duitse tír Chanaain,  
crannchur úr n-oidhreachta.

12 Nuair ba shuarach a líon,  
ana-shuarach, agus iad iasachta san áit .

13 Agus iad ag imeacht ó náisiún go náisiún,  
agus ó ríocht go pobal eile,

14 níor leog sé d'aon duine iad do ghortú,  
agus do smachtaigh sé ríthe ar a son:

15 “Ná bainidh lem dhaonidh olaithe,  
agus ná deinidh olc ar m'fháidhibh.”

16 Agus do ghlaeigh sé gorta isteach ar an dtír,  
agus do bhris sé go mion gach neart aráin.

17 Chuir sé fear uaidh rómpu.

Do díoladh Ióseph 'na dhaor.

18 D'úmhláiodar a chosa i ngeímhlibh.

Chuaigh an t-iarann trín' anam.

## Na Sailm

19 Go dtí go dtáinig a fhocal.  
Do las úrlabhra an Tiarna é.  
20 Chuir an rí (teachtaireacht uaidh) agus d'fhuascail sé é;  
priúnsa na ndaoine, agus do scaoil sé é.  
21 Chuir sé 'na mháistir ar a thigh é,  
agus 'na phriúnsa os cionn a choda go léir.  
22 I dtreo ná múinfeadh sé a phriúnsaí mar é féin.  
Agus go múinfeadh sé ciall dá sheanóiríbh.  
23 Agus chuaigh Israél isteach san Éigipt.  
Agus bhí Iácob ar chuaird chónaithe i dtalamh Chaim.  
24 Agus do mhéadaigh sé a phobal go hana-mhór,  
agus do neartaigh sé iad os cionn a namhad.  
25 D'iompaign sé a gcroí<sup>1</sup> chun a phobail d'fhuathú,  
agus chun fill a dhéanamh ar a sheirbhíseachaibh.  
26 Chuir sé uaidh Maois, a sheirbhíseach,  
Aarón féin a bhí tofa aige.  
27 Thug sé dhóibh cómhacht chun a chómharthaí do thaispeáint,  
agus a mhíorúiltí, i dtír Chaim.  
28 Chuir sé uaidh doircheacht, agus dhoirchigh sé (dhein sé dorchú).  
Agus níor bhuaire sé a bhréithre<sup>2</sup>.  
29 D'iompaign sé a n-uisceacha chun fola,  
agus mhairbh sé a n-iasca (a gcuid éisc).  
30 Do shíolraigh a gcuid tailimh froganna (loscáin),  
istigh i seómraibh a ríthe.  
31 Do labhair sé agus tháinig cuileanna iolartha,  
agus corrmhíola<sup>3</sup>, 'na gcrióchaibh go léir.  
32 Agus chuir sé chúthu cloich-shneachta mar fhearthainn;  
lasair thine 'na gcuid tailimh.  
33 Agus do loit sé a bhfíonghuirt, agus a gcraínn fíge,  
agus do bhris sé go mion adhmaid na tíre.  
34 Do labhair sé agus tháinig na lócaistí,  
agus an *bruchus*<sup>4</sup> a bhí gan áireamh.  
35 Agus d'itheadar a raibh d'fhéar ar a gcuid tailimh,  
agus d'ith sé (d'itheadar) a raibh de thoradh ar a gcuid tailimh.  
36 Agus mhairbh sé gach céadghein dá raibh 'na dtír,  
céadtorthaí a saothar go léir.  
37 Agus thug sé amach iad agus airgead agus ór acu.  
Agus ní raibh duine leice in aon treibh acu.  
38 Agus bhí áthas ar an Éigipt nuair a bhíodar ag imeacht,  
óir bhí a n-eagla go trom orthu.  
39 Do leath sé amach scamall dhá gcosaint,

- 1 Sailm 104, véar. 25. “D'iompaign sé a gcroí,” &c. Ní dhá rá é gur sprioc Dia muintir na hÉigipte chun a phobail d'fhuathú agus do chrá (ní féidir do Dhia ' bheith in' údar do pheaca), ach gur ghlac na Éigiptigh\* féin ócáid chun fuatha agus chun formaid nuair a chonacadar na tabharthaistí a bhí ag Dia á bhronnadh ar chlaínn Israél.
- 2 Véar. 28. “Níor bhuaire sé a bhréithre,” .i. níor fhág sé a bhréithre gan cur chun cínn: nú, níor bhuaire sé Maois agus Aarón, teachtairí na mbréithre: nú níor bhuaire sé a bhréithre, .i. a chlann, .i. clann Israél, mar d'fhág sé solas acu nuair a bhí an doircheacht ar na hÉigipteachaibh.
- 3 Véar. 31. “Corrmhíola;” *sinifí*. Feic nóta Ex. 8:16.
- 4 Véar. 34. “*Bruchus*,” saghas lócaiste.

## Na Sailm

agus tine ar lasadh dhóibh san oíche.  
40 D'iarradar, agus tháinig an gearraguirt chúthu;  
agus do líon sé iad le harán ó neamh.  
41 D'oscail sé an charraig agus do rith an t-uisce amach,  
do rith sruthanna le fánaidh ar an dtalamh tirim.  
42 Óir ba chuímhin leis an briathar naofa úd  
a labhair sé lena sheirbhíseach Ábraham.  
43 Agus thug se amach a phobal le bua,  
agus a dhaoine tofa fé áthas.  
44 Agus thug sé dhóibh críocha na ngeinte,  
agus shealbhaíodar saothar na ndaoine.  
45 Ionas go gcimeádfaidís a fhíoraontachtaí<sup>1</sup>,  
agus go loirgfidís a dhlí.

### Sailm 105

*Confitemini Domino.*

*Admhaítear iomadúlacht peacaí Israél agus iomadúlacht trócaire Dé dhóibh\*.*

1 \*Tugaidh glóire do Dhia óir is maith é,  
óir maireann a thrócaire de shíor.  
2 Cé ' labharfaidh cómhachta Dé,  
agus do chuirfidh a mholta in úil?  
3 Is aoibhinn don mhuintir a chimeádann breithiúntas  
agus a dheineann fíoraontacht i gcónaí.  
4 Cuímhnigh orainn, a Thiarna, i bhfabhar dod dhaoine,  
tar chúinn led shlánú;  
5 go bhfeicimid maitheas do dhaoine tofa.  
Go nglacaimid áthas in áthas do phobail;  
go nglacairse moladh i lár t'oidhreachta.  
6 Do pheacaíomair mar a dhein ár n-aithreacha.  
Dheineamair an éagóir, dheineamar an mhallaitheacht.  
7 Níor thuig ár n-aithreacha do mhíorúiltí san Éigipt.  
Níor chimeádadar cuímhne ar iomadúlacht do thrócairí.  
Agus do ghríosadar chun feirge ag dul suas chun na mara, chun na mara Rua.  
8 Agus do shaor sé iad ar son a ainme féin,  
chun go gcuirfeadh sé a chómhacht in úil.  
9 Agus do smachtaigh sé an mhuir Rua, agus do thráigh sí.  
Agus sheól sé iad in sna doimhneasaibh, mar a seólfí iad i ngainmheach.  
10 Agus do shaor sé iad ó láimh lucht a bhfuathaithe (na ndaoine a thug fuath dhóibh).  
Agus d'fhuascail sé iad ó láimh a namhad.  
11 Agus chlúdaigh an t-uisce an lucht a bhí dhá gcrá.  
Duine acu níor tháinig saor (duine acu níor fágadh).  
12 Agus do chreideadar a bhréithre;  
agus do chanadar a mholta.

1 Véar. 45. "A fhíoraontachtaí," .i. a aitheanta. Tugtar *iustificaciones* ar na haitheantaibh mar is leis na haitheantaibh a gheibhtear fíoraontacht, nó *iustificatio*. Tugaid na *Protestúntibh* "reachta" orthu, mar ní leogann a gcreideamh féin dhóibh a dh'admháil go dtagann fíoraontacht a dea-oibreachaibh.

## Na Sailm

- 13 Do bhrostaíodar orthu, dhearúdadar a oibreacha agus níor fhanadar lena chómhairle.  
14 Agus shanntaíodar a mian san uaigneas, agus dheineadar fromadh ar Dhia san áit a bhí gan uisce.  
15 Agus thug sé dhóibh an ní a bhí uathu, agus chuir sé sáith isteach 'na n-anamaibh.  
16 Agus do ghríosadar Maois sa longfort, Aarón, aon naofa an Tiarna.  
17 Agus d'oscail an talamh agus shloig sé Datan, agus chlúdaigh sé pobal Abíroin,  
18 agus do lás tine 'na bpobal, agus do loisc an lasair na drochdhaoine.  
19 Agus dheineadar gamhain i Horeb, agus d'adhradar an rud snoite.  
20 Agus d'athraíodar a nglóire i riocht gamhna ag ithe féir (nú a dh'itheann féar).  
21 Dhearúdadar Dia do shaor iad, a dhein na nithe móra san Éigipt;  
22 na míorúiltí i dtalamh Chaim; na héachta scannrúla sa mhuir Ruaidh.  
23 Agus duairt sé go ndísceódh sé iad: mura mbeadh Maois, a dhuine tofa, do sheasamh sa bheárnain os a chómhair, ag iompáil a fheirge i leataoibh, ionas ná dísceódh sé iad.  
24 Agus ní raibh aon mheas acu ar an dtalamh fóna. Níor chreideadar a bhriathar.  
25 Agus bhíodar ag cnáimhseáil (gluaireán) istigh 'na gcábánaibh, agus níor thugadar cluas d'fhocal an Tiarna.  
26 Agus do thóg sé a lámh os a gcionn, chun iad do threascart san uaigneas,  
27 agus a sliocht a chaitheamh síos i measc na ngeinte, agus iad do scaipeadh i measc na dtíortha.  
28 Agus, leis, do snadhmadh iad<sup>1</sup> le Beelphégor, agus d'itheadar íbirtí na mharbh.  
29 Agus d'fheargaíodar é lena gceapadóireachtaíbh, agus do méadaíodh íde 'na measc (agus do hiolraíodh íde 'na measc).  
30 Agus do sheasaimh Phinees agus mhaolaigh sé é. Agus do stad an t-éirleach.  
31 Agus do hadmhaíodh san do in' fhíoraontacht, ó shliocht go sliocht go deó.  
32 D'fheargaíodar é, leis, ag uisce an bhréagnaithe, agus do buaireadh Maois mar gheall orthu.  
33 Óir do ghríosadar a sprid (anam) agus d'idirdhealbhaigh sé lena bheólaibh<sup>2</sup>.

1 Sailm 105, véar. 28. “Do snadhmadh iad,” .i. do dlíodh isteach iad, nú do coisreacadh iad chun íodail na Moabíteach, .i. Beelphégor. (Num. 25:3).

—*Ibid.* “Na marbh,” .i. íodail gan anam.

2 Véar. 33. “Do idirdhealbhaigh sé lena bheólaibh.” .i. Do chuir aighneas na ndaoine lagspridí éigin ar Mhaois i dtreó in inead labhairt leis an gcarraig mar adúradh leis, gur dhein sé idirdhealbhadh lena bheólaibh agus gur labhair sé leis na daoine: “Éistidh liom,” ar seisean, “a phobal dhíchreidimh an feidir dúinn uisce ' bhaint as an gcarraig seo

## Na Saim

34 Níor ídfodar na geinte aduairt an Tiarna leó ' dh'ídiú.  
35 Agus do meascadh iad ar na geintibh.  
Agus d'fhoghlamaíodar a n-oibreacha.  
36 Agus d'adhradar na rudaí snoite,  
agus dhein san scannal dóibh féin.  
37 Agus d'íbreadar a gclann mhac  
agus a gclann iníon chun deamhan.  
38 Agus dhoirteadar fuil neamhchiontach,  
fuil a mac féin agus a n-iníon féin,  
a dh'íbreadar chun rudaí snoite Chanaain.  
Agus do truailíodh an talamh le fuil,  
39 agus do sailíodh é lena n-oibreachaibh,  
agus chuadar i leataoibh 'na gceapadóireachtaibh féin.  
40 Agus do feargaíodh an Tiarna thar bárr chun a phobail.  
Agus tháinig gráin aige ar a oidhreacht.  
41 Agus thug sé i láimh na ngeinte iad.  
Agus chuir lucht a bhfuathaithe féna smacht iad.  
42 Agus do chráigh a namhaid iad,  
agus do húmhláíodh iad féna lámhaibh.  
43 D'fhuascail sé iad go minic.  
Ach d'fheargaíodar lena míchómhairle,  
agus do hísíodh iad trína ndrochghníomharthaibh.  
44 Agus do chonaic sé nuair a bhíodar i nguais,  
agus d'éist sé lena nguí.  
45 Agus do chuímhnigh sé ar a chonradh.  
Agus tháinig aithreachas air de réir iomadúlachta a thrócaire,  
46 Agus thug sé chun na trócaire iad  
i radharc na ndaoine go léir a dhein géimhleacha (bráide) dhíobh.  
47 Saor sinn, a Thiarna Dia,  
agus bailigh sinn as na geintibh.  
Ionas go dtabharfaimís baochas do t'ainm naofa,  
agus go ndéanfaimís maíomh as do ghlóire.  
48 Moladh leis an dTiarna, Dia Israél, ó shíor go síor,  
agus abradh an pobal go léir. Bíodh mar sin! Bíodh mar sin!

### Saim 106

*Confitemini Domino.*

*Iarrthar ar gach éinne baochas do ghabháil le Dia mar gheall ar a shíorfhóntacht do sna daoine.  
Alleluia\*.*

1 Tabhair glóire do Dhia, óir is maith é,  
óir maireann a thrócaire go deó.  
2 Abradh na daoine é, 'nar fhuascail an Tiarna iad,  
'nar fhuascail sé iad ó láimh a namhad.  
Na daoine a dh'fhuascail sé ó lámhaibh a namhad,  
agus do bhailigh sé as na tíorthaibh.

dhíbh!" fé mar ' bheadh staonadh éigin 'na chreideamh féin. (Num. 20:10)

## Na Sailm

- 3 Ó éirí gréine agus ó dhul fé dhi, ón gceann tuaidh agus ón muir.  
4 Bhíodar ag fánaíocht san uaigneas agus an áit gan ujisce.  
Ní bhfuadar slí cathrach chun cónaithe.  
5 Bhí tart agus ocras orthu,  
bhí ag dul dá n-anam istigh iontu.  
6 Agus do ghlaodar ar Dhia agus iad i nguais,  
agus d'fhuascail sé as a ngátar iad,  
7 agus chuir sé ar an slí díreach iad,  
chun go raighidís isteach sa chathair chónaithe (i gcathair chónaithe).  
8 Tugadh trócairí an Tiarna glóire dho,  
agus a mhíorúiltí do chlaínn an duine (do chlaínn daoine/don chine daonna).  
9 Óir tá a sháith tabhartha aige don anam a bhí folamh,  
agus tá an t-anam ocrach líonta aige de mhaitheasaibh.  
10 Iad san a bhí suite sa doircheacht agus i scáil an bháis  
i ngeimhlibh, i riachtanas, agus in iarann.  
11 Toisc gur fheargaíodar úrlabhra Dé,  
agus gur ghríosadar cómhairle an tÉ is Aoirde.  
12 Agus do híslíodh a gcroí le saothar;  
do lagaíodh iad agus ní raibh duine chun cabhraithe leó.  
13 Agus do ghlaodar ar an dTiarna agus iad i nguais,  
agus d'fhuascail sé iad as a ngátaraibh.  
14 Agus thug sé amach iad as n ndoircheacht agus a scáil an bháis.  
Agus do bhris sé na slabhraí a bhí orthu.  
15 Tugadh trócairí an Tiarna glóire dho,  
agus a mhíorúiltí do chlaínn na ndaoine.  
16 Óir do bhris sé geataí práis,  
agus mhionaigh se sabhanna iarainn.  
17 Do thóg sé iad a slí a mallaitheachta.  
Óir is mar gheall ar a bpeacaibh do húmhláíodh iad.  
18 D'fhuathaigh a n-anam gach bia.  
Agus chuadar i ngar do gheataibh an bháis.  
19 Agus ghlaodar ar an dTiarna nuair ' bhíodar i nguais.  
Agus d'fhuascail sé iad as a ngátaraibh.  
20 Chuir sé a bhriathar uaidh agus do leighis sé iad,  
agus d'fhuascail sé iad ón ídiú a bhí orthu.  
21 Glóire don Tiarna go dtugaidh a thrócairí\*,  
agus a mhíorúiltí do chlaínn na ndaoine.  
22 Agus íbridís íbirt mholta,  
agus insidís a oibreacha le mórail.  
23 An mhúintir a théann síos ar farraige i loingeas,  
ag déanamh gnótha i móruisceachaibh,  
24 do chonacadar san oibreacha an Tiarna  
agus a mhíorúiltí sa doimhneacht.  
25 Do labhair sé, agus d'éirigh meanmna stoirme  
agus do hárdáíodh na tonthacha,  
26 Téid siad suas go dtí an spéir, agus síos go duíbhagánaibh.  
Bhí a n-anam dá chloí le holcaibh.  
27 Iad dá suathadh agus dá luascadh mar ' bheadh fear meisce,



## Na Sailm

agus a n-eólas go léir ídithe (sloigithe).  
28 Agus ghlaodar ar an dTiarna agus iad i nguais,  
agus thug sé as a ngátaraibh iad.  
29 Agus dhein sé leóithne den stoirm,  
agus bhí na tonnthacha socair.  
30 Agus bhí áthas orthu toisc iad a bheith socair,  
agus thug se iad chun an chuain a bhí uathu.  
31 Glóire don Tiarna go dtugaidh a thrócairí.  
Agus a mhíorúiltí do chlaínn na ndaoine.  
32 Agus móraidís é in eaglais an phobail,  
agus molaidís é i gcathaoir na seanóirí.  
33 Dhein sé gainmheach de sna haibhníbh,  
agus talamh tirim de thoibreachaibh uisce.  
34 Riasc de thalamh fhónta,  
mar gheall ar mhallaitheacht na ndaoine a bhí ann.  
35 Dhein sé loch uisce den ghainmheach,  
agus toibreacha uisce den talamh a bhí gan uisce.  
36 Agus do chuir sé lucht an ocras san áit sin,  
agus dheineadar cathair chónaithe.  
37 Agus chuireadar síol sa talamh, agus chuireadar fíonghuirt.  
Agus thugadar toradh síolraithe.  
38 Agus bheannaigh sé aid agus mhéadaíodar go mór.  
Agus níor laíodaigh sé a mbeithígh (agus níor leog sé dá mbeithígh laíodú).  
39 Agus chuadar i laíghhead agus do crádh iad  
le trioblóidíbh na n-olc agus le dólás.  
40 Do cuireadh drochmheas ar a ríogra:  
agus chuir sé fán orthu in áit ná raibh gabháil tríd, agus a bhí as an slí  
41 Agus thug sé an bocht as a bhochtaineacht le cabhair,  
agus thug sé clann do ar nós na gcaorach.  
42 Chífid fíoraein agus beidh áthas orthu,  
agus cuirfidh gach mallaitheacht bas ar a bhéal.  
43 Cé hé an t-eagnach agus cimeádfaidh sé na nithe sin?  
Agus tuigfidh sé trócairí an Tiarna?  
(Cé hé an duine ciallmhar a chimeádfaidh na nithe sin  
agus do thuigfidh trócairí an Tiarna?)

### Sailm 107

*Parátum cor méum.*

*Molann an fáidh Dia mar gheall ar a thabharthaistíbh\*.*

1 *Cantic* sailme do Dháivid féin.  
2 Tá mo chroí ollamh, a Dhia, tá mo chroí ollamh.  
Canfad agus molfad, lem ghlóire.  
3 Éirigh, a ghlóire, éirídh, a sháltaire agus a chruit;  
éireódsá ar maidin go moch.  
4 Molfad thu, a Thiarna, i measc na ndaoine,  
agus canfad sailm duit i measc na ngeinte,

## Na Sailm

5 Óir is mór os cionn na spéartha do thrócaire,  
agus tá t'fhírinne suas chun na scamall.  
6 Mórthar thu, a Dhia, os cionn na bhflaitheas,  
agus do ghlóire os cionn na talún go léir;  
7 ionas go bhfuasclófi do cháirde ionúine,  
sábháil me led láimh dheis, agus éist liom.  
8 Tá labhartha ag Dia 'na naofacht.  
Glacfad áthas agus roinnfead Sicheam,  
agus tómhafad amach gleann na dtaibearnacal.  
9 Is liomsa Galaad, agus is liom Manasses;  
agus is é Ephraim cúmhach mo chéinn. Is é Iúda mo rí.  
10 Is é Moab pota mo dhóchais.  
Sínfead mo bhróg amach ar EDOM.  
Táid na daoine iasachta 'na gcáirdibh agam.  
11 Cé ' sheólfaidh isteach me sa chathair dhaingean?  
Cé ' sheólfaidh me isteach in EDOM?  
12 Ná ch tusa ' dhéanfaidh é, a Dhia, do theilg uait sinn?  
Agus ná raghair amach lenár slóitibh?  
13 Ó, cabhraighse linn 'nár dtrioblóid,  
óir is fánach cabhair ó dhaoineibh.  
14 Trí Dhia is ea ' dhéanfaimid éacht,  
agus is é féin a sheólfaidh ár namhaid ar neamhní.

### Sailm 108

*Deus laudem meam.*

*Dáivid, i bpearsain Chríost, ag guí in aghaidh a namhad, go mór mór in aghaidh Iúdáis an feallaire; ag ínsint an phionóis a bhí le teacht air agus a bhí tuillte aige mar gheall ar a sheasmhacht i bpeaca agus ar a neamhaithrí sa deireadh.*

1 Go crích. Sailm do Dháivid.  
2 A Dhia, ná bíse ciúin i dtaobh mo mholta.  
Óir tá béal an pheacaigh agus béal an fheallaire ar oscailt im choinnibh.  
3 Tá labhartha im choinnibh acu le teangthachaibh fill.  
Agus tá cainnteanna fuatha curtha acu im thimpall.  
Agus tá troid gan chúis déanta acu liom.  
4 In inead grá do chúiteamh liom, dheineadar cúlchainnt orm;  
agus níor dheineas-sa ach bheith ag guí.  
5 Agus do chúitíodar liom olc in aghaidh an mhaith.  
Agus fuath in aghaidh mo ghrá.  
6 Cuirse an peacach os a chionn<sup>1</sup> san;  
agus bíodh an diabhal 'na sheasamh ar a láimh dheis.  
7 Nuair a tugtar breith air téadh sé amach daor,  
agus deineadh peaca dá ghuí.

1 Sailm 108, véar. 6. "An peacach os a chionn," .i. tabhair cómhacht os a chionn don diabhal, an t-árdpheacach. Téadh sé isteach ann, .i. i Iúdás, agus glacadh sé seilbh ann. Na heascainí seo atá in sna deich véarsaibh fichid seo sa tsailm seo curtar iad i gcoinnibh an tríochad píosa airgid ar ar dhíol Iúdás ár Slánaitheóir: agus glactar iad i bhfuirm targaireachtaí ar na huilc ba cheart a theacht ar an bhfeallaire agus ar a lucht cunta, na Iúdaigh. Ní heascainí iad, le ceart, ach targaireachtaí.

## Na Sailm

8 Bíodh sé ar bheagán laethanta,  
agus tugtar a easpagaíocht do dhuine eile.  
9 Bíodh a chlann gan athair,  
agus a bhean 'na bainntrigh.  
10 Seóltar a chlann chun fáin, agus a d'iarraidh na déarca,  
agus díbearthar iad as a dtithibh féin.  
11 Scrúdaíodh fear an iúncamais a chuid go léir,  
agus stolladh daoine iasachta leó toradh a shaothair.  
12 Ná bíodh éinne chun cabhraithe leis,  
ná chun trua ' dhéanamh dá dhílleachtaithibh.  
13 Bíodh dísciú ar a shliocht.  
Téadh a ainm ar neamhní in aon ghlúin amháin.  
14 Bíodh cuímhne ar pheacaibh a shínsear os cómhair an Tiarna,  
agus ná cuirtar ar neamhní peaca a mháthar.  
15 Ar aghaidh an Tiarna gurb ea ' bheid siad i gcónaí,  
agus go n-imídh a gcuímhne as an saol:  
16 Toisc nár chuímhne sé ar thrócaire ' dhéanamh,  
17 agus gur chráigh sé an bocht, agus an fear déarca  
agus an té a bhí croíbhriste, chun é ' chur chun báis.  
18 Agus dob ionúin leis an mhallacht, agus tiocfaidh sí chuige.  
Agus níorbh áil leis an bheannacht, agus fanfaidh sí i bhfad uaidh.  
Agus chuir sé uime an mhallacht ar nós éadaigh;  
Agus chuaigh sí isteach 'na bholg mar a raghadh uisce;  
agus isteach 'na chnámhaibh mar a raghadh íle.  
19 'Na héadach go raibh sí dho, dhá chlúdach.  
agus mar ' bheadh crios, 'na thimpall i gcónaí.  
20 Sin í obair na ndaoine a bhíonn ag tromaíocht orm chun an Tiarna, agus ag labhairt uile in  
aghaidh mh'anama.  
21 Agus thusa, a Thiarna, dein liom ar son t'ainme,  
óir is suarc i do thrócaire.  
Saor me  
22 óir is duine bocht dealbh me,  
agus tá mo chroí go buartha istigh ionam.  
23 Táim tógtha chun siúil ar nós na scáile nuair a chlaonann sí,  
agus táim croite anuas ar nós na lócaistí.  
24 Táid mo ghlúine lagaithe le troscadh,  
agus mo chuid feola athraithe, ar son íle<sup>1</sup>.  
25 Táim im abhar tarcaisne acu súd,  
d'fhéachadar orm agus chroitheadar a gcínn.  
26 Cabhraigh liom, a Thiarna, a Dhia.  
Sábháil me de réir do thrócaire.  
27 Agus bíodh ' fhios acu gurb í seo do lámhsa,  
agus (gur) tu féin a dhein so, a Thiarna.  
28 Mallóid siad san, agus beannóirse.  
Go náirítear iad san atá ag éirí im choinnibh.  
Ach beidh áthas ar do sheirbhíseach.

1 Véar. 24. "Ar son íle," .i. le heaspa íle, .i. tá mo chuid feóla snoíte, seirgthe, toisc a cuid íle agus méithrais a bheith imithe aisti.

## Na Sailm

29 Go gclúdaítear le náire lucht tromaíochta orm,  
agus biodh a mearaí orthu 'na bhrat dúbalta.  
30 Molfadsa an Tiarna go mór lem béal,  
agus mórfad é i measc a lán,  
31 óir do sheasaimh sé ar dheis an duine bhoicht  
'om shaoradh ó lucht mh'anama do chrá.

### Sailm 109

*Dixit Dominus.*  
*Árdú Chríost agus a Shagartacht shíoraí.*

1 Sailm do Dháivid.  
Duairt an Tiarna lem Thiarna:  
Suigh ar mo (láimh) dheis  
go ndeinead cos-stól ded namhaid duit (go gcuiread do namhaid mar chos-stól féd chosaibh).  
2 Sínfídh an Tiarna amach slat do chómhacta a Síon.  
Cuirse smacht i bhfeidhm i lár do namhad.  
3 Agatsa atá príunsaíocht i ló do nirt,  
i lonnrachtaibh na naomh,  
as an mbroínn, roim réalt na maidine, do gheineas thu.  
4 Do dhearbhaigh an Tiarna agus ní bheidh aithreachas air,  
Is sagart tu go síoraí,  
de réir úird Mhelchisedech.  
5 An Tiarna ar do láimh dheis,  
do bhris sé na ríthe i ló a fheirge.  
6 Tabharfaidh sé breith i measc na ngeinte.  
Líonfaidh sé tiubaistí.  
Brúfaidh sé cinn a lán ar talamh (ar talamh a lán).  
7 Ólfaidh sé as an sruth sa tslí;  
dá dheascaibh sin árdóidh sé an ceann (árdóidh sé ceann/árdóidh sé a cheann).

### Sailm 110

*Confitébor tibi, Domine.*  
*Tá moladh ag dul do Dhia mar gheall ar a ghrástaibh agus ar a mhaitheasaibh don eaglais.*  
*Alleliuia.*

1 Molfad thu, a Thiarna, lem chroí go léir;  
i gcómairle na bhfioraon, agus sa phobal (agus sa chómhchruinniú).  
2 Is mór iad oibreacha an Tiarna,  
agus iad loirgthe de réir a thoileanna uile.  
3 Is moladh agus is mórgacht a shaothar;  
agus maireann a chóir trí shaol na saol.  
4 Tá cuímhneamh déanta ar a ghnóthaibh iúntacha,  
ag an dTiarna atá trócaireach atuach.  
5 Tá bia tabhartha aige don lucht atá eaglach roimis.  
Cuímhneóidh sé choíche ar a chonnradh.

## Na Sailm

6 Neósfaidh sé dá dhaoine cómhacht a oibreacha.  
7 Go dtugaidh sé dhóibh oidhreacht na ngeinte.  
Fírinne agus breithiúntas oibreacha a lámh.  
8 Táid a aitheanta uile dílis,  
daingean i cómhair saol na saol,  
déanta i bhfírinne agus i gceart.  
9 Chuir sé fuascailt chun a phobail;  
d'órdaigh sé a chonradh i gcómhair na síoraíochta.  
Is naofa a ainm agus is scannrúil.  
10 Tosach eagna eagla an Tiarna.  
Tuiscint mhaith do chách a dheineann é.  
Maireann a mholadh trí shaol na saol.

### Sailm 111

*Beatus vir.*

*Is é an fíoraon a gheibheann áthas.*

*Alleluia. Filleadh Aggéuis agus Sacharíais<sup>1</sup>.*

1 Is aoibhinn don té ar a bhfuil eagla an Tiarna.  
Gheóbhaidh sé áthas thar bárr in' aitheantaibh.  
2 Beidh a shliocht cómhachtach ar an dtalamh;  
curfar beannacht ar shliocht an fhíoraein (curfar beannacht ar shíol an dea-dhuine).  
3 Beidh glóire agus saibhreas 'na thigh  
agus maireann a fhíoraontacht go deó deó.  
4 Tá solas éirithe sa doirchecht don dea-dhuine,  
tá sé trócaireach, atruach, ceart.  
5 Is ionúin an duine a dheineann trua agus do thugann ar iasacht.  
Riarfaidh sé a bhréithre le tuiscint,  
6 óir ní suaithfar é choíche.  
7 Beidh an fíoraon i síorchuímhne (i gcuímhne go deó).  
Ní bheidh eagla air ag éisteacht leis an olc.  
Tá a chroí ollamh ar a mhuinín go cur as an dTiarna.  
8 Tá a chroí socair go daingean.  
Ní suaithfar é go bhféachaigh sé síos ar a namhaid.  
9 Do roinn sé; thug sé do sna bochtaibh.  
Maireann a fhíoraontacht go deó deó.  
Árdófar a adharc i nglóire.  
10 Chífidh an peacach agus beidh fearg air.  
Beidh sé ag díoscán len' fhiacraibh agus ag cnaí.  
Raghaidh mian na bpeacach ar neamhní.

### Sailm 112

*Laudate pueri.*

1 Sailm 111. "Filleadh Aggéuis," &c. Tá san sa Ghréigis agus sa Laidin ach níl sé san Éabhráis. Ciallaíonn an focal go raibh an tsailm sin oiriúnach ar chanadh nuair a bhí na daoine ag teacht tar n-ais ón mbraighdineas, chun a chur 'na luí orthu cad é an sólas a bheadh orthu dá mbeidís seasmhach i seirbhís Dé.

## Na Sailm

*Tá moladh ag dul do Dhia mar gheall ar a fheabhas do bhochtaibh agus do dhaoibh úmhla. Alleluia\*.*

1 Tugaidh moladh don Tiarna, a chlann ó.  
Tugaidh moladh d'ainm an Tiarna.  
2 Bíodh ainm an Tiarna dá mholadh,  
as so amach anois agus go deó.  
3 Ó éirí gréine go dul fé dhi.  
Tá moladh ag dul d'ainm an Tiarna.  
4 Tá an Tiarna go hárd os cionn na ngeinte go léir.  
Agus tá a ghlóire os cionn na bhflaitheas (spéartha).  
5 Cé 'tá mar an Tiarna ár nDia (ár dTiarna Dia)  
6 atá 'na chónaí thuas in sna flaitheas?  
agus d'fhéachann (a  
g féachaint) síos ar nithibh ísle ar neamh agus ar talamh?  
7 Ag tógáil an duine bhoicht ón dtalamh,  
agus ag árdú an duine dhealbh as an gcárn-aoiligh;  
8 chun é ' chur i measc na bpriúnsaí,  
an té i measc priúnsaí a phobail.  
9 Do chuireann an bhean aimrid 'na cónaí i dtigh  
'na máthair fé áthas ar chlaínn  
( 'na máthair clainne agus áthas uirthi).

### Sailm 113

*In exitú Israel.*

*Thaispeáin Dia a chómhacht nuair a thug sé a phobal as an Éigipt\*.*  
Alleluia.

1 Nuair a dh'imigh Israél amach as an Éigipt,  
teaghlach Iácoib as an bpobal barbartha,  
2 do deineadh a *shancuárium* de Iúdéa,  
agus a chómhacht d'Israél.  
3 Do chonaic an mhuir agus do theith sí.  
Chuaigh abha Iórdain i ndiaidh a cúil.  
4 Bhí na sléibhte ag damhas ar nós reithí,  
agus na cnuic mar ' bheadh uain chaorach.  
5 Cad a bhí ort, a mhuir, gur theithis?  
agus ortsa, a Iórdain, gur cuireadh i ndiaidh do chúil thu?  
6 A shléibhte, go rabhabhair ag damhas mar ' bheadh reithí?  
agus a chnuca, mar ' bheadh uain chaorach?  
7 Do suaitheadh an talamh ó aghaidh an Tiarna,  
ó aghaidh Dé Iácoib.  
8 An té a dhein locháin uisce den charraig,  
agus toibreacha uisce den chnucan cloch (fhail).

----

1 Ní dhúinne, a Thiarna, ní dhúinne,  
ach do t'ainm féin a thabharfair glóire.

## Na Sailm

2 Ar son do thrócaire, agus ar son t'fhírinne,  
Sara ndéarfadh na geinte choíche:  
“Ca bhfuil a nDia súd?”  
3 Tá ár nDiane, áfach, ar neamh.  
Do dhein sé an uile ní dár thoil leis.  
4 Airgead agus ór is ea íodail na ngeinte,  
oibreacha lámh daoine.  
5 Tá béil orthu agus ní labhraid siad.  
Tá súile iontu agus ní fheicid siad.  
6 Tá sróna orthu agus ní bhalaithíd siad.  
Tá cluasa orthu agus ní airíd siad.  
7 Tá lámha orthu agus ní mhothaíd siad.  
Tá cosa fúthu agus ní shiúlaid siad.  
Ní chuirid siad aon ghlaio as a scórnachaibh.  
8 Gura mar iad a bheidh an mhuíntir a dheineann iad!  
Agus gach duine a chuireann a mhuinín astu.  
9 As an dTiarna atá a muinín ag pobal Israél.  
Is é a gcabharthóir é agus a gcosantóir.  
10 As an dTiarna atá a muinín ag teaghlach Aaróin.  
Is é a gcabharthóir é agus a gcosantóir.  
11 Is as an dTiarna atá a muinín ag lucht eagla an Tiarna.  
Is é a gcabharthóir é agus a gcosantóir.  
12 Do chuímhnigh an Tiarna orainne,  
agus chuir sé a bheannacht orainn.  
Chuir sé a bheannacht ar phobal Israél.  
Chuir sé a bheannacht ar theaghlach Aaróin.  
13 Chuir sé a bheannacht ar gach éinne go bhfuil eagla an Tiarna air,  
idir bheag agus mór.  
14 Go gcuiridh an Tiarna tuilleadh beannacht oraibh,  
oraibh féin agus ar úr gcláinn.  
15 Go mba beannaithe sibh ón dTiarna  
do dhein neamh agus talamh.  
16 Is leis an dTiarna neamh na bhflaitheas,  
agus thug sé an talamh do chláinn na ndaoine.  
17 Ní hiad na mairbh a mholfaidh thu, a Thiarna,  
ná éinne díobh san a théann síos go hifreann.  
18 Ach is sinne, atá beó, a mholann an Tiarna,  
as so amach anois agus go deó.

### **Psalm 114**

*Dilexi.*

*Guí chun Dé á dhéanamh ag duine i nguais agus a mhuinín go láidir as Dia aige. Alleluia\*.*

1 Thugas grá, óir éistfidh an Tiarna le guth mo ghuí.  
2 Óir tá a chluas cromtha chúm aige,  
agus glaofad air i gcaitheamh mo shaeil.  
3 Tháinig guaiseanna (doghrainní) an bháis im thimpall,

## Na Saim

agus do fuair cúntúirtí ifrinn me.  
Do fuaras dólás agus trioblóid.  
4 Agus do ghlaos ar ainm an Tiarna.  
Ó, a Thiarna, fuascail (sábháil) m'anam.  
5 Tá an Tiarna trócaireach, ceart,  
agus taispeánann ár nDia trócaire.  
6 Is é an Tiarna cosnamhaí na mbeag.  
Do húmhlaíodh mise agus d'fhuascail sé me.  
7 Iompaigh, a anam liom, chun do shuaimhnis.  
Óir tá an Tiarna tar éis beith go maith dhuit,  
8 óir, d'fhuascail sé m'anam ón mbás,  
mo shúile ó dheóraibh,  
mo chosa ó thitim.  
9 Sásód an Tiarna  
i dtalamh na mbeó.

### Saim 115

*Credidi.*

*Tá an tsaim seo ceangailte den tsaim roimpi san Éabhras, agus leanann sí ag labhairt an chreidimh agus an bhaochais a bhí ag an salmaire. Alleluia.*

10 Do chreideas, agus dá dheascaibh sin do labhras;  
ach do húmhlaíodh me go mór.  
11 Duartsa im dhásacht:  
tá an uile dhuine bréagach.  
12 Cad a thabharfad don Tiarna  
as na nithibh go léir atá tabhartha aige dhom?  
13 Glacfad cailís an tslánaithe,  
agus glaofad ar ainm an Tiarna.  
14 Díolfad mo mhóide leis an dTiarna  
os cómhair a phobail go léir.  
15 Is luachmhar i radharc an Tiarna  
bás a naomh.  
16 Ó, a Thiarna, óir is seirbhíseach leat mise (is mise do sheirbhíseach),  
is seirbhíseach leat me (is me do sheirbhíseach), agus is mac me dod bhanóglach (is me mac do  
chailín).  
Do bhrisis mo chuíbhreacha.  
17 Íbreód chút íbirt mholta,  
agus glaofad ar ainm an Tiarna.  
18 Díolfad mo mhóide leis an dTiarna  
os cómhair a phobail go léir,  
19 i gcúirtibh tí an Tiarna,  
istigh id lársa, a Ierúsalem.

### Saim 116

*Laudate Dominum.*



## Na Saim

*Glaitear ar náisiúnaibh an domhain chun go molfaidís Dia mar gheall ar a thrócaire agus ar a fhirinne\*.*

Alleluia.

1 Molaidh an Tiarna, a gheinte go léir.

Molaidh é, a phobal go léir.

2 Óir tá a thrócaire socair orainn go daingean,

agus tá fírinne an Tiarna marthanach go deó

(agus tá fírinne an Tiarna síoraí/agus mairfidh fírinne an Tiarna go deó).

### Saim 117

*Confitemini Domino.*

*Molann an salmaire Dia do shaor é ó olcaibh\*. Cuireann sé a mhuinín go léir as, agus targaireann sé teacht Chríost.*

Alleluia.

1 Molaidh an Tiarna óir is maith é,

óir mairfidh a thrócaire go deó.

2 Abradh Israél anois: óir is maith é,

óir is síoraí é a thrócaire.

3 Abradh sliocht Aaróin anois:

óir is síoraí é a thrócaire.

4 Abradh lucht eagla roimis an dTiarna:

óir is síoraí é a thrócaire.

5 Do ghlaos ar an dTiarna im thrioblóid agus d'éist an Tiarna liom agus do scaoil sé me.

6 Is é an Tiarna mo chabharthóir.

Ní heagal liom aon ní a dhéanfaidh duine liom.

7 Is é an Tiarna mo chabharthóir,

féachfad síos ar mo namhaid.

8 Is maith an rud muinín as an dTiarna;

is féarr é ná iúntaoibh as duine.

9 Is maith an rud muinín as an dTiarna,

is féarr é ná iúntaoibh a ríthibh.

10 Thánadar na geinte go léir im thimpall,

agus in ainm an Tiarna dheineas díoltas orthu.

11 Thánadar im thimpall agus do thimpalladar me

agus in ainm an Tiarna tá díoltas déantas agam orthu.

12 Bhíodar im thimpall ar nós na mbeach,

agus do loisceadar ar nós tine i ndeilgnibh,

agus in ainm an Tiarna dheineas díoltas orthu.

13 Do brúdh orm agus do hiompaíodh me go dtitfinn,

agus chimeád an Tiarna suas me.

14 Is é an Tiarna mo neart agus mo mholadh,

agus is é mo shlánú é.

15 Tá guth an mhaite agus an tslánaithe,

i dtuibearnacalaibh na bhfioraon.

## Na Sailm

16 D'oibrigh lámh dheas an Tiarna neart.  
D'árdaigh lámh dheas an Tiarna mise.  
D'oibrigh lámh dheas an Tiarna neart.  
17 Ní éagfad, ach bead beó,  
agus neósfad oibreacha an Tiarna.  
18 'Om smachtú do smachtaigh an Tiarna me.  
Agus níor thug sé suas don bhás me.  
19 Osclaidh dom dóirse an chirt.  
Raghad isteach iontu agus molfad an Tiarna.  
20 Geata an Tiarna é seo.  
Is iad na fíoraein a raghaidh isteach ann.  
21 Tabharfad glóire dhuit mar d'éistis liom.  
Agus is tu is slánú dhom.  
22 An chloch a chaith na saoir uathu,  
is í atá mar cheann ar an gcúinne.  
23 Obair an Tiarna an ní sin,  
agus is iúntach é 'nár súilibhne.  
24 Is é seo an lá atá déanta ag an dTiarna.  
Bíodh áthas orainn agus gáirdeachas ann.  
25 Ó a Thiarna saor me!  
A Thiarna cuir an rath (an t-ádh) orainn.  
26 Beannacht ar an té a thig in ainm an Tiarna.  
Tá beannacht curtha againn oraibh a tigh an Tiarna.  
27 Is Dia an Tiarna (tá an Tiarna 'na Dhia) agus do thaithn sé orainn.  
Ceapaidh lá solmanta, le géagaibh scáfara,  
chómh fada le hadharc na haltórach.  
28 Is tusa mo Dhia agus molfad thu.  
Is tusa mo Dhia agus mórfad thu.  
Molfad thu de bhrí gur éistis liom,  
agus gur dhein díot slánú (go bhfuilid id shlánú) dhom.  
29 Ó, tugaidh moladh don Tiarna óir is maith é,  
agus mairfidh a thrócaire go deó  
(agus is marthanach a thrócaire go deó).

### Sailm 118

*Beátí immaculátí.*

*Uaisleacht súáilce, .i. grá d'aitheantaibh Dé agus dúil 'na gcimeád\*.*

Alleluia.

### Aleph<sup>1</sup>

1 Is aoibhinn don mhuíntir atá gan teimheal sa tslí,  
agus a shiúlann i ndlí an Tiarna.

1 Sailm 118. “Aleph.” Sin í an cheád leitir den aibítir Éabhra, agus “Aleph” an cheád focal de gach véarsa den cheád ocht véarsa den tsailm san Éabhras. “Beith” an tarna leitir den aibítir Éabhra, agus “beith” an cheád fhocal de gach véarsa den tarna hocht véarsa. Mar sin dóibh go dtí deireadh na haibítire; dhá leitir is fiche agus ocht véarsa ag gach leitir. Tugaid na haithreacha naofa mínithe iolartha ar an gcóru san. Taispeánann san a dheacracht na scriptiúirí do thuiscint agus an úmhlaíocht lenar ceart iad do lé', fé theagasc na hEagailse.

## Na Sailm

2 Is aoibhinn don mhuíntir a scrúdann a fhianaisí<sup>1</sup>,  
agus a loirgeann é le lánchroí.  
3 Óir an mhuíntir a dheineann an mhallaitheacht  
níl siúlta acu 'na bhóithribh.  
4 Tá órdaithe agat t'aitheanta do chimeád ro ró-aireach (nú, le hiomad aireachais).  
5 Ó, go stiúrthar mo shlitese  
chun t'fhíoraontachtaí do chimeád!  
6 Ansan ní bheidh náire orm  
nuair ' fhéachfad isteach it aitheantaibh go léir.  
7 Molfad thu le díreacht croí,  
nuair a bheid breitheanna do chirt foghlamtha agam.  
8 Cimeádfad t'fhíoraontachtaí.  
Ó! Ná treig ar fad me!

### Beth

9 Cad leis go gceartaíonn fear óg a shlí?  
Led bhréithrese do chimeád.  
10 Do loirgeas tu lem croí go léir.  
Ná leog me amú ó t'aitheantaibh.  
11 Chuireas do bhréithre i bhfolach im chroí  
i dtreó ná déanfainn peaca it aghaidh.  
12 Is beannaithe thu, a Thiarna,  
teagaisc dom t'fhíoraontachtaí.  
13 Lem beólaibh féin do labhras  
breitheanna uile do bhéilse.  
14 Do fuaras áthas i slí t'fhianaisí,  
mar a gheóbhfi ins gach saibhreas.  
15 Déanfad machnamh ar t'aitheantaibh,  
agus breithneód do shlite.  
16 Cuímhneód ar t'fhíoraontachaibh.  
Ní dhéanfad dearúd ded labharthaibh.

### Gimel

17 Bronn go fial ar do sheirbhíseach; beóigh me,  
agus cimeádfad do labhartha.  
18 Oscailse mo shúile  
agus breithneód nithe iúntacha do dhlí.  
19 Duine iasachta (ag treimhsíú) ar an dtalamh is ea mise;  
ná ceil t'aitheanta orm.  
20 Ba mhian le m'anam i gcónaí  
dúil a chur it fhíoraontachtaibh.  
21 D'imdheargais lucht an uabhair.

1 Sailm 118, véar. 2. “*A fhianaisí.*” Tugtar ar aitheantaibh Dé a “fhianaisí”, óir deinde siad fianaise dhúinne ar a thoil. Tabhair fé ndeara go bhfuil céad seacht ndeach a sé de véarsaibh sa tsailm seo agus gur beag má tá aon véarsa dhíobh gan trácht ann ar dhlí Dé agus ar an gcimeád is dual di, agus bíodh go n-athraítear na focail gurb é an bunús céanna atá i gcónaí leó.

## Na Sailm

Tá mallacht ar an muíntir a théann (a chlaonann) i leataoibh ó t'aitheantaibh.

22 Tóg uaim masla agus drochmheas,  
óir do loirgeas t'fhianaisí.

23 Mar do shuigh ríogra agus iad ag labhairt im aghaidh (im choinnibh),  
ach d'oibrigh do sheirbhíseach é féin it fhíoraontachaibh (ach bhí do sheirbhíseach ag déanamh taithí de t'fhíoraontachaibh).

24 Óir is iad t'fhianaisí mo mhachtnamh,  
agus is iad t'fhíoraontachtaí mo chómhairle.

### Dalet

25 Do dhlúthaigh m'anam ar an úrlár cloiche.  
Beóigh me de réir t'fhocail.

26 D'ínseas mo shlite agus d'éistis liom.  
Múin dom t'fhíoraontachtaí.

27 Teagaisc dom slí t'fhíoraontacht,  
agus oibreód me féin it oibreachaibh iúntacha.

28 Bhí m'anam 'na chodladh trí throime.  
Neartaighse me id bhréithribh.

29 Tóg uaim slí na mallaitheachta.  
Agus as do dhlí dein trócaire orm.

30 Do thoghas slí na fírinne.  
Níl dearúd déanta agam ded bhreitheannaibh.

31 Tá cloíte agam le t'fhianaisíbh.  
Ó a Thiarna, ná náirigh me! (nú, ná cuir náire orm.)

32 Do ritheas i slí t'aitheanta  
nuair a leathnaís mo chroí.

### He

33 Cuir síos mar dhlí dhom, a Thiarna slí t'fhíoraontacht, agus loirceód é i gcónaí.

34 Tabhair dom tuiscint agus scrúdód do dhlí,  
agus cimeádfad í lem chroí go hiomlán.

35 Seól me ar bhóthar t'aitheanta,  
óir sin é atá uaim.

36 Claon mo chroí chun t'fhianaisí,  
agus ná claon é chun sainnte.

37 Iompaigh mo shúile i leataoibh sara bhfeicfidís baois.  
Beóigh me id shlí féin.

38 Cuir do bhriathar ar a shúilibh dod sheirbhíseach:  
it eagla.

39 Tóg díom m'aithis, an ní is eagal liom (óir tá eagla agam roímpi),  
óir is suaire iad do bhreitheanna.

40 Féach tá dúil curtha agam it aitheantaibh.  
Beóigh me it fhíoraontacht.

### Vau

## Na Sailm

41 Tagadh do thrócaire orm, leis, a Thiarna,  
do shlánú de réir t'fhocail.  
42 Ansan freagród lucht tarcaisne ' thabhairt dom in aon ní,  
go bhfuil mo mhúinín agam as t'fhocalsa,  
43 agus ná bainse focal na fírinne as mo bhéal ar fad  
óir tá mo mhúinín agam thar bárr as do bhréithribh.  
44 Agus cimeádfad do dhlí i gcónaí  
go deó agus ar feadh saol na saol.  
45 Agus XXXX<sup>1</sup> go fórléathan,  
óir do bhíos ag lorg t'aitheantasa.  
46 Agus do labhrainn ar t'fhianaisibh i láthair ríthe,  
agus ní bhíodh náire orm.  
47 Agus dheininn machnamh ar t'aitheantaibh,  
agus dob ionúin liom iad.  
48 Agus d'árdaínn mo lámha chun t'aitheanta, óir dob ionúin liom iad.  
Agus dheininn taithí de t'fhíoraontachtaibh.

### Zain

49 Cuímhíghse ar t'fhocal chun do sheirbhísigh, an focal gurb ann a thugais dóchas dom.  
50 Chuir an dóchas san sólas orm, im úmhlú;  
óir do bheóigh t'fhocal me.  
51 Dheineadh lucht uabhair mallaitheacht ar gach aon chuma,  
ach níor chlaonas-sa ód dhlíse.  
52 Chuímhínn (bhínn ag cuímhíneamh) ar do bhreitheannaibh riamh, a Thiarna,  
agus do curtí sólas orm.  
53 Do rug lagachar greim orm,  
mar gheall ar na cuirpigh a thréigeann do shlí.  
54 Dob abhar cantainne dhómhsa t'fhíoraontachtaí,  
in áit m'oilithre (san áit 'na rabhas ar oilithre).  
55 Do chuímhínn ar t'ainm san oíche, a Thiarna,  
agus chimeádainn do dhlí.  
56 Do thárla san dom  
mar do loirgeas t'fhíoraontachtaí.

### Heth

57 Do chuid den tsaol thu, a Thiarna!  
Tá ráite agam go gimeádfainn do dhlí.  
58 D'iarras t'aghaidh lem croí go léir.  
Dein thrócaire orm de réir do labhartha.  
59 Do bhreithníos mo shlite,  
agus d'iompaíos mo chosa chun t'fhianaisí.  
60 Táim ollamh, agus níl buaireamh orm;  
go gcimeádad t'aitheanta.  
61 Táid téada na gcuirpeach tímpall orm,  
ach níl dearúd déanta agam ded dhlí.

1 Need to check p206 of the manuscript.

## Na Sailm

62 D'éirínn i lár na hoíche ag tabhairt molta dhuit (chun tu ' mholadh),  
mar gheall ar bhreitheannaibh t'fhíoraontachta.

63 Táimse páirteach leis an muintir sin go léir go bhfuil t'eagla orthu,  
agus a chimeádann t'aitheanta.

64 Tá an domhan lán, a Thiarna, ded thrócaire;  
teagaiscse dhómhsa t'fhíoraontachtaí.

### Teth

65 Tá maitheas déanta agat dod sheirbhíseach, a Thiarna,  
de réir t'fhocail.

66 Múin dom fíontacht, agus smacht, agus eólas.  
Óir do chreideas it aitheantaibh.

67 Sarar hómhlaíodh me do dheineas peaca,  
dá bhri sin chimeádas do bhréithrese.

68 Is maith tusa, agus ded mhaitheas  
múin dómhsa t'fhíoraontachtaí.

69 Tá mallaitheacht lucht uabhair méadaithe os mo chionn.  
Ach scrúdódsá t'aitheantasa lem croí go léir.

70 Tá a gcroí calcaithe 'na ghruth ar nós báinne,  
ach tá machnamh déanta agamsa ar do dhlíse.

71 Is féarrde mise tu dhom úmhlú,  
ionas go bhfoghlamóinn t'fhíoraontachtaí.

72 Is tairbheach dom dhlí do bhéil,  
thar na míltibh óir agus airgid.

### Iod

73 Is iad do lámhasa a dhein me, agus do chúm me,  
tabhair do tuiscint dom ionas go bhfoghlamód t'aitheanta.

74 An mhúintir is eaglach rómhatsa chífid siad mise agus bheidh áthas orthu.

Óir chuireas mo dhóchas thar bárr id bhréithribh (mhuinín thar barr as do bhréithribh).

75 Is eól dom, a Thiarna, gur ceart do bhreitheanna,  
agus it fhírinne d'úmhaís me.

76 Ó! bíodh do thrócaire mar shólás agam!

De réiri do chómhra led sheirbhíseach.

77 Tagadh do thrócairí ceannsa chúmsa agus bead beó.

Óir is é (is í) do dhlí mo mhachnamh.

78 Bíodh náire ar lucht an uabhair, óir dheineadar éagóir orm,  
ach beadsa gnóthach le t'aitheantaibhse.

79 An mhúintir go bhfuil t'eagla orthu iompaídís chúmsa,  
agus an mhúintir gurb eól dóibh t'fhianaisí.

80 Bíodh mo croí gan teimheal it fhíoraontachtaibh,  
ionas ná beidh náire orm.

### Caph

81 Do lagaigh mo croí i ndiaidh do shlánaithe,

## Na Sailm

agus chuireas mo mhuinín thar bárr as t'fhocal.  
82 Do lagaíodar mo shúile i ndiaidh do bhréithre,  
dhá rá: cathain a chuirfí solás orm?  
83 Óir táim mar ' bheadh buidéal leathair sa tsioc,  
níl dearúd déanta agam de t'fhíoraontachtaibh.  
84 An mór iad laethanta do sheirbhísigh?  
Cathin a thabharfair breith (chuirfí breith i bhfeidhm) ar an lucht atá 'om chrá?  
85 D'inis daoine mallaithe dhom neithe bréagacha  
ní hionann iad agus do dhlíse.  
86 Is firinne t'aitheantasa go léir.  
Do chrádar súd me go mallaithe. Cabhraigh liom.  
87 Is beag ná go bhfuil deireadh curtha acu liom (gur chuireadar deireadh liom) ar an saol;  
ach níor thréigeas-sa do dhlíse.  
88 De réir do thrócaire beóigh me,  
agus cimeádfad fianaisí do bhéil.

### Lamed

89 Go síoraí, a Thiarna,  
atá do bhriathar 'na sheasamh daingean ar neamh.  
90 Tá t'fhirinne ó shliocht go sliocht.  
Chuiris an talamh ar a bhunaibh agus leanann sé ann.  
91 Le t'órdú is ea ' ghluaiseann an lá.  
Óir tá gach ní úmhal duit.  
92 Dá mba ná beadh do dhlí mar mhachnamh agam,  
ansan is ea do caillfí me im dhobrón, b'fhéidir.  
93 Go deó ní dhearúdfad t'fhíoraontachtaí,  
óir is leó san do dheinis beó me.  
94 Is leat féin me; sábháil me,  
óir do loirgeas go cruaidh t'fhíoraontachtaí.  
95 Bhí na drochdhaoine ag feitheamh liom chun m'ídithe (me ' dh'ídiú).  
Ach do thuigeas t'fhianaisí.  
96 Do chonac deireadh gach beachtúcháin.  
Ach tá t'aithnese go rófhórleathan.

### Mem

97 Cad é mar is ionúin liom do dhlí, a Thiarna!  
Is í mo mhachnamh í an lá go léir.  
98 Le t'aithne dheinis me níos gasta ná mo namhaid,  
óir bíonn sí agam i gcónaí.  
99 Tá mo thuiscint os cionn tuisceana mo mhúinteóirí go léir,  
óir is iad t'fhianaisíse mo mhachnamh.  
100 Tá tuiscint agam os cionn na sean,  
óir do loirgeas t'aitheantasa.  
101 Do chimeádas mo chosa ó gach drochshlí,  
ionas go gcimeádfainn do bhriathrasa.  
102 Níor chlaonas ód bhreitheannaibh,

## Na Sailm

óir is tu do cheap an dlí dhom.

103 Cad é mar is milis im chogansach do ráitese!

(Is misle) ná mil iad im béal.

104 Ó t'aitheantaibhse a fuaras tuiscint,  
uime sin a thugas fuath do gach slí mallaitheachta.

### Nun

105 Lóchrann dom chosaibh is ea do bhriathar,  
agus solas dom chosánaibh.

106 Do dhearbhaíos agus do cheapas  
breitheanna do chirtse do chimeád.

107 Do húmhlaíodh me thar bárr, a Thiarna,  
Beóighse me de réir t'fhocail.

108 Saorofrálacha mo bhéil dein taitheamhach, a Thiarna,  
agus múin dom deo bhreitheanna.

109 Bíonn m'anam im láimh agam coitianta,  
agus níl dearúd déanta agam ded dhlí.

110 Chuir drochdhaoine inneall dom (nú, rómham).  
Ach níor chuas amú ó t'aitheantaibhse.

111 Táid t'fhianaisí ceannaithe agam in oidhreacht go deó,  
óir is iad áthas mo chroí iad.

112 Do chlaonas mo chroí chun t'fhíoraontachtaí do dhéanamh  
go deó, ar son an tuarastail.

### Samech

113 Thugas fuath do lucht mallaitheachta,  
agus thugas grá dod dhlíse.

114 Is tusa mo chabhair agus mo chosnamh,  
agus tá mo mhuinín agam as t'fhocal thar bárr.

115 Imídh uaim, a mhallaitheóirí,  
agus scrúdód aitheanta mo Dhia.

116 Cimeád suas me de réir do chómhra féin, agus beidh mé beó,  
agus ná cuir náire orm trí chailliúint mo dhóchais.

117 Cabhraighse liom agus sábhálfar me,  
agus machnód de shíor ar t'fhíoraontachtaibh.

118 Do dhímheasais iad san uile do thiteann ód bhreitheannaibh,  
óir tá a machnamh mícheart.

119 Camastóirí, mar ' mheasaim, is ea peacacha an domhain uile.  
Dá bhrí sin is ea ' thugas grá do t'fhianaisibhse.

120 Pollsa mo chuid feólsa le t'eagla,  
óir tá scanradh orm roimed bhreitheannaibh.

### Ain

121 Tá breithiúntas agus fíoraontacht déanta agam.  
Ná tabhair suas me dhóibh sin a bhíonn ag tromaíocht orm.



## Na Sailm

- 122 Cimeád suas do sheirbhíseach chun maitheasa.  
Ná bíodh lucht uabhair ag tromáíocht orm.  
123 Do lagaigh mo shúile i ndiaidh do shlánaithe,  
agus i ndiaidh úrlabhra do chirt.  
124 Dein led sheirbhíseach de réir do thrócaire,  
agus múin dom t'fhíoraontachtaí.  
125 Is me do sheirbhíseach, tabhair tuiscint dom,  
ionas go mbeidh eólas agam ar t'fhianaisibh.  
126 Is mithid gníomh a dhéanamh, a Thiarna.  
Tá do dhlí curtha ar neamhní acu.  
127 Uime sin thugas-sa grá do t'aitheantaibh  
thar ór agus thar an *topasos*\*.  
128 Mar gheall air sin do stiúraíodh me chun t'aitheantasa go léir:  
thugas fuath do gach slí mhallaithe.

### Phe

- 129 Is iúntach iad t'fhianaisí;  
dá bhrí sin do scrúdaigh mh'anam iad.  
130 Tugann foillsiú do labhartha solas,  
agus tugann sé tuiscint do dhaoineibh beaga.  
131 D'osclas mo bhéal agus tharraigeas anál,  
óir bhí dúil agam it aitheantaibh.  
132 Féach orm agus dein trócaire orm,  
de réir bhreithiúntais na ndaoine a thugann grá do t'ainm.  
133 Stiúraigh mo chéimeanna de réir t'úrlabhra,  
agus ná faigheadh aon mhallaitheacht an lámh uachtair orm.  
134 Fuascail me ó thromaíocht daoine,  
ionas go gcimeádfad t'aitheanta.  
135 Cuir solas ó t'aghaidh ar do sheirbhíseach,  
agus múin dom t'fhíoraontachtaí.  
136 Do thál mo shúile toibreacha uisce,  
toisc nár chimeádar do dhlí.

### Sade

- 137 Is ceart tu (taoi ceart), a Thiarna,  
agus is díreach do bhreith.  
138 Tá fíoraontacht órdaithe agat, agus t'fhianaisí,  
agus t'fhirinne go dian.  
139 Chuir mo dhásacht claoichló orm,  
óir dhearúdar mo namhaid do bhréithre.  
140 Tá t'úrlabhra glan thar bárr,  
agus thug do sheirbhíseach grá dho.  
141 Táimse go han-ór agus fé tharcaisne;  
níor dhearúdas t'fhíoraontachtaíse ámh.  
142 Is ceart de shíor do cheartsa,  
agus is fírinne do dhlí.

## Na Sailm

143 Tá trioblóid agus guais tagaithe ormsa;  
is iad t'aitheanta mo mhachnamh.

144 Is ceart go deó t'fhianaisí.  
Tabhair dómhsa tuiscint agus bead beó.

### Coph

145 Do ghlaos lem chroí go léir: éist liom, a Thiarna;  
loirceód t'fhíoraontachtaí.

146 Do screadas ort; sábháil me,  
ionas go gcimeádfad t'aitheanta.

147 Do sháraíos breacadh an lae, agus do screadas.  
Óir do chuireas mo mhuinín thar bárr as do bhréithribhse.

148 Do sháraíodar mo shúile an mhaidean chút (duit).  
Ionas go machnóinn ar t'úrlabhra.

149 Éistse lem ghlór, a Thiarna, de réir do thrócaire,  
agus beóigh me de réir do bhreithiúntais.

150 Tháinig lucht mo chráite i ngar don mhallaitheacht,  
ach d'imíodar i bhfad ód dhlíse.

151 Taoise achomair, a Thiarna,  
agus is fírinne do shlite go léir.

152 Dob eól dom ó thosach i dtaobh t'fhianaisí,  
gur chuiris ar bun iad go deó (go síoraí).

### Res

153 Féach ar m'úmhlú, agus fuascail me;  
óir níl dearúd déanta agam ded dhlí.

154 Breithnigh mo bhreithiúntas agus fuascail me;  
ar son t'úrlabhra beóigh me.

155 Is fada o pheacachaibh slánú,  
toisc nár loirgeadar t'fhíoraontachtaíse.

156 Is iolartha (iomadúil) iad do thrócairí, a Thiarna;  
de réir do bhreith beóigh me.

157 Tá a lán 'om chrá, agus 'om buaireamh;  
níor chlaonas ó t'fhianaisíbhse.

158 Chonac na camastóirí, agus do lagaíos,  
toisc nár chimeádadar do bhréithrese.

159 Féach mar a thugas-sa grá do t'aitheantaibh, a Thiarna.  
Ded thrócaire beóigh me.

160 Is fírinne tosach do bhréithre,  
táid do bhreitheanna cirt uile (breitheanna do chirt go léir) síoraí.

### Sin

161 Do chrádar príúnsaí me gan chúis;  
agus bhí eagla do bhriathar ar mo chroí.

162 Beidh áthas orm i dtaobh t'úrlabhra,

## Na Sailm

ar nós duine a gheóbhadh mórán foghla.

163 Tá fuath agam don mhallaitheacht, agus gráin agam uirthi.

Ach tá grá agam dod dhlí.

164 Do thugas moladh dhuit (tá moladh tabhartha agam duit) seacht n-uaire sa ló, mar gheall ar bhreitheannaibh do chirt.

165 Tá mórán síochán ag lucht grá ' thabhairt dod dhlí, agus níl abhar barrathuisle i ndán dóibh.

166 Bhíodh mo shúil led shlánú, a Thiarna, agus dob ionúin liom t'aitheanta.

167 Do chimeád m'anam t'fhianaisí, agus thug sé grá dhóibh thar bárr.

168 Chimeádas t'aitheanta agus t'fhianaisí, óir táid mo shlite go léir os do chómhair.

### Tau

169 Leog do m'achainí teacht i ngar dod radharc, a Thiarna, de réir t'úrlabhra tabhair tuiscint dom.

170 Leog do m'achainí dul isteach id láthair, de réir t'úrlabhra fuascail me.

171 Labharfad mo bheóla hiomann<sup>1</sup>, nuair a mhúinfir dom t'fhíoraontachtaí.

172 Labharfaidh mo theanga do bhriathar, óir táid t'aitheanta go léir ceart (is ceart iad t'aitheanta go léir).

173 Bíodh do lámh liom chun me ' shábháil, óir ghlacas t'aitheanta mar rogha.

174 Chuireas mo dhúil id shlánú, a Thiarna, agus b'é do dhlí mo mhachnamh.

175 Mairfidh m'anam agus molfaidh sé thusa, agus cabhróid do bhreitheanna liom.

176 Chuas amú ar nós caeireach a cailleadh, cuardaigh do sheirbhíseach, óir níl dearúd déanta agam de t'aitheantaibh.

### Sailm 119

*Ad Dominum.*

*Guí i nguais.*

*Cantic ghrádúil*<sup>\*2</sup>.

1 Im thrioblóid do screadas (ghlaos) ar an dTiarna, agus d'éist sé liom.

1 PUL: a hymn.

2 Sailm 119. "Cantic *ghrádach*." Na chúig salma déag so síos tugtar salma grádacha orthu, nú canticí grádach, ón bhfocal *gradus*, focal a chiallaíonn céim, nú éirí, nú grád; toisc go raibh órdaithe iad do chanadh ar na chúig céimeannaibh déag lena dtéadh na daoine suas sa teampall; nú toisc go n-árdaíthí guth na gcantóirí chúig árdú déag i gcaitheamh na cantaireachta; nú toisc go raibh ar na daoine iad do chanadh ag teacht abhaile óna mbraighdineas dóibh, agus ag dul suas dóibh go Ierúsalem a bhí i measc na gcnuic. Tuigid na haithreacha naofa go bhfuil brí diamhar leis na céimeannaibh sin, go gciallaid siad na ciscéimeanna sprideálta a thugann an Críostaí, ag éirí dho i súáilcibh agus i bhfíoraontacht, go dtí go sroiseann sé fíorthempall Dé, Ierúsalem na bhflaitheas.

## Na Sailm

2 A Thiarna, saor m'anam ó bheólaibh mallaithe,  
agus ó theangain an fhíll.  
3 Cad a tabharfar duit nú cad a curfar mar thuilleadh leat,  
do theangain an fhíll?  
4 Saígheada géara an chómhachtaigh  
mar aon le sméaróidíbh míllteacha.  
5 Mairg dómhsa mar tá mo chónaí iasachta curtha i bhfaid.  
Do chónaíos i bhfochair lucht cónaithe céadair.  
6 Is fada m'anam i gcónaí iasachta.  
7 Bhíos síochánta le lucht fuathaithe na síochána.  
Nuair a labhrainn leo do throididís liom gan chúis.

### Sailm 120

*Levávi oculos.*

*Is é Dia cimeádaí a sheirbhíseach.*

*Cantic ghrádúil\*.*

1 Thógas suas mo shúile chun na gcnuc  
as a dtiocfaidh an cúnamh chúm.  
2 Is ón dTiarna a dhein neamh agus talamh  
a thiocfaidh cúnamh chúmsa.  
3 Nár leogaidh sé dod chois bogadh (do chos a bhogadh).  
Agus nár dheinidh do chimeádaí codladh.  
4 Féach, ní dhéanfaidh an té sin codladh ná sáimhe  
atá ag cimeád Israél.  
5 Tá an Tiarna 'od chimeád.  
Tá an Tiarna ar do láimh dheis 'od chosnamh.  
6 Ní loiscfidh an ghrian thu sa ló,  
ná an ghealach san oíche.  
7 Tá an Tiarna 'od chosaint ar gach olc (chimeád ó gach olc).  
Go gcosnaidh an Tiarna t'anam!  
8 Go gcosnaidh an Tiarna do theacht isteach agus do dhul amach,  
as so amach anois agus go deó!

### Sailm 121

*Laetatus sum in his.*

*Dúil na bhfíoraon i dteacht ríochta Dé agus i síocháin don Eaglais.*

*Cantic ghrádúil\*.*

1 Dob áthas liom na nithe adúradh liom:  
raighimid isteach i dtigh an Tiarna.  
2 Bhí ár gcosa 'na seasamh  
id árasaibhse, a Ierúsalem.  
3 Ierúsalem atá déanta 'na cathair,  
go dlúite 'na chéile.  
4 Óir ansúd suas a théid na treabha, treabha an Tiarna,

## Na Sailm

fianaise Israél, ag moladh ainme an Tiarna,  
5 óir do shuíodar a gcathaoireachaibh\* i mbreithiúntas,  
cathaoireacha os cionn teaghlaigh Dháivid.  
6 Guídh na nithe atá chun síochána do Ierúsalem,  
agus chun flúirse do lucht grá ' thabhairt duit.  
7 Bíodh síocháin id neart,  
agus flúirse id thúraibh.  
8 Ar son mo bhráthar agus ar son mo chómharsan,  
do labhrainn síocháin id thaobh.  
9 Ar son teaghlaigh ár dTiarna Dia,  
d'iarras maitheasaí dhuit.

### Sailm 122

*Ad te levávi.*

*Guí i gcrúatan, agus muinín as Dia.*

*Cantic ghrádúil\*.*

1 Chútsa suas a thógas mo shúile,  
chút atá id chónaí in sna flaithis.  
2 Féach, ar nós súile na seirbhíseach  
ar lámhaibh a máistrí,  
ar nós súile an chailín  
ar lámhaibh a maistreás.  
Sin mar atá ár súilene ar ár dTiarna Dia,  
go dtí go ndéanfaidh sé trócaire orainn.  
3 Dein trócaire orainn, a Thiarna, dein trócaire orainn,  
óir taimíd go hana-lán de tharcaisne.  
4 Óir tá ár n-anam go hana-lán.  
Is masla sinn do lucht flúirse, is mímheas sinn do lucht uabhair.

### Sailm 123

*Nisi quia Dominus.*

*An eaglais ag tabhairt glóire do Dhia mar gheall ar a fuascailt óna namhaid.*

*Cantic ghrádúil\*.*

1 Mura mbeadh go raibh an Tiarna linn;  
abradh Israél anois:  
2 Mura mbeadh an Tiarna ' bheith linn,  
nuair a dh'éirigh daoine 'nár n-aghaidh.  
3 B'fhéidir go sloigfidís 'nár mbeathaidh sinn;  
nuair a las a bhfearg 'nár gcoinnibh,  
4 b'fhéidir go sloigfeadh an t-uisce sinn.  
5 Do chuaigh ár n-anam trí thuile,  
b'fhéidir go ngeóbhadh ár n-anam  
trí uisce nárbh fhéidir a sheasamh.  
6 Moladh leis an dTiarna nár thug sinn

## Na Sailm

chun bheith 'nár bhfoghail dá bhfiacailbh.  
7 Do sciobadh ár n-anam, ar nós an ghealbhúin,  
as inneall na bhfiagaithe.  
Do briseadh an t-inneall,  
agus do fuascladh sinne.  
8 Tá ár gcabhair in ainm an Tiarna  
a dhein neamh agus talamh.

### Sailm 124

*Quí confidunt.*  
*Bíd na fíoraein fé chosnamh Dé i gcónaí\*.*

1 An mhúintir go bhfuil a muinín acu as Dia is cuma iad nú cnuc Síoin.  
Ní suaithfar choíche an té a chónaíonn  
2 in Ierúsalem. Cnuic 'na thimpall,  
agus an Tiarna timpall ar a phobal féin,  
as so amach anois agus go deó.  
3 Óir ní fhágfaidh an Tiarna slat na bpeacach  
os cionn chraínnchur na bhfíoraon,  
i dtreó ná sínfid na fíoraein  
a lámha amach chun mallaitheachta  
4 Dein maitheas, a Thiarna, do dhea-dhaoinibh,  
agus don lucht is díreach croí.  
5 Ach an mhúintir a dh'iompaíonn i leataoibh fé cheanglaibh,  
seólfaidh an Tiarna amach iad i dteannta lucht mallaitheachta ' dhéanamh.  
Síocháin ar Israél!

### Sailm 125

*In convertendo.*  
*Áthas ar phobal Dé trína bhfuascailt a braighdineas.*  
*Cantic ghrádúil\*.*

1 Nuair a thug an Tiarna thar n-ais braighdineas Shíoin  
bhíomair mar ' bheadh daoine go gcurfí sólas orthu.  
2 Ansan a bhí ár mbéal lán d'áthas,  
agus ár gcroí de mhóráil.  
Ansan adéarfair i measc na ngeinte:  
tá nithe móra déanta ag an dTiarna dhóibh.  
3 Tá nithe móra déanta ag an dTiarna dhúinn.  
Táimid 'nár ndaoinibh áthasacha.  
4 Cas arís, a Thiarna, ár mbraighdineas,  
mar ' bheadh sruth laisteas.  
5 An mhúintir a chuireann síol i ndeóraibh,  
bainfid siad fómhar fé áthas.

## Na Sailm

6 Bhídís ag imeacht agus iad ag gol,  
ag cur a gcod' sil,  
7 agus beid siad ag teacht agus móráil orthu,  
agus iad ag iompar a bpunann.

### Sailm 126

*Nisi Dominus.*

*Ní féidir aon rud a dhéanamh gan grásta Dé.*

*Cantic ghrádúil ó Sholomon\*.*

1 Mura ndeinidh an Tiarna an tigh  
is fánach saothar na ndaoine atá á dhéanamh.  
Mura gcimeádaidh an Tiarna an chathair  
is fánach faire an té atá dhá cimeád.  
2 Is baoth dhíbh bheith ag éirí roimis an solas<sup>1</sup>.  
Éirídh tar éis suite dhíbh,  
a lucht aráin an dóláis a dh'ithe.  
Nuair a thabharfaidh sé codladh dá cháirdibh ionúine  
3 féach, oidhreacht an Tiarna an chlann;  
toradh na broinne an tuarastal.  
4 Is cuma nú saigheada i láimh an chómhachtaigh  
clann na ndaoine a suathadh.  
5 Is aoibhinn don fhear go bhfuil a lán dhóthain díobh aige.  
Ní bheidh mearathall air nuair a labharfaidh sé lena namhaid sa gheata.

### Sailm 127

*Eagla Dé a sheólann chun áthais.*

*Beátí omnes.*

*Cantic ghrádúil\*.*

1 Is aoibhinn do gach duine ar a bhfuil eagla an Tiarna.  
Agus a shiúlann 'na shlitibh.  
2 Óir íosfair saothar do lámh féin.  
Is aoibhinn duit, agus beidh (an scéal) go maith agat.  
3 Do bhean 'na fíniúin thorthach,  
ar thaobh do thí.  
Do chlann 'na mbuinneánaibh ola,  
mórhímpall do bhúird (ar do bhórd).  
4 Féach, sin mar a curfar beannacht ar an nduine  
ar a bhfuil eagla an Tiarna.  
5 Go gcuiridh an Tiarna beannacht ort a Síon,  
agus maitheasaí Shíoin go bhfeicir gach lá ded shaol!  
6 Agus go bhfeicfir clann do chlainne!  
Síocháin ar Israél!

1 Sailm 126, véar. 2. "Is baoth dhíbh éirí roimis an solas." .i. beidh úr mochóirí agus úr saothar agus úr bpráinn shaolta in aistear, .i. gan tairbhe, mura mbeidh solas, agus grásta agus beannacht ó Dhia agaibh.

### Sailm 128

*Saepe expugnaverunt.*

*Tá Eaglais Dé dochloíte. Téid a namhaid ar neamhni. Cantic ghráduil\*.*

1 Is minic ó m'óige do chuireadar troid orm,  
abradh Israél anois:

2 “Is minic ó m'óige do chuireadar troid orm,  
ach níor éirigh leó im choinnibh.

3 D'oibríodar na peacacha ar mo dhrom,  
chuireadar a mallaitheacht i bhfaid.

4 Tá an Tiarna ceart.

Geárrfaidh sé muineála na bpeacach.

5 Mearathall agus iompáil i ndiaidh a gcúil  
ar gach ar thug fuath do Shíon.

6 Bídís mar an bhféar ar bharraibh na dtithe,  
a bhíonn feóchta sara staitear é,

7 agus ná líonann an buanaí a lámh de,  
ná an té a bhailíonn na punanna a ucht.

8 Agus ní duairt lucht taistil slí:

beannacht an Tiarna oraibh:

Chuireamair beannacht oraibh in ainm an Tiarna (tá beannacht curtha againn oraibh in ainm an Tiarna).

### Sailm 129

*\*De profundis.*

*Guí an pheacaigh 'na mbíonn a mhuinín aige a trócaire Dé. An 6ú sailm de sna sailmibh aithrí.  
Cantic ghráduil\*.*

1 As na doimhneasaihb a screadas ort, a Thiarna.

2 Éist, a Thiarna, lem ghlór,  
tugadh do chluasa aire do ghlór m'achainí.

3 Má fhéachann tú ar na peacaíbh, a Thiarna,  
a Thiarna, cé ' sheasóidh é!

4 Óir tá agatsa trócaire agus maithiúnachas  
agus de dheascaibh do dhlí d'fhanas leat, a Thiarna,  
seasamh mh'anama ar a bhriathar.

5 Muinín mh'anama as an dTiarna.

6 Ó fhaire na maidine go dtí an oíche  
bíodh muinín ag Israél as an dTiarna.

7 Óir is ag an dTiarna atá trócaire,  
agus is aige atá fuascailt iomarcach.

8 Agus is é féin a dh'fhuasclóidh Israél  
as a mhallaitheachtaíbh go léir.

### Sailm 130



## Na Sailm

*Domine non est.*

*Úmhlaíocht an fháidh.*

*Cantic ghrádúil ó Dháivid\*.*

1 A Thiarna níl mo chroí uaibhreach,  
ná nílid mo shúile in áirde agam.

Ná níl siúlta agam i nithibh móra,  
ná i nithibh iúntacha lastuas díom.

2 Mura mbíodh mo mhachnamh úmhal  
agus go n-árdaíonn mh'anam,  
ar nós a linbh a deighiltear óna mháthair  
dein a chúiteamh le m'anam.

3 Bíodh muinín ag Israél as an dTiarna  
as so amach agus de shíor.

### Sailm 131

*Memento Domine.*

*Guí dhá iarraidh go cómhliónfí an gheallúint a tugadh do Dháivid.*

*Cantic ghrádúil\*.*

1 Cuímhnikh ar Dháivid, a Thiarna,  
agus ar a chneastacht go léir.

2 Conas mar a dhearbhaigh sé don Tiarna.

Do mhóidigh sé móid do Dhia Iácoib:

3 Má théim isteach i dtaibearnacal mo thí,  
má théim suas isteach sa leabaigh 'na luím,

4 má thugaim codladh dom shúilibh,

ná míogarnach dom fhabhraíbh,

5 ná suaimhneas dom uiseannaibh,

go bhfaighead amach inead don Tiarna,

taibearnacal do Dhia Iácoib.

6 Féach, d'airíomair é in Ephrata<sup>1</sup>  
do fuaramair é ar mhachairíbh na coille.

7 Raighimid isteach 'na thaibearnacal.

Adharfaimid san áit 'nar sheasaimh a chosa.

8 Éirigh, a Thiarna, isteach it inead suaimhnis,  
tusa agus an airc do naomhaís.

9 Éadaítear do shagairt le fíoraontacht.

Agus bíodh áthas ar do naoimh.

10 Ar son do sheirbhísigh, Dáivid,  
ná hiompaigh uainn aghaidh t'Úngthaigh.

11 Do dhearbhaigh an Tiarna fírinne do Dháivid.

1 Sailm 131, véar. 6. “D’airíomair trácht uirthi (.i. an airc) in Ephrata.” .i. “im óige nuair a bhíos im chónaí i mBetlehem, ar a dtugtar Ephrata, leis, do chloiseas trácht ar thaibearnacal Dé agus ar an airc agus ba mhian liom dul ar a lorg. Ansan do fuaras an airc i gCariatiárim, i gcathair na gcoillte, mar a raibh sí go dtú gur haistríodh í go Ierúsalem. (Feic 1 Par. 13.)

## Na Sailm

Agus ní leogfar an fhírinne sin ar neamhní:  
cuirfead de thoradh do bhruinne ar do chathaoir ríoga.  
12 Má chimeádad do chlann mo chonradh,  
agus na fianaisí seo liom a mhúinfead dóibh,  
agus a gclann san go deó  
suífid siad ar do chathaoirse.  
13 Óir do thoibh an Tiarna Síon,  
do thoibh sé í mar chónaí dho féin;  
14 Sid é mo shuaimhneas trí shaol na saol.  
San áit seo a chónód óir do thoghas é.  
15 Cuirfead mo bheannacht go dlúth ar a bhainntrigh,  
tabharfad a sáith aráin dá bhochtaibh.  
16 Éadóid a shaghairt le slánú,  
agus beidh gáirdeachas áthais ar a naoimh.  
17 Chun na háite sin a thabharfad amach adharc do Dháivid;  
tá lóchrann ollamh agam dom Chríost.  
18 Cuirfead mearaí ar a namhaid,  
ach bláthfaidh mo naomhú air féin.

### Sailm 132

*Ecce quam bonum.*  
*An sólas atá i gcómhghrá bráthar.*  
*Cantic ghrádúil ó Dháivid\*.*

1 Féach a fheabhas agus a shoilbhre (nách maith é agus nách soilbhir),  
bráithre do mhaireachtaint i dteannta ' chéile ar aon aigne!  
2 Mar an úngadh ar an gceann,  
agus é ag teacht anuas ar an ulchain, ar ulchain Aaróin.  
Agus é anuas ar íochtar a éadaigh (é ag rith síos go dtí íochtar a bhrait).  
3 Mar an ndrúcht ar Hermon,  
ag teacht anuas ar chnuc Síoin.  
Óir ansan a dh'órdaigh an Tiarna beannacht,  
agus beatha go síoraí.

### Sailm 133

*Ecce nunc benedicite.*  
*Spriocadh (cómhairle) chun bheith ag moladh Dé de shíor.*  
*Cantic ghrádúil\*.*

1 Féach, bídh ag moladh an Tiarna anois, a sheirbhísigh uile an Tiarna;  
sibhse atá 'núr seasamh i dtigh Dé  
in árasaibh tí ár nDia.  
2 Árdáidh úr lámha san oíche chun na n-áiteanna naofa,  
agus bídh ag moladh an Tiarna.  
3 Beannacht Dé ort a Síon,  
ós é ' dhein neamh agus talamh.

**Saim 134**

*Laudáte nomen.*

*Spríocadh (cómhairle) chun bheith ag moladh Dé. Baois íodal.*

*Alleluia\*.*

1 Molaidhse ainm an Tiarna;

sibhse, a sheirbhísigh, molaidh an Tiarna:

2 Sibhse atá 'núr seasamh i dtigh an Tiarna  
in árasaibh tí ár nDia.

3 Molaidh an Tiarna óir is maith é an Tiarna.

Canaidh (bídh ag canadh) dá ainm óir is suairc é.

4 Mar do thoibh an Tiarna Iácob do féin;

Israél mar shealús dho féin.

5 Óir is eól dómhsa gur mór é an Tiarna,

agus (go bhfuil) ár nDia os cionn na ndéithe go léir.

6 An uile ní dár thoil lies an dTiarna a dhéanamh, do dhein sé é,

ar neamh agus ar talamh agus sa mhuir agus in sna doimhneachtaibh go léir.

7 Tugann sé na scamaill ó imeallaibh an domhain.

Do dhein sé splanncracha chun fearthainn.

Tugann sé an ghaoth leis amach as a thaisceachaibh (stórasaibh).

8 Is é a bhuail céadgheineacha na hÉigipte

idir dhaoine agus beithígh.

9 Agus d'oibrigh sé cómhartaí agus iúnaí id lársa, a Éigipt,

ar Pharao agus ar a sheirbhíseachaibh go léir.

10 Do bhuail sé mórán gínte

agus do mhairbh sé ríthe láidre:

11 Sehon, rí na nAmorrhíteach, agus Óg, rí Bhasain,

agus ríochta Chanaain go léir;

12 agus thug sé a gcuid tailimh mar oidhreach,

mar oidhreach dá phobal, Israél.

13 A Thiarna, tá t'ainm chun na síoraíochta,

a Thiarna, beidh cuímhe ort ó shliocht go sliocht.

14 Óir tabharfaidh an Tiarna breith ar a phobal.

Agus guífar é (beifar dhá ghuí) ar son a sheirbhíseach.

15 Óir agus airgead is ea íodail na ngínte,

óbair lámh daoine.

16 Tá béal orthu agus ní labhraid siad.

Tá súile iontu agus ní fheicid siad.

17 Tá cluasa orthu agus ní airíd siad.

Agus níl anál 'na mbéalaibh.

18 Mar iad go raibh an mhuíntir a dheineann iad,

agus gach duine a chuireann a mhuinín astu.

19 A theaghlach Israél, molaidhse an Tiarna,

a theaghlach Aaróin, molaidhse an Tiarna.

20 A theaghlach Léví, molaidhse an Tiarna.

A lucht eagla an Tiarna, molaidh an Tiarna.

## Na Saim

21 Moladh ó Shíon don Tiarna  
a chónaíonn in Ierúsalem.

### Saim 135

*Confitemini Dominó.*

*Moladh do Dhia mar gheall ar a oibreachaibh iúntacha.*

*Alleluia\*.*

1 Molaidh an Tiarna<sup>1</sup> óir is maith é,

óir tá a thrócaire síoraí.

2 Molaidh Dia n ndéithe,

óir tá a thrócaire síoraí.

3 Molaidh Tiarna na dtiarnaí,

óir tá a thrócaire síoraí.

4 Is é amháin a dheineann míorúiltí móra,

óir tá a thrócaire síoraí.

5 Do dhein sé na flaithis i dtuisint,

óir tá a thrócaire síoraí.

6. Do chuir sé an talamh 'na sheasamh os cionn na n-uisceacha,

óir tá a thrócaire síoraí.

7 Do dhein sé na soíllse móra,

óir tá a thrócaire síoraí.

8 An ghrian ag rialú an lae,

óir tá a thrócaire síoraí.

9 An ré agus na réilte ag rialú na hoíche

óir tá a thrócaire síoraí.

10 Do bhuail sé an Éigipt mar aon lena gcéadgheinibh

óir tá a thrócaire síoraí.

11 Thug sé Israél amach as a lár,

óir tá a thrócaire síoraí.

12 Le láimh chómhachtach agus le cuislinn sínte amach,

óir tá a thrócaire síoraí.

13 Do dheighil sé an mhuir Rua 'na codaibh,

óir tá a thrócaire síoraí.

14 Agus do rugh sé Israél trína lár,

óir tá a thrócaire síoraí.

15 Agus do threascair sé Pharao agus a shlua sa mhuir Ruaidh,

óir tá a thrócaire síoraí.

16 Do sheól sé a phobal tríd an uaigneas,

óir tá a thrócaire síoraí.

17 Do bhuail sé ríthe móra,

óir tá a thrócaire síoraí.

18 Agus do mhairbh sé ríthe láidre,

óir tá a thrócaire síoraí.

1 Saim 135, véar. 1, 2, 3. “*Moltar Dia (moltar an Tiarna, molaidh an Tiarna).*” Deirtear an focal san trí huairé as a chéile, agus leis sin admhaítear an Tríonóid Naofa, .i. aon Dia amháin i dtrí pearsanaibh, .i. an tAthair agus an Mac agus an Spriid Naomh.

## Na Sailm

19 Sehon, rí na hAmorrhíteach,  
óir tá a thrócaire síoraí.  
20 Agus Óg rí Bhasain,  
óir tá a thrócaire síoraí.  
21 Agus thug sé a dtír in oidhreacht,  
óir tá a thrócaire síoraí.  
22 In oidhreacht dá sheirbhíseach, Israél,  
óir tá a thrócaire síoraí.  
23 Óir do chuímhnigh sé orainn 'nár nguaisibh,  
óir tá a thrócaire síoraí.  
24 Agus d'fhuascail sé sinn ónár namhdaibh,  
óir tá a thrócaire síoraí.  
25 Tugann sé bia do gach feoil,  
óir tá a thrócaire síoraí.  
26 Tugaidh glóire do Dhia na bhflaithis,  
óir tá a thrócaire síoraí.  
27 Tugaidh glóire do Thiarna na dtiarnaí,  
óir tá a thrócaire síoraí.

### Sailm 136

*Súper flúmina.*

*Éagaine muíntire Dé agus iad i mbraighdineas i mBabilon. Sailm ó Dháivid, do Ieremías<sup>1</sup>\**.

1 Os cionn (ar bruach) aibhní Bhabiloin, ansan do shuíomair agus do ghoileamair,  
nuair a chuímhníomair ar Shíon.  
2 Ar na saileachaibh 'na lár,  
chuireamair ár n-úirlisí ceóil ar crochadh.  
3 Óir ansan is ea d'iarr an mhuíntir a rug leó sinn, i mbraighdineas, bréithre cantainne orainn.  
Duairt an mhuíntir a rug chun siúil sinn:  
Canaigh dúinn *hymn*, aon de *chanticibh* Shíoin.  
4 Conas is feidir dúinn *cantic* an Tiarna  
do chanadh i ndúthaigh iasachta?  
5 Mura gcimeádada cuímhne ortsa, a Ierúsalem,  
dearúd go ndeintear dem láimh dheis!  
6 Go gceanglaidh mo theanga dem chogansach (charball)  
mura gcimeádad cuímhne ort!  
Mura gcuiread Ierúsalem  
i dtosach m'áthais.  
7 Cuímhnigh, a Thiarna, ar chlaínn Edoim,  
i ló Ierúsalem,  
an mhuíntir adeir: Réabaidh í, réabaidh í,  
go dtí an chloch bhuínn inti.  
8 A iníon Bhabiloin, is mairg duit! Is aoibhinn don té a chúiteóidh leat  
an cúiteamh atá déanta agat linne.  
9 Is aoibhinn don té a thógfaidh do dhaoine bheaga agus a bhuailfidh<sup>2</sup> i gcoinnibh na carraige iad!

1 Sailm 136. "Do Ieremías", .i. d'aimsir Ieremíais, agus an bhraighdineas i mBabilon.

### Saim 137

*Confitébor tibi.*

*Baochas dá ghabháil le Dia mar gheall ar a thabharthaistibh\*.*

*Do Dháivid féin.*

1 Molfad thu, a Thiarna, lem chroí go léir

óir tá éistithe agat le foclaibh mo bhéil.

I láthair na n-aingeal a chanfad chút.

2 Adharfad i dtreó do theampaill naofa

agus tabharfad glóire do t'ainm, mar gheall ar do thrócaire agus ar t'fhírinne,

óir tá t'ainm naofa mórtha agat os cionn gach ní.

3 Pé lá ' ghlaofad ort éist liom.

Méadóir neart im anam.

4 Ríthe an domhain go léir go dtugaid glóire dhuit!

Óir do chloiseadar bréithre uile do bhéil.

5 Agus canaidís i slitibh an Tiarna.

Óir is mór é glóire an Tiarna.

6 Óir tá an Tiarna árd agus tá sé ag féachaint ar nithibh ísle

agus is eól do nithe árd in imigéin.

7 Má shiúlaim i lár trioblóidí déanfair beó me,

agus tá do lámh sínte agat in aghaidh feirge no namhad,

agus do shábháil do lámh dheas me.

8 Déanfaidh an Tiarna cúiteamh ar mo shon.

A Thiarna, tá do thrócaire síoraí.

Ná cuir neamhshuím in obair do lámh féin.

### Saim 138

*Domine probasti.*

*An cúram áirithe a dheineann Dia dá sheirbhíseachaibh.*

*Go crích, sailm do Dháivid.*

1 A Thiarna, dheinis fromadh orm agus chuiris aithne orm;

2 Is eól duitse mo chúí agus m'éirí.

3 Is leir duit mo smaointe i gcéin.

Tá mo chosán agus mo líne breithnithe agat.

4 Agus tá mo shlite go léir feicithe agat roim ré.

Óir níl úrlabhra<sup>1</sup> im theangain.

5 Féach, a Thiarna, is eól duitse an uile ní nua agus ársa,

do chruthaís me agus chuiris do lámh orm.

6 Tá t'eólas go ró-iúntach dom.

Tá sé árd agus ní féidir dom sroisint chuige.

2 Véar. 9. "A bhuailfidh," &c. I gcéill sprideálta buailimid daoine beaga Bhabiloin i gcoinnibh na carraige nuair a chloímíd ár ndrochmhianta, agus do mhúchaimíd 'na dtosach iad, ag iompáil chun na carraige, .i. chun Críost.

1 Saim 138, véar. 4. "Níl úrlabhra," .i. i ganfhios duitse: nú, nuair ná bíonn aon úrlabhra im theangain, is eól duit a bhfuil istigh ionam agus mo smaointe go léir.

## Na Sailm

7 Cá raghad ód sprid?  
Agus cá n-imeód ó t'aghaidh?  
8 Má théim suas ar neamh, taoise ann.  
Má théim síos go hifreann taoi ann.  
9 Má thógaim mo sciatháin go moch ar maidin  
agus dul chun cónaithe in imeall na farraige,  
10 san áit sin féin is í do lámh a bheidh 'om stiúrú,  
agus beidh greim ageat láimh dheis orm.  
11 Agus duart: Clúdóidh doircheacht me, b'fhéidir.  
Agus is i an oíche a bheidh mar sholas agam im pléisiúraibh.  
12 Agus ní dorcha dhuitse doircheacht,  
agus beidh an oíche chómh geal leis an lá (agat).  
Is ionann a doircheacht agus a solas (duitse).  
13 Óir tá seilbh agatsa im árannaibh.  
Is tu mo chosnamh ó fhágas broínn mo mháthar.  
14 Molfad thu, óir taoi mórtha go huathásach.  
Is iúntach iad t'oibreacha, agus is eól san dom anam go maith.  
15 Ní ceiltar ort mo chnámh, an ní a dheinis fé cheilt  
agus mo shubstainnt in íochtraibh na talún.  
16 Chonaic do shúile me agus me neambeacht,  
agus beidh gach ní scríofa id leabhar.  
Cúmfar laethanta agus gan éinne iontu.  
17 Ach dómhsa is ró-uasal iad do cháirde, a Dhia,  
tá a bpríunsaíocht go rónearthaithe.  
18 Cómhaireód iad agus beid siad líonmhar thar an ngainimh.  
D'éiríos agus táim it fhochair fós.  
19 Má mharaíonn tú na peacaigh, a Dhia,  
a fheara na fola imídh uaim.  
20 Óir deireann sibh i machnamh<sup>1</sup>:  
glacfaid siad do cathracha in aistear.  
21 Nár thugas fuath, a Thiarna, don lucht a thug fuath dhuitse?  
Agus ná rabhas ag dul as (dhom shnoí) mar gheall ar do namhaid?  
22 D'fhuathaíos iad<sup>2</sup> le fuath beacht,  
agus táid siad 'na namhaidibh agam féin.  
23 Triail me, a Dhia, agus cuir eólas ar mo chroí.  
Scrúdaigh me, agus cuir eólas ar mo shlitibh.  
24 Agus féach an bhfuil ionam slí na mallaitheachta,  
agus seól me ar an slí síoraí.

### Sailm 139

*Eripe me Domine.*

*Iarrthar fuascailt ó dhrochdhaoine.*

- 1 Véar. 20. “Óir deireann sibh i machnamh,” &c. Imídh uaim, a dhrochdhaoine atá ag déanamh ceilge in aghaidh seirbhíseach Dé, chun iad do chaitheamh amach as a gcathrachaibh cónaithe, chómh maith agus gur “in aistear a bheidís facha acu”.
- 2 Véar. 22. “D'fhuathaíos iad.” Ní le mailís é, áfach, ach le díogras do chimeád aitheanta Dé, nuair a chonaic sé dá mbriseadh iad ag drochdhaoineibh, ag daoine atá 'na namhdaibh ag Dia.

## Na Sailm

1 Go crích. Sailm ó Dháivid.  
2 Fuascail me, a Thiarna, ón ndrochduine;  
fuascail me ón bhfear mallaithe,  
3 lucht mallaitheachta do cheapadh 'na gcroí,  
bhídís ag beartú cathanna an lá go léir.  
4 Tá faobhar ar a dteangthachaibh acu ar nós an nathar nímhe.  
Tá nimh na n-*aspic* féna mbeólaibh acu.  
5 Cimeád me, a Thiarna, ó láimh an mhallaitheóra,  
agus saor me ó lucht éagóra.  
Tá beartaithe acu mo chiscéimeanna do shárú.  
6 Tá líon curtha i bhfolach dom ag lucht uabhair.  
Agus tá téadracha sínte amach acu mar inneall.  
Tá trúig bharrathuisle curtha acu in aice na slí dhom.  
7 Duairt leis an dTiarna: Is tusa mo Dhia.  
Éist, a Thiarna, le glór m'achainí.  
8 A Thiarna, a Thiarna a neart mo shlánaithe,  
chuiris scáth os cionn mo chínn i lá an chatha.  
9 Ná tabhair suas me, a Thiarna, óm mhian don pheacach;  
tá uisce-fé-thalamh déanta acu im aghaidh.  
Ná tréig me, sara mbeidís ag maíomh.  
10 Tá an ceann atá orthu 'om chluicheadh mórtámpall.  
Treascróidh obair a mbeól féin iad.  
11 Titfid sméaróidí dearga orthu (titfidh spólaí dearga orthu).  
Caithfir isteach sa tine iad.  
In sna piantaibh ní fhéadfaid siad seasamh.  
12 Ní buanófar ar an dtalamh fear iomad teangan.  
Tiocfaidh drochíde suas le fear na héagóra.  
13 Tá ' fhios agam go ndéanfaidh an Tiarna ceart don dealbh.  
Agus go ndéanfaidh sé díoltas ar son na mbocht.  
14 Ach molfaidh na fíoraein t'ainm.  
Agus cónóid na daoine macánta id radharc.

### Sailm 140

Domine, clamavi.

*Guí in aghaidh cainnteanna peacúla, agus in aghaidh lucht plámáis.*

*Sailm ó Dháivid.*

1 A Thiarna, tá glaeite agam ort, éist liom.  
Éist lem ghlór nuair a ghlaofad ort.  
2 Stiúraítear mo ghuí, ar nós túise, id radharc;  
árdú mo lámh amhail íbirt nóna.  
3 Cuir cimeád, a Thiarna, ar mo bhéal,  
agus cómhla tímpall ar mo bheólaibh.  
4 Ná claon mo chroí chun cainnteanna mallaithe,  
chun bheith a' déanamh leathscéal i peacaibh,  
le daoineibh a dheineann mallaitheacht.  
Agus ní dhéanfad cumann leis an gcuid is fearr díobh.



## Na Sailm

5 Imdheargfaidh an fíoraon me go hatruach, agus cómhairleóidh sé me,  
ach ná deineadh íle an pheacaigh<sup>1</sup> mo cheann do ramhrú.

Óir beidh mo ghuí, leis, in aghaidh na nith<sup>2</sup> is ionúin leó.

6 Do thit a mbreithimh<sup>2</sup> ar an gcloich agus do sloigeadh iad.

Cloisfid siad mo bhréithre, óir tá buaite acu.

7 Fé mar a bristear ramhar na cré ar an dtalamh:

táid ár gcnámha scaipithe lámh le hifreann.

8 Óir chútsa, a Thiarna, a Thiarna, atá mo shúile.

Asatsa atá mo mhuinín, ná bain m'anam díom.

9 Cimeád me ón ngaiste atá curtha acu dhom

agus ó thrúigeannaibh barrathuisle lucht mallaitheachta<sup>3</sup> dhéanamh.

10 Titfid peacacha<sup>3</sup> na líon.

Táimse im aonar<sup>3</sup> go ngabhad thórsu.

### Sailm 141

*Voce mea.*

*Guí ó Dháivid agus é i dteannta\*.*

1 Tuiscint do Dháivid. A ghuí san uaimh. (1 Ríthe 24.)\*

2 Do screadas ar an dTiarna lem ghlór,  
lem ghlór a chuireas m'achainí chun an Tiarna.

3 Scaoilim mo ghuí amach<sup>3</sup> na radharc,  
agus ínsim mo thrioblóid os a chómhair.

4 Nuair a bhí mo sprid ag imeacht uaim,  
an uair sin dob eól duit mo chosáin.

Sa tslí seo<sup>3</sup> na siúlaínn,  
tá gaiste curtha acu i bhfolach dom.

5 D'fhéachainn ar mo láimh dheis agus thugainn fé ndeara,  
agus ní bhíodh éinne ann a dh'aithníodh me.

Do theip teitheadh orm.

Agus níl einne go bhfuil beann aige ar m'anam.

6 Do screadas ortsa, a Thiarna.

Duart: Is tusa mo dhóchas,  
mo chuid i dtalamh na mbeó.

7 Tabhair aire dom achainí,  
óir táim íslithe go han-íseal.

Fuascail me ón lucht atá<sup>3</sup> om chrá,  
óir is treise iad ná me.

8 Tabhair m'anam amach as an bpríosún,  
i dtreó go molfad t'ainm;

1 Sailm 140, véar. 5. “Íle an pheacaigh,” .i. plámás, nú moladh cealgach.

—*Ibid.* “*Mo ghuí?*”, .i. &c. In inead aon dúil a bheith agam go molfaidís me, is amhlaidh a bhead coitianta ag guí go saorfí me ó sna nithibh is ionúin (a thaitheann) leó san; óir ní hionúin (taithneann) leó choíche ach drochnithe.

2 Véar. 6. “*A mbreithimh,*” &c. Téid a rialtóirí, nú a n-uachtaráin, ar neamhní go luath ar nós na loingeas a buailtear i gcoinnibh na gcarraigreach agus go sloigeann an fharraige iad. Cloisfid siad mo bhréithre óir tá buaite ag mo bhréithribh, nú, mar adeir an Éabhrais, óir is milis iad mo bhréithre.

3 Véar. 10. “*Táimse im aonar*”, .i. tá cúram aonair ag Dia á dhéanamh díomsa go dtí mo beidh gofa agam thar a líontaibh go léir agus tar a ngaistibh go léir.

## Na Sailm

táid na fíoraein ag feitheamh liom go dtugair mo thuarastal dom.

### Sailm 142

*\*Domine exaudi.*

*An fáidh ag glaoch ar Dhia chun é ' dh'fhuascailt. An seachtú sailm aithrí.\*  
Sailm ó Dháivid nuair a bhí a mhac, Absalom, ar a thóir.*

1 A Thiarna, éist lem ghuí.

Glac id chluasaibh m'achainí, it fhírinne;

éist go dlúth liom de réir do chirt.

2 Agus ná héirigh isteach i mbreithiúntas led sheirbhíseach

óir id radharcas ní bhfaighfar éinne beó ceart.

3 Óir tá m'anam cráite ag an namhaid.

Tá mo bheatha íslithe aige go talamh.

Chuir sé im chónaí me i ndorchadas,

ar nós na ndaoine atá marbh le ciantaibh.

4 Agus tá mo sprid i nguais istigh ionam.

Bíonn (tá) mo chroí dá réabadh istigh ionam.

5 Chuímhníos ar na laethibh fadó.

Dheineas machnamh ar t'oibreachaibh go léir.

Ar oibreachaibh do lámh a bhínn ag machnamh.

6 Do leathas mo dhá láimh chút.

Is cuma m'anam nú cré gan uisce dhuit.

7 Éist liom go luath, a Thiarna,

tá mo sprid tar éis imeacht uaim.

Ná hiompaigh uaim t'aghaidh,

sara mbeinn mar iad súd a théann síos sa pholl.

8 Cuir ' fhéachaint orm do thrócaire do chloisint ar maidin,

óir is asatsa atá mo mhuinín agam.

Cúir in úil dom an tslí 'na siúlód,

óir is chútsa suas atá m'anam tógtha agam.

9 Fuascail me óm namhaid, a Thiarna.

Is ag triall ort do ritheas.

10 Múin dom conas do thoil a dhéanamh,

óir is tusa mo Dhia.

Seólfaidh do dheaspridse me isteach sa tír cheart

11 ar son t'ainme féin, a Thiarna, déanfair beó me, it fhíoraontacht. Tabharfair m'anam a buaireamh.

12 Agus ded thrócaire scaipfir mo namhaid,

agus míllfir iad san go léir atá ag ciapadh m'anama.

Óir taimse im sheirbhíseach agatsa.

### Sailm 143

*Benedictus Dominus.*

*An fáidh ag moladh Dé agus dhá iarraidh ar Dhia é ' thabhairt saor óna namhaid. Níl sólas is mó ná bheith ag déanamh toile Dé\*.*

## Na Saim

*Saim ó Dháivid i gcoinnibh Gholiaith.*

1 Moladh lem Thiarna Dia,  
is é a mhúineann mo lámha chun cómhraic,  
agus mo mhéireanna chun cogaidh.  
2 Is é mo thrócaire é agus mo dhíon,  
mo thaca agus m'fhuascaltóir,  
mo chosnamhaí, agus is as ata mo mhuinín agam.  
Is é do smachtaíonn mo dhaoine fúm.  
3 A Thiarna, cad é an ní an duine go gcurtar in úil do thu?  
Nú mac an duine go gcuireann tú suím ann?  
4 Is cosmhail an duine le baois.  
Imíd a laethanta ar nós scáile.  
5 A Thiarna, crom anuas t'fhlaithis agus túirlig.  
Bain leis na cnuic agus beidh deatach astu.  
6 Las splannc agus scaipfir iad.  
Lámhaigh do shaígheada agus buairfir iad.  
7 Sí amach do lámh ón áit árd, fuascail me,  
agus saor me ó sna huisceachaibh iomadúla.  
Ó lámhaibh clainne daoine iasachta,  
8 gur labhair a mbéal baois.  
Agus gurb í a lámh dheas lámh dheas na mallaitheatha (agus gurb í lámh dheas na mallaitheachta a lámh dheas).  
9 Canfad *cantic* nua dhuit (chút), a Dhia.  
Salmfad duit ar sháltaire deich dtéad.  
10 Is tu a thugann slánú do ríthibh,  
is tu a dh'fhuascail Dáivid, do sheirbhíseach, ón gclaíomh mallaithe.  
11 Fuascail me, agus réitigh me a láimh clainne iasachta,  
gur labhair a mbéal baois,  
agus gurb í lámh dheas na mallaitheachta a lámh dheas:  
12 Gurb ionann a macra agus planndaí nua 'na n-óige.  
A n-iníonra córaithe gléasta mórthimpall fé ornáid, mar ' bheadh teampall.  
13 A gcistí lán, ag brúchtaíol as so go dtí súd.  
A gcaoire torrach, líonmhar 'na ngabháil amach.  
14 A mba ramhar.  
Gan cláí loitithe, ná pasáiste.  
Gan callóid 'na sráidibh.  
15 Deirtí gurbh aoibhinn don mhuíntir gurb amlaidh sin dóibh (go bhfuil san acu).  
Is aoibhinn do sna daoine gurb é an Tiarna is Dia acu.

### **Saim 144**

*Exaltabo té, Déus.*

*Saim mholta do Dhia 'n uile chómhacht.*

*Moladh, do Dháivid féin.\**

1 Mórfad thu, a Dhia, a Rí.  
Molfad t'ainm go deó; go deó deó.

## Na Sailm

2 Molfad thu i gcaitheamh gach lae fé leith,  
agus mórfad t'ainm go deó; go deó deó.  
3 Is mór é an Tiarna, is dual do moladh go hárd,  
agus lena mhórgacht níl aon teóra.  
4 Molfaid sliocht agus sliocht t'oibreacha,  
agus neósfad siad do chómhacht.  
5 Labharfaid siad oirearcas glóire do naofachta,  
agus neósfaid siad t'oibreacha iúntacha,  
6 agus tráchtfaid siad ar neart do ghníomh ró-uathásach  
agus deimhneóid siad do mhórgacht (agus tráchtfaid siad ar do mhórgacht).  
7 Scéifid siad cuímhne ar mhéid do shuaircis,  
agus glacfaid siad áthas id cheart.  
8 Tá an Tiarna ceannsa, trócaireach,  
foighneach, agus árdatruach.  
9 Tá an Tiarna suairc le gach éinne,  
agus tá a thrócaire cneasta os cionn a oibreacha uile.  
10 Moladh dhuit, a Thiarna, ó t'oibreachaibh go léir,  
agus tugadh do naoimh go léir moladh dhuit.  
11 Neósfaid siad do ghlóire,  
agus labharfaid siad ar do chómhacht;  
12 Chun do chómhacht do chur in úil do chlannaibh daoine (don chine daonna),  
agus glóire oirearcas do ríochta.  
13 Ríocht ar feadh na saol go léir is ea do ríocht.  
Agus is buan t'fhórlámhas trí sna sleachtaibh go léir.  
Tá an Tiarna dílis 'na bhréithribh go léir,  
agus naofa in' oibreachaibh go léir.  
14 Tógann an Tiarna suas gach duine a thiteann,  
agus cuireann sé 'na seasamh an mhuíntir a bhíonn ar lár.  
15 Tá súil an uile dhuine leat, a Thiarna,  
agus tugann tú a gcuid bídh dóibh i dtráth.  
16 Osclann tú do lámh,  
agus líonann tú de bheannacht gach rud beó.  
17 Tá an Tiarna ceart 'na shlitibh go léir,  
agus naofa in' oibreachaibh go léir.  
18 Tá an Tiarna láimh le gach duine a ghlaonn air,  
le gach duine a ghlaonn air i bhfirinne.  
19 Déanfaidh sé mar is áil lies an lucht go bhfuil a eagla orthu,  
agus éistfidh sé lena n-achainí agus saorfaidh sé iad.  
20 Cimeádann Dia gach duine a thugann grá dho  
ach míllfidh sé na mallaitheoirí go léir.  
21 Labharfaidh mo bhéal moladh an Tiarna,  
agus moladh gach feóil a ainm naofa go deó, agus an feadh saol na saol.

### Sailm 145

*Lauda anima.*

*Ní has daoine ach is as Dia amháin is ceart dúinn muinín a bheith againn\*.*

## Na Sailm

1 Alleluia, ó Aggéis agus ó Shacharías\*.  
2 Mol an Tiarna, a anam liom.  
Molfad an Tiarna i gcaitheamh mo shaeil.  
Canfad dom Dhia an fhaid a bhead beó (canfad dom Dhia an fhaid a bhead ar bith).  
Ná bíodh úr muinín a príúnsaíbh agaibh,  
3 a claínn daoine, ná fuil aon tsánú iontu.  
4 Imeóidh a sprid as, agus iompóidh sé chun a chré.  
Raghaidh a smaointe go léir ar neamhní an lá san.  
5 is aoibhinn don té gurb é Dia Iácoib atá 'na chabhair aige.  
Go bhfuil a mhuinín as a Thiarna Dia aige:  
6 an té a dhein neamh agus talamh, agus  
an mhuir agus gach a bhfuil iontu.  
7 An té a choinníonn an fhírinne go síoraí;  
a chuireann breith i bhfeidhm do lucht éagóra ' dh'fhulag.  
A thugann bia do lucht ocrais.  
Scaoileann an Tiarna na géimhleacha.  
8 Tugann an Tiarna solas do dhallaibh,  
tógann an Tiarna na daoine a bhíonn ar lár.  
Tugann an Tiarna grá d'fhíoraonaibh.  
9 Cúmhdáíonn an Tiarna an deóraí.  
Díonfaidh sé an dílleachtaí agus an bhainntreach.  
Agus cuirfidh sé slite na bpeacach ar neamhní.  
10 Beidh an Tiarna 'na rí go síoraí.  
Do Dhiase, a Shíon, go saol na saol.

### Sailm 146

*Laudate Dominum.*

*Gríosadh chun Dé do mholadh i dtaobh a thabhartaisti\*.*

1 Alleluia. Molaidh an Tiarna, óir is maith í an tsailm.  
Moladh álainn suairc dár nDia.  
2 Tá an Tiarna ag cur Ierúsalem suas.  
Cruinneóidh sé a bhfuil scaipithe d'Israél.  
3 Is é do leighseann lucht an chroí bhriste,  
agus do chuireann ceangail ar a ngortaithibh.  
4 Is é a chómhairíonn líon na réilteann,  
agus a chuireann ainmneacha orthu go léir.  
5 Is mór é an Tiarna, agus is mór é a neart.  
Agus ar a eagna níl áireamh ar bith.  
6 Tógann an Tiarna suas an caomh (an mín).  
Na peacaigh, áfach, úmhlaíonn sé go talamh iad.  
7 Canaidh chun an Tiarna le moladh,  
canaidh dár nDia ar an geruit.  
8 Is é a chlúdaíonn an spéir le scamallaibh,  
agus d'ollmhaíonn an fhearthainn don talamh.  
Is é a chuireann an féar ag fás ar na cnucaibh,  
agus an glasra chun tairbhe na ndaoine.

## Na Sailm

9 Is é a thugann bia do sna beithígh,  
agus do sna fiachaibh óga, a bíonn ag glaoch air.  
10 Ní hi neart an eich atá a mhian.  
Agus ní hi ngéagaibh (gcosaibh) duine a gheibheann sé áthas.  
11 Sa mhuíntir a ghlacann eagla roimis a gheibheann sé áthas;  
agus sa mhuíntir a chuireann a muinín as a thrócaire.

### Sailm 147

*Lauda Ierúsalem.*

*Iarrthar ar an Eaglais Dia do mholadh mar gheall ar a thabharthaistibh agus mar gheall ar a ghrástaibh. Gabhann an tsailm seo agus an tsailm thuas lena chéile san Éabhrais\*.*

12 Mol an Tiarna, a Ierúsalem,  
mol do Dhia féin, a Shíon.  
13 Óir táid sabhanna do gheataí neartaithe aige.  
Tá a bheannacht curtha aige ar do chlaínn istigh ionat.  
14 Tá síocháin curtha aige ar t'imeallaibh,  
agus taoi líonta aige le méithras arbhair.  
15 Tá a chómhraí dá chur amach aige chun an domhain,  
is tiubh a ritheann a bhriathar.  
16 Tugann sé sneachta uaidh ar nós olla.  
Scaipeann sé ceóbhrán ar nós luaithrí.  
17 Cuireann sé amach a chriostal<sup>1</sup> 'na bhlúiribh.  
Cé ' sheasóidh ar aghaidh a fhuachta?  
18 Chuirfidh sé amach a fhocal agus leighfidh sé iad.  
Séidfidh a ghaoth agus rithfid uisceacha.  
19 Labhrann sé a fhocal le Iácob,  
a chirt agus a bhreitheanna le Israél.  
20 Níor dhein sé amhlaibh le gach náisiún.  
Agus níor nocht sé dhóibh a bhreitheanna\*.

### Sailm 148

*Laudate Dominum de coelis.*

*Iarrthar ar na nithibh a cruthaíodh a gCruthaitheóir do mholadh. Alleluia\*.*

1 Molaidh an Tiarna ó sna flaithis.  
Molaidh é in sna háiteannaibh ársa.  
2 Molaidh é, a aingil uile is leis.  
Molaidh é, a shlóite is leis.  
3 Molaidh é, a ghealach agus a ghrian.  
Molaidh é, a réilte uile agus a shoillse.  
4 Molaidh é, a fhlaithéasa na bhflaitheas;  
agus na uisceacha atá os cionn na spéartha,  
5 molaidís ainm an Tiarna.

1 Sailm 147, véar. 17. "Cuireann sé a chriostal," .i. a leac oighir. Tuigid aicme gur cloich-shneachta, 'na blúiribh, adeirtear.

## Na Sailm

Óir duairt sé féin an focal agus do deineadh iad.  
Thug sé an t-órdú agus do cruthaíodh iad.  
6 Do shocraigh sé iad go síoraí,  
agus go saol na saol  
Do dhein sé reacht, reacht ná raghaidh ar neamhní.  
7 Molaidh an Tiarna ón dtalamh.  
A *dhracona* agus a dhoimneachtaí uile.  
8 A thine, a chloich-shneachta, a shneachta, a leac oighir, a ghaothanna stoirmiúla,  
9 a shléibhte agus a chnuca uile,  
a chranna torthúla agus a *chéadraisí* uile;  
10 a bheithíocha agus a bhuar uile,  
a aithreacha nímhe agus a éanlaithe cleiteacha;  
11 a ríthe an domhain agus a dhaoine go léir,  
a phríúnsaí agus a bhreithimh uile an domhain,  
12 a fheara óga agus a mhaighdineacha:  
idir aosta agus óg molaidís ainm an Tiarna,  
13 óir is é a ainm sin amháin atá árd.  
14 Ta a mholadh os cionn neimhe agus talún,  
agus tá adharc a phobail árdaithe aige.  
Hiomann dá naoimh go léir;  
do chlaínn Israél, don phobal a dhrideann chuige féin.  
Alleluia.

### Sailm 149

*Cantáte Domino.*

*Is ar (ag) an Eaglais go háirithe atá Dia do mholadh.*

*Alleluia\*.*

1 Canaidh chun an Tiarna *cantic* nua.  
Bíodh a mholadh in eaglais na naomh.  
2 Bíodh áthas ar Israél sa tÉ a chruthaigh é  
agus bíodh áthas ar chlaínn Shíon 'na rí.  
3 Molaidís a ainm i gcór,  
canaidís do ar thíompán agus ar sháltaire.  
4 Óir is ionúin leis an dTiarna a phobal.  
Agus árdóidh sé daoine ceannsa chun a slánaithe.  
5 Beidh áthas ar na naoimh i nglóire.  
Beidh suairceas orthu 'na leapachaibh.  
6 Beidh moladh do Dhia 'na mbéal:  
agus claimhte dhá fhaobhar 'na lámhaibh;  
7 chun díoltais a dhéanamh ar na náisíúnaibh;  
chun smachtúcháin in sna poblaibh.  
8 Chun a ríthe go chur i ngeímhlibh,  
agus a ríogra in urchallaibh iarainn.  
9 Chun na breithe atá scríofa do chur i bhfeidhm orthu:  
tá an glóire sin (ag dul) do sna naoimh go léir.  
Alleluia.

## Sailm 150

*Laudate Dominum in sanctis.*

*Iarrthar Dia do moladh le gach aon tsaghas úirlisí. Alleluia.*

1 Alleluia. Molaidh an Tiarna in áiteannaibh naofa.

Molaidh é i bhfirmamínt a chómhacht.

2 Molaidh é mar gheall ar a mhórgníomharthaibh.

Molaidh é mar gheall ar iomadúlacht a mhórgachta.

3 Molaidh é le fuaim trúmpa.

Molaidh é le sáltaire agus le cláirsigh.

4 Molaidh é le tíompán agus le cór;

molaidh é le téadaibh agus le hóganaibh.

5 Molaidh é le ciomblaibh bínnghlóracha.

Molaidh é le ciomblaibh áthais.

Moladh gach sprid an Tiarna!

Alleluia.\*

## Nótaí

1 PUL's manuscripts include a different version of psalm 1 that he sent to An tSiúr Máighréad Mhuire in Teampall Mór:

*Aoibhneas na bhfioraon, agus mírath na ndrochdhaoine.*

1 Is aoibhinn don fhear nár imigh le cómhairle na mídhiaga agus nár sheasaimh i slí na bpeacach agus nár shuigh i gcathaoir na dtarcaisneoirí.

2 Ach is i ndlí an Tiarna atá a thoil, agus is ar a dhlí a bheidh a mhactnamh de ló agus d'óiche.

3 Agus beidh sé mar an adhmaid do cuireadh ag fás in aice le rith an uisce agus do thugann a thoradh uaidh i dtráth. Agus ní thitfidh a dhuilliúr de, agus beidh an rath ar gach ní dá ndéanfaidh sé.

4 Ní mar sin don lucht mídhiaga, ní hea; ach mar an gceó a scuabann an ghaoith de dhruim na talún.

5 Dá bhrí sin ní éireoidh an lucht mídhiaga arís i mbreithiúntas, ná na peacaigh i gcómhairle na bhfioraon.

6 Óir is eól don Tiarna slí na bhfioraon agus raghaidh slí na mídhiaga ar neamhní.

1 PUL's manuscripts include a different version of psalm 2 that he sent to An tSiúr Máighréad Mhuire in Teampall Mór:

*Beireann Críost bua.*

1 Cad chuige do sna geintibh bheith i bhfeirg, agus do sna poblaibh bheith ag ceapadh nithe gan bhrí?

2 D'éirigh ríthe na talún, agus sheasaimh na priúnsaí in éineacht, in aghaidh an Tiarna agus in aghaidh a Chríost.

3 Brisimís as a chéile a gcuibhreacha agus caithimís dínn a gceangal.

4 An té atá 'na shuí in sna flaitheis déanfaidh sé gáire úmpu, agus beidh an Tiarna ag magadh fúthu.

5 Ansan is ea do labharfaidh sé i bhfeirg leó, agus cuirfidh sé buaireamh orthu lena dhíbheirg.



## Na Sailm

6 Ach táimse suite im rí aige ar Shíon, a chnuc beannaithe féin, ag craobhscaoileadh a dlí.

7 Tá ráite ag an dTiarna liom: Is tusa mo Mhac. Inniu a geineadh uaim tu.

8 Iarr orm é, agus tabharfad duit na geinte, chun iad a bheith mar oidhreacht agat, agus críocha na talún mar shealús.

9 Rialfair iad le slait iarainn agus brúfair iad mar a brúfi ártach an chriadóra.

10 Agus anois, a ríthe, tuigidh. Sibhse atá ag rialú na talún, glacaidh teagasc.

11 Deinidh seirbhís an Tiarna le heagla, agus deinidh gáirdeachas leis le critheagla.

12 Glacaidh an smacht, le heagla go dtiocfadh fearg ar an dTiarna uair éigin agus go raghadh sibh amú ón slí chóir.

13 Nuair a lasfaidh a fhearg go hobann Is aoibhinn do gach duine a cuireann a mhuinín as.

2 PUL's manuscripts include a different version of psalm 3 that he sent to An tSiúr Máighréad Mhuire in Teampall Mór (without a translation of verse 1, as PUL there seems to confuse the psalm heading for the first verse):

*An chúntúirt 'na raibh Dávid ag á mhac Absalom, agus a fhuascailt. Bás agus aiséirí Chríost an fobhrí atá ann.*

2 A Thiarna, cad fáth gur hiomadaíodh an lucht atá 'om chrá? Is líonmhar iad so atá ag éirí im choinnibh.

3 Tá a lán adeir le m'anam: níl aon tslánú dho 'na Dhia.

4 Ach is tusa, a Thiarna, mo chosnamh, mo ghlóire, mo thógáilt cinn.

5 Do ghlaos ar an dTiarna lem ghlór agus tá éistithe aige liom óna chnuc naofa.

6 Bhíos im chodladh agus me go suanmhar; agus d'éiríos mar do chosain an Tiarna me.

7 Ní heagal liom feasta na mílte daoine im thimpall. Éirigh, a Thiarna. Saor me, ó, a Dhia.

8 Óir tá a bhfuil ag cur im choinnibh gan chúis buailte agat, táid fiacla na bpeacach briste agat.

9 Is ag an dTiarna atá slánú agus tá do bheannacht ar do dhaoine.

2 PUL's manuscripts include a different version of psalm 4 that he sent to An tSiúr Máighréad Mhuire in Teampall Mór:

*Nuair is uaibhreach namhaid agus is lag cáirde cuireann Dávid a mhuinín as Dia.*

1 Go crích, i ndántaibh. Sailm Dháivid.

2 Nuair a ghlaos air d'éist Dia mo fhíoraontachta liom. Nuair a bhíos i dtrioblóid d'fhuasclais me. Dein trócaire orm agus éist lem ghuí.

3 Ó a chlann na ndaoine an fada a bheith sibh dúrchroíoch? Cad chuige dhíbh grá ' thabhairt don bhaois, agus bheith ag rith i ndiaidh na bréige?

4 Agus bíodh ' fhios agaibh gur dhein an Tiarna a dhuine naofa féin iúntach. Éistfidh an Tiarna liomsa nuair a ghlaofad air.

5 Bíodh fearg oraibh agus ná deinidh peaca. Na nithe adeirthí 'núr gcroithibh deinidh aithrí iontu ar úr leapachaibh.

6 Íbridh íbirt na fíoraontachta, agus bíodh muinín as Dia agaibh. Deir a lán: cé ' thaispeánann nithe fóna dhúinn?

7 Solas do ghnúise curtha mar chómharta orainn, a Thiarna. Tá áthas curtha agat 'nár gcroí (tabhartha agat dom chroí).

8 Táid siad líonmhar ó thoradh a n-arbhair agus a bhfíona agus a n-ola.

9 I síocháin, sa ní sin féin, is ea ' chodlód ar mo shuaimhneas,

10 óir táim socair thar na beartaibh i ndóchas agat, a Thiarna.

3 PUL's manuscripts include a different version of psalm 5 that he sent to An tSiúr Máighréad Mhuire in Teampall Mór:

*Guí in aghaidh cealg namhad.*

1 Go crích. Di sin a gheibheann an oidhreacht. Sailm do Dháivid.

## Na Sailm

2 Airigh mo chainnt led chluasaibh, a Thiarna, tuig mo glao.

3 Éist le guth mo ghuí, a Rí, agus a Dhia!

4 Óir is chútsa do ghuífead, a Thiarna.

Cloisfir mo ghuth ar maidin.

5 Seasód os do chómhair ar maidin, agus chífed nách Dia lenar toil drochbhearta thu.

6 Agus ní dheineann an drochdhuine cónaí in aice leat, agus ní buan lucht éagóra os cómhair do shúl.

7 Tá fuath agat don uile lucht éagóra ' dhéanamh. Déanfair íde ar an uile lucht éithigh do labhairt. Beidh gráin ag an dTiarna ar fhear an fhíll agus na fola.

8 Ach raghadsa isteach id thigh trí iomadúlacht do thrócaire. Déanfad adhradh chun do theampaill naofa go heaglach rómhat.

9 Stiúraigh me, a Thiarna, it fhíoraontacht; mar gheall ar mo namhaid seólsa féd shúilibh mo shlí.

10 Óir níl fírinne 'na mbéal: tá a gcroí baoth.

11 Uaigh ar leathadh is ea a gcraos. Dheineadh a dteanga an feall (nú, dheinidís an feall lena dteangain). Tabhair breith orthu, a Dhia. Titidís óna mbeartúchán. De réir iomadúlachta a ndrochbheart caith amach iad, óir do chuireadar fearg ortsa, a Thiarna.

12 Ach bíodh áthas orthu so go léir atá muinéeach asatsa; beid siad maíteach de shíor, agus déanfair cónaí iontu. Agus an aicme sin go léir go bhfuil grá acu do t'ainm beid siad maíteach asat.

13 Óir cuirfir do bheannacht ar an bhfioraon. A Thiarna, tá sciath do dhea-thoile curtha agat mar choróinn orainn.

3 *Di sin a gheibheann an oidhreacht*: in PUL's separate sheet of translations of the footnotes, this is given once again in slightly altered wording: *di sin a ghlacann an oidhreacht*.

4 PUL's manuscripts include a different version of psalm 6 that he sent to An tSiúr Máighréad Mhuire in Teampall Mór:

1 Go crích, i ndánaibh. Sailm do Dháivid; don ochtú (*octavum*).

2 A Thiarna, ná labhair ródhian liom id fheirg, agus ná smactaigh me go fíochmhar.

3 Bíodh trua agat dom, a Thiarna, mar táim go lag; cneasaigh me a Thiarna, mar táid mo chnámha ar buaireamh.

4 Agus tá m'anam go hana-bhuartha, ach tusa, a Thiarna, cad é an fhaid?

5 Iompaigh chúm, a Thiarna, agus fuascail me. Ó, saor me ar son do thrócaire.

6 Óir níl aon duine sa bhás a bheidh ag cuímhneamh ort, agus cé hé ' dhéanfaidh admháil duit in ifreann?

7 Bhínn go buartha ag osnaíol, nífead mo leabaidh gach oíche, fliuchfad mo thocht lem dheóraibh.

8 Tá mo shúil ar buaireamh leis an bhfíoch. Tá an t-aos tagaithe orm i measc mo namhad go léir.

9 Imídh go léir uaim, a lucht an uilc a dhéanamh, óir tá éistithe ag an dTiarna le glór mo ghuil.

10 Tá éistithe ag an dTiarna le m'achainí. Tá mo ghuí glacaithe ag an dTiarna.

11 Bíodh náire agus buaireamh ana-mhór ar mo namhaid go léir. Iompaítear thar n-ais iad go luath agus náire orthu.

4 *Guí ó pheacach aithríoch*: in PUL's separate sheet of translations of the footnotes, this is given once again in slightly altered wording: *guí peacaigh ag déanamh aithrí*.

4 *Sailm ó Dháivid*: this appears to be a mistranslation of "a psalm for David".

4 PUL's manuscripts include a different version of psalm 7 that he sent to An tSiúr Máighréad Mhuire in Teampall Mór:

## Na Sailm

- 1 Sailm ó Dháivid, do sheinn sé don Tiarna i dtaobh focal Chusí mac Ieminí.
- 2 A Thiarna Dia is asatsa atá mo mhuinín. Saor me ón uile dhuine atá ag cur orm agus fuascail me.
- 3 Le heagla go mbéarfadh sé greim uair éigin ar m'anam mar ' dhéanfadh león, agus gan me ' dh'fhuascailt ná ' shábháil.
- 4 A Thiarna Dia, má dheineas san (an ní sin), má tá an drochbheart im láimh.
- 5 Má dheineas olc don mhuintir a dhein olc orm, folamh go dtitead, le ceart, i láthair mo namhad.
- 6 Go leanaidh mo namhaid m'anam, go mbeiridh sé air, agus go ngabhaidh sé de chosaibh im beatha ar an dtalamh, agus go leagaidh sé mo ghlóire sa luathrigh.
- 7 Éirigh, a Thiarna, it fheirg agus árdaiigh thu féin i gcríochaibh mo namhad, agus éirigh a Thiarna, a Dhia, san órdú a thugais uait;
- 8 agus beidh pobal daoine id thimpall. Agus, ar a son san, éirigh suas thar n-ais.
- 9 Tabharfaidh an Tiarna breith ar na daoine. Tabhair breith ormsa, a Thiarna, de réir m'fhíoraontachta, agus de réir mo mhacántachta atá ionam.
- 10 Críochnófar ciontacht drochdhaoine, agus stiúróirse na fíoraein, ós tu a chionn croíthe agus áranna, a Dhia.
- 11 Is ceart é mo chabhairse ón dTiarna, ó is é a shaorann lucht an chroi dhírih.
- 12 Breitheamh ceart, láidir, foighneach, is ea Dia; an mbíonn sé i bhfeirg gach aon la?
- 13 Mura gcasaidh sibh luaiscfidh sé a chlaíomh. Tá a bhogha lúbtha, ollamh, aige.
- 14 Agus innealla báis curtha ann aige; a shaigheada don mhuintir a loisceann.
- 15 Féach, bhí sé ag tórmach na héagóra, agus do shíolraigh sé gein bhróin, agus do rug sé mallaitheacht.
- 16 D'oscail sé poll agus do rómhair sé é, agus do thit sé féin isteach sa pholl a bhí déanta aige.
- 17 Iompófar a bhrón ar a cheann féin, agus tiocfaidh a mhallaitheacht anuas i mullach a chinn air féin.
- 18 Tabharfadsa glóire don Tiarna de réir a chirt, agus canfad moladh d'ainm an Tiarna, ós é is aoirde.

4 *Dáivid ag guí chun Dé le muinín a d'iarraidh cabhartha in aghaidh a namhad*: in PUL's separate sheet of translations of the footnotes, this is given once again in slightly altered wording: *Dáivid agus muinín aige as ceart a chúise, agus é ag guí chun Dé in aghaidh a namhad*. The wording of the first verse is also given there in altered form as *an tsailm a chan Dáivid chun an Tiarna mar gheall ar chainnt Chusí mac Ieminí*.

5 PUL's manuscripts include a different version of psalm 8 that he sent to An tSiúr Máighréad Mhuire in Teampall Mór:

- 1 Go crích, do sna fáscánaibh. Sailm ó Dháivid.
- 2 Ó a Thiarna, ár dTiarna, cad é mar is iúntach é t'ainm ar fuaid an domhain go léir!  
Óir tá do mhórgacht árdaithe os cionn na bhflaitheas.
- 3 As béalaibh na naíon agus na leanbh atá ag deól, tá moladh beachtaithe agat mar gheall ar do namhdaibh, ionas go ndéanfá íde ar an namhaid agus ar an ndíoltóir.
- 4 Óir chífedasa t'fhaitheas-sa, obair do mhéar; an ré agus na réalta do chuiris ar bith.
- 5 Cad é an rud an duine chun a rá go mbíonn tú ag cuímhneamh air, agus mac an duine chun a rá go dtagann tú ag triall air?
- 6 Óir do dheinis beagán níos lú ná na haingil é; tá coróinn ghlóire agus onóra curtha agat air, 7 agus tá sé curtha agat os cionn oibreacha do lámh.
- 8 Tá gach aon rud curtha féna chosaibh agat, na caoire agus na ba go léir, agus beithígh an mhachaire 'na theannta san.

## Na Sailm

9 Éanlaithe an aeir agus éisc na farraige a ghabhann trí chosánaibh na mara.

10 Ó a Thiarna, ár dTiarna, nách iúntach é t'ainm ar fuaid an domhain go léir!

5 *Is iúntach Dia in' oibreachaibh, go mór mór in árdú an duine trí ionchollú Chríost:* in PUL's separate sheet of translations of the footnotes, this is given once again in slightly altered wording: *Is iúntach é Dia in' oibreachaibh, go mór mór sa chine daonna do huaisliodh trí ioncholladh Chríost.* This alternative translation gives a subsubject pronoun before the subject of the copula, a pronoun that was missing in the main translation. PUL does not have copula sentences of the sort *is múnteóir é Seán* but does regularly insert a pronoun where the predicate is adjectival (*is maith í an fhoighne*). The next verse (Psalm 8:2) is interesting in this regard, as the text has *Cad é mar is iúntach é t'ainm ar fuaid an domhain go léir!:* the *é* subpredicate pronoun is inserted by way of a later correction (in PUL's own handwriting).

6 PUL's manuscripts include a different version of psalm 9 that he sent to An tSiúr Máighréad Mhuire in Teampall Mór:

1 Don chrích. Do nithibh diamhra an Mhic. Sailm do Dháivid.

2 Molfad tu, a Thiarna, óm chroí go hiomlán, neósfad do nithe iúntacha go léir.

3 Beidh áthas orm agus déanfad maíomh asatsa; déanfad cantainn do t'ainm, a Dhia is aoirde.

4 Nuair a dh'iompóir siar mo namhaid lagóid siad agus raghaid siad ar neamhní os do chómhair (nú ód ghnúis).

5 Óir tá mo bhreith curtha i bhfeidhm agat agus mo chúis. Tá suite agat sa chathaoir agus is tu ' thugann fíorbhreith.

6 D'imdheargais na geinte, agus tá íde ar an gcuirpeach. Tá a n-ainm curtha ar feó agat go deó deó.

7 Tá tar éis dul de chraoiseachaibh an namhad ar fad, agus táid a gcathracha réabtha agat. Tá a gcúimhne imithe le fothram,

8 agus tá an Tiarna bithbhuan. Tá a chathaoir socair chun breithiúntais aige,

9 agus is breith cheart a thabharfaidh sé ar an gcruinne seo an domhain, tabharfaidh sé fíorbhreith ar na poblaibh.

10 Agus tá an Tiarna 'na dhíon don bhocht, 'na chabhair in am an ghátair.

11 Agus an mhuíntir go bhfuil aithne acu ar t'ainm beidh a muinín asat, óir níor thréigis an mhuíntir a bhíonn 'ot lorg, a Thiarna.

12 Canaidh sailm don Tiarna atá 'na chónaí i Síon, ínsidh a shlite i measc na ngeinte.

13 Óir nuair a dh'éilimh sé a gcuid fola do chuímhnigh sé orthu; níor dhein sé dearúd de ghlao na mbocht.

14 Dein trócaire orm, a Thiarna. Féach an cor atá orm, úmhlaithe ageam namhaid (nú, féach an t-úmhlú atá déanta orm).

15 Ós tu a thógann suas me ó dhóirsibh an bháis, ionas go labharfainn i ndóirsibh iníne Shíoin, an moladh atá ag dul duit.

16 Déanfad maíomh as do shlánú. Táid na geinte sáite isteach san íde a bheartaíodar, do rugadh ar chois orthu san inneall a bhí i bhfolach acu féin.

17 Aithneófar an Tiarna ag cur na mbreithiúntas i bhfeidhm do, tá berthar an bpeacach in oibreachaibh a lámh féin.

18 Iompófar isteach in ifreann na drochdhaoine, na geinte go léir a dheineann dearúd de Dhia.

19 Óir ní déanfar dearúd den duine bocht sa deireadh. Ní raghaidh foighne an duine bhoicht ar neamhní go deó.

20 Éirigh, a Thiarna; ná neartaíodh an duine! Tugtar breith ar na geintibh os do chómhair.

21 Ceap dlítheóir os a gcionn, a Thiarna, ionas go dtuigfeadh na geinte gur daoine iad.

## Na Sailm

6 *An eaglais ag moladh Dé toisc é ' bheith dhá cosaint ar a namhaid:* in PUL's separate sheet of translations of the footnotes, this is given once again in slightly altered wording: *An eaglais ag moladh Dé mar gheall ar í ' chosnamh in aghaidh a namhaid.* The wording of the first verse is also given there in altered form as *go crích, nithe diamhra an mhic.*

7 PUL's manuscripts include a different version of psalm 10 that he sent to An tSiúr Máighréad Mhuire in Teampall Mór:

(de réir na nÉabhrach)

1 Cad fé ndeara dhuit, a Thiarna, imeacht i bhfad uainn, neamhshuím a dhéanamh dinn 'nár mbruid in am gátair?

2 An fhaid a bhíonn an t-uabhar ar an gcuirpeach bíonn an duine bocht dá loscadh. Beirtear orthu in sna cómhairlibh a bhíonn acu á mhachnamh.

3 Óir moltar an peacach i dtaobh mian a chroí féin, agus curtar beannacht ar an bhfear a bhíonn ag déanamh na héagóra.

4 Tá fearg curtha ag an bpeacach ar an dTiarna, de réir iomadúlachta a fheirge ní loirceóidh sé é.

5 Níl Dia os cómhair a shúl; salach is ea ' bhíd slithe an duine sin i gcónaí.

Curtar as a radharc do bhreithiúntaisi, buafaidh sé ar a namhaid go léir.

6 Óir tá ráite aige 'na chroí: ní corrófar me ó shliocht go sliocht, gan olc (.i. níl bac orm beith ag déanamh an uilc go deó).

7 Tá a bhéal san lán de mhallachtaíbh agus de shearús agus d'éitheach. Tá buaireamh agus dobrón féna theangain.

8 Bíonn sé 'na shuí i bhfochair na ndaoine saibhre i gceilg, i bhfolach, chun daoine macánta do chur chun báis.

9 Bíonn sé ag faire ar an nduine mbocht, ag feitheamh i ganfhios, mar ' bheadh an león 'na phluais. Bíonn sé i gceilg chun bertha ar an nduine mbocht: chun bertha ar an nduine mbocht an fhaid a bhíonn sé dhá mhealladh chuige.

10 Leagfaidh sé 'na líon é, cromfaidh sé agus titfidh sé nuair a bheidh cumas aige ar an nduine mbocht.

11 Óir duairt sé 'na chroí: tá dearúd déanta ag Dia; tá a aghaidh iompaithe aige i leataoibh i dtreó ná feicfeadh sé an deireadh.

12 Éirigh suas, a Thiarna Dia, árdaítear do lámh; ná dearúid an duine bocht.

13 Cad chuige don chuirpeach fearg do chur ar Dhia, óir duairt sé 'na chroí: ní éileóidh sé (nú, ní dhéanfaidh sé aon éileamh).

14 Chíonn tú, óir tugann tú aire do chruatan agus do dhobhrón, ionas go dtabharfá isteach id láimh iad. Is fútsa atá an duine bocht fágtha. Is tu ' bheidh mar chabhair ag an ndílleachtaí.

15 Bris géag an pheacaigh agus an chuirpigh, loirceófar peaca an fhir sin agus ní bheidh sé le fáil.

16 Beidh an Tiarna 'na rí ar feadh na síoraíochta agus ar feadh saol na saol. Raghaidh sibh ar neamhní, a gheinte, as a thír.

17 Tá éistithe ag an dTiarna le mian na mbocht, tá éistithe ageat chluais le hollmhúchán a gcroí.

18 Chun breithiúntais a dhéanamh don dílleachtaí agus don duine úmhal, i dtreó ná measfadh duine é féin do mhóradh a thuilleadh ar an dtalamh.

7 *Mianaibh:* this was adjusted from *mian* in the manuscript, possibly by a later hand.

8 PUL's manuscripts include a different version of the second psalm 10 that he sent to An tSiúr Máighréad Mhuire in Teampall Mór:

1 Go crích. Sailm ó Dháivid.

## Na Sailm

2 As an dTiarna atá mo mhúinín agam. Conas adeirthe le m'anam: Imigh anonn féin gcnuc ar nós an ghealbhúin?

3 Óir féach, tá an bogha lúbtha ag na peacaigh. Táid na saígheada gléasta acu 'na dtaisce chun lucht an chroí dhírigh do lámhach sa doircheacht.

4 Óir táid na nithe do bheachtais-se curtha ar neamhní acu. Ach cad 'tá déanta ag an bhfíoraon?

5 Tá an Tiarna 'na theampall naofa, tá cathaoir an Tiarna ar neamh. Féachaid a shúile ar an nduine mocht. Iniúchaid fabhraí a shúl clann (maca) na ndaoine.

6 Ceistíonn an Tiarna an fíoraon agus an drochduine, ach an té ' thugann grá don pheaca tugann sé fuath dá anam féin.

7 Cuirfidh sé ceathanna inneall ar pheacachaibh, tine agus ruibh agus fuadach gaoithe an chailís a bheidh acu.

8 Óir tá an Tiarna ceart agus thug sé grá don cheart agus d'fhéach a ghnúis ar an bhfíoraontacht.

8 *Muinín an fhíoraein as Dia i lár géarleanúna*: in PUL's separate sheet of translations of the footnotes, this is given once again in slightly altered wording: *Muinín an fhíoraein as Dia a bhíd a namhaid ag cur air*.

8 PUL's manuscripts include a different version of psalm 11 that he sent to An tSiúr Máighréad Mhuire in Teampall Mór:

*Cúnamh Dé dá iarraidh in aghaidh drochdhaoine.*

1 Go crích, don ochtú. Sailm ó Dháivid.

2 Saor me, a Thiarna, óir níl duine naofa le fáil; óir táid fírinne ar feó ó mhacaibh daoine.

3 Tá cainnt bhaoth déanta acu, gach duine lena chómharsain féin; beoil an fhíll ag labhairt ó chroí go croí.

4 Go ndeimid an Tiarna íde ar bheolaibh an fhíll go léir agus ar an dteangain a labhrann go huaibhreach;

5 adeir: mórfaimid ár dteanga. Is linn féin ár mbeóla. Cé hé is Tiarna os ár gcionn-ne?

6 Mar gheall ar anacra na mbocht, agus ar osna na ndealbh, éireód anois, adeir an Tiarna. Cuirfead ó bhaol é. Beidh mé dílis do.

7 Is focail ghлана focail an Tiarna; airgead a glanadh (nú, a teástáladh) le tine; a fromadh ó chré; a scagadh fá seacht.

8 Déanfairse, a Thiarna, sinn do shaoradh, agus do chimead ón sliocht so de shíor.

9 Gabhaid na drochdhaoine tímpall, de réir t'aoirde atá clann na ndaoine iolraithe agat.

8 *Iarann an fáidh cabhair ar Dhia in aghaidh drochdhaoine*: in PUL's separate sheet of translations of the footnotes, this is given once again in slightly altered wording: *An fáidh ag glaoch ar chabhair Dé in aghaidh lucht mallaitheachta*. The wording of the first verse is also given there in altered form: *Go crích. Salm do Dháivid: don octav*.

9 PUL's manuscripts include a different version of psalm 12 that he sent to An tSiúr Máighréad Mhuire in Teampall Mór:

*Guí in am trioblóide.*

1 Go crích. Sailm ó Dháivid.

An fada, a Thiarna, a dhéanfair dearúd díom go crích? Cad é an fhaid is iompaithe agat uaim do ghnúis?

2 Cad é an fhaid a beidh mé ag déanamh cómhairle im anam, dobrón im chroí i gcaitheamh an lae?

3 Cad é an fhaid a bheidh mo namhaid in áirde os mo chionn?

4 Féach orm agus éist liom, a Thiarna, a Dhia. Tabhair solas dom shúilibh ionas ná titfeadh codladh báis orm choíche;

## Na Sailm

5 sara ndéarfadh mo namhaid, aon uair: tá buaite agam air. An mhuíntir atá 'om chrá beid siad ag maíomh má gluaistear me.

6 Ach tá mo mhuinín agamsa as do thrócairese. Déanfaidh mo chroí maíomh as do shlánúsa. Canfad don Tiarna a thugann ós é ' thugann nithe fóna dhom. Déanfad sailmchéadladh d'ainm an Tiarna ró-aoird.

9 *Guí i nguais*: in PUL's separate sheet of translations of the footnotes, this is given once again in slightly altered wording: *Guí in am cruatain*.

9 PUL's manuscripts include a different version of psalm 13 that he sent to An tSiúr Máighréad Mhuire in Teampall Mór:

1 Go crích. Sailm ó Dháivid.

Duairt an t-amadán 'na chroí: níl aon Dia ann.

Táid siad cuirpe agus tá gráinniúlacht tagaithe orthu 'na slitibh.

Níl éinne a dheineann an mhaith, oiread agus duine.

2 D'fhéach Dia anuas ó neamh ar chlann na ndaoine go bhfeicfeadh sé an bhfuil aon duine a thuigeann, nú a loirgeann Dia.

3 Táid siad go léir claon. Táid siad mar a chéile gan tairbhe. Níl éinne a dheineann an mhaith, oiread agus duine.

Uaigh ar oscailt is ea a gcraos. Lena dteangannaibh dheinidís an feall.

Nimh na n-aspic féna mbeólaibh.

Tá a mbéal lán d'eascainibh agus de shearús.

Is luath iad a gcosa chun fola ' dhortadh.

Íde agus mí-ádh 'na slitibh agus níl eólas acu ar shlí na síochána; níl eagla Dé os cómhair a súl.

4 Ná beidh ' fhios acu san go léir a dheineann an t-olc, a bhíonn ag ithe mo phobail mar a dh'íosfaidís arán?

5 Níor ghlaodar ar an dTiarna; bhíodar ag crith le heagla san áit ná raibh aon eagla.

6 Óir is i measc sleachta na bhfíoraon atá an Tiarna. Dheineabhair cur amú ar chómhairle an duine bhoicht, óir is as an dTiarna atá a mhuinín.

7 Cé ' thabharfaidh slánú d'Israél a Síon? Nuair a chuirfidh an Tiarna braighdineas a phobail i leataoibh beidh Iácob ag maíomh agus beidh áthas ar Israél.

9 *Mírialtacht na ndaoine i gcoitine roim theacht an tSlánaitheóra*: in PUL's separate sheet of translations of the footnotes, this is given once again in slightly altered wording: *Cuirpeacht choiteann na cine daonne roim theacht Chríost*.

10 PUL's manuscripts include a different version of psalm 14 that he sent to An tSiúr Máighréad Mhuire in Teampall Mór:

*Cé ' bheidh oiriúnach ar dhul isteach i dtigh Dé?*

1 Sailm ó Dháivid.

A Thiarna, cé ' dhéanfaidh cónaí id thaibearnacalsa?

Nú cé ' dhéanfaidh suaimhneas id chnuc naofa?

2 An té a shiúlaíonn gan cháim agus d'oibríonn fíoraontacht.

3 An té do labhrann fírinne 'na chroí féin;

agus nár dhein feall lena theangain;

agus nár dhein drochbheart ar a chómharsain,

agus nár ghlac tromaíocht i gcoinnibh a chómharsan.

4 'Na láthair ní gheibheann an fear mioscaiseach aon toradh, ach molann sé an té ar a mbíonn eagla an Tiarna.

An té a thugann mionna dá chómharsain agus ná deineann feall.

5 An té ná cuireann a chuid airgid chun iúncumais

## Na Sailm

agus nár ghlac breab i gcoinnibh an duine mhacánta.

An té a dheineann mar sin ní corrófar é choíche.

10 *Cad é an saghas daoine a bheidh 'na gcónaí i bhflaitheas Dé:* in PUL's separate sheet of translations of the footnotes, this is given once again in slightly altered wording: *Cad é an saghas ' bheidh 'na gcónaí sa Síon neámhdha.* The wording of the first verse is also given there in altered form, to begin *Sailm le Dáivid.*

10 PUL's manuscripts include a different version of psalm 15 that he sent to An tSiúr Máighréad Mhuire in Teampall Mór:

*An bua a bhí ag Críost le breith ar an saol agus ar an mbás.*

1 Scribhinn teidil do Dháivid féin.

Cúmhdagh me, a Thiarna, óir is asatsa atá mo mhuintín agam.

2 Tá ráite agam leis an dTiarna: Is tusa is Dia agam óir níl aon ghá agat lem mhaitheasaibh.

3 Do sna naoimh atá 'na thír do dhein sé iúntach mo thaithneamh go léir dóibh.

4 Iomadaítear a leiceachtaí, 'na dhiaidh san do bhrostaíodar.

Ní chruinneód i bhfochair a cheile a mbuiona beaga chun (íbirte) fola.

Ná ní chimeádfad cuímhne tríom beólaibh ar a n-ainmneachaibh.

5 Is é an Tiarna mo chuid oidhreacht agus cailíse: is tusa an té ' thabharfaidh m'oidhreacht dom thar n-ais.

6 Táid na línte titithe chúm in áiteannaibh uaisle, óir is uasal dómhsa m'oidhreacht.

7 Molfad an Tiarna a thug dom tuiscint. Dá éaghmais sin dein m'áranna imdheargadh orm go dtí an oíche.

8 Do chuirinn an Tiarna os mo chómhair i gcónaí, óir tá sé ar mo dheis, i dtreo ná bainfí cor asam.

9 Mar gheall air sin tá áthas ar mo chroí agus tá maíomh déanta ageam theangain, agus beidh mo chuid feóla ar a suaimhneas i ndóchas.

10 Óir ní fhágfair m'anam in ifreann, agus ní leogfair do t'aon naofa cuirpeacht (truailiú) a dh'fheiscint.

